# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
# GALWAY COUNTY COUNCIL












# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018
# ANNUAL REPORT 2018

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Comhairle Chontae na Gaillimhe**
**Áras an Chontae**
**Cnoc na Radharc**
**Gaillimh H91 H6KX**

**Fón:** **(091) 509 000**
**Facs:** **(091) 509 010**
**Idirlíon:** www.gaillimh.ie

**Galway County Council**
**County Hall**
**Prospect Hill**
**Galway H91 H6KX**

**Tel:** **(091) 509 000**
**Fax:** **(091) 509 010**
**Web:** www.galway.ie

**@GalwayCoCo**
**GalwayCounty**

# CLÁR

RÁITEAS MISIN 04

TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH 05

TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH (EATRAMHACH) 07

CEANTAR BARDASACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 09

COMHALTAÍ TOFA DE RÉIR CEANTAR BARDASACH 10

EOLAS GINEARÁLTA 15

RIALACHAS I gCOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 19

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN MAIDIR LE PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2015 – 2019 22

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACAH AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL 24

TITHÍOCHT 105

SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA, TIMPEALLACHTA, UISCE AGUS ÉIGEANDÁLA 124

BÓITHRE & IOMPAIR, SEIRBHÍSÍ MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA 187

AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA 209

AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE 213

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 215

FAISNÉIS UASDÁTAITHE 2018 FAOIN bPLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSÍ 226

TUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH 254

TUARASCÁLACHA Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA 263

DAOINE ATÁ AINMNITHE AG AN gCOMHAIRLE CHUIG COISTÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE 270

COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU 274

SEISIÚIN OILIÚNA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU 275

COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA 277

PRÍOMHOIFIGIGH NA COMHAIRLE 279

OIFIGÍ NA COMHAIRLE CONTAE 283


FAISNÉIS CHOTHROM LE DÁTA FAOIN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA 284

RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL 2018 286

**Nóta Tábhachtach:** Tá cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil ar fáil i bhformáidí malartacha ach teagmháil a dhéanamh le: An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh
Teil: 091- 509000 nó ríomhphost chuig general@galwaycoco.ie

# RÁITEAS MISIN

**Ceannaireacht shibhialta agus ionadaíocht dhaonlathach éifeachtach a sholáthar, agus a bheith chun tosaigh ag an am céanna i bhforbairt phobail, chultúir, shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe agus seirbhísí atá comhordaithe, éifeachtach agus ar a bhfuil luach ard a sheachadadh, agus iad dírithe ar lánacmhainneacht Contae na Gaillimhe a bhaint amach.**




**PRÍOMHLUACHANNA:-**

- ***Daonlathach***
- ***Cuidiúil***
- ***Forásach***
- ***Cuntasach***
- ***Luach ar Airgead***

## Fís do Chomhairle Chontae na Gaillimhe

**Beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe mar údarás áitiúil le cumas straitéiseach, rialachas maith, ceannaireacht shibhialta éifeachtach le foireann thiomanta i mbun oibre go héifeachtach lena cuid comhpháirtithe.**



## TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE

I mo cháil mar Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, is mór an onóir, agus is cúis mhór áthais, dom é an Tuarascáil Bhliantúil seo a thíolacadh thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar tuarascáil í ina ndéantar taifead ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na seirbhísí a soláthraíodh ar fud an chontae sa bhliain 2018 agus ar caitheadh os cionn €120m agus €76 caiteachas Caipitil ina leith.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe i measc na soláthróirí seirbhíse poiblí is mó dá bhfuil ann sa Tír agus, dá bhrí sin, tá freagracht agus oibleagáid orainn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. D'oibrigh an lucht bainistíochta agus na comhaltaí tofa go díograiseach i rith na bliana lena chinntiú go ndéanfaí an tacaíocht airgeadais do sheirbhísí agus do thionscadail éagsúla sa Chontae a choimeád ar bun agus go ndéanfaí an tacaíocht sin a mhéadú i gcuid mhór cásanna.

Cé gur tréimhse an-spreagúil í seo chun feidhmiú mar Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, tá cuid mhór dúshlán ann do bhailte beaga, do cheantair thuaithe agus do dhaoine inár gcuid pobal mar go mbíonn dúshláin de chineál sóisialta agus eacnamaíochta le sárú acu chomh maith le dúshláin sláinte nach mór 'cúram' a fháil ina leith agus nach mór seirbhísí cúraim a bheith ann ina leith. Beidh Bál an Mhéara ar siúl an 30 Márta 2019 agus tabharfaidh sin deis dom aitheantas agus rannchuidiú airgeadais a thabhairt d'obair eagraíochtaí agus daoine a thugann a gcuid ama agus fuinnimh i leith 'cúram a thabhairt'. Tabharfar an t-airgead a dhéanfar ar an imeacht seo do Pieta House, don Strange Boat Donor Foundation & Circle of Life Garden agus Tionscadal Tithíochta na Saimbia.

Ba éacht an-mhór é an bua a bhí ag Foireann Mionúr Iománaíochta na Gaillimhe agus ba chúis bróid agus áthais é do mhuintir na Gaillimhe sa bhliain 2018. Ba mhór an onóir dom a bheith páirteach in óstáil na hócáide cathartha a eagraíodh i mBéal Átha na Sluaighe chun fáilte a chur roimh na réaltaí spóirt iontacha sin nuair a tháinig siad abhaile agus ba thógáil croí e an líon daoine a tháinig amach chun bheith páirteach sa cheiliúradh. Comhghairdeas leis an bhfoireann maidir lena n-éachtaí iontacha.

Tá Gaillimh, Iarthar na hÉireann, ar an gcéad Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa (ERoG) in Éirinn, agus baineadh amach an t-ainmniú sin i ndiaidh maratóin de chomhpháirtithe Eorpacha eile. Thug pobail bia dhíograiseacha go leor dá gcuid ama féin agus d'oibrigh siad go díograiseach chun an t-ainmniú sin a bhaint amach chomh maith le cúnamh a fháil ó réimse comhpháirtithe ó na hearnálacha poiblí, príobháideach, pobail agus oideachais. Sa deireadh thiar thall áfach ba iad muintir na Gaillimhe a bhain an bua amach do mhuintir na Gaillimh agus ba bhliain thar a bheith rathúil a bhí sa bliain seo caite ina leith sin. Bhuaigh Gastranamaíocht na Gaillimhe an chúig eispéireas móra is mó ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin, an tionscadal Forbartha Eacnamaíochta is fearr ag na Gradaim Shármhaitheasa Rialtais Áitiúil agus tá bunchlocha an-mhaith leagtha síos chun bia, turasóireachta, cultúr agus na hearnálacha bainteacha a chuir go mór ó thaobh na heacnamaíochta agus go sóisialta lenár sochaí a fhorbairt.

Tá ríméad orm i mo Chathaoirleach go bhfuil ról feabhsaithe forbartha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le forbairt eacnamaíochta agus pobail. Tá feidhmiú an LDCD agus Coistí eile an Chontae ag cuidiú le feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil do shaoránaigh agus do phobail. Faoin

sruth maoinithe atá ar fáil anois, leanfar de dheiseanna a chur ar fáil don phobal agus do na hearnálacha pobail.

I mo cháil mar Chathaoirleach na Comhairle, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na heagraíochta as an obair iontach a dhéanann siad ó lá go lá ar mhaithe le forbairt an Chontae seo; léiríonn a dtiomantas agus a ngairmiúlacht cur chuige na Comhairle ina hiomláine. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach (Eatramhach), Kevin Kelly, agus lena Lucht Feidhmiúcháin, as tacú liom féin agus le mo Chomh-chomhairleoirí le linn dúinn ár gcuid oibre a dhéanamh agus é mar aidhm chomhionann againn feabhas a chur ar shaol laethúil gach duine sa Chontae. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an iar-Chathaoirleach Eileen Mannion a ghníomhaigh mar Chathaoirleach do na chéad sé mhí den bhliain 2018 agus le mo chomhghleacaithe sa Chomhairle freisin as an tacaíocht agus as an gcomhoibriú a fuair mé uathu le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach.

Is onóir mhór dom an tréimhse atá caite agam mar Cathaoirleach ar an gContae breá seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an gcomhoibriú iontach a fuair mé ó fheidhmeannaigh na Comhairle, na Comhairleoirí eile agus pobal na Gaillimhe trí chéile. Cé go bhfuil dúshláin mhóra romhainn táim cinnte go bhfuil ar chumas an Chontae seo tarraingt le chéile agus oibriú i dtreo thodhchaí tairbheach dúinn ar fad.

*An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg*
*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe.*

## TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH (EATRAMHACH)



I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach (Eatramhach), cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2018 ina dtugtar mionsonraí faoin dul chun cinn a rinneadh maidir le tosaíochtaí straitéiseacha, cuspóirí agus straitéisí Phlean Corparáideach 2015 - 2019 a chur i gcrích agus tarraingítear aird ar obair luachmhar leanúnach na Comhairle i rith na bliana agus ar chuid den iliomad nithe a baineadh amach i rith na bliana. Ní féidir cuid mhaith den obair a dhéanaimid a chur i gcrích ach amháin trí oibriú i gcomhpháirtíocht lenár ngeallsealbhóirí éagsúla agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine díobh as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú leanúnach.

Bhí baint ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le roinnt tionscadal agus le linn na bliana 2018 leanadh leis an obair ar réiteach a fháil ar fhadhbanna tuilte i nDeisceart na Gaillimhe, Béal Átha na Sluaighe agus in áiteanna eile, chomh maith le cé Inis Oírr a fhorbairt. Tá an réamhobair ar na tionscadail sin tugtha chun críche chomh maith le tionscnaimh i ndáil le Tithíocht a chur ar fáil agus cothabháil. Cuireadh tús le Scéim Feabhsaithe Bhaile Bhéal Átha na Sluaighe, oibriú agus leasú Líonadh Talún Oirthear na Gaillimhe, dul chun cinn i ndáil le Mol Bia i mBaile Átha an Rí, dul ar aghaidh le moltaí i ndáil le Bealaí Glasa, Straitéis um Athrú Aeráide a fhorbairt, Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018 a bhaint amach chomh maith le neart tionscnamh eile ar fud na heagraíochta. Leanfar leis an dul chun cinn i leith na dtionscadal sin agus i leith tionscadal eile le linn na bliana 2019.

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus í ag obair faoin gComhaontú Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann, de thionscadail sheirbhíse uisce a chur ar aghaidh ar fud na bliana 2018. D'oscail an tAire Stáit atá freagrach as Acmhainní Nádúrtha, Gnóthaí Pobail agus Forbairt Dhigiteach, Seán Kyne T.D., ionad cóireála fuíolluisce Uachtar Ard go hoifigiúil an 13 Márta 2018. D'oscail Ciaran Cannon T.D., an tAire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an síneadh a cuireadh le RWSS Loch Measca i gCo. Mhaigh Eo a bheidh ag freastal ar Bhaile Liam, Baile an Locha, Cloonfad agus An Garrán Leathan go hoifigiúil.

D'fhreagair Comhairle Chontae na Gaillimhe don tosaíocht tuilleadh tithíocht a chur ar fáil. D'éirigh leis an gComhairle riachtanais tithíochta 466 líon tí a shásamh le linn na bliana 2018. Cuireadh 108 teach nua leis an stoc tithíochta sóisialta gníomhach trí tithe a thógáil, tithe a fháil, tithe a bhí folamh agus cláir léasachta. Is ionann sin agus 119% den sprioc tithíochta sóisialta ar tithe nua-thógtha iad a bhaint amach agus 193% den sprioc faighte. Shásaigh an Chomhairle riachtanais chóiríochta 67 líon tí faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil in 2018 agus sáraíodh an sprioc faoi Chlár 2014-2018 trí riachtanais chóiríochta 262 líon tí a bhaint amach. Is cosúil go n-éireoidh leis an gcomhairle a sprioc 962 teach nua a chur ar fáil faoin mbliain 2021 faoi Atógáil Éireann.


Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt do phobail agus dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le forbairt gheilleagrach an Chontae. I gcomhar le Fáilte Éireann agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lean an Chomhairle d'fhorbairt an Ghlasbhealaigh ón gClochán go Gaillimh nuair a tugadh 6km ag Baile na hInse chun críche agus a hosclaíodh é don phobal i mBealtaine 2018. Ina theannta sin, lean an Chomhairle de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscadal Léirmhínithe agus Bhonneagar Chonamara - '*Conamara – Fiáin go smior / Wild at Heart'* - sa bhliain 2018 trí fhorbairt a dhéanamh ar thrí bhealach tiomána trí Chonamara, ar bealach é lena ngabhann 26 phointe fionnachtana agus a bhfuarthas maoiniúchán agus cúnamh ina leith ó

Fháilte Éireann. Réitíonn an tionscnamh turasóireachta seo an bealach d'infheistíocht phoiblí, phríobháideach agus áitiúil sa réigiún amach anseo tríd an nasc ríthábhachtach sin a chur ar fáil idir príomhionaid turasóireachta atá ann cheanna mar Mhainistir na Coille Móire agus pobail faoin tuath.

Chumasaigh Aonad Forbartha Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe don Chomhairle roinnt tionscadal tábhachtach a spreagadh i rith na bliana agus tacaíocht a thabhairt dóibh. D'éascaigh sé sin cur i gcrích na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus maoiniúchán don Chrios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe a bhí dírithe go príomha ar fhás na fiontraíochta i nGaillimh. Tacaíodh le hocht gcinn de thionscadail faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2018. Tá an t-údarás tar éis a bheith ag gabháil do chomhtháthú rathúil obair na hOifige Fiontair Áitiúil isteach sna feidhmeanna forleathana eacnamaíochta agus pobail. Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe dá cur chuige i leith tacú le pobail áitiúla trí roinnt tionscnamh agus deontas agus tríd an tacaíocht a thugann sí don Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

Ach an méid sin ráite, ba bhliain dhúshlánach a bhí inti ó thaobh airgeadais de agus ó thaobh acmhainní daonna de. Ba dhúshlán é buiséad an údaráis áitiúil a chomhardú lena chinntiú go ndéanfaí an iliomad seirbhísí agus saoráidí a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe a choimeád ar bun agus a fheabhsú sa bhliain 2018. Léirigh na tosaíochtaí maoiniúcháin a leagadh amach sa bhuiséad don bhliain an t-ardleibhéal caiteachais agus gníomhaíochtaí a raibh Comhairle Chontae na Gaillimhe bainteach leo ar fud an chontae. Tugtar admháil i leith thacaíocht na gcomhaltaí tofa i leith an bonn maoiniúcháin áitiúil a choimeád ar bun agus a chothú.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, agus leis an iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus le gach Comhalta Tofa as a n-ionchur comhpháirteach, agus as a dtacaíocht, maidir le déileáil leis na dúshláin a bhí ann sa bhliain 2018. Ina theannta sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt i leith obair na Foirne Feidhmiúcháin agus aitheantas a thabhairt i leith ghairmiúlacht a bhfoirne agus i leith na tacaíochta, an rannchuidithe thábhachtaigh, na n-iarrachtaí agus an tiomantais a fuarthas ó gach réimse den údarás áitiúil i nGaillimh sa bhliain 2018. Is é a ndíograis, a dtiomantas agus a gcuid oibre crua a fhágann go bhfuil an Chomhairle ina heagraíocht chomh beoga agus chomh forásach sin. Tá me ag tnúth le leanúint de bheith ag obair le chéile d'fhonn fónamh dár bpobail, tacú lenár ngnóthaí agus fáilte a chur roimh ár gcuairteoirí sa bhliain 2019.



*An tUasal Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)*

# TOGHLIMISTÉIR/CEANTAIR BHARDASACHA CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

De réir Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 50/2014 – An tOrdú um Thoghlimistéir Áitiúla agus Ceantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe 2014, "Beidh Ceantair Bhardasacha ag Contae na Gaillimhe chun críocha alt 22A (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (Uimh. 1 de 2014)) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001)". Is é is éifeacht don Ordú ná leasú a dhéanamh ar roinnt Chontae na Gaillimhe ina thoghlimistéir áitiúla, an líon chomhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le toghadh do gach limistéar den sórt sin a shocrú agus na Ceantair Bhardasacha do Chontae na Gaillimhe a chinneadh mar a leanas:


## Léarscáil na dToghlimistéar/gCeantar Bardasach




# Comhaltaí Tofa

Sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo, liostaítear Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe do gach Toghlimistéar/Ceantar Bardasach ar leith.

## CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ-ÓRÁN MÓR
**Toghlimistéar Bhaile Átha an Rí-Órán Mór (7 Comhaltaí)**

| | | | |
|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir James Charity |  2. An Comhairleoir Gabriel Cronnelly |  3. An Comhairleoir Jim Cuddy |  4. An Comhairleoir Peter Feeney |

| | | |
|---|---|---|
|  5. An Comhairleoir Frank Kearney |  6. An Comhairleoir Martina Kinane |  7. An Comhairleoir Malachy Noone |

| Na Comhairleoirí | Fón | Fón Póca |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir James Charity, Tonegurrane, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe | | 087 2191792 |
| 2. An Comhairleoir Gabriel Cronnelly, Cluain Caoin, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | | 087 2066810 |
| 3. An Comhairleoir Jim Cuddy, an Laighdeacán, an Carn Mór, Órán Mór, Co. na Gaillimhe | 091 798136 | 087 6360242 |
| 4. An Comhairleoir Peter Feeney, Baile Dháith, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 091 844735 | 087 6812403 |
| 5. An Comhairleoir Frank Kearney, Beechmount House, Leacach, An Turlach Mór, Co. na Gaillimhe | 091 797167 (facs freisin) | 085 1266133 |
| 6. An Comhairleoir Martina Kinane, An Sráidbhaile Thuaidh, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe | 087 2692102 | |
| 7. An Comhairleoir Malachy Noone, An Cruisín, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe | 091 798297 | 087 1333711 |

# CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE
## Toghlimistéar Bhéal Átha na Sluaighe (6 Comhaltaí)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Tim Broderick |  2. An Comhairleoir Donal Burke |  3. An Comhairleoir Dermot Connolly |  4. An Comhairleoir Michael Connolly |  5. An Comhairleoir Aidan Donohue |
|  6. An Comhairleoir Michael Finnerty | | | | |

| Na Comhairleoirí | Teileafón | Fón Póca |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Tim Broderick, Corr an Aonaigh, Cill Chonaill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9686896 | 087 2728058 |
| 2. An Comhairleoir Donal Burke, Cnoc an Teampaill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | | 087 2330131 |
| 3. An Comhairleoir Dermot Connolly, Gleann na bhFeadóg, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9642986 | 086 0886160 |
| 4. An Comhairleoir Michael Connolly, Maigh Locha Mhór, Maigh Locha, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9679465 | 087 6829049 |
| 5. An Comhairleoir Aidan Donohue, An Gort Fada, Móta, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9675615 | 087 2693105 |
| 6. An Comhairleoir Michael Finnerty, Tobar Grealláin, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9643010 | 087 6133676 |

**<u>CEANTAR BARDASACH CHONAMARA</u>**
**Toghlimistéar Chonamara (9 Comhaltaí)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Niamh Byrne |  2. Seosamh Ó Cualáin |  3. Tomás Ó Curraoin |  4. An Comhairleoir Tom Healy |  5. An Comhairleoir Eileen Mannion |

| | | | |
|---|---|---|---|
|  6. An Comhairleoir Noel Thomas |  7. An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg |  8. An Comhairleoir Séamus Walsh |  9. An Comhairleoir Thomas Welby |

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **Fón Póca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Niamh Byrne, An Clár, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | | 087 9250568 |
| 2. An Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin, Gleann Trasna, Ros Muc, Co. na Gaillimhe | | 087 6279220 |
| 3. An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin, Na Fothraí Maola Thiar, Bearna, Co. na Gaillimhe | | 087 2933782 |
| 4. An Comhairleoir Tom Healy, Railway View, An Clochán, Co. na Gaillimhe | | 083 4493319 |
| 5. An Comhairleoir Eileen Mannion, Bóthar na hEascrach, An Clochán, Co. na Gaillimhe. | | 087 9555645 |
| 6. An Comhairleoir Noel Thomas, Gort an Chalaidh, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe | | 087 7372147 |
| 7. An Comhairleoir. Seán Ó Tuairisg, Na hAille Thiar, Indreabhán, Co. na Gaillimhe | 091 593084 | 086 3864179 |
| 8. An Comhairleoir Séamus Walsh, Glann, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | 091 552726 | 087 0519884 |
| 9. An Comhairleoir Thomas Welby, An Chreig, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | 091 552748 | 087 2855676 |

# <u>CEANTAR BARDASACH BHAILE LO-CHA RIACH</u>
## Toghlimistéar Bhaile Locha Riach (8 Comhaltaí)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Joe Byrne |  2. An Comhairleoir Shane Donnellan |  3. An Comhairleoir Michael Fahy |  4. An Comhairleoir Gerry Finnerty |  5. An Comhairleoir Pat Hynes |

| | | |
|---|---|---|
|  6. An Comhairleoir Michael "Moegie" Maher |  7. An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn |  8. An Comhairleoir Ivan Canning |

| Na Comhairleoirí | Teileafón | Fón Póca |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Joe Byrne, Highfield House, Cluain na Saoi, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe | 091-638130 | 087 2625775 |
| 2. An Comhairleoir Shane Donnellan, 32 Ti na Rí, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | | 087 1202404 |
| 3. An Comhairleoir Michael Fahy, an Chathair Dhubh, Ard Raithin, Co. na Gaillimhe | 091- 635177 | 087 2456000 |
| 4. An Comhairleoir Gerry Finnerty, Baile Uí Mhurchú, an Gort, Co. na Gaillimhe | 091-632167/ 091-633291 | 087 2674295 |
| 5. An Comhairleoir Pat Hynes, Bóthair an Ghoirt, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | 091-842399 | 087 2404404 |
| 6. An Comhairleoir Michael "Moegie" Maher, Clostoken, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | 091-842968 | 086 8109185 |
| 7. An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn, Bóthar Thíne, Cill Íomair, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090-9676235 / 090-9676963 | 087 2548723 |
| 8. Cllr. Ivan Canning, An Leithcheathrú, Gort an Iomaire, Port Omna, Co.na Gaillimhe | | 087 1376666 |

# <u>CEANTAR BARDASACH THUAMA</u>

## Toghlimistéar Thuama (9 Comhaltaí)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Peter Roche |  2. An Comhairleoir Sean Cunniffe |  3. An Comhairleoir Des Joyce |  4. An Comhairleoir Mary Hoade |  5. An Comhairleoir Peter Keaveney |
|  6. An Comhairleoir Donagh Mark Killilea |  7. An Comhairleoir Karey Mc Hugh |  8. An Comhairleoir Tom Mc Hugh |  9. An Comhairleoir Billy Connelly | |

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **Fón Póca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Peter Roche, an Mhaighean, Mainistir Chnoc Muaidhe, Tuaim, Co. na Gaillimhe | 093 49187 | 087 8251470 |
| 2. An Comhairleoir Shaun Cunniffe, Bóthar Bhéal Átha Ghadaí, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 087 8161663 |
| 3. An Comhairleoir Des Joyce, an Currach, Baile Liam, Co. na Gaillimhe | | 087 4186208 |
| 4. An Comhairleoir Mary Hoade, An Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe | 091 789854 | 087 2255979 |
| 5. An Comhairleoir Peter Keaveney, Baile na Sceiche, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe | 094 9659388 | 087 2533098 |
| 6. An Comhairleoir Donagh Mark Killilea, 19 Clochran, Cill Chlocháin, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 086 6079563 |
| 7. An Comhairleoir Karey Mc Hugh, Cúil Fobhair, Béal Átha Glúinín, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 087 2822225 |
| 8. An Comhairleoir Tom Mc Hugh, Cill Chlocháin, Tuaim, Co. na Gaillimhe | 093 28486 | 086 2574192 |
| 9. An Comhairleoir Billy Connelly, An Bheitheach Mhór, Cathair Loistreáin, Co. na Gaillimhe | | 087 9075856 |

# EOLAS GINEARÁLTA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, gan Cathair na Gaillimhe a áireamh. Tá an Chomhairle freagrach as bóithre a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil, as saoráidí siltin, as tithíocht, as stáisiúin dóiteáin, as leabharlanna agus as reiligí. Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe a thugann aire don chomhshaol agus déantar iarracht feabhas a chur ar an gContae mar aon lena charachtar agus atmaisféar uathúil a chosaint trí bheartais pleanála agus timpeallachta. Tá ról gníomhach aici freisin maidir le gnóthaí tionscail, eacnamaíochta, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreachta agus cultúir an Chontae a fhorbairt.

De réir chóras rialtais áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí, tá **ról ionadaíoch** agus **ról oibríochtúil** ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cáil mar údarás áitiúil.

Tugtar **"feidhmeanna forchoimeádta"** ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leis na feidhmeanna sin, leagtar síos an creat beartais faoina bhfeidhmíonn an Príomhfheidhmeannach.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- an Buiséad bliantúil a ghlacadh;
- an Plean Forbartha Contae a dhéanamh nó a athrú;
- an Scéim Leithroinnte maidir le tithíocht shóisialta a ghlacadh;
- fodhlíthe a dhéanamh, a leasú agus a chúlghairm;
- ceadú i gcomhair airgead a fháil ar iasacht;
- dearbhú a dhéanamh á rá gur bóithre poiblí iad bóithre áirithe.

Déanann an Chomhairle a cuid cinntí trí rúin a ritear ag a cuid cruinnithe.

Déanann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann **ról oibríochtúil** Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh. Tá siad freagrach as riaradh na Comhairle Contae ó lá go lá. Déanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna ar a dtugtar na **"feidhmeanna feidhmiúcháin"** a chomhlíonadh agus déantar cinntí an Phríomhfheidhmeannaigh trí "Ordú Príomhfheidhmeannaigh" i scríbhinn.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- tithe a leithroinnt
- ceadanna pleanála a dheonú nó a dhiúltú
- comhaltaí foirne a cheapadh etc.,

Ní mór don Phríomhfheidhmeannach, agus cinntí á ndéanamh aige/aici, gníomhú ar shlí a thagann leis an mbeartas a bhunaigh na comhaltaí tofa agus, ag an am céanna, tugann sé/sí comhairle do na comhaltaí maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna forchoimeádta.

## STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001, agus an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, is bunfheidhm de chuid an údaráis áitiúil é fóram a sholáthar le haghaidh ionadaíocht dhaonlathach sa phobal áitiúil agus ceannaireacht chathartha a sholáthar don phobal. De bhreis air sin, tá an t-údarás áitiúil freagrach as raon seirbhísí a sholáthar, as feidhmeanna rialála agus forfheidhmiúcháin agus as forbairt a dhéanamh ar réimsí tábhachtacha lena n-áirítear gnóthaí eacnamaíochta, gnó, oidhreachta agus cultúir.

Leis an Acht Athchóiriúcháin, trínar bunaíodh na Ceantair Bhardasacha agus trínar díscaoileadh na Comhairlí Baile, rinneadh Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (CÁFP), atá le bunú mar choistí de chuid an údaráis áitiúil i ngach limistéar rialtais áitiúil, a thabhairt isteach freisin. Rinneadh foráil leis an reachtaíocht maidir leis na Boird Forbartha Contae a scor agus maidir leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a thabhairt isteach.

### An Chomhairle

Is iad na naoi gComhairleoir thofa is tríocha as na Ceantair Bhardasacha, i gcomhpháirt lena chéile, a leagann síos an creat i gcomhair an bheartais ar faoi a oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin. Déanann Grúpa Beartais Chorparáidigh, agus cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha, beartas a cheapadh agus a chomhaontú. Cuimsíonn na Coistí um Beartais Straitéiseacha comhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha/earnála a dhéanann an beartas thar raon feidhmeanna de chuid na Comhairle a athbhreithniú agus a cheapadh. Oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin i gcáil feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh.

### Na Ceantair Bhardasacha

Tá cúig Cheantar Bhardasacha ann i gContae na Gaillimhe, is é sin, ceann amháin i ngach Toghlimistéar ar leith agus is iad na hionadaithe tofa ón Toghlimistéar lena mbaineann a fhónann dóibh. Tá na Ceantair Bhardasacha ceaptha chun feabhas a chur ar rialachas daonlathach, ar an gcoimhdeacht agus ar an gcuntasacht. Ina theannta sin, tá na socruithe seo beartaithe chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar luach ar airgead, agus tá feidhmeannacht agus struchtúr oibríochtúil aonair uile-chontae ann ina leith. Eintitis chinnteoireachta, seachas struchtúir chorparáideacha, is ea iad na Ceantair Bhardasacha.

### An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)

Cuimsíonn an Grúpa Beartais Chorparáidigh Cathaoirleach na Comhairle Contae agus Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Oibríonn an GBC leis na CBS-anna éagsúla agus soláthraíonn sé fóram inar féidir cinntí beartais a bhfuil éifeacht acu ar an gComhairle iomlán a chomhaontú lena gcur faoi bhráid na Comhairle ina hiomláine. Tugann an GBC comhairle agus cabhair don Chomhairle agus soláthraíonn sé ionchur maidir le hábhair is díol spéise don phobal i gcoitinne. Tá ról aige freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údaráis áitiúil.

Bhí 3 Chruinniú den GBC ann sa bhliain 2018.

### An Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS)

Soláthraíonn struchtúr an CBS creat d'ionadaithe tofa mar aon le deis an ról atá acu a chomhlíonadh mar lucht déanta beartas agus, cruthaíonn sé deiseanna i gcomhair comhpháirtíochtaí le grúpaí leasmhara áitiúla agus le hionadaithe pobail. Soláthraíonn CBS-anna fóram trína gcumasaítear beartais a cheapadh, a athbhreithniú agus a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus cúnamh intreach á fháil ó ghrúpaí leasmhara ábhartha earnála agus tacaíocht ar fáil ó Stiúrthóir Seirbhísí. Bunaíodh cúig SPC sa Chomhairle. De réir théarmaí na scéime, cuimseoidh comhaltaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha Comhairleoirí agus Ionadaithe Earnála mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| CBS | Na Comhairleoirí | Ionadaithe Earnála | An Líon Iomlán Comhaltaí ar an gCoiste | An Líon Cruinnithe 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha & Áineas | 7 | 4 | 11 | 4 Chruinniú |
| Bóithre, Iompar & Muir | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Pleanáil & Pobal | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Comhshaol, Seirbhísí Uisce, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíocht | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |

Maidir le líon iomlán na bpost mar chomhaltaí de Choistí um Beartais Straitéiseacha, ba Chomhairleoirí Contae iad 39 nduine díobh agus ba Ionadaithe Earnála iad 20 duine díobh. Is mar a leanas an staid reatha:

## ***Ionadaíocht Earnála – 20 post***


Tá an ionadaíocht earnála roinnte ina 7 n-earnáil:

1. **Talmhaíocht/Feirmeoireacht**
2. **Comhshaol/Caomhantas**
3. **Forbairt/Tógáil**
4. **Gnó/Tráchtáil**
5. **Ceardchumainn**
6. **Pobal/Deonach**
7. **Uilechuimsitheacht Shóisialta**

### An Fhoireann Feidhmiúcháin

Oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá sí comhdhéanta de na Stiúrthóirí Seirbhísí, den Cheann Airgeadais agus den Ghníomhaire Dlí

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE 2018



# RIALACHAS I gCOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Baineann rialachas le struchtúir agus próisis chuí a fhorbairt chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a stiúradh agus a bhainistiú chun gur féidir le páirtithe leasmhara a bheith cinnte de go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Díríonn rialachas ar oibleagáidí dlí, rialála agus seirbhíse agus ar na tacair chaidrimh atá idir an Chomhairle, na Coistí agus na Comhaltaí, an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Feidhmiúcháin, an fhoireann agus na páirtithe leasmhara chun treo agus feidhmíocht na Comhairle seo a shocrú.

Tugann na sé phrionsabal dea-rialachais, agus na prionsabail tacaíochta, seo a leanas cabhair mhaith agus treoir do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a mhéid a bhaineann le soláthar sheirbhísí na Comhairle.

## Croí-Phrionsabal 1

Is ionann Dea-Rialachas agus díriú ar chuspóir an údaráis, ar na torthaí oibre as a leanann tairbhí inbhuanaithe eacnamaíochta agus sochaíocha agus ar fhís an údaráis áitiúil a chur i bhfeidhm.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht straitéiseach a fheidhmiú trí chuspóir agus fís an údaráis a fhorbairt agus a chur in iúl go soiléir trí bhíthin an phlean chorparáidigh agus a chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhís ardchaighdeáin.

2. A chinntiú go ndéanann an t-údarás, trí bhíthin a phlean soláthair seirbhísí, an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní lena chinntiú go mbaintear amach na torthaí is fearr is féidir.

## Croí-Phrionsabal 2

Is ionann dea-rialachas agus daoine agus oifigigh a bheith ag obair le chéile chun comhchuspóir a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainithe go soiléir.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht éifeachtach a fheidhmiú ar fud an údaráis, a bheith soiléir maidir le feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmeanna feidhmiúcháin, agus maidir le róil agus freagrachtaí comhaltaí agus oifigeach faoi seach.

2. Caidreamh oibre atá dearfach urramach a chruthú idir comhaltaí agus oifigigh agus a chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh de réir ardchaighdeáin.

## Croí-Phrionsabal 3

Is ionann dea-rialachas agus luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí ardchaighdeáin iompair a choimeád ar bun.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go ndéanann comhaltaí agus oifigigh, le linn dóibh ceannaireacht a fheidhmiú, iad féin a iompar ar bhealaí a léiríonn ardchaighdeáin iompair, iompar eiticiúil agus rialachas éifeachtach.

2. Meon a chothú, agus a chinntiú go bhfuil sásraí marthanacha ann, chun spreagadh a thabhairt, agus forfheidhmiú a dhéanamh, i leith cloí le luachanna eiticiúla agus leis na luachanna eagraíochtúla atá leagtha amach sa phlean corparáideach.

## Croí-Phrionsabal 4

Is ionann dea-rialachas agus cinntí níos eolasaí agus cinntí trédhearcacha a dhéanamh agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí agus ar fheidhmíocht.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A bheith dian agus trédhearcach i ndáil leis an bpróiseas cinnteoireachta agus faisnéis, comhairle agus tacaíocht ardchaighdeáin a bheith ar fáil don lucht déanta cinntí.

2. A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha ann maidir le bainistíocht rioscaí, cúrsaí airgeadais agus feidhmíochta. A chinntiú go dtugann na córais sin aghaidh ar éiginnteachtaí agus ar an méid atáthar faoi lé rioscaí, go gcuireann siad disciplín airgeadais i bhfeidhm, agus go leagann siad béim ar leithroinnt straitéiseach acmhainní agus ar sholáthar éifeachtúil, éifeachtach seirbhísí.

## Croí-Phrionsabal 5

Is ionann dea-rialachas agus forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht eagraíochtúil agus ar chumas ceannaireachta agus ar inniúlachtaí comhaltaí agus oifigeach chun oibriú go héifeachtúil ar mhaithe le cuspóirí na heagraíochta.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí ar fáil do chomhaltaí agus d’oifigigh de réir mar atá ag teastáil le gur féidir leo a róil a chomhlíonadh go héifeachtúil.

2. Forbairt a dhéanamh ar chumas daoine ar a bhfuil freagrachtaí maidir le rialachas agus ceannaireacht chun a chinntiú go bhfuil na torthaí a bhaintear amach i gcomhréir leis na hoibleagáidí a ghabhann le dea-rialachas.


## Croí-Phrionsabal 6

Is ionann dea-rialachas agus teagmháil oscailte, chuimsitheach a bheith ann le daoine áitiúla, le saoránaigh agus le geallsealbhóirí eile chun cuntasacht dhocht phoiblí a áirithiú.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Soiléire a sholáthar maidir le gaolmhaireachtaí cuntasachta agus maidir le feidhmeanna a bhaineann le deimhniú, iniúchadh agus grinnscrúdú eagraíochtúil.

2. A chinntiú go bhfuil próiseas agus sásra ann chun cumarsáid shoiléir, maoirseacht éifeachtach agus cuntasacht a sholáthar do pháirtithe leasmhara.



# Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019

I bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019, a glacadh ar an 24 Samhain 2014, leagtar amach sonraí faoi thosaíochtaí straitéiseacha, faoi chuspóirí agus faoi straitéisí na Comhairle, faoi phríomhluachanna na Comhairle agus faoi fhís na Comhairle i leith Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Fónann an Plean mar chreat straitéiseach le haghaidh gníomhartha a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo le linn na tréimhse sin. Sainaithníonn sé ocht gcuspóir straitéiseacha, chomh maith le cuspóirí agus straitéisí tacaíochta, chun Ráiteas Misin agus Príomhluachanna na Comhairle a bhaint amach. Tá na tosaíochtaí straitéiseacha sin, mar atá sainaitheanta sa Phlean, leagtha amach thíos.

Le linn thréimhse an Phlean Chorparáidigh, leagfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe béim ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gcontae.
- Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.
- Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d’fhiontar.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus bonneagar atá riachtanach a sholáthar.
- Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
- An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.
- Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.
- Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.

Déantar mionsonraí faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh sa bhliain 2018 a thabhairt i bhfoirm tuarascáil achomair ó gach Aonad i ndáil leis na gníomhartha agus na tionscnaimh éagsúla a ndeachthas ina mbun i rith na bliana chun tacú lenár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha.

Tá measúnacht ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos i bPlean Soláthair Seirbhísí 2018 le fáil ar leathanaigh 235 go 262 agus tá mionsonraí faoinár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na táscairí feidhmíochta náisiúnta le fáil ar leathanaigh 224 go 234.

Tabhair ar Aird: Féach Buiséad Bliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2018 chun tuilleadh eolais a fháil faoin Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015- 2019.

Is féidir an doiciméad sin a aimsiú ag:-
http://www.gaillimh.ie/ga/seirbhisi/chomhairle/airgeadais/buisead/

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL

# Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann an tAonad Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí riaracháin den scoth ar féidir brath orthu agus leanúnach ar fáil do Chomhaltaí Tofa, don Chomhairle Iomlánach, don Bhainistíocht Shinsearach agus don phobal i gcoitinne. Féachann an tAonad le híomhá chorparáideach dhearfach na Comhairle a fhorbairt go leanúnach, trí sheirbhísí tacaíochta gairmiúla éifeachtacha a chur ar fáil i bhfoirm Rúnaíochta Corparáidí don Chomhairle agus trína fo-struchtúr chomh maith le réimse leathan seirbhísí eile lena n-áirítear Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, Cur chun cinn na Gaeilge, Polasaithe Áineasa & Caithimh Aimsire, Seirbhísí do Chustaiméirí, Corrthrádáil, Polasaithe Corparáideacha, Líonra Oifigí na Comhairle a Bhainistiú agus a Sheirbhísiú, Bainistiú Cartlann agus Taifead, Seirbhísí Leabharlainne, Iniúchadh Inmheánach agus Seirbhísí Dlí.

Tá léiriú le fáil anseo thíos ar an dul chun cinn a rinne an tAonad, agus ar an méid a bhain an tAonad amach, sa bhliain 2018 i ndáil leis na tosaíochtaí straitéiseacha ábhartha atá sa bPlean Corparáideach, 2015-2019.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

## PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Lean Comhairle Iomlánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar a bhfuil 39 mball, de bheith ag teacht le chéile go míosúil in 2018 le dul i mbun a gcuid feidhmeanna forchoimeádta chomh maith le fadhbanna sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir atá ríthábhachtach i ndáil le forbairt inbhuanaithe an Chontae i gcomhréir le Tosaíochtaí agus Cuspóirí Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh.

Tionóladh Cruinniú Bliantúil na Comhairle Iomlánaí an 22 Meitheamh agus toghadh an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg le teacht in áit an Chomhairleora Eileen Mannion mar Chathaoirleach. Ainmníodh an Comhairleoir Peter Keaveney le teacht in áit an Chomhairleora Seamus Walsh mar Leas-Chathaoirleach. Thionóil an Chomhairle a Cruinniú Buiséid Reachtúil Bliantúil an 30 Samhain 2018 chun Buiséad Ioncaim chomh maith leis an gClár Caipitil Trí Bliana a bhreithniú agus a ghlacadh.




*An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg a toghadh ina Chathaoirleach agus é ag glacadh leis an Slabhra Oifige ón iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion an 22 Meitheamh 2018.*




*An Comhairleoir Peter Keaveney a toghadh ina Leas-Chathaoirleach agus é ag glacadh leis an Slabhra Oifige ón iar-Leaschathaoirleach, an Comhairleoir Seamus Walsh an 22 Meitheamh 2018.*

# CRUINNITHE NA COMHAIRLE

| Cruinnithe Míosúla na Comhairle | Cruinnithe |
|---|---|
| **Gnáthchruinnithe Míosúla** | 11 |
| **Cruinnithe Speisialta Míosúla** | 2 |
| **Cruinniú Bliantúil** | 1 |
| **Cruinniú Buiséid** | 1 |

## An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)

Seirbhísí Corparáideacha a eagraíonn agus a riarann an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus tacaíonn an Príomhfheidhmeannach leis.

| An Grúpa Beartais Chorparáidigh | Cruinnithe |
|---|---|
| An Grúpa Beartais Chorparáidigh | 3 chruinniú |

## An Comhchoiste Póilíneachta (JPC)

De réir Alt 35(4) agus 36(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005, feidhmíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe Comhchoiste Póilíneachta (JPC) i gcomhar le bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána agus de réir na dTreoirlínte JPC Athbhreithnithe a eisíodh in 2014. Leagtar amach an fheidhm atá ag Comhchoiste Póilíneachta in Alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána, ina luaitear: "*The joint policing committee's function is to serve as a forum for consultations, discussions and recommendations on matters affecting the policing of the local authority's administrative area".*

Féachann an Comhchoiste Póilíneachta le comhchomhairliúchán, comhoibriú agus sinéirge níos mó a fhorbairt maidir le fadhbanna póilíneachta agus coiriúlachta idir an Garda Síochána, an tÚdarás Áitiúil, Ionadaithe Pobail agus na hIonadaithe Áitiúla Tofa. Le linn 2018, lean an JPC de chur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith a chuid oibre chun dul i ngleic le fadhbanna áitiúla ar bhonn comhchoiteann agus straitéiseach.

Thionóil an JPC a chuid Gnáthchruinnithe JPC an 5 Feabhra, an 14 Aibreán agus an 15 Deireadh Fómhair 2018 agus tionóladh Cruinniú Bliantúil Poiblí an JPC an 5 Samhain 2018 ar an nGort, i gCeantar Bardasach Bhaile Locha Riach. Cuirtear sárdheiseanna ar fáil ag cruinnithe poiblí don phobail áitiúla a bheith páirteach iontu i ndáil le gnáthchúrsaí póilíneachta a bhfuil tionchar acu ar chúrsaí póilíneachta Chontae na Gaillimhe, cúrsaí póilíneachta a bhfuil tionchar ach go háirithe acu ar a gcuid ceantar féin.

De bharr obair leanúnach na dtrí chomhchoiste seo, cuireadh deis ar fáil don JPC dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí straitéiseacha Phlean Straitéisigh 6 Bliana an Chomhchoiste Póilíneachta.

## Comhaltas an JPC

Léirítear sa tábla seo a leanas na huimhreacha a bhaineann le gach réimse comhaltais ar Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na Gaillimhe.

| Comhaltaí Tofa Údaráis Áitiúil | Comhaltaí Oireachtais | Oifigigh Údaráis Áitiúil | An Garda Síochána | Pobal/Deonach Ionadaithe |
|---|---|---|---|---|
| **15** | **5** | **2** | **2** | **7** |

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**

## Fáilithe Cathartha

Tacaíonn an Fhoireann Chorparáideach le héascú na bhFáiltithe Cathartha mar fhreagra ar iarrataí ón gComhairle Iomlánach i gcomhréir le Prótacal Onóracha Cathartha comhaontaithe na Comhairle.

Tionóladh Fáiltiú Cathartha ar an 26 Márta 2018 in Áras an Chontae chun ómós a thabhairt do ghnóthachtálacha na ndreamanna seo a leanas:

- **Sinead Keon Uasal,** a bhuaigh bonn ag Cluichí Domhanda na nAbhac i gCeanada i Lúnasa 2017



*Sinéad Keon Uasal ag glacadh le bronnadh ó Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion. Clé go Deas: An tUasal Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), Sinead Keon Uasal, an Cathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion.*

- Foireann, Cóitseálaithe agus Buaiteoirí Bonn Ór, **Club Karate Chill Tormór agus Dhún an Uchta** faoi a bheith páirteach i gCraobhchomórtais Idirnáisiúnta Karatedo, i Shanghai sa tSín in 2017 agus ceithre Bhonn Óir a bhuachan



*An tUasal Shane Dolphin agus Marie Dolphin Uasal ag glacadh le bronnadh, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, chomh maith le roinnt ball de Chlub Karate Chill Tormóir agus Dhún an Uchta*

- **Foireann Camógaíochta Faoi 16 Chontae na Gaillimhe** a bhuaigh an tríú cluiche ceannais Uile-Éireann as a chéile in 2015, 2016 agus 2017.



*Baill d'Fhoireann Camógaíochta Faoi 16 Chontae na Gaillimhe in éineacht le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion agus Anne Kearney.*

- **Foireann Mionúr Camógaíochta na Gaillimhe –** Buaiteoirí Chraobh na hÉireann 2017



*Baill d'Fhoireann Camógaíochta Mionúr Chontae na Gaillimhe in éineacht le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, agus an Comhairleoir Frank Kearney, an Comhairleoir J. McClearn, an Comhairleoir T. Ó Curraoin, K. Kelly, Príomhfheidhmeannach, Gerry Helebert agus Gerry Hennelly.*

- **Foireann Peile Ban na nÓg Faoi 14 na Gaillimhe -** Buaiteoirí Chraobh Peile na hÉireann 2017.



D'óstáil Comhairle Chontae na Gaillimhe cuairt Mhéara Chathair Bhostúin, An tUasal Martin J Walsh, an 14 Bealtaine 2018.






Bronnadh an gradam, an chéad Saorfhear Oinigh Chontae na Gaillimhe ar an Uasal Martin J. Walsh, nó Marty Walsh mar is fearr aithne air, Méara Chathair Bhostúin, ag Cruinniú Speisialta de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe in Áras an Chontae, Dé Luain an 14 Bealtaine 2018. Bhí gaolta leis an Méara Walsh as Bostún agus as Conamara, aíonna speisialta ón bpobal, ón tseirbhís phoiblí agus ó shaol an phobail i láthair nuair a bronnadh an tSaoirse air go foirmeálta i Seomra na Comhairle. Bhí Fáiltiú ar siúl in Atrium Sheomra na Comhairle ina dhiaidh.

Bhronn Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, Saoirse Chontae na Gaillimhe ar an Méara Martin J Walsh, as Gaeilge ag rá '*Is mian liom, mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe agus mar aitheantas ar chinneadh Chomhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, gradam Shaorfhear Oinigh Chontae na Gaillimhe a thairiscint duit mar dhuine cuí agus oiriúnach*'.


.

*Alan Farrell, Kevin Kelly, Eileen Mannion (Cathaoirleach) Ger Mullarkey, Michael Owens,Eimear Dolan, Martin J. Walsh, Méara Bhostúin, Eileen Ruane.*







Lena dheimhniú go raibh Saoirse Chontae na Gaillimhe bronnta ag Comhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an Uasal Martin J. Walsh, bronnadh eagrán teoranta speisialta den leabhar 'Conamara & Aran' le Walter Pfeiffer, arna fhoilsiú ag Artisan House Conamara in 2017.

Thug an Méara Walsh cuireadh dóibh ansin an Leabhar Saoirse a shíniú agus de bharr na heachtra stairiúla sin, taifeadadh eisean mar chéad Shaorfhear Chontae na Gaillimhe agus sheas na Comhaltaí agus gach a bhí i láthair sa Seomra agus thug bualadh bos dó. Shínigh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach i gcáil na bPríomh-Fhinnéithe Scrolla Saoirse an Mhéara Walsh.

Ghlac an Méara Walsh buíochas speisialta le Comhaltaí agus le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe as Saorfhear Oinigh an Chontae a bhronnadh air agus dúirt sé go raibh sé fíorbhuíoch go deo. Dúirt sé gurbh onóir mhór a bhí ann go raibh chéad Shaorfhear an Chontae bronnta airsean agus nach ndéanfadh sé dearmad go deo air sin. Chiúnaigh an seomra go léir nuair a chas Treasa Ní Cheannabháin amhrán ar an Sean-Nós a léirigh an traidisiún seoltóireachta agus an stair a bhaineann le Deisceart Chonamara chomh maith le véarsaí a cumadh go speisialta ina ndéantar tagairt don Mhéara Walsh agus don cheangal atá aige le Conamara agus Bostún.

Bhonn an Cathaoirleach bronntanas ar an Méara Walsh ansin thar ceann Chomhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus mhuintir na Gaillimhe, múrealaíon arna coimisiúnú go speisialta ag Conamara Carpets a dearadh agus a rinneadh i Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe don ócáid. Coimisiúnú saincheaptha agus ar leith a bhí ann chun dathanna agus uigeacht Thírdhreach Chonamara a léiriú.

Nuair a bhí na himeachtaí foirmeálta thart, chas an Méara Walsh leis na haíonna a bhí i láthair ón tseirbhís pobail, cultúir agus poiblí chomh maith le go leor den lucht gnó a bhí i láthair, roinnt cuideachtaí atá lonnaithe i mBostún ach a chuireann fostaíocht ar fáil i nGaillimh ina measc.

**Foireann Mionúr Iomána na Gaillimhe Curaidh na hÉireann 2018**

Bhí Fáiltiú Cathartha agus Fáilte Abhaile, a d'óstáil Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, ar siúl i mBéal Átha na Sluaighe Dé Luain, an 20 Lúnasa 2018, chun ómós a thabhairt do bhua Fhoireann Iománaíochta Mionúr agus chomh maith is a d'éirigh le Foireann Iománaíochta Sinsear na Gaillimhe i gCraobh na hÉireann ar an 19 August 2018 i bPáirc an Chrócaigh.

D'éirigh le Foireann Mionúr Iomána na Gaillimhe an dara Craobh Uile-Éireann as chéile a bhaint amach nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Chill Chainnigh le seacht bpointe i bPáirc an Chrócaigh.



*Clé go Deas: Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, Sean Neary, Captaen Fhoireann Iomána Mionúr na Gaillimhe, Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), le Corn an Irish Press*

Bhailigh níos mó ná 8,000 duine le chéile ar Fhaiche an Aonaigh i mBéal Átha na Sluaighe le haghaidh cheiliúradh na hócáide teacht abhaile agus chun an chéad spléachadh a fháil ar na fhoireann na Gaillimhe a raibh Craobh na hÉireann buaite acu.

Thosaigh an spreagthacht nuair a thosaigh daoine ag teacht le cheile thart ar 2pm roimh theacht na bhfoirne a bhí le bheith ann ar 3pm agus fad a bhí daoine ag fanacht bhain siad taitneamh as an atmaisféar agus as an gceol beo a bhí a chur ar fáil ag *Sean Slattery & the Connections*.



*Daoine agus iad bailithe le chéile ar Fhaiche an Aonaigh, Béal Átha na Sluaighe, chun fáilte a chur roimh a laochra iománaíochta Chraobh na hÉireann.*



*Chuir banna ceoil Sean Slattery agus the Connections siamsaíocht ar fáil don slua roimh theacht na bhfoirne*




*Teacht Bhus Fhoireann Iománaíochta Mionúr Uile-Éireann na Gaillimhe go Béal Átha na Sluaighe.*



*Shane Jennings, Captaen Fhoireann Iomána Mionúr na Gaillimhe agus Corn an Irish Press, in éineacht leis an Uasal Jeffrey Lynskey, Bainisteoir na Foirne, nuair a tháinig siad chuig Béal Átha na Sluaighe don Fháiltiú & Fáilte Abhaile Chathartha*



*Shane Jennings agus Corn an Irish Press nuair a sroicheadh Béal Átha na Sluaighe, in éineacht le Fran McEvoy, Innealtóir Baile Bhéal Átha na Sluaighe.*



*Foireann Iomána Mionúr na Gaillimhe ar stáitse ag an bhFáiltiú & Fáilte Abhaile Chathartha i mBéal Átha na Sluaighe*

Rinneadh an fhoireann bhuaiteach mionúr uile-Éireann a chur in aithne, ina dhuine agus ina dhuine, don slua ollmhór a thug fáilte chroíúil rompu.







Shínigh daoine den fhoireann mionúr bhuaiteach camáin agus glacadh pictiúir díobh agus corn an Irish Press ina lámha acu agus tugadh ómós don fhoireann sinsear ar éirigh leo an cluiche ceannais a bhaint amach agus tugadh óráidí.





*Shane Jennings ag síniú átagraf agus ag glacadh pictiúr in éineacht leis an lucht tacaíochta ag an bhFáilte Abhaile i mBéal Átha na Sluaighe.*

Chuaigh foireann sinsear na Gaillimhe a bhí sa chluiche ceannais ar stáitse ansin i bhFaiche an Aonaigh i mBéal Átha na Sluaighe, agus bhí ríméad ar an slua.





Cuireadh imreoirí na foirne sinsearaí in aithne ina nduine is ina nduine don slua.




*Íomhá den slua a bhí i láthair ag an bhFáiltiú agus ag an bhFáilte Abhaile Chathartha i mBéal Átha na Sluaighe.*



*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir  Seán Ó Tuairisg ag labhairt leis an slua*



*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, David Burke, Captaen Fhoireann Sinsear na Gaillimhe, Kevin Kelly Príomhfheidhmeannach (Eatramhach) Chomhairle Chontae na Gaillimhe*



*Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe an Comhairleoir Michael Finnerty agus an Comhairleoir Donal Burke in éineacht le Cathaoirleach an Chontae, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg ag Fáilte Abhaile na bhFoirne Iomána Mionúr agus Sinsear Uile-Éireann*




*An Comhairleoir Mary Hoade, agus a hiníon Rachel Scully agus*
*An Comhairleoir Michael Connolly agus a gharchlann Ciara agus Clodagh ag an bhFáiltiú agus Fáilte Abhaile Chathartha*



*An Comhairleoir Joe Byrne, an Comhairleoir Aidan Donohue, an Teachta Dála Anne Rabbitte, an Comhairleoir Shane Donnellan, an Teachta Dála Ciaran Cannon, Kevin Kelly Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag an bhFáiltiú & Fáilte Abhaile Chathartha i mBéal Átha na Sluaighe.*



*An Comhairleoir Dermot Connolly agus a mhac, Greallan, in éineacht le Shane Jennings ag an bhFáiltiú & Fáilte Abhaile Chathartha*



*An Comhairleoir T. Ó Curraoin, Seamus Callanan Comhordaitheoir CLG, Geraldine Healy Coiste um Eagrú Imeachtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Seamus Duffy Cathaoirleach CLG Bhéal Átha na Sluaighe, Pat Kearney Cathaoirleach CLG na Gaillimhe ag an bhFáiltiú & Fáilte Abhaile Chathartha i mBéal Átha na Sluaighe*




*Foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag obair ag an bhFáiltiú & Fáilte Abhaile Chathartha-Clé go Deas: Úna Ní Eidhin, Carol Walsh, Steven Lally, Geraldine Healy, Olivia Cloonan.*

Tráthnóna speisialta a bhí ann do gach duine a bhí i láthair - Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh le foireann bhuaiteach Iomána Mionúr na hÉireann.

## Nascadh

Le tamall fada, tá caidreamh nasctha bailte ag Tuaim le baile Bavárach Straubing.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhan 34 dhalta meánscoile as Straubing ar feadh seachtaine le teaghlaigh óstacha i dTuaim agus sna ceantair máguaird. D'fhreastail na daltaí ar scoil sa bhaile chun ligean dóibh eispéireas a fháil ar thír/bhaile eile agus ar chultúr eile agus teangacha eile a chleachtadh.




Ina theannta sin, tá an Clochán nasctha le Buirg Coyoacan, Cathair Mheicsiceo ón mbliain 2012, ar nascadh é atá bunaithe ar na ceangail stairiúla a cruthaíodh mar thoradh ar an ról a bhí ag duine de bhunadh an Chlocháin, John Riley agus Cathlán San Patricio, i gCogadh Mheicsiceo-Mheiriceá 1846-48.



*An lucht spéise ag féachaint ar dhamhsóirí ó thoscaireacht as San Patricio Meicsiceo ag imeacht Nasctha an Chlocháin*

I mí Lúnasa 2018, d'fhreastail toscaireacht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, a raibh Leas-Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir D'fhreastail Peter Keaveney ar an 38ú Milwaukee Irish Fest Bliantúil. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an toscaireacht ar Washington County ós rud é go bhfuil Contae na Gaillimhe nasctha le Washington County, Wisconsin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, ó bhí an bhliain 2003 ann.



*Ruth Moran agus Billy Condon, Turasóireacht Éireann; Brian O'Brien, Ard-Chonsal na hÉireann chun Chicago agus Lár-Iarthar USA; Breda Keaveney; An tAire Pat Breen; Leas-Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Peter Keaveney, Bernie Donnellan agus Ger Mullarkey, Comhairle Chontae na Gaillimhe ag an 38ú Milwaukee Irish Fest bliantúil.*

## Cumainn na Gaillimhe

Tugadh aitheantas don mhéid tacaíochta a thugann Cumainn na Gaillimhe do Dhiaspóra na Gaillimhe nuair a ghlac an Comhairleoir Eileen Mannion, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe le cuireadh ó Chumann na Gaillimhe i Bedfordshire le freastal ar an Dinnéar agus Damhsa Bliantúil a reáchtálann siad i mí Feabhra 2018.

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí do Chontae na Gaillimhe a chur i dtoll a chéile. (gan ceantar Chathair na Gaillimhe san áireamh)

Foilsíodh Clár na dToghthóirí do 2018/2019 an 1 Feabhra 2018.

B'ionann líon iomlán na dToghthóirí ar Chlár Toghthóirí 2018/2019 agus 137,782.

Tionóladh Reifreann chun an tOchtú Leasú ar an mBunreacht a Aisghairm Dé hAoine an 25 Bealtaine, 2018.

Tionóladh Toghchán na hUachtaránachta agus an Reifreann ar Dhiamhaslú an 26 Deireadh Fómhair 2018.

Rinneadh Dréacht-Chlár na dToghthóirí a ullmhú i mí na Samhna 2018 i gcomhréir leis na spriocamanna reachtúla ina leith sin agus éascaíodh Cúirteanna Éileamh Athleasaithe i rith mhí na Nollag ar fud an Chontae chun breithniú a dhéanamh ar éilimh/aighneachtaí a fuarthas agus ba é an Cláraitheoir Contae a bhí i gceannas air sin agus rinne an Cláraitheoir rialú ar na haighneachtaí a tíolacadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## SAORÁIL FAISNÉISE.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 157 n-iarraidh san iomlán i rith na bliana 2018 faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Astu sin, bhain 36 cinn de na hiarrataí le rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta, bhain 117 gcinn díobh le rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhphearsanta agus bhí 4 cinn acu measctha.

| **Cinneadh** | **An Líon** |
|---|---|
| Iarrataí a Ceadaíodh | 59 |
| Iarrataí a Ceadaíodh i bPáirt | 38 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh | 48 |
| Iarrataí a Tarraingíodh Siar | 5 |
| Iarrataí a Aistríodh | 2 |
| Iarrataí a ceadaíodh lasmuigh den reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise | 5 |

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL

San iomlán, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 9 iarraidh le linn na bliana 2018 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007-2014.

| **Cinneadh** | **An Líon** |
|---|---|
| Iarrataí a Ceadaíodh | 3 |
| Iarrataí a Ceadaíodh i bPáirt | 5 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh | 0 |
| Iarrataí a Tarraingíodh Siar/a Aistríodh | 1 |

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

## CUR I BHFEIDHM CEADÚNAIS MARGAÍ, CORRTHRÁDÁLA & SCANNÁN

Déantar Ceadúnais Corrthrádála a eisiúint go bliantúil ar tháille a íoc maidir le roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae lena n-áirítear Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Dún Mór, An Gort, Baile Locha Riach, An Creagán agus Tuaim i gcomhréir leis na Fodhlíthe Corrthrádála.

Déantar Ceadúnais d'Imeachtaí Speisialta a eisiúint i leith féilte agus aontaí ar leith a bhíonn ar siúl i rith na bliana, Féilte Bhéal Átha Ghártha, Dhún Mór, Bhaile Locha Riach, Aonach Ghleann an Mhámа, Seó Capaillíní an Chlocháin chomh maith le Féilte Chinn Mhara (Féile na Cuaiche agus Cruinniú na mBád) agus margaí na Nollag i mBéal Átha na Sluaighe agus i dTuaim.

Bhí baint ag an Aonad chomh maith le trádáil a chomhordú ar Fhaiche an Aonaigh d'Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe i nDeireadh Fómhair, a mheastar é a bheith ar an Aonach Capall is sine san Eoraip. Chomh maith leis an trádáil, d'oibrigh an tAonad i gcomhar leis an oifig ceantair bhardasaigh i ndáil le páirceáil, slándáil agus bealach isteach chuig an limistéar trádála agus d'oibrigh an tAonad chomh maith leis an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta agus le heagraíochtaí áitiúla chun imeachtaí fhéile Bhéal Átha na Sluaighe chomh maith le himeachtaí tánaisteacha na féile a chur chun cinn le linn an Aonaigh Capall Bhliantúil.



Sa phictiúr in éineacht leis an Uachtarán Michael D. Higgins ag Aonach & Féile Bhéal Átha na Sluaighe 2018 tá cuairteoirí as Chalonne Sur Loire sa Fhrainc atá nasctha le Béal Átha na Sluaighe.




*Uachtarán na hÉireann Michael D Higgins agus a bhean Sabina in éineacht le Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg ag Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe 2018*



*Grianghraf d'Aonad Capall Bhéal Átha na Sluaighe*

## Bánna Corrthrádála

| **Ceadúnais Bhliantúla** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Baile Átha an Rí | 4 |
| Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Naomh Mícheál) | 11 |
| An Clochán | 6 |
| Dún Mór | 2 |
| An Gort | 7 |
| Áth Cinn | 1 |
| Baile Locha Riach | 2 |
| An Creagán | 5 |
| Tuaim | 9 |

| **Ceadúnais d'Imeachtaí Speisialta** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Margadh Nollag Bhaile Átha an Rí | 1 |
| Aonach Bhéal Átha na Sluaighe | 108 |
| Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Naomh Mícheál) | 39 |
| Margadh Nollag Bhéal Átha na Sluaighe | 2 |
| Féile Bhéal Átha Ghártha | 16 |
| Seó Capaillíní an Chlocháin | 17 |
| Féilte an Chlocháin | 3 |
| Féile Dhún Mór | 33 |
| Cinn Mhara – Cruinniú na mBád | 8 |
| Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach | 15 |
| Aonach Ghleann an Mhháma | 18 |
| Margadh Nollag Thuama | 1 |

| **Ceadanna do Dhíoltóirí Uachtair Reoite ar Thránna/Pháirceanna Ainmnithe** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| An Chéibh Nua, An Spidéal | 1 |
| Trácht, Cinn Mhara | 1 |
| An Trá Mhór, Indreabhán | 1 |
| Trá na bhForbacha | 1 |
| Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór | 1 |

## CEADÚNAIS SCANNÁN

Fuarthas 22 iarraidh ó dhéantóirí scannán chun maoin phoiblí a úsáid le dul i mbun scannánaíochta iontu.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar**

## ÁINEAS & TAITNEAMHACHTAÍ – PÁIRCEANNA & SPÁSANNA OSCAILTE

### Áiteanna Súgartha

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i saoráidí súgartha sa Chontae trí árachas dliteanais shibhialta a sholáthar do roinnt áiteanna súgartha atá faoi bhainistíocht phobail agus déantar amhlaidh mar chuid de chomhaontuithe foirmiúla cothabhála le grúpaí áitiúla, chomh maith le háiteanna súgartha inár gcuid príomhbhailte a chothabháil go díreach. I gcomhréir le gealltanais roimhe seo faoi Bheartas Súgartha na Comhairle, tá cúnamh curtha ar fáil d'áiteanna súgartha trí mhaoiniúchán díreach agus trí arachas a sholáthar. Go dtí seo, tá 66 áit súgartha san iomlán forbartha sa chontae faoin mbeartas sin, rud a fhágann go bhfuil ceann de na gréasáin áiteanna súgartha is fairsinge dá bhfuil ann in aon Chontae ar fáil saor in aisce do chónaitheoirí na bpríomhionad lonnaíochta go léir agus sna príomhshuíomhanna turasóireachta.

Leanadh de Bheartas na nÁiteanna Súgartha Saor ó Thoit Tobac sa bhliain 2018. Tá faisnéis faoi na láithreáin go léir ar fáil lena híoslódáil i dTreoir na Comhairle d'Áiteanna Súgartha – 'Bímis ag Súgradh', atá ar fáil ag www.galway.ie agus tá léarscáil idirghníomhach ann ar an roinn Mapzone ar an láithreán gréasáin.

Faigheann Maoir Phobail oiliúint ROSPA (An Cumann Ríoga um Chosc Tionóiscí) le gur féidir leo Iniúchtaí Áiteanna Súgartha a dhéanamh.

Bhí an 'aip' iniúchta ar líne ag obair go maith i gcónaí sa bhliain 2018, agus cabhraíonn sé sin le Maoir Phobail iniúchtaí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as a gcuid fón cliste agus tuairiscí a chur ar fáil go huathoibríoch. Déantar tuairiscí a chomhdú go huathoibríoch agus soláthraítear taifead ar iniúchtaí seachtainiúla rud atá ag teastáil ar mhaithe le cúrsaí cothabhála agus árachais.

**Súgradh Uilechuimsitheach**

Is féidir le leanaí a úsáideann cathaoir rothaí blaiseadh a fháil ar an bpléisiúr agus ar an mothúchán a bhaineann le luascán a úsáid tar éis don Chomhairleoir Eileen Mannion, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe luascáin a oireann do chathaoireacha rothaí a lainseáil in Áit Súgartha Fhearann an Pháláis i dTuaim i Márta 2018 agus tar éis do Chomhairle Chontae na Gaillimhe luascáin a chur ar fáil san áit súgartha phoiblí taobh thiar d'Ionad Fóillíochta Coral i mBéal Átha na Sluaighe.

Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe admháil i leith na tacaíochta agus an chúnaimh a fuarthas ó Ghrúpa Inrochtaineachta Bhéal Átha na Sluaighe, ó Bhráithre na Carthanachta (Béal Átha na Sluaighe), ó Chumann Cathaoireacha Rothaí Thuama, ó Scoil Speisialta Oilibhéir Naofa (Tuaim) agus ó fhoireann an dá Ionad Fóillíochta Coral maidir leis na tionscadail sin agus i leith na tacaíochta maoiniúcháin a fuarthas ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.



*Baill de Chumann Chathaoireacha Rothaí Thuama agus de Scoil Speisialta Oilibhéir Naofa (Tuaim) in éineacht leo seo a leanas (Clé go Deas): An Comhairleoir Tom McHugh, Christy Corcoran, Maor Pobail, an Comhairleoir Donagh Killilea, Marian Donohue, Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, An Comhairleoir Mary Hoade agus an Comhairleoir Karey McHugh*




*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, in éineacht le Annmarie Jordan & Terry McComish, Larkin Engineering.*



*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus í i mbun oscailt oifigiúil na mbeart inrochtaineachta a rinneadh i mBéal Átha na Sluaighe, in éineacht leis an gComhairleoir Michael Finnerty, an Comhairleoir Aidan Donohue, an Comhairleoir Michael Connolly agus baill de chuid Accessibility Ballinasloe*





*Boird phicnice sorochtana agus sainbhá páirceála do dhaoine faoi mhíchumas agus luascán dúbailte le haghaidh cathaoireacha rothaí a suiteáladh i mBéal Átha na Sluaighe*

## An Clár Sábháilteachta Uisce

Mar chuid den Chlár Sábháilteachta Uisce, earcaíodh painéal 42 Gharda Tarrthála oilte chun seirbhísí a sholáthar i ndeich suíomh sa Chontae [lena n-áirítear cúig Thrá Bhrataí Goirme] agus, chomh maith leis sin, i sé shuíomh sa Chathair faoi Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuirtear beirt ghardaí tarrthála ar fáil ag gach trá i gcomhréir le Cónaidhm Idirnáisiúnta Gardaí Tarrthála na hEorpa (ILSE).

Seoladh Oiliúint Ionduchtúcháin ar an 25 Bealtaine 2018 agus ar an 29 Meitheamh 2018. Cuireadh tús leis na seirbhísí ar an 2 Meitheamh agus leanadh ar aghaidh leo go dtí an 9 Meán Fómhair 2018 ach, mar thoradh ar aimsir mhaith a bhí ann, cuireadh tús le seirbhísí lánaimseartha seachtain níos túisce ná mar is gnách, is é sin le rá, ón 25 Meitheamh 2018.

Chuathas i mbun uasghrádú roinnt soláthairtí trealaimh agus athbhreithniú suntasach ar nósanna imeachta, chomh maith le Sceideal Ullmhúcháin agus Deisiúchán/Cothabhála Bothán a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm, mar aon le bothán nua a chur ar fáil ag Trá an Dóilín, an Cheathrú Rua, i mí an Mheithimh.

Tá Oifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce ceaptha fós ar bhonn páirtaimseartha. Cuimsíonn ról an oifigigh sin maoirseacht a dhéanamh ar Chlár na nGardaí Tarrthála/na Sábháilteachta Uisce, forbairt a dhéanamh ar an tseirbhís agus, chomh maith leis sin, tuairimí a thabhairt faoi ghnéithe sábháilteachta uisce d'iarratais chuig an gContae agus chuig an gCathair araon i ndáil le himeachtaí a bhfuil úsáid uisce i gceist leo e.g. Trí-atlain.

Rinneadh faisnéis cothrom le dáta faoi uaireanta freastail na nGardaí Tarrthála agus faoi na suíomhanna a mbíonn siad ar dualgas iontu a phostú go tráthrialta ar Roinn na dTaitneamhachtaí den láithreán gréasáin www.galway.ie/www.gaillimh.ie. Ina theannta sin, thug an Chomhairle ranníocaíocht €6,150 don Chomhlachas Snámha is Tarrthála.

Sa bhliain 2018, leanadh de na lamhháltais chun a cheadú d’iarratasóirí uachtar reoite agus deochanna glasa a dhíol ar feadh shéasúr an tsamhraidh ag Trá Thráchta, ag Trá an Dóilín, ag Trá Chinn Mhara, ag Cé Nua an Spidéil, ag Trá na bhForbacha agus ag an Trá Mhór in Indreabhán.

### Linnte Snámha/Ionaid Fóillíochta (Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe)

Tá úinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Lárionaid Fóillíochta, lena n-áirítear linnte snámha, giomnáisiam agus saoráidí seomra stiúideo i bhFearann an Pháláis, Tuaim, agus ar Bhóthar an tSairséalaigh i mBéal Átha na Sluaighe. Rinneadh ceadúnas ceithre bliana bainistíochta, oibrithe agus cothabhála a shíniú le Coral Leisure Ltd. le haghaidh Ionaid Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe i mí Eanáir 2016. Tá Comhchoiste Idirchaidrimh ann le Coral Leisure chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Ceadúnais agus feidhmíonn Seirbhísí Corparáideacha mar chathaoirleach ar an gcoiste sin.

Rinneadh formhaoirseacht ar oibreacha riachtanacha cothabhála agus sláinte & sábháilteachta i leith an dá Ionad Fóillíochta agus faigheann gach ionad ar leith infheistíocht i mbonneagar an fhoirgnimh agus ina threalamh. I measc na n-oibreacha feabhsaithe sin áiríodh doirse éigeandála dóiteáin nua, athfheistiú an tseomra *sauna* agus oibreacha tílithe. Leanann an Chuideachta Bhainistíochta dá bonn ballraíochta a chur chun cinn agus a mhéadú.




*Ionad Fóillíochta Thuama*

**Bainistiú Saoráidí - Cóiríocht Oifige agus Leabharlanna**

- Lean an Rannóg Saoráidí de sheirbhísí airíochais agus bainistithe saoráidí a sholáthar i ndáil le gréasán oifigí agus, leabharlann a bhfuil 26 cinn díobh faoi úinéireacht dhíreach na Comhairle agus a bhfuil an chuid eile á léasú. Faoi láthair, tá 38 gcinn de chineálacha éagsúla conarthaí cothabhála coiscthí pleanáilte i bhfeidhm agus, mar thoradh orthu sin, bíonn os cionn 1500 cigireacht éagsúil ann ar fud an ghréasáin foirgneamh.
- Tá na leibhéil áitíochta i roinnt áiteanna in Áras an Chontae os cionn na hacmhainneachta atá ar fáil, rud a fhágann gur gá roinnt oibreacha athfheistiúcháin a chur i gcrích ar an mbunurlár agus ar an gcéad urlár chun soláthar cóiríochta breise oifige agus seomraí cruinnithe a éascú do na hAonaid Tithíochta agus Airgeadais.
- Lean an tAonad Saoráidí de phróisis fála a chur i gcrích i ndáil le raon conarthaí a bhain le bainistíocht saoráidí lena chinntiú go bhfaighfí luach ar airgead agus go gcoimeádfaí seirbhísí ardchaighdeáin ar bun.
-
- Bunaíodh clár CCTV le haghaidh na nOifigí & na Leabharlann go léir d'fhonn ceanglais RGCS (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a chomhlíonadh.

**Bainistíocht Fuinnimh & Tionscnaimh Laghdaithe Fuinnimh**

- Ba thosaíochtaí iad i gcónaí san aonad saoráidí an faireachán agus an bhainistíocht dhéantar ar éifeachtúlacht fuinnimh. Fuarthas Deimhnithe Fuinnimh Taispeána le haghaidh 18 bhfoirgneamh ar mó ná 250 méadar cearnach a méid, idir oifigí agus leabharlanna, agus cuireadh na deimhnithe ar taispeáint sna foirgnimh sin.

- Tá Áras an Chontae ag leanúint d'fheabhas a chur ar a Rátáil Fuinnimh Foirgnimh oibríochtúil (BER), rud a luaitear ar a Dheimhniú Fuinnimh Taispeána don bhliain 2018, is é sin, B3.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

- Lean an tAonad de na ceanglais faoin gClár Bainistíochta Sábháilteachta a chomhlíonadh i réimsí amhail tástáil PAT (tástáil Gaireas Iniompair), tástáil thréimhsiúil suiteálacha leictreacha, measúnachtaí VDU i leith na nOifigí agus na Leabharlann go léir.
- Déantar Iniúchtaí Sláinte & Sábháilteachta go tráthrialta i gcomhréir le cur i bhfeidhm Phlean Bainistithe Sláinte & Sábháilteachta na Comhairle.

Cuireadh oibreacha sábháilteachta i gcrích i Leabharlann Westside chun umar ola agus cás a thabhairt chun bealaigh ó áit taobh thiar den fhoirgneamh, rud a rinneadh ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta.

## Páirc Rinn Mhíl, Meáraí, Órán Mór

Tá Páirc Rinn Mhíl i measc na bpáirceanna is mó de chuid an Chontae agus tá gréasán siúlán inti, mar aon le háit súgartha agus giomnáisiam amuigh faoin aer. Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhainistíonn Páirc Rinn Mhíl agus tá sí faoi chomhúinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is ionad ainmnithe é ar 'Slí an Atlantaigh Fhiáin'. Baineann cónaitheoirí áitiúla, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, amhail Grúpaí Gasógaíochta, úsáid mhór as an bpáirc.

D'fhostaigh an Chomhairle Feighlí séasúrach ó Mhárta go Deireadh Fómhair.

Leanadh de lamháltas a dheonú chun sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl i rith na tréimhse ó Mhárta go Deireadh Fómhair.

Leanadh den Chlár Cothabhála Páirceanna a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla.



**Fearann an Pháláis, Tuaim**

Soláthraíodh tacaíocht do limistéar Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim agus chuir Oifig Cheantar Bardasach Thuama clár cothabhála i bhfeidhm i gcomhar le Scéim Fostaíochta Pobail (CE) ar chuir an Chomhairle urraíocht ar fáil ina leith.



**Raon Lúchchleasa Dhún Leo**

Tá Páirc Áineasa Dhún Leo ina taitneamhacht luachmhar do phobal Bhéal Átha na Sluaighe agus do réigiún na Gaillimhe Thoir agus is le Comhairle Chontae na Gaillimhe í.

Fáiltíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go mór roimh chlár TÚS trína soláthraítear seirbhísí ag an tsaoráid. Trí na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil faoin Scéim sin, tugtar tacaíocht maidir le hoibriú na saoráide agus cinntítear gur féidir na saoráidí a chur ar fáil lena n-úsáid chun tairbhe don phobal áitiúil agus do chlubanna áitiúla  Cuirtear Sceideal ar fáil ar www.galway.ie áit a gcuirtear in iúl amanna poiblí agus áirithintí ag clubanna áitiúla.



**Faichí Imeartha Uile-Aimsire Thuama**

Leanadh d'Fhaichí Imeartha Uile-Aimsire Thuama a oibriú faoi Chomhaontú Ceadúnais a cuireadh i bhfeidhm le Club Peile *Tuam Celtic*. Tugadh comhairle do scoileanna áitiúla agus do ghrúpaí óige áitiúla maidir le hinfhaighteacht na bhfaichí imeartha saor in aisce ag tráthanna ainmnithe, agus rinneadh socrú maidir le 40 uair an chloig d'úsáid saor in aisce in aghaidh na seachtaine.

**Maoiniúchán CLÁR do Thionscadail Áineasa**

Chuir an tAonad Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin agus tacaíocht chomhairleach ar fáil do ghrúpaí pobail d'fhonn tograí i leith saoráidí áineasa a chur ar aghaidh ina gcuid limistéar faoi seach agus d'fhonn maoiniúchán atá ar fáil faoi chláir amhail CLÁR agus Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2018 a aimsiú.

Tugadh maoiniúchán do roinnt grúpaí faoi na scéimeanna sin agus bhí na hoibreacha le críochnú faoi dheireadh na bliana 2018.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh**

## Deich mBliana na gCuimhneachán 2013-2023 – Straitéis Chuimhneacháin do Chontae na Gaillimhe

I rith na bliana 2018, chuir Aonaid éagsúla raon imeachtaí agus tionscnamh i gcrích faoi Straitéis Chuimhneacháin na Gaillimhe i leith Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023.

D'éascaigh an tAonad Seirbhísí Corparáideacha cur i bhfeidhm raoin imeachtaí i rith na bliana 2018 agus, chomh maith leis sin, thug sé tacaíocht i leith imeachtaí cuimhneacháin a bhí á reáchtáil ag Aonaid eile mar chuid den chlár.

Áiríodh an méid seo a leanas i measc na n-imeachtaí agus na dtionscnamh a seoladh agus bhí deis ag ár gcuid pobal agus ag an diaspóra leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh sna cuimhneacháin:

- Seoladh Comhdháil Chuimhneacháin Bhaile Locha Riach dar teideal '*1918 Ireland*: *Political and Social Change*' ar an 15 Samhain 2018. Chuathas i mbun an tionscadail sin i gcomhpháirtíocht le Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach.

- Seoladh Comhdháil dar teideal '*Pioneering Women in Irish History*' in Óstán Corralea Court, Tuaim, ar an 3 Samhain chun aird a tharraingt ar chuid mhór taighde nua maidir leis an méid atá déanta ag mná trí na haoiseanna i leith ár sochaí, ár ngeilleagair agus ár saoil polaitíochta.

- Seoladh Comhdháil dar teideal '*Women: their contribution to Irish History & Society*" ar an 23 Deireadh Fómhair i Maigh Locha, Co. na Gaillimhe.

- Leanadh den obair ar '*Tionscadal Comharthaíochta (dátheangach) Rian Oidhreachta Éirí Amach 1916 i gChontae na Gaillimhe'* sa bhliain 2018. Tá sé beartaithe comharthaí léirmhíniúcháin a chur ar fáil in 12 láithreán ar leith de chuid Rian Oidhreachta 1916 Chontae na Gaillimhe - Tabhair Cuairt ar na Láithreáin agus ar na Séadchomharthaí Stairiúla sa bhliain 2019.



*An Dr. Conor McNamara, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Joe Loughnane, Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, Aisling Mitchell, Leabharlanna na Gaillimhe, Steve Dolan, Teach na mBocht, Port Omna, Colman Shaughnessy, Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach, ag an gComhdháil dar teideal '1918 Ireland: Political and Social Change' a seoladh i mBaile Locha Riach*

# CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

**Lainseáil Straitéis 5 bliana Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae na Gaillimhe**

I Meán Fómhair 2018, tháinig an Taoiseach, Leo Varadkar, TD, agus an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Josepha Madigan, TD, agus an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy, TD, in éineacht leis, i láthair le haghaidh lainseáil Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018 - 2022 mar chuid de Chlár uile-rialtais Éire Ildánach.

Is iad Meitheal Chultúir Chontae na Gaillimhe agus comhordaitheoir áitiúil Chlár Éire Ildánach a d'fhorbair an Straitéis uaillmhianach nuálach 5 bliana seo i gcomhairle le healaíontóirí áitiúla, le daoine cruthaitheacha áitiúla, le heagraíochtaí áitiúla cultúir agus oidhreachta, le grúpaí pobail áitiúla, leis na tionscail chruthaitheachta áitiúla, le hionaid oideachais áitiúla agus le scoileanna áitiúla. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis, deiseanna maithe a chur ar fáil do shaoránaigh agus do phobail áitiúla, agus iad ag obair i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúil, chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta a chothú, a chothabháil agus a éascú

**Clár Éire Ildánach**

Chuir Clár Éire Ildánach 2018 raon leathan tionscnamh ar fáil sa chlár a d'ullmhaigh Meitheal Chultúir Chontae na Gaillimhe. Áiríodh an méid seo a leanas i measc na dtionscadal a bhí ann: **Síol a Chur - ó Chartlann go hEalaín** a raibh sé mar aidhm aige buneolas a thabhairt do lucht féachana nua - pobal na n-ealaíon - ar ár n-oidhreacht shaibhir fhaisnéiseach agus naisc a chur ar bun le cartlanna. Tugadh cuireadh d'ealaíontóirí breathnú ar na hábhair chartlainn agus, ina dhiaidh sin, scrúdú, léiriú agus athléiriú a dhéanamh ar mhíreanna ar leith agus inspioráid a fháil ó na hábhair le haghaidh a saothar féin. I gcomhar leis an gCartlann, ullmhaíodh foilseachán agus eagraíodh taispeántas i Leabharlann Thuama. I measc na dtionscadal eile a bhí ann áirítear an méid seo a leanas: Féile Téaduirlisí Bhéal Átha na Sluaighe (an tSeirbhís Leabharlainne); An Fhéile Aistritheach - Áth Cinn (An Oifig Ealaíon), *Architecture on the Edge* 2018 (an tOifigeach Caomhantais), Tionscadal na bPobal Digiteach (an Oifig Oidhreachta); *Galway's Great Read* (an tSeirbhís Leabharlainne); *Prop Art in Conamara* (an Oifig Ealaíon); Féile Raifteirí; Tionscadal Oidhreachta Gastranamaíochta (an Oifig Oidhreachta); Déan É (an tSeirbhís Leabharlainne); agus Tionscadal Ailtireachta Comhoibríoch Pobail (an Oifig Caomhantais), agus bronnadh roinnt Sparánachtaí Éire Ildánach ar ghrúpaí agus ar eagraíochtaí pobail chun forbairt a dhéanamh ar chláir d'fhonn a chumasú do ghrúpaí agus do dhaoine aonair barr a gcumais chruthaithigh a bhaint amach.

**Cruinniú na nÓg 2018**

Ba lá cruthaitheachta náisiúnta nua do leanaí agus do dhaoine óga é Cruinniú na nÓg agus bhí sé ar siúl Dé Sathairn an 23 Meitheamh 2018, agus é maoinithe ag Clár Éire Ildánach.

Tugadh cuireadh do leanaí agus do dhaoine óga an fhéile thionscnaimh a cheiliúradh trí rudaí 'a dhéanamh' agus 'a chruthú'.

Bhí 25 imeacht liostaithe i gclár Chontae na Gaillimhe, ar imeachtaí iad a bhí ar siúl i 16 ionad agus bhí raon leathan gníomhaíochtaí ann a d'oir do leanaí san aoisghrúpa 6 mhí go 18 mbliana d'aois. Reáchtáladh imeachtaí in áiteanna amhail Inis Oírr agus Béal Átha na Sluaighe agus an Cheathrú Rua agus an Gort. D'oscail leabharlanna agus ionaid eile a ndoirse chun fáilte a chur roimh leanaí agus roimh dhéagóirí, agus tugadh cuireadh do leanaí Mhaigh Locha, Bhaile Locha Riach agus

Bhaile Átha an Rí greim dhaingean a fháil ar a gcúisíní i gcuideachta an scéalaí iomráitigh Niall de Búrca.





Bhí leanaí faoi bhun 4 bliana d'aois (agus a dtuismitheoirí!) i láthair i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe nuair a léirigh 'Branar Téatar do Pháistí' a seó dar teideal "The Shape of Things"; léirigh tionscadal an 'Immersive Classroom' ceardlann réaltachta fíorúla breisithe do leanaí san aoisghrúpa 9 mbliana - 12 bhliain d'aois i Leabharlann Órán Mór agus i Leabharlann Thuama.

D'óstáil Ionad Theach na mBocht i bPort Omna lá iomlán gníomhaíochtaí lena n-áirítear ceardlann seodra in éineacht leis an dearthóir duaisbhuaiteachVivienne Martin, ceardlann oragamaí in éineacht leis an ealaíontóir cónaitheach Jenny Wood-Sullivan agus seisiún mór ceoil thraidisiúnta in éineacht le Noreen Ryan. Ina theannta sin d'óstáil Leabharlann na Ceathrún Rua agus Leabharlann an Spidéil seó amharclannaíochta puipéad agus ceardlanna in éineacht le *Little Gem Puppets*. Bhí cead isteach saor in aisce chuig na himeachtaí go léir agus ba iad an Oifig Ealaíon agus an tSeirbhís Leabharlainne a d'ullmhaigh an clár thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.



# CUR CHUN CINN NA GAEILGE

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta i leith seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú agus i leith leanúint de na hoibleagáidí ábhartha atá uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh agus, chomh maith leis sin, i leith an Scéim Teanga a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, féachann an Chomhairle le tacú leis an nGaeilge, agus leis an nGaeilge a chur chun cinn, ar fud an Chontae. Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a ndeachthas ina mbun sa bhliain 2018:

## Lá na Gaeilge

I mí an Mhárta, eagraíodh imeacht speisialta i rith Sheachtain na Gaeilge (1 - 17 Márta 2018), is é sin le rá, 'Lá na Gaeilge' ar lena linn a tugadh deis do dhaoine den phobal, do ghnóthaí, do ghrúpaí pobail agus mar sin de, a sheolann a ngnó trí mheán na Gaeilge, a gcuid oibre a chur ar taispeáint don phobal i gcoitinne i rith an lae in Áras an Chontae. Ina theannta sin, eagraíodh taispeántas ceoil don ócáid sin agus chuir grúpa bunscoile de chuid Chontae na Gaillimhe taibhiúchán ceoil i láthair don fhoireann agus don phobal i gcoitinne.




*Leanaí as Scoil Náisiúnta an Bhalláin in éineacht le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion le linn imeacht 'Lá na Gaeilge' in Áras an Chontae.*

## Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2018

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2018/Pádraig Pearse Scholarships 2018 a chur ar fáil arís i mbliana i gcomhar le Coláistí Samhraidh Chonamara. Cuireadh 10 scoláireacht san iomlán ar fáil do mhic léinn dara leibhéal i gContae na Gaillimhe chun freastal ar Chúrsaí Samhraidh sa Ghaeltacht.

## Scoil Samhraidh an Phiarsaigh

Seoladh Scoil Samhraidh an Phiarsaigh 2016/Pádraig Pearse Summer School i gConamara (i Ros Muc agus in Indreabhán) thar thréimhse dhá lá ar an 26/27 Iúil 2018. Le linn na scoile, rinneadh

ceiliúradh ar shaol Phádraig Mhic Phiarais, ar a fhís agus ar na saincheisteanna a raibh díograiseach ina leith: an Ghaeilge, oideachas, litríocht, cultúr agus nithe nach iad.




*Ceoltóirí ag glacadh páirt i Scoil Samhraidh an Phiarsaigh*




*Damhsóirí agus Ceoltóirí ag glacadh páirt i Scoil Samhraidh an Phiarsaigh*




*Painéal Díospóireachta le linn Scoil Samhraidh an Phiarsaigh*

(Íomhánna: Comhairle Chontae na Gaillimhe/Grianghrafadóir Seán Ó Mainín)

**Deontais Tacaíochta Pobail**

Rinneadh an Ghaeilge a chur san áireamh go sonrach mar chatagóir sa Scéim Tacaíochta Pobail sa bhliain 2018. Ceadaíodh deontais bheagscála, arbh fhiú €5,000.00 san iomlán iad, do thionscadail i Scoileanna agus in Eagraíochtaí Pobail & Deonacha chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge agus le méadú ar úsáid na Gaeilge.

**Oifig an Choimisinéara Teanga**

Lean an Comhairle de bheith ag comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga chun déileáil le saincheisteanna a bhí ardaithe ag daoine den phobal maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus maidir le reachtaíocht a bhaineann leis an nGaeilge.

**An Ghaeilge a chur chun cinn i gcoitinne**

- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe dá tacaíocht i leith chur chun cinn na Gaeilge i bpobail ar fud an Chontae trí Ghradam Ghlór na nGael a bronnadh ar Chomharchumann Mhic Dara, an Cheathrú Rua, i Márta 2018 agus, ina theannta sin, trí chabhair a thabhairt maidir le himeachtaí Gaeilge a chur chun cinn sna meáin Ghaeilge e.g. an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta, Idirphlé le Europe Direct etc.
- Eagraíodh ranganna Gaeilge (tosaitheoirí agus foghlaimeoirí meánleibhéil) do dhaoine d’fhoireann an údaráis áitiúil agus cuireadh ranganna ar fáil do Chomhairleoirí freisin.

- Leanadh de Ghradam don Ghaeilge a áireamh i nGradaim an Chathaoirligh i mbliana agus bhain an gradam sin le pobail agus scoileanna Neamh-Ghaeltachta.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, d'eolas a thabhairt dóibh faoinár Scéim Teanga agus de dheimhin a dhéanamh de go ndéantar forálacha na Scéime a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil sé sin indéanta ag an gComhairle. Tugadh tacaíocht agus comhairle chomh maith le seirbhísí profála a thabhairt.
- Leantar d'fhaisnéis a thabhairt do bhaill foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir lena ndualgais, maidir lena n-oibleagáidí agus maidir leis an reachtaíocht, ó thaobh cúrsaí teanga de, agus bítear i gcomhairle leis an bhfoireann maidir leis na nithe sin.
- Leantar den nós imeachta maidir le ceadú ábhar an láithreáin gréasáin a chur i bhfeidhm i gcomhar le Seirbhísí do Chustaiméirí agus IS chun dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, i gcomhréir lenár scéim teanga agus leis an reachtaíocht lena mbaineann.
- Leanadh de threalamh aistriúcháin chomhuainigh a úsáid le linn cruinnithe Comhairle nó le linn cruinnithe eile a raibh gá le haistriúchán comhuaineach lena linn.
- Rinneadh obair ar dhréachtú an Tríú Scéim Teanga do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus bhí bailchríoch á cur ar an athbhreithniú inmheánach ar an Dara Scéim Teanga.




*Neasa Ní Chuanaigh in éineacht le Puipéid 'Fíbín' ag imeacht 'Lá na Gaeilge' in Áras an Chontae*

**Tosaíocht Straitéiseach**

- **Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

## SEIRBHÍS NA MAOR POBAIL

Is seirbhís faoi éide de chuid an údaráis áitiúil iad na Maoir Phobail agus tá roinnt ról acu thar raon feidhmeanna údaráis áitiúil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Forfheidhmiú e.g. cionta tráchta reachtúla, cionta bruscair, feithiclí tréigthe, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach, ceadúnais madraí agus corrthrádáil;
- Faireachán e.g. eastáit tithíochta, saoráidí poiblí amhail ionaid athchúrsála, bainc 'fág anseo', páirceanna, tránna agus áiteanna súgartha,
- Cabhair e.g. cabhair do thurasóirí, do dhaoine scothaosta, do scoileanna, do chomharsanachtaí, do phobail, do na Gardaí agus do ghníomhaireachtaí stáit,
- Breathnóireacht agus Tuairisciú maidir leis na nithe sin thuas ar fad.
- Rinneadh Suirbhéanna ar Thruailliú Bruscair/Láithreáin Thréigthe agus lean na Maoir d'iniúchtaí rialta a dhéanamh ar Áiteanna Súgartha, ar Pháirceanna, ar Eastáit Údaráis Áitiúil, ar Láithreáin Stad, ar Chéanna, ar Thránna, ar Bhainc Bhuidéal etc. D'eagraigh Maoir Phobail os cionn 200 glantachán pobail sa bhliain 2018.
- Sa bhliain 2018, rinneadh 1207 n-imscrúdú faoin reachtaíocht a bhaineann le Truailliú Aeir, Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce agus tionscnaíodh 424 cinn de na cigireachtaí sin mar thoradh ar ghnáthchigireachtaí de chuid na Maor Pobail..
- Lean Seirbhís na Maor Pobail d'Fhorfheidhmiú Comhshaoil a chur i gcrích lena n-áirítear fíneálacha Bruscair agus fógraí faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce a eisiúint. Eisíodh 187 bhfíneáil bruscair i rith na bliana 2018.
- Rinne Seirbhís na Maor Pobail 282 suirbhé i ndáil le truailliú ó bhruscar a chur i gcrích de réir na dtáscairí seirbhíse náisiúnta.
- Lean Seirbhís na Maor Pobail de ghnóthaí de chuid an Chontae a iniúchadh i ndáil le comhlíontacht faoi na catagóirí freagrachta a bhaineann le táirgeoirí ó thaobh bainistiú dramhaíola de e.g. comhlíontacht maidir leis an tobhach ar mhálaí plaisteacha, pacáistíocht, dramhbhoinn, WEEE, dramhchadhnraí, diúscairt dramhaíola guaisí.
- Lean na Maoir de bheith ag cabhrú le páirceáil a n-íoctar as a oibriú agus le pleananna bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte sa Chontae. Eisíodh suas le 1600 fíneáil tráchta i rith na bliana 2018.
- Lean na Maoir Phobail de chabhrú leis an Rannóg Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm dualgas faoin Acht um Rialú Capall 1996 agus maidir le dualgais eile.
- Leanadh d'fheachtais iniúchta Ceadúnas Madraí le linn na bliana chomh maith.
- Lean na Maoir d'fhorálacha Acht na mBóithre 1993 a chur i bhfeidhm i ndáil le feithiclí tréigthe agus rinneadh feithiclí den sórt sin a shainaithint, a thuairisciú agus a thógáil chun bealaigh de réir mar ba ghá le linn na bliana.




*Seiceáil bruscair ar Thrá an Dóilín, an Cheathrú Rua, á déanamh ag Máirtín Mannion, Maor Pobail*

## AN tSEIRBHÍS CHRÓINÉARA

Lean an Chomhairle de thacaíocht riaracháin a sholáthar i ndáil le próiseáil a dhéanamh ar íoc na dtáillí go léir i leith Sheirbhís Chróinéara na Cathrach agus an Chontae. Íocann an Chomhairle as costas iomlán na Seirbhíse Cróinéara rud a dhéantar trína bhuiséad ioncaim gan aon sásra ann chun aisíocaíocht a fháil.

Tháinig Scéim athbhreithnithe Stiúrthóirí Sochraide (do Stiúrthóirí Sochraide a bhfuil comhaontú i leith na Scéime sínithe acu) i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2018.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

**Seirbhísí do Chustaiméirí**

- Tá na seoltaí ríomhphoist customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie fós ina bpointe lárnach rochtana ar fhaisnéis don Fhoireann agus do Chustaiméirí araon. Iarrtar ar bhaill foirne faisnéis a chur ar fáil faoi thionscadail, faoi fheachtais, faoi imeachtaí, faoi oibreacha etc. le go mbeidh an Mheitheal Seirbhísí do Chustaiméirí ar an eolas faoi na himeachtaí atá ar siúl ar fud na Comhairle agus le gur fearr a bheidh siad in ann déileáil le fiosruithe. Ina theannta sin, is féidir le daoine den phobal teachtaireachtaí ríomhphoist a chur chuig na seoltaí sin má bhíonn fiosruithe ginearálta acu agus tugtar admháil á rá go bhfuarthas fiosruithe agus cuirtear chuig na rannóga iomchuí iad de réir mar is gá le go dtabharfar aird orthu agus le dtabharfar freagra díreach orthu.
- Lean Grúpa na nOifigeach Seirbhísí Custaiméara (CSOG) de bheith ag teacht le chéile thar an mbliain 2018. Cuimsíonn CSOG ionadaithe foirne ó gach ceann de na príomhréimsí seirbhíse.
- Lean Seirbhísí do Chustaiméirí de chásanna Deisigh Do Shráid a scrúdú agus a phróiseáil agus choinnigh siad i dteagmháil le rannóga iomchuí maidir le cásanna nach raibh réitithe fós. Is é atá in Deisigh Do Shráid ná clár náisiúnta agus is fóram poiblí ar líne é inar féidir saincheisteanna a thíolacadh, de réir suímh, don údarás áitiúil iomchuí.
- Leanadh den chóras láraithe le haghaidh Fógraí Poiblí a chur i bhfeidhm sa bhliain 2018 d'fhonn feabhas a chur ar ár nÍomhá Chorparáideach sna Meáin Chlóite, d'fhonn sábháil airgid a ghiniúint trí spás comhroinnte fógraíochta agus, freisin, d'fhonn na ceanglais faoin gCreat Náisiúnta Soláthair a chomhlíonadh. Déantar réamhchóipeanna d'fhógraí poiblí a fhoilsiú ar Mheáin Shóisialta sula bhfoilsítear sna nuachtáin éagsúla iad agus cuirtear chuig na Comhaltaí Tofa iad, agus mionsonraí teagmhála iomchuí in éineacht leo.
- Is é Seirbhísí do Chustaiméirí an lárphointe teagmhála thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe i leith thairseach nua an rialtais le haghaidh Comhairliúcháin Phoiblí.
- Leanann Seirbhísí do Chustaiméirí den chóras athfhormáidithe foirmeacha iarratais nua a choimeád ar bun agus d'uasdátú a dhéanamh ar fhoirmeacha láithreacha nuair a iarrtar amhlaidh. Tá 215 ítim san iomlán againn anois, idir fhoirmeacha agus mheabhráin, sa chlár/chóras códaithe agus iad ar fáil ar ár láithreán gréasáin.
- Leanann Seirbhísí do Chustaiméirí de chártaí an chórais rochtana ar dhoirse agus de shiogairlíní carrchlóis a eisiúint agus a chothabháil.

- Rinneadh leagan póstaeir nua-fhormáidithe den Chairt Chustaiméara, den Chód Iompair agus de Sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ag na cuntair phoiblí go léir de chuid na Comhairle.

**Deasc Sheirbhísí Custaiméara agus Lárionad Cumarsáide**

- Leantar den Deasc Sheirbhísí Custaiméara a oibriú chun freastal ar riachtanais chustaiméirí, ó thaobh déileáil go héifeachtúil lena bhfiosruithe/iad a tharchur chuig an duine cuí nuair a thagann siad isteach in Áras an Chontae. Leantar den tseirbhís teileafóin a oibriú ó Lárionad Cumarsáide na Seirbhísí Custaiméara ar an dara hurlár d'Áras an Chontae.
- Déantar baill foirne de chuid Seirbhísí Corparáideacha atá lonnaithe i Seirbhísí do Chustaiméirí a shannadh chun tacaíocht a thabhairt i leith Bheartas na hEagraíochta maidir le Fóin Phóca agus i leith riaradh an chuntais ó lá go lá.

**Cumarsáid agus Meáin Shóisialta**

- Tháinig méadú eile ar an úsáid a bhaintear as Meáin Shóisialta (Twitter, FB) agus, i mí na Nollaig 2018, bhí 9,136 leantóir ann ar Facebook, mar aon le 12,451 leantóir ar Twitter agus tá méadú ag teacht ar na figiúirí sin ar bhonn laethúil.

  Rinneadh Meáin Shóisialta a chomhtháthú le Feachtais Fógraíochta agus le Feachtais Bolscaireachta eile de chuid na Comhairle agus tá aird ar leith á tabhairt ar úsáid Meán Sóisialta le linn tréimhsí droch-aimsire. Tá méadú tagtha ar an líon imeachtaí atá á bpostáil thar ceann na foirne, go háirithe nithe a bhaineann le hOibreacha Bóthair, le Cur Isteach ar an Soláthar Uisce agus le haon nithe eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae. Ghlac an fhoireann Seirbhísí Custaiméara páirt san fheachtas náisiúnta twitter dar teideal '*Our Council Day*' a bhí á chomhordú ag LGMA.

**Iniúchadh Inmheánach**

## Iniúchadh Inmheánach

Is é Plean Iniúchta Inmheánaigh 2018 an clár bliantúil oibre agus tarraingíodh suas é i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an gCoiste Iniúchta agus le Ceann na Foirne Iniúchta Inmheánaigh.
Sa phlean sin, bhí 8 réimse ann a bhí le hiniúchadh agus críochnaíodh tuarascálacha iniúchta ar na réimsí seo a leanas agus tíolacadh don Choiste Iniúchta iad ag cruinnithe éagsúla a seoladh i rith na bliana 2018.

- Athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Rioscaí (Plean Iniúchta 2017)
- An Ról i leith Cuntais Iníoctha sa Timthriall 'Ceannach go hÍocaíocht'
- Seiceálacha diana ar chaiteachas chaipitiúil agus ar chaiteachas ioncaim mar chuid de Thuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí a sholáthraítear don Choimisiún Náisiúnta um Fhormaoirsiú agus Iniúchóireacht.
- Tástáil ar chomhlíonadh i ndáil leis na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann le húsáid Cártaí Ceannaigh Íseal-Luacha agus Cártaí Breosla
- Leithroinnt 2017 le haghaidh Deontais Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla

I rith na bliana 2018, cuireadh tús leis na hiniúchtaí seo a leanas de chuid Phlean Oibre 2018, críochnaíodh iad i mí Eanáir 2019 agus cuireadh i láthair an Choiste Iniúchta iad le linn chruinniú mhí an Mhárta 2019.

- Caiteachas & Aisíoc maidir le sampla de Thionscadail Chaipitiúla Tithíochta
- Athbhreithniú ar Roinnt na Ról idir an tAonad AD agus an tAonad Párolla faoin gComhaontú Leibhéil Seirbhíse *My Pay*

Tá comhaontú maidir leis na tuarascálacha iniúchta seo a leanas de chuid Phlean Iniúchta 2018 ar feitheamh agus tá siad le cur i láthair an Choiste Iniúchta i mí Aibreáin 2019.

- Saincheisteanna maidir le Rialachas Corparáideach -Gearáin ó Chustaiméirí, iarrataí Saorála Faisnéise, Cláir Thoghthóirí - (Scriostaí agus Breisithe), Eitic - Dearbhuithe Leasanna le haghaidh baill foirne agus comhaltaí
- Sceideal 2017 i leith Rátaí Neamhmbailithe

Ar fud na bliana 2018, rinneadh athbhreithniú leanúnach ar shaincheisteanna a ardaíodh i dtuarascáil an Iniúchóra Rialtais Áitiúil ar Ráiteas Bliantúil Airgeadais 2016.

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích mar chuid d'fheidhm seiceála & comhréitigh na nIniúchtaí Inmheánacha:

- Seiceáil ar fháltais i gcomparáid le taiscí i leith Mótarchánach, agus scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid a choinnítear i ndáil le dioscaí cealaithe agus dioscaí cánach dúblacha.

- Stocáireamh bliantúil agus leathbhliantúil in oifigí Mótarchánach Bhéal Átha na Sluaighe, na Ceathrún Rua agus Áras an Chontae.

- Athbhreithnithe tréimhsiúla ar fháltais de chuid oifigí airgid thirim Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomparáid le taiscí, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar fháltais chealaithe Bailitheoirí Ioncaim.

- Comhréiteach Fháltais & Thaiscí Fheighlithe na Reiligí

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

## CLÁR FORBARTHA NA SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Lean Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe de sheirbhís luachmhar a sholáthar do phobail agus do dhaoine aonair sa bhliain 2018. Tá tábhacht fós ag leabharlanna i measc leanaí, dhaoine fásta agus theaghlaigh Chathair agus Chontae na Gaillimhe.

Cuimsíonn gréasán Leabharlanna Chontae na Gaillimhe an méid seo a leanas:
- 29 Leabharlann Brainse
- Seirbhís Leabharlainne Shoghluaiste
- Seirbhís Scoile do Bhunscoileanna
- Clos-Seirbhís do Dhaoine Lagamhairc
- Seirbhís Staire Áitiúla
- Cartlann

28,286 bhall ghníomhacha a bhí ann i Leabharlanna na Gaillimhe sa bhliain 2018.

Sa bhliain 2018, bhí **621,524** chuairt ann ar ár gcuid leabharlann agus d'eisíomar **619,577** n-ítim (táscaire NOAC);

Bhí 45,201 seisiún idirlín bairr deisce ann mar aon le 51,741 seisiún wi-fi.


D'íoslódáil baill na Gaillimhe **17667 r-leabhar agus 15894 ríomh-chlosleabhar**.

I gcomparáid leis an mbliain 2017, tháinig méadú 54% ar ár n-úsáid iasachta ríomhleabhar sa bhliain 2018 agus bhí méadú 109% ann maidir le hiasachtaí ríomh-chlosábhair.

***Gníomhaíochtaí Táscacha sa bhliain 2018:***

- Leanadh den mhéadú ar úsáid leabharlann sa bhliain 2018. Tá Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe i measc na seirbhísí is minice a úsáidtear in Éirinn agus déantar leabharlanna a chur ar fáil SAOR IN AISCE mar ionaid chathartha chultúir sna pobail ina bhfuil siad suite.
- Is iad na leabharlanna na spásanna poiblí is mó a dtugtar cuairt orthu i gContae na Gaillimhe agus bhí **621,524** chuairt ann sa bhliain 2018.
- Lainseáladh an straitéis náisiúnta maidir le leabharlanna - *Ár Leabharlanna Poiblí 2022 - Pobail a spreagadh, a cheangal agus a chumasú*

- Tá tóir ar an tSeirbhís Náisiúnta Dáileacháin i gcónaí. Sa bhliain 2018, déileáladh le **44,279** n-iarraidh. Tá dearcadh an-dearfach ag an bpobal i leith na seirbhísí seo ó tharla go mbíonn teacht ar theidil atá as cló, go mbíonn leabhair chúrsa ar fáil agus go mbíonn teacht ar theidil nua. Tá an leabharlann phobail tar éis teacht chun bheith ina háis thábhachtach oideachais i gceantair de chineál iargúlta sa chontae agus, ós rud é gur féidir leabhair a ordú ar líne agus iad a bhailiú sa leabharlann áitiúil ina dhiaidh sin, tá méadú tagtha ar thábhacht na leabharlainne.
- Rinneadh ríomhairiú i leabharlanna Bhéal Átha Ghártha agus Mhóta.
- Leanadh de na cláir maidir le Litearthacht Dhigiteach, lena n-áirítear ranganna IT a choimeád ar bun sna leabharlanna brainse is mó, agus Aoisghníomhaíocht Éireann, Vodafone agus Comhaontas Tuaithe ag feidhmiú mar éascaitheoirí ina leith.
- Mar thoradh ar oiliúint foirne maidir le húsáid acmhainní ar líne agus ar na hacmhainní sin a chur chun cinn go gníomhach, tá méadú suntasach tagtha ar úsáid na n-acmhainní sin.
- I measc na réiteach IT do chustaiméirí, áiríodh SurfBox a leathnú chuig roinnt leabharlann. Ligeann SurfBox do dhaoine den phobal ordú i leith priontáil a chur chuig printéir ina leabharlann áitiúil. Is féidir ordú i leith priontáil a dhéanamh sa bhaile agus scaoiltear é agus bailítear é sa leabharlann. Sa bhliain 2018, leathnaíodh SurfBox chuig leabharlanna an Chlocháin agus Órán Mór. Tá sé ar fáil anois i gCathair na Gaillimhe, sa Bhaile Bán, in Órán Mór, i mBéal Átha na Sluaighe, in Westside, i dTuaim agus sa Chlochán. Tá an obair beagnach críochnaithe i leith seirbhís SurfBox trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.
- Rinneadh teicneolaíocht féinseirbhíse a thabhairt isteach i roinnt leabharlanna brainse sa bhliain 2018 lena n-áirítear Tuaim, Cathair na Gaillimhe, an Baile Bán, Baile Locha Riach, an Clochán, Port Omna, Baile Átha an Rí agus an Cheathrú Rua.



- Fuarthas maoiniúchán TFC sa bhliain 2018 chun íoc as uasghrádú TFC i leabharlanna brainse, lena n-áirítear PC-anna a chur ar fáil do dhaoine den phobal, foghlaim dhigiteach agus foghlaim chomhoibríoch STEAM.
- Baineadh amach creidiúnúchán ISO45001 don tSeirbhís Leabharlainne mar chuid den phróiseas foriomlán creidiúnúcháin.




*Ligeann Surf-Box d'úsáideoirí na leabharlainne ordú i leith priontáil a chur óna n-áit chónaithe agus buaileadh isteach sa leabharlann ina dhiaidh sin chun an t-ábhar a bhailiú.*

Tionscnaimh Náisiúnta Leabharlannaíochta

- ***Éire Shláintiúil @ do leabharlann:***
  Tá sé aitheanta ag an Roinn Sláinte gur féidir oibriú le Leabharlanna Poiblí ar fud na hÉireann chun Clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann a chur i bhfeidhm, ar clár é atá dírithe ar leabharlanna a bhunú mar fhoinse luachmhar sa phobal i dtaca le faisnéis faoi chúrsaí sláinte. Tugann Clár Éire Shláintiúil ag do Leabharlann aghaidh ar 6 phríomhréimse: **Óige Shláintiúil, Bia Sláintiúil agus Saol Gníomhach, Folláine agus Meabhairshláinte, Aosú Dearfach, Alcól agus Tobac**.
- Cuireann an Clár feabhas ar an fhaisnéis atá ann i Leabharlanna Contae faoi láthair maidir le cúrsaí sláinte trí bailiúchán cuimsitheach leabhar, r-leabhar, r-chlosleabhar, r-irisí agus cúrsaí ar líne nua maidir le sláinte agus folláine a chur ar fáil. Chun stoc leabhar agus acmhainní ar líne Éire Shláintiúil a chomhlánú, bhí sraith cainteanna, pléite agus ceardlann ann ar lena linn a leagadh béim ar shláinte fhisiciúil, ar mheabhairshláinte agus ar litearthacht sláinte agus tá siad sin ar siúl i gcónaí.
- Sa bhliain 2018, bhí 91 imeacht ann i Leabharlanna na Gaillimhe agus bhí **1,151** duine ann san iomlán lena linn. I measc na n-ábhar a clúdaíodh áirítear Sláinte Croí, Feasacht ar Néaltrú, Aosú Sláintiúil, Corpacmhainn ar mhaithe le fad saoil, agus Torthaí agus glasraí a fhás. Ina theannta sin, d’eagraigh an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála seisiúin faisnéise maidir le Cúram agus Cosc Ailse agus rinne *Diabetes Ireland* scagthástáil.
- I gcásanna cuí, bhí comhoibriú ann le Gaillimh Shláintiúil chun uasmhéadú a dhéanamh ar phoiblíocht agus ar an rannpháirtíocht in imeachtaí e.g. Lá Shláinte na Mara sna Forbacha, Lá Shláinte na mBan, in Áth Cinn, agus Clár Pobail an Bhaile Mhóir.
- Tá tús curtha le hobair ar chlár trasghrúpa a chur ar fáil do phobail na n-oileán mar chuid de thionscnamh ‘Oileáin Shláintiúla’.




*Catherina McKiernan agus í ag lainseáil chlár 'Éire Shláintiúil ag do leabharlann' – Béal Átha na Sluaighe*




*Scéalaíocht le Liz Keane le linn Imeacht Phobal an Bhaile Mhóir*



An cócaire Neven Maguire ag seastán na leabharlainne ag Seó Ghleann na Madadh

**Work Matters:**

- Is é atá in *Work Matters* ná seirbhís chun tacaíocht a thabhairt (i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla) do dhaoine atá ag lorg fostaíochta, ag fáil scileanna breise mó ag forbairt gnóthaí beaga.
  - Cuimsíonn sé sainspásanna brandáilte ina bhfuil ríomhairí, leathanbhanda agus wi-fi, agus saoráidí priontála agus scanacháin ar fáil.
  - Stoc leabhar agus acmhainní ar líne chun tacú le gníomhaíochtaí fostaíochta agus gnó.
  - Saineolas fhoireann na leabharlainne a chuireann tacaíocht ar fáil trí bhíthin na n-acmhainní iomchuí.
  - Imeachtaí agus cláir a bhaineann le cúrsaí gnó agus oibre.
  - Forbraíodh bróisiúr maidir le *WorkMatters* agus Acmhainní Ar Líne.


- Tá limistéir *Work Matters* forbartha sa Chlochán, i bPort Omna, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCathair na Gaillimhe.







*Limistéir 'Work Matters' i Leabharlann an Chlocháin agus i Leabharlann Bhaile Locha Riach*




**Ceart chun Léitheoireachta**

- **Imeachtaí do leanaí** – eagraíodh *Spring into Storytime* i leabharlanna brainse i mí Aibreáin agus bhí seisiúin scéalaíochta ann i mbrainsí ar fud an chontae.
- Reáchtáladh *Féile na Leabhar do Leanaí* go rathúil i mí Dheireadh Fómhair 2018 i gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuireadh tús leis an bhféile i leabharlann Bhaile Átha an Rí agus bhain os cionn 500 leanbh taitneamh as 40 imeacht.
- Seoladh **Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh** ar fud an chontae agus chláraigh 4,600 leanbh le haghaidh an dúshláin agus chríochnaigh 3,000 leanbh díobh an dúshlán. Bhí lainseáil náisiúnta Réaltaí an tSamhraidh ann i leabharlann Órán Mór i mí Iúil agus ba é an tAire Seán Kyne a lainseáil é.
- Bhí searmanas bronnta gradam ann i mbrainsí i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair.

- Is é atá i gceist le **Leabhair Thostacha** nó **Leabhair Gan Fhocail** ná leabhair ar féidir le haon duine iad a léamh ós rud é nach bhfuil iontu ach pictiúir gan aon fhocail ag gabháil leo. D'fheidhmigh an t-údar Debbie Thomas mar éascaitheoir le linn na hoiliúna maidir le húsáid na leabhar. Ceannaíodh bailiúcháin do roinnt leabharlann brainse agus do sheirbhís na Scoileanna.
- Ceannaíodh bailiúcháin ón straith leabhar **'Read Your Mind'** don tseirbhís leabharlainne. Tionscadal bibliteiripe trína ligtear do dhaoine óga leabhair a fháil ar iasacht le gur féidir leo bealaí nua a fhoghlaim chun a meabhairshláinte féin a chothú.




*Spring into Storytime – Uachtar Ard*




*An Cathaoirleach, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg agus an tAire Seán Kyne ag Lainseáil Náisiúnta Thionscnamh Léitheoireachta 'Réaltaí an tSamhraidh – Leabharlann Órán Mór*




*Rannpháirtí de chuid 'Réaltaí an tSamhraidh'*



*Bronnadh Dhuaiseanna 'Réaltaí an tSamhraidh' - An Spidéal*




*Leabharlann na Ceathrún Rua*

- Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe a d'éascaigh tionscadal úrscéil ghrafaigh do dhéagóirí dar teideal *Stuffed*.
- I measc thionscadail Éire Ildánach sa bhliain 2018, áiríodh an méid seo a leanas:
  - Déan é, *Galway's Great Read*, Féile Téaduirlisí agus *Look beyond our world*
  - Ceiliúradh Cruinniú na nÓg ar an 23 Meitheamh, ar imeacht é sin a d'éascaigh Éire Ildánach i roinnt leabharlann brainse ar fud na gceantar bardasach.
  - Eagraíodh 'Déan é' i leabharlanna brainse i mí na Samhna mar chuid de thiomantas na leabharlann i leith STEAM.
  - Bunaíodh clubanna *Lego* i dTuaim, i bPort Omna, i mBéal Átha na Sluaighe agus in Westside.
  - *One Book One Town*: Ghlac Leabharlann Thuama agus Leabharlann Chathair na Gaillimhe araon páirt san imeacht seo sa bhliain 2018.



Lainseáil *Stuffed* i Leabharlann Thuama – Alan Nolan (údar), Catherine Gallagher, Leabharlannaí Contae, rannpháirtithe, Sharon O'Grady, Oifigeach Ealaíon, agus JoVahey, Leabharlannaí Feidhmiúcháin



*Ceardlann 'Déan É' a eagraíodh mar chuid de 'Make a day of it' i Leabharlann Mhóta; clár lae d'imeachtaí mar chuid de Sheachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta*

**Imeachtaí do Dhaoine Fásta –**

- Fermata, is é sin, tionscadal comhoibríoch a d'eagraigh clubanna leabhar leabharlanna an Bhaile Bháin, Westside agus Chathair na Gaillimhe, i gcomhar le *Galway Music Residency*, chun litríocht agus ceol a chur chun cinn.
- Leathnú leantach chlár *Galway's Great Read*, a bhfuarthas maoiniúchán ó Éire Ildánach ina leith. Sa bhliain 2018, eagraíodh *Women of the West: Art, Citizenship and Literature*; cuireadh tús le sceideal na n-imeachtaí le léiriú ar chuairt Christabel Pankhurst ar Ghaillimh sa bhliain 1911, áit ar labhair sí i Halla an Bhaile. Eagraíodh imeachtaí ar fud an chontae agus ba é a bhí sa cheann deireanach ná tráthnóna ceiliúrtha i mBéal Átha na Sluaighe. Tá an t-imeacht seo ina chuid dár gclár 'Deich mBliana na gCuimhneachán' freisin.
- I gcomhar le comhpháirtithe pobail, d'eagraigh Leabharlann Phoiblí Westside Féile Ealaíon Westside agus ghlac leabharlann Órán Mór páirt san fhéile ealaíon áitiúil.
- Clár imeachtaí na seirbhíse leabharlainne soghluaiste sa Bhaile Mór agus i dTeach Altranais *Central Park*, Cluain Bheirn.
- Rannpháirtíocht i bhFéile *Winterage* i leabharlann an Ghoirt.
- Éascaíodh imeachtaí cianrochtana i nGleann na Madadh, sna Forbacha, in Áth Cinn agus mar chuid d'fhéile '*Loving Galway*'.
- Tacaíocht d'Oíche Chultúir 2018 i nGaillimh i gcomhar leis an Oifig Ealaíon.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt do Chlár Chathair agus Chontae Aoischairdiúil na Gaillimhe.
- Oibríodh i gcomhar le Gaillimh 2020 chun tacú le cláir a chur i gcrích.
- Leanadh den rannpháirteachas i bhféilte éagsúla ar fud an chontae agus na cathrach, lena n-áirítear Féile na Cúirte, Babaro, Shorelines agus Conair Ealaíne Oirthear na Gaillimhe.
- Leanann ionaid *Europe Direct* i mBéal Átha na Sluaighe agus sa Cheathrú Rua de roinnt imeachtaí bliantúla a éascú i mbrainsí agus mar imeachtaí cianrochtanaaraon. Bhí an chéad Idirphlé Saoránach ann i leabharlann na Ceathrún Rua i mí na Samhna.

- Rinneadh Bliain na Gaeilge a cheiliúradh sa Spidéal, sa Cheathrú Rua, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe, i gCathair na Gaillimhe agus tríd an tSeirbhís Leabharlainne do Scoileanna.
- Ceiliúradh Féile Bhealtaine i roinnt leabharlann i mí Bhealtaine.
- Ghnóthaigh Mike McCormack Gradam Litríochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath tar éis é a bheith ainmnithe ag Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe i leith an ghradaim.
- Taispeántais ealaíne, clubanna leabhar, lainseáil leabhar etc.





| | |
|---|---|
| *Tom Quinn, i mbun taibhiúcháin le linn na Féile Téaduirlisí i mBéal Átha na Sluaighe, agus é 99 mbliana d'aois!* | *Mary Clancy, aisteoirí OÉG, agus Sharleen McAndrew, féile na seirbhíse leabharlainne le linn lainseáil 'Galway's Great Read', in Amharclann Halla an Bhaile* |




*Jennifer Laverty, agus í i mbun taibhiúcháin, mar chuid de 'Galway's Great Read ' i Leabharlann Phort Omna*



*Jo Vahey, Sharon O'Grady, Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach, Martina Fitzgerald, Catherine Gallagher agus Mary Clancy le linn Thráthnóna Ceiliúrtha 'Galway's Great Read' i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe*




*Siobhán Arkins, Leabharlannaí Feidhmiúcháin Leabharlann Chathair na Gaillimhe, agus 'Solar Bones' le Mick McCormack, buaiteoir Ghradam Litríochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, ina lámha aici. Ba í Siobhán a mhol 'Solar Bones' mar ainmniúchán na Gaillimhe*




*An tÚdar John Connell i Leabharlann an Ghoirt mar chuid d'fhéile 'Winterage'*

- Lainseáladh bailiúcháin leabhar Fraincise sa Chlochán agus in Órán Mór
- Tugadh tacaíochtaí do Sheachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta agus do Sheachtain Bhród na Gaillimhe i leabharlanna brainse.
- Cuireadh ionaid nua fágála leabhar ar fáil in Áth Cinn, in Órán Mór, i mBaile Átha an Rí agus in Uachtar Ard.

- Rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair ar thionscadal MOL.
- Fuair leabharlanna brainse comharthaí nua maidir lena n-uaireanta oscailte.
- Chuaigh Leabharlann Bhéal Átha Ghártha agus Leabharlann Mhóta ar líne agus tá siad páirteach sa chóras náisiúnta bainistíochta leabharlann anois.
- Suiteáladh trealamh allamuigh fichille/táiplise ag leabharlann Phort Omna
- Rinneadh oibreacha feabhsaithe foirgníochta i roinnt Leabharlann Brainse, lena n-áirítear an Clochán, Béal Átha Ghártha, Cathair na Gaillimhe, Westside, Órán Mór, Uachtar Ard, Tuaim agus Port Omna.



*Limistéar nua do dhéagóirí i Leabharlann Thuama*





*Bosca Fágála Leabhar - Leabharlann Áth Cinn agus Leabharlann Uachtar Ard*



*An Leabharlannaí Mary Lally agus  Nano Naughton, in aois a céid, ar úsáideoir leabharlann Bhéal Átha Ghártha í le fada an lá agus a fuair a céad cárta uathoibrithe leabharlainne agus a fuair leabhair ar iascacht nuair a athosclaíodh an leabharlann.*

**Mic léinn leabharlannaíochta**

Ba mhór an chabhair é d'fhoireann na leabharlann an tacaíocht a fuarthas sa bhliain 2018 ó Mhic Léinn Leabharlannaíochta as an nGearmáin, as Poblacht na Seice agus as an tSeapáin. D'oibrigh siad i leabharlanna Westside, Órán Mór, an Bhaile Bháin agus Chathair na Gaillimhe.

***Moltaí don bhliain 2019:***

- Ar bhonn an mhaoiniúcháin atá ar fáil, leanfar den obair ar chothabháil agus ar fheabhsú, más féidir, na Seirbhísí Leabharlainne i nGaillimh de réir Chlár Forbartha Leabharlanna na Gaillimhe 2016-2021.
  - Leanfar den obair ar Leabharlann Phobail/Chultúir na Gaillimhe a chur ar aghaidh.
  - Leanfar de na feachtais i leith 'Éire Shláintiúil', 'Work Matters' agus 'Ceart chun Léitheoireachta' a chur i bhfeidhm ar fud ghréasán na leabharlann brainse trí leas a bhaint as sruthanna maoiniúcháin náisiúnta agus é mar aidhm aige sin ná raon seirbhísí a áirithiú i mbrainsí uirbeacha agus i mbrainsí tuaithe araon.
  - Leanfar de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht, lena n-áirítear teicneolaíochtaí féin-seirbhíse agus, ag an am céanna, déanfar an pacáiste acmhainní ar líne a chur chun cinn.
  - Déanfar uasghrádú TFC i leabharlanna brainse ar fud na Cathrach agus an Chontae.
  - Leanfar de ríomhairiú a chur i gcrích i leabharlanna de chuid sheirbhís na Gaillimhe, ach sin faoi réir leibhéil foirne agus acmhainní airgeadais.
  - Leanfaidh Leabharlanna na Gaillimhe d'fhorbairt a dhéanamh ar ár gclár imeachtaí, beidh siad i dteagmháil le daoine aonair agus le pobail trínár gcuid brainsí, agus leas á bhaint as deiseanna maoiniúcháin náisiúnta, más féidir, lena n-áirítear Éire Ildánach agus, ag an am céanna, oibreofar i gcomhréir na srianta a bhaineann le maoiniúchán áitiúil.

# An tAonad Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail

Tá freagracht ar an Aonad Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail i ndáil le comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí rialtais áitiúil a thairgtear don earnáil phobail, don earnáil fiontraíochta, don earnáil chultúir agus don earnáil spóirt. Oibríonn an t-aonad le pobail áitiúla chun cabhrú leo feabhas a chur ar a gceantair áitiúla agus, ina theannta sin, oibríonn sé le gnóthaí áitiúla agus le fiontair áitiúla chun fostaíocht a chruthú i gContae na Gaillimhe. Feidhmíonn an t-aonad thar raon leathan réimsí lena n-áirítear spórt agus cultúr, cruthú fostaíochta agus feabhsú fisiciúil ceantar áitiúil, agus Infheistíocht Dhíreach Choigríche a aimsiú agus Leas a bhaint as na féidearthachta a ghabhann lenár gcuid acmhainní nádúrtha agus, trí bhíthin forbairt inbhuanaithe, feabhas a chur ar an gcaighdeán maireachtála agus ar dheiseanna fostaíochta do gach uile shaoránach i gContae na Gaillimhe.

**Tosaíocht Straitéiseach**

- **Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gcontae.**



*Lainseáil ‘Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018’*

- Éascaíodh 4 chruinniú de chuid an CBS um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíochta.
- Thar ceann 'Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa (ERG), seoladh os cionn 200 cruinniú ar leithligh le Geallsealbhóirí Áitiúla, Réigiúnacha agus Náisiúnta; Seoladh 9 gcruinniú comhpháirtithe feidhmiúcháin le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, le Teagasc & le GMIT; Bunaíodh agus éascaíodh tionscnamh '*Galway Food Charter*' a bhfuil méadú go 191 bhall tagtha ar a bhallraíocht agus a bhfuil cuid mhór gníomhaireachtaí páirteach ann.
- Rinneadh éascaíocht le haghaidh Choiste Forbartha Pobal Áitiúil Chontae na Gaillimhe (LCDC).
- D'oibrigh an tAonad le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun Grúpa Sláinte & Folláine a éascú i leith gníomhú mar fhoghrúpa de chuid an LCDC agus ullmhaíodh aighneacht lena cur faoi bhráid 'Éire Shláintiúil'.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt do chomhtháthú an tsoláthair Iompair Tuaithe isteach i seirbhís uile-Chontae mar Bhealach na Gaillimhe, Aonad Comhordaithe Iompair (TCU) Chontae na Gaillimhe. Ullmhaíodh agus tíolacadh aighneachtaí maidir le bealaí agus seirbhísí nua i gContae na Gaillimhe.
- Glacadh páirt, agus feidhmíodh mar leaschathaoirleach, i gCoiste na Seirbhísí do Leanaí & do Dhaoine Óga agus soláthraíodh tacaíocht dhíreach i leith fhorbairt an Phlean maidir le Seirbhísí do Leanaí & do Dhaoine Óga.
- Rinneadh Grúpa Idirghníomhaireachta Athlonnaíochta na Gaillimhe (GRIG) a éascú thar ceann Chlár na hÉireann maidir le Cosaint Dídeanaithe.

**Tosaíocht Straitéiseach**

- **Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**

Lean Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) Chontae na Gaillimhe d'fheidhmiú mar phríomhnasc ar tríd a rinne eagraíochtaí pobail & deonacha, timpeallachta agus uilechuimsitheachta sóisialta idirghníomhú le struchtúir déanta beartais agus le coistí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh PPN Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2015 agus é mar aidhm ag a chuid struchtúr agus próiseas ná daoine den phobal agus eagraíochtaí a chumasú chun a dtuairimí ilghnéitheacha agus a n-ábhair spéise a chur in iúl mar chuid d'fhorbairt an chórais rialtais áitiúil agus an méid sin a éascú. I mí na Nollag 2018, ceapadh Denise Feeney mar Oifigeach Acmhainní PPN. Is iad príomhfhreagrachtaí an róil sin oibriú le Rúnaíocht PPN chun rannpháirtíocht na saoránach a chur chun cinn agus neartú na nasc idir pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus soláthróirí eile seirbhísí poiblí.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a bhí ann sa bhliain 2018, áiríodh an méid seo a leanas:

- Bhí os cionn 800 ball, idir ghrúpaí agus eagraíochta, cláraithe mar bhaill de PPN Chontae na Gaillimhe ag deireadh na bliana 2018.
- Seoladh dhá chruinniú iomlánacha de na baill i rith na bliana.
- Tháinig Coiste Stiúrtha an PPN le chéile uair amháin gach trí mhí chun clár oibre 2018 a phleanáil agus a eagrú.
- D'ainmnigh an PPN 25 dhuine chun feidhmiú thar a cheann ar na Coistí Beartais Straitéisigh, ar an gCoiste Áitiúil Pobail agus Forbartha, ar Choiste Forbartha na Gaillimhe, ar an gComhchoiste Póilíneachta, ar Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, ar an bhFochoiste Sláinte & Folláine, ar Choiste Cúraim Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe agus ar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil i leith Iascach.
- Lean an PPN den Scéim Aláraim Dóiteáin Pobail trí dhíriú ar dhaoine leochaileacha nach raibh aon aláram acu nó a raibh aláram acu a raibh a shaolré 10 mbliana sroichte aige.
- Fuarthas maoiniúchán chun oibrí tacaíochta a cheapadh agus déanfar an post sin a líonadh i rith na bliana 2019.

**Tosaíocht Straitéiseach**

- **Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

- Fuarthas €2.4m ó Fhiontraíocht Éireann faoin gCiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí chun forbairt a dhéanamh ar an Mol Nuálaíochta Bia agus Tuaithe i gcampas Theagasc i mBaile Átha an Rí i Márta 2018. Tíolacadh aighneacht faoin Scéim Athnuachana Bailte &

Sráidbhailte agus, mar thoradh air sin, fuarthas €200k breise don tionscadal. D'ullmhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe aighneacht eile faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe chun maoiniúchán breise a fháil don tionscadal. Deonaíodh cead pleanála Chuid VIII don fhorbairt i mí an Mheithimh 2018. Foilsíodh próiseas fála i leith Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Teicniúla maidir leis an bhforbairt go luath i Meán Fómhair 2018 agus ceapadh na sainchomhairleoirí faoi dheireadh na bliana.

- Tugadh tacaíocht do thionscadail agus do thionscnaimh fiontraíochta pobail a bhfuil fostaíocht á cruthú acu e.g. Ionad Fiontraíochta BACD, Ionad Fiontraíochta Chinn Mhara.
- 'Déanta i nGaillimh' - oibríodh le comhpháirtithe gníomhaireachta agus tionscail chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh seo d'fhonn aird a tharraingt ar na hearnálacha Bia agus Ceardaíochta i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh gníomhartha bhí sannta do CEED a chur i bhfeidhm agus comhordaíodh tuairisciú a bhfuil freagracht ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina leith faoin bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach maidir le Poist.
- Rinneadh ionadaíocht thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Ghrúpa Gníomhaíochta Leathanbhanda an Tuaiscirt.
- Rinneadh obair ar Ghrúpa IWAK Údaráis Áitiúla an Oirthuaiscirt chun an réigiún a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta. Fuarthas maoiniúchán €400,000 trí REDZ le haghaidh tionscadal suaitheanta chun feabhas a chur ar eispéireas cuairteoirí nuair a thagann siad isteach in Aerfort Chnoc Mhuire. Rinneadh Ionad Fionnachtana do Chuairteoirí a oscailt go hoifigiúil i mí na Samhna 2018.
- I gcomhar le Comhairlí Contae an Chláir agus Thiobraid Árann, glacadh páirt i dtionscadal suaitheanta REDZ i leith Ghormbhealach Loch Deirgeirt. Fuarthas maoiniúchán €200,000 chun Loch Deirgeirt a chur chun cinn mar Ghormbhealach. Lainseáladh Tionscadal na nGormbhealaí i Márta 2018 agus bhí Lá Oscailte Gormbhealaí ann i bPort Omna. Forbraíodh Ábhar Poiblíochta, Ábhar Físeáin agus Láithreán Gréasáin
- Gníomhaíodh mar chomhpháirtí leis an gComhairle Náisiúnta Oidhreachta i ndáil le tionscadal suaitheanta 'Bealach Bhéarra-Bhréifne'.
- Rinneadh ionadaíocht thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil i leith Iascach an Iarthair.

- Tugadh tacaíocht d'imeachtaí a chuireann ionad margaidh ar fáil do chuideachtaí na Gaillimhe (Aontaí Bia agus Margaí Feirmeora/Baile) i.e. Margadh na Nollag de chuid Tháirgeoirí na Gaillimhe, *Sheep 2018 Artisan Market*, Margadh Táirgeoirí Fhéile Bhia na Gaillimhe, Margadh na dTáirgeoirí ag Seó Garraíodóireachta Bhaile Chláir, Féile *Bia Lover*, Margadh Táirgeoirí Mhainistir na Coille Móire, Margadh Táirgeoirí '*Seafest*', Taispeántas Rásaí na Gaillimhe, *FoodontheEdge*.




*Veain ERG ag 'Food on the Edge 2018'*

- Fuarthas maoiniúchán €25,000 ón Roinn Talmhaíochta chun tionscnaimh Thurasóireachta Bia a fhorbairt i gContae na Gaillimhe. Áireoidh sé sin uasghrádú láithreán gréasáin 'Déanta i nGaillimh'.

- Leanfaidh 'Déanta i nGaillimh' de bheith ag obair le comhpháirtithe gníomhaireachta agus tionscail chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh seo d'fhonn aird a tharraingt ar na hearnálacha Bia agus Ceardaíochta i gContae na Gaillimhe.

- Tacaíocht a thabhairt, agus eagrú a dhéanamh, i leith margadh táirgeoirí ceardaíochta ag Teagasc i mBaile Átha an Rí - Caoirigh, Ón bhFeirm go dtí an Forc - is é sin le rá, mórimeacht sa chontae sa bhliain 2018 ar imeacht suaitheanta é de chuid Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa.

- Cuireadh Contae na Gaillimhe chun cinn mar cheann scríbe Turasóireachta Bia le linn seónna de chuid réimse na laethanta saoire i mBaile Átha Cliath, i mBéal Feirste & i Luimneach. Bhí deis ag gnóthaí áitiúla 'pacáistí eispéiris bia' a dhíol.

- Tugadh tacaíocht d'fhoghrúpaí de chuid na hearnála aíochta agus earnáil na bhFiontar Beag agus Meánmhéide maidir le gníomhaíochtaí cuí a fhorbairt don bhliain 2018 agus éascaíodh an obair a bhí i gceist leis sin. Tugadh tacaíocht i leith taispeántas comhpháirteach mias de chuid cócairí óstáin agus táirgí á bhfáil acu ó tháirgeoirí i ngach cuid den tír; eagraíodh an t-imeacht i gcomhpháirtíocht le Cónaidhm Óstáin na hÉireann agus forbraíodh veain 'Gaillimh Ar Camchuairt' ('*Galway on Tour*') chun an tionscadal a chur chun cinn agus chun tacú leis.

- Rinneadh idirchaidreamh leis an mBord Bia, le BIM agus le Fáilte Éireann chun na deiseanna do ghnóthaí i nGaillimh a uasmhéadú.

- Seoladh Comhdháil Náisiúnta Agrathurasóireachta i gcomhar le Teagasc i mBéal Átha na Sluaighe.

- Glacadh páirt i roinnt comhdhálacha in Éirinn agus san Eoraip ar lena linn a bhí obair na Gaillimhe mar chuid dá hainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa ar taispeáint agus tugadh cur i láthair lena linn freisin. Turasóireacht Dhomhanda *TouRRoir*, Comhdháil Bhia & Chultúir i nGaillimh, Taispeántas Taistil in *Milano*, cruinniú ardáin *Noord Brabant IGCAT* in Noord Brabant, an Ísiltír, Cruinniú Bliantúil Saineolaithe IGCAT in *Minho*.

- Fuarthas pleanáil Chuid 8 le haghaidh Champas Nuálaithe an Bhoird Bia i mBaile Átha an Rí tar éis maoiniúcháin Fhiontraíocht Éireann a fógraíodh sa ráithe dheiridh den bhliain 2018 a fháil.

- Forbraíodh clár Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa (ERG) 2018 trína gcruthófar bonn le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo agus ar féidir leis feidhmiú mar bhuntaca don ullmhúchán a dhéantar sa chontae i gcomhair imeachtaí le linn 'Gaillimh 2020'.

- Tá post mar Chomhordaitheoir ERG ann go dtí Lúnasa 2019.

- Gnóthaíodh Comhdháil Dhomhanda 'TouRRoir' ar Bhia, ar Thurasóireacht & ar Chultúr do Ghaillimh mar chuid den ainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa.

- Leanadh de Ghaillimh a chur chun cinn mar ionad infheistíochta agus cruthaithe fostaíochta.

- Chun an turasóireacht a chur chun cinn, tiomsaíodh, foilsíodh agus scaipeadh bróisiúr maidir leis na Féilte a bheadh ann sa Chontae.

- Leanadh de Ghaillimh a chur chun cinn i gcomhar le Fáilte Éireann.

- Tugadh tacaíocht d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe agus do LOCAL, is é sin, Aonach Bia agus Bronntanas Ceardaíochta na hOifige Fiontair Áitiúil.
- Tugadh tacaíocht i leith tionscadail bhonneagair turasóireachta i bPort Omna a chur chun cinn agus tugadh tacaíocht d'fhorbairtí turasóireachta i gcomhpháirtíocht le Grúpa Straitéise Margaíochta Loch Deirgeirt.
- Tugadh tacaíocht i leith imeachtaí margaíochta agus poiblíochta turasóireachta thar lear e.g. Féile Éireannach Milwaukee.
- Tugadh tacaíocht i leith na nImeachtaí Suaitheanta Turasóireachta seo a leanas i gContae na Gaillimhe: Féile Gharraíodóireachta Bhaile Chláir, Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach agus Turnaimint Chomhraic Mheánaoiseach Bhaile Chláir.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt i leith forbairt féilte áitiúla le gur féidir leo teacht chun bheith ina bhféilte ceann scríbe a mheallann cuairteoirí agus a mhéadaíonn an líon oícheanta a chaitheann daoine as áiteanna lasmuigh den chontae.
- Leanadh de bheith ag obair le GMIT i ndáil le raon réimsí forbartha eacnamaíochta, lena n-áirítear earnálacha an bhia, na turasóireachta agus na cruthaitheachta.
- Forbraíodh agus foilsíodh léarscáil d'áiteanna spéisiúla i gContae na Gaillimhe do chuairteoirí a thagann chuig an gceantar.
- Éascaíodh comórtas Ghradaim Bhailte Fiontraíochta BOI i gContae na Gaillimhe.

**Tosaíocht Straitéiseach**

- **Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar**

- Leanadh de thacaíocht a thabhairt do 12 thionscadal faoin scéim cheadaithe Athnuachana Bailte & Sráidbhailte 2017 agus fuarthas os cionn €900,000 le haghaidh 8 dtionscadal faoin Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte 2018.
- Is scéim phíolótach í REDZ agus í ceaptha chun forbairt eacnamaíochta tuaithe a chothú agus táthar tar éis 10 gcrios ainmnithe REDZ a shainaithint i gContae na Gaillimhe. Sa bhliain 2018, thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le forbairt tograí ó phobail maidir le cúnamh faoin scéim i 5 chrios REDZ - Gleann na Madadh, an Cheathrú Rua, Gaillimh Tuath, Órán Mór agus an Gort - agus tá an fhorbairt sin curtha i gcrích nach mór.
- Tíolacadh 6 thogra scála shuntasaigh faoi thionscnamh an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF). Bhain na tograí a tíolacadh le Tuaim, agus nascacht mar théama aige, le Béal

- Átha na Sluaighe, agus sláinte agus folláine mar théama aige, leis an gClochán, agus turasóireacht mar théama aige, le Baile Átha an Rí, agus bia mar théama aige, le Clárchosán Chinn Mhara, agus le togra a bhí dírithe ar roinnt sócmhainní tábhachtacha de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus é mar aidhm aige iad a athmhúnlú mar áiteanna cruinnithe.

- Fuarthas €609,459 le haghaidh CLÁR i leith 16 thionscadal (10 gcinn faoi bheart 1 - oibreacha sábháilteachta), (5 cinn faoi bheart 2 - forbairt áiteanna súgartha) agus (1 cheann faoi bheart 3 - trealamh tacaíochta do chéadfhreagróirí).

- Maidir le Scéim an Bhonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS), fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €1,036,966 le haghaidh 5 thionscadal. Fuarthas €500,000 den tsuim sin le haghaidh thionscadal Ghlasbhealach Chonamara.

*Tionscadal Ghlasbhealach Chonamara*



## Tosaíocht Straitéiseach

- **Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.**

- Ceapadh Oifigeach Ealaíon Sealadach a ghlac ionad an Oifigigh Ealaíon atá ar iasacht ag Gaillimh 2020.
- Riaradh Deontais Ealaíon tríd an Scéim CSS, trí Sparánachtaí d'Ealaíontóirí Aonair agus trí Sparánachtaí Ionad Tyrone Guthrie.
- Gnóthaíodh Gradam na Comhairle Ealaíon maidir lena Cuireadh i leith Comhoibriú i ndáil le tionscadal mórscála réigiúnach a fhorbairt sa bhliain 2019.
- Soláthraíodh seirbhís faisnéise agus comhairle do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí aonair agus d'fhéilte sa chontae.
- Cuireadh an Clár Ealaíon & Oideachais i gcrích: tugadh maoiniúchán do 10 scoil faoin gclár seo sa bhliain 2018.
- Tugadh tacaíocht do chlár níos mó ná sin i leith Fhéile na Leabhar do Leanaí 2018, ar féile í a d'eagraigh Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe.
- Tugadh tacaíocht don Chlár 'Ealaíona agus Sláinte'/'Ealaíona agus Míchumas' (Burning Bright, Clár 'Ealaín san Ospidéal', Arts Ability Abú).
- Tugadh tacaíocht d'Fhéilte Ealaíon áitiúla i réimsí na meán sóisialta agus an chaidrimh phoiblí agus i bhfoirm tacaíochtaí do léiritheoirí.
- Cuireadh oiliúint ar fheasacht faoi chosaint leanaí ar fáil d'ealaíontóirí.
- Rinneadh clár uile-chontae imeachtaí le haghaidh Oíche Chultúir a bhainistiú, a ullmhú agus a chur i gcrích i gcomhar le hionaid, le grúpaí pobail agus le healaíontóirí ar fud an chontae.
- Tugadh tacaíocht do Screen Commission West, do Chathair Scannánaíochta UNESCO agus do Wrap Fund.
- Tugadh tacaíocht d'Áras Éanna (Ionad Ealaíon ar Inis Oírr).
- Tugadh tacaíocht i leith seimineáir forbartha gairmiúla d'ealaíontóirí, agus seoladh seimineáir den sórt sin agus soláthraíodh meantóireacht ghairmiúil d'ealaíontóirí aonair.

- Bunaíodh agus bainistíodh clár láidir comhpháirtíochta ealaíon sa chontae, lena n-áirítear an méid seo a leanas: DigWhere you Stand (Ionad Scannán na Gaillimhe), Clár Meantóireachta do Scríbhneoirí Ceoil (Journal of Music), Circo Gort (Sorcas Pobail na Gaillimhe), Wholly's Quest Theatre Tour for Children (Branar Theatre) agus Clinicí Tograí Cruthaitheacha (TULCA).
- Cruthaíodh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Éire Ildánach 2018-2022 do Chontae na Gaillimhe i gcomhairle leis an bpobal agus leis an Meitheal Chultúir agus ghlac an Chomhairle an straitéis sin.
- Bhíothas i gceannas ar Chlár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar tionscnamh cúig bliana é don tréimhse ó 2018 go 2022 agus ina leagtar béim ar Cholún 2 den chlár náisiúnta - Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal.
- Eagraíodh 23 imeacht ar fud an chontae le haghaidh Chruinniú na nÓg.
- Dréachtaíodh Beartas maidir le hEalaín Phoiblí chun tacú le Coimisiúin Ealaíne Poiblí a sholáthar.
- Comhoibríodh le Gaillimh 2020 chun tacú le cláir a chur i gcrích laistigh den chontae.
- Tugadh tacaíochta don Chlár *MusicGeneration 2018-2021* i gContae na Gaillimhe.

**Tosaíocht Straitéiseach**

- **An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

Sa bhliain 2018, rinneadh na tacaíochtaí pobail/deontais phobail go léir a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe a riaradh ar mhodh comhordaithe. Is é a bhí i gceist leis sin ná scéimeanna deontas oidhreachta, scéimeanna deontas pobail agus scéimeanna deontas ealaíon.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar leithroinnt obair an aonaid de réir mar a ghlacann sé cláir agus scéimeanna nua faoina chúram. Cuimsíonn an tuarascáil maidir le Tús Áite do na Daoine tograí chun ról suntasach a thabhairt don Rialtas Áitiúil i leith cúrsaí Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta agus maidir le forbairt Coiste Áitiúil nua i leith Forbairt Pobail a éascú agus, ag féachaint don mhéid sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Aonad ar a chuid struchtúr. Tá an tAonad ag obair le haonaid eile de chuid na Comhairle ar chláir éagsúla mar atá leagtha amach thuas agus leanfaidh sé den obair sin.

**Tosaíocht Straitéiseach**

- **Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

***Tacaíocht Phobail***

- *Bhí dhá tionscadal (Inis Meáin agus Béal Átha na Sluaighe) san iomaíocht i gcomórtas Mhórtas Áite 2018.*
- *Leanadh den obair le grúpaí Bailte Slachtmhara chun dul chun cinn a dhéanamh leo maidir le comórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara.*
- Ceadaíodh €252,500 le haghaidh tionscadal faoin Scéim Tacaíochta Pobail sa bhliain 2018. Baineann an maoiniúchán a ceadaíodh le 10 gcatagóir ina n-áirítear Forbairt Eacnamaíochta, Bailte Slachtmhara, Uilechuimsitheacht Shóisialta, Uasghrádú Saoráidí, Spórt Óige, Ealaíona, Oidhreacht agus Cur chun cinn na Gaeilge. Bronnadh 266 dheontas faoin scéim seo.
- Lainseáladh an Clár Feabhsaithe Pobal i mBealtaine 2018. Ghlac sé ionad an Scéim Saoráidí Pobail agus chlár athmhúnlaithe RAPID a lainseáladh sa bhliain 2018. Fuair an Clár Feabhsaithe Pobail 100% dá mhaoiniúchán ón Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail agus ba é LCDC Chontae na Gaillimhe a riar leithroinnt an €378,936. Chuir an clár maoiniúchán ar fáil ar fud an Chontae chun feabhas a chur ar shaoráidí i limistéir faoi mhíbhuntáiste de réir mar atá sainaitheanta in LECP Chontae na Gaillimhe. Díríodh an maoiniúchán ar thionscadail chaipitiúla de chineál beagscála agus meánscála. Bhí ráchairt ollmhór ar an scéim agus fuair 78 ngrúpa, in áiteanna ar fud an Chontae, cúnamh deontais faoin gclár.
- An Clár Feabhsaithe Pobail - ba chiste imfhálaithe é an ciste do Bhotháin na bhFear faoin gClár Feabhsaithe Pobail, agus é bainteach go sonrach do Bhotháin na bhFear a bhí cleamhnaithe leis an *Irish Men's Sheds* Association. Leithroinneadh suim iomlán €18,841 do Chontae na Gaillimhe agus úsáideadh an tsuim sin chun tacú le 14 Men's Sheds sa bhliain 2018.

**Uilechuimsitheacht Shóisialta**

- Leanadh den Scéim Aláraim Deataigh Pobail a leathnú trí dhíriú ar dhaoine leochaileacha nach raibh aon aláram acu nó a raibh aláram acu a raibh a shaolré 10 mbliana sroichte aige a bheag nó a mhór.

- Bainistíodh clár píolótach i leith Éire Shláintiúil thar ceann an LCDC suas go Márta 2018, ar clár é ina raibh 11 tionscadal a reáchtáladh i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe chun spriocanna Sláinte agus Folláine faoi LECP Chontae na Gaillimhe a bhaint amach.

- Comhordaíodh próiseas iarratais i leith clár nua Éire Shláintiúil don tréimhse 2018-2019 thar ceann an LCDC agus cuireadh grúpa forfheidhmiúcháin ar bun chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gclár thar ceann na gcomhpháirtithe.




*Cainteanna faoi Itheachán Sláintiúil in éineacht le 'Croí' i mBaile Mhic an Bhaird*

- Tugadh tacaíocht do choistí eile a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí Uilechuimsitheachta Sóisialta amhail an Grúpa Oibre Idirghníomhaíochta LGBT, Bealach na Gaillimhe, is é sin Aonad Comhordaithe Iompar Tuaithe na Gaillimhe, Coiste Cúraim Leanaí na Gaillimhe, Clár Críochnaithe Scoil Thuama, Clár Críochnaithe Scoile i gConamara.

- Athbhreithniú ar an Straitéis Chontae na Gaillimhe maidir le Comhtháthú agus Éagsúlacht 2013-2018.

- Eagraíodh imeachtaí le haghaidh Fhéile Bhealtaine i gContae na Gaillimhe i mBealtaine 2018, ar féile ar ina leith a eagraíodh os cionn 84 imeacht i rith na míosa i gContae na Gaillimhe.

- Athbhreithníodh oibriú an Ghrúpa Idirghníomhaireachta do Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe agus rinneadh uasdátú ar bhallraíodht an ghrúpa agus ceapadh Cathaoirleach neamhspleách.
- Eagraíodh Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta 2018 ar lena linn a bhí 35 imeacht ann ar fud an Chontae sa tréimhse ón 16 go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2018.



*D'eagraigh Oidhreacht Mhaigh Cuilinn siúlóidí le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta agus cuireadh treoraí ar fáil.*

- Comhordaíodh agus éascaíodh Clár Aoischairdiúil na Gaillimhe faoi choimirce creat nua le haghaidh Contaetha Aoischairdiúla a bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh ó shainaonad Náisiúnta Aoischairdiúlachta atá lonnaithe i gComhairle Chontae na Mí. Tugadh tacaíocht i leith chónascadh Chomhghuaillíocht Aoischairdiúlachta na Gaillimhe agus Grúpaí Forfheidhmiúcháin Aoischairdiúlachta agus i leith athbhreithniú ar ghníomhartha tosaíochta as ar lean straitéis shruthlínithe don todhchaí faoi na Pleananna Eacnamaíochta Áitiúla don Chontae agus don Chathair. Leanadh den tacaíocht do Chomhairle na nDaoine Scothaosta.
- Leanadh de thacaíocht a sholáthar do Chomhairle na nÓg ar bhonn uile-chontae.
- Cinntíodh go gcuireann comhlachtaí agus coistí atá ann cheana féin, agus comhlachtaí agus coistí nua, i gContae na Gaillimhe Comhairle na nÓg san áireamh mar dhream a dtéitear i gcomhairle leis.
- Leanadh de chiste forbartha Chomhairle na nÓg a fhaightear ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óga chun tacú leis an gComhairle i gContae na Gaillimhe a riaradh agus a dháileadh.

- Rinneadh an clár tacaíochta maidir le hAthlonnú agus Comhtháthú Dídeanaithe Siriacha i gContae na Gaillimhe a chur i gcrích mar chuid de chlár náisiúnta maidir le hAthlonnú Dídeanaithe. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhíothas tar éis trí theaghlach is fiche, ina bhfuil 99 nduine ar fad, a athlonnú i gContae na Gaillimhe.

- Riachtanais leanúnacha dídeanaithe agus imirceach eile i gContae na Gaillimhe a shainaithint agus cuireadh tús le hobair forbartha Straitéise nua Comhtháthaithe Imirceach do Chontae na Gaillimhe i rith na bliana 2018.

- Glacadh páirt i gCoiste Ollscoile Tearmainn Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus rinneadh naisc idir imircigh, daoine den Lucht Siúil agus grúpaí mionlaigh eitnigh, ar thaobh amháin, agus deiseanna tríú leibhéal, ar an taobh eile, a chur chun cinn.

**Comhairle na nÓg**

- Cinntíodh go gcuireann comhlachtaí agus coistí atá ann cheana féin, agus comhlachtaí agus coistí nua, i gContae na Gaillimhe Comhairle na nÓg san áireamh mar dhream a dtéitear i gcomhairle leis.

- Leanadh de chiste forbartha Chomhairle na nÓg a fhaightear ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óga chun tacú leis an gComhairle i gContae na Gaillimhe a riaradh agus a dháileadh.

**Comhpháirtíocht Spóirt**

- Maoiniúchán dóthanach a aimsiú agus a áirithiú chun oibríochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe GSP) a mhaoiniú i rith na bliana 2018 - i measc na bhfoinsí maoiniúcháin, áirítear Spórt Éireann, Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí eile. – Aimsíodh maoiniúchán trí iarratais bhuiséid a chur chuig Spórt Éireann, chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, chuig Údaráis Áitiúla agus chuig Cuntais Dhíomhaoine. Fuaireamar maoiniúcháin ó Chuntais Dhíomhaoine sa bhliain 2018 le haghaidh poist mar Chomhordaitheoir Moil Spóirt do cheantar Dhabhach Uisce/an Bhaile Bháin agus áirithíodh maoiniúchán caipitiúil ón bhfoinse chéanna chun slaclíne chruicéid a shuiteáil sa suíomh céanna.

- Rinneadh formhaoirseacht ar chláir uile Spórt Éireann agus ar gach clár a raibh gá leo go háitiúil ar fud na bliana 2018 agus béim ar leith á leagan ar thrí phríomhréimse, mar atá - *cláir Spórt Éireann, Mná sa Spórt agus clár Uilechuimsitheachta sa réimse Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas, clár an Oifigigh Cóitseála agus Forbartha Pobail.* Tá na cláir sin curtha i gcrích againn i leith ár gcuid spriocghrúpaí go léir, lena n-áirítear mná agus cailíní, Daoine Scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine atá dífhostaithe agus daoine ó chúlraí míbhuntáistiúla. Cheadaigh Spórt Éireann dhá chúrsa Cóitseála Pobail. – Cathair na Gaillimhe & Tuaim. Rinneadh earcaíocht tríd an Oifig Leasa áitiúil agus reáchtáladh an cúrsa i gcomhar le GRETB.

- Cúrsaí oiliúna do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna a eagrú agus a reáchtáil - *Buntús Start, Be Active After Schools Activities, Sportshall Athletics, Mile Walk.*– Cuireadh clár amháin '*Buntús Start*' agus trí cinn de chláir '*Be Active After Schools*' i gcrích, reáchtálach

'*Sportshall Athletics*' i 6 scoil agus bhí scoil amháin ann mar ionadaí na Gaillimhe sna Babhtaí Ceannais Uile-Éireann i mBaile Átha an Rí. Cuireadh an '*Mile Walk*' i bhfeidhm i dtrí scoil agus tá sé sin ar siúl i gcónaí.

- I gcás scoileanna dara leibhéal, eagraíodh agus reáchtáladh an clár '*Girls Active*' agus lorgaíodh maoiniúchán do chlár '*Beginner to Row*' do mhic léinn Idirbhliana. – *Reáchtáladh clár 'Girls Active*' in ocht scoil dara leibhéal. Fuarthas maoiniúchán ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá an clár seo á reáchtáil againn i gcomhar le Rámhaíocht Éireann, agus tá trí mheaisín rámhaíochta faoi dhíon á gceannach againn.



*Girls Active 2018*

- Cúrsaí oiliúna a eagrú agus a reáchtáil d'Aosaigh, is é sin le rá, cúrsaí amhail *Safeguarding 1,2 agus 3, SAQ, Garchabhair, Oiliúint Rothaíochta, Oiliúint do Cheannairí Siúlóide, Oiliúint do Cheannairí Gníomhaíochtaí.* – Rinneamar an méid seo a leanas -

  30 cúrsa *Safeguarding 1*, 6 chúrsa *Safeguarding 2*, 3 chúrsa *Safeguarding 3*, 1 chúrsa oiliúna do Cheannairí Gníomhaíochta, 4 chúrsa Garchabhrach, 1 chúrsa SAQ, 2 chúrsa Oiliúna Rothaíochta, 2 chúrsa oiliúna maidir le hUilechuimsitheacht do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus 4 chúrsa oiliúna maidir le Feasacht ar Mhíchumas.

- Cláir ghníomhaíochta amhail *Men on the Move* agus *Couch to 5K* a eagrú agus a chur i gcrích agus clubanna siúil agus rothaíochta a bhunú.– Go dtí seo sa bhliain 2018, tá 3 chlár Men on the Move curtha i gcrích againn, mar aon le trí Couch 2 5K, tá dhá chlub siúil bunaithe againn ach níl aon chlubanna rothaíochta bunaithe fós.

- Maoiniúchán a fháil ón Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt agus liosta clár a eagrú le haghaidh Sheachtain na Rothar.D'aimsíomar €8000 le haghaidh imeachtaí Sheachtain na Rothar i gContae na Gaillimhe a bhí á reáchtáil i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Mar thoradh ar an maoiniúchán sin, reáchtáladh 16 imeacht, lena n-áirítear 5 imeacht 'rothaíocht spraoi do theaghlaigh', 3 cheardlann rothaíochta do scoileanna, 3 thuras scoile chuig Glasbhealaí i Maigh Eo agus i nGaillimh, agus 5 gheábh rothair sléibhe. Ina theannta

sin, cheannaíomar málaí giomnáisiam saindeartha le haghaidh Sheachtain na Rothar chun na himeachtaí a bheadh ann a phoibliú.

- Faisnéis a chur ar fáil do chlubanna, do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí i nGaillimh maidir le foinsí éagsúla maoiniúcháin i gcás a leithéid a bheith ar fáil e.g. *Maoiniúchán Caipitiúil Spóirt, Cuntais Dhíomhaoine, Maoiniúchán GSP, Scéim Tacaíochta Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus deontas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do chlubanna.*Thugamar comhairle agus cúnamh do chlubanna agus do ghrúpaí maidir le hiarratais ar Chaipiteal Spóirt. I gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt, d'eagraíomar ceardlann faisnéise amháin le haghaidh grúpaí iarratasóirí agus rinne an Chomhphháirtíocht Spóirt formhaoirseacht ar dháileadh Dheontais Spóirt Chomhairle Cathrach na Gaillimhe don bhliain 2018.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnamh na FIT TOWNS sa bhliain 2018 d'fhonn feabhas a chur ar an líon rannpháirtithe sa tionscnamh agus ar chur i gcrích an tionscnaimh. Rinneadh an t-athbhreithniú agus tá an tionscnamh seo le hathbhrandáil agus le hathlainseáil sa bhliain 2019.

- Imeachtaí a eagrú agus a reáchtáil i gcomhar le *Operation Transformation* i nGaillimh. D'eagraíomar 7 siúlóid i gCathair agus i gContae na Gaillimhe agus bhí 2200 duine san iomlán páirteach i lá na Siúlóidí *Operation Transformation* i mbliana.




*Siúlóid Operation Transformation 2018*

- *Gradam na Ceannaireachta Spóirt Leibhéal 1* a eagrú i gcomhar le Spórt Éireann agus an clár do dhaoine óga i nGaillimh a chur i gcrích. Cuireadh cúrsa amháin *Ceannaire Spóirt Leibhéal 1* ar fáil agus tá ceann eile le bheith ann i mBéal Átha na Sluaighe roimh an Nollaig sa bhliain 2018.

- Cruinnithe de chuid Ghrúpa Stiúrtha GSP agus grúpaí oibre iomchuí a eagrú agus a éascú ar fud na bliana. Go dtí seo, bhí cúig chruinniú Grúpa Stiúrtha againn, mar aon le ceithre chruinniú grúpa oibre a bhain le maoiniú clár agus le hathbhreithniú ar *Fit Towns*.

- I gcomhar le FAI, an comhthionscnamh idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Cumann Peile na hÉireann a chur i gcrích i mbliana arb í an bhliain dheireanach den tionscnamh í. An bhliain dheireanach den tionscnamh trí bliana seo. An tuarascáil chríochnaitheach ó Oifigigh Forbartha a ullmhú agus a thíolacadh.

- Scéim mhaoinithe Chlár GSP a chur i bhfeidhm sa bhliain 2018. San iomlán, thugamar maoiniúchán do 19 ndream, idir ghrúpaí, chlubanna agus eagraíochtaí, do 3 iarratas ar Fhorbairt Club agus do 9 gclár do Dhaoine faoi Mhíchumas faoinár gclár maoiniúcháin don bhliain 2018.

- Obair GSP a chur chun cinn ar fud na Gaillimhe sa bhliain 2018 trí straitéisí spriocdhírithe poiblíochta agus oiliúint ball foirne a chur ar fáil. Bunaíodh láithreán gréasáin nua agus déantar gníomhaíochtaí GSP a chur chun cinn ar na meáin shóisialta go léir, sna meáin áitiúla agus trí ríomhphost.

- Clár an Mhoil Spóirt a chur i gcrích i nDabhach Uisce/sa Bhaile Bhán. Fuarthas maoiniúchán ó Chuntais Dhíomhaoine le haghaidh poist mar Chomhordaitheoir Moil Spóirt do cheantar Dhabhach Uisce/an Bhaile Bháin agus tá an Comhordaitheoir ag feidhmiú ó bhí Bealtaine 2018 ann. Fuarthas maoiniúchán caipitiúil freisin chun slaclíne chruicéid a shuiteáil sa suíomh céanna.

- Páirt a ghlacadh i gclár taighde pobail nua maidir le Gníomhaíochtaí Coirp i gcomhar le roinnt Comhpháirtíochtaí Spóirt eile agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Cuireadh bailchríoch ar an gclár. Ba chlár *Men on the Move* é seo agus eisíodh an tuarascáil chríochnaitheach i Meán Fómhair 2018.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# TITHÍOCHT

# AN tAONAD TITHÍOCHTA

In Atógáil Éireann - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, a lainseáladh i mí Iúil 2016, leagtar amach treochlár d'Údaráis Áitiúla, agus don Earnáil Dheonach agus don Earnáil Phríobháideach chomh maith, maidir le Tithíocht Shóisialta a sholáthar trí roinnt gníomhartha nithiúla a chur i gcrích, trí chloí le hamlínte ar leith agus, rud atá tábhachtach, trí acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun aonaid nua tithíochta sóisialta a sholáthar.

Plean cuimsitheach atá ann agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar gach gné den chóras tithíochta faoi chúig cholún mar a leanas:

**Colún 1: Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine**
**Colún 2: Dlús a chur le soláthar Tithíochta Sóisialta**
**Colún 3: Tuilleadh Tithe a Thógáil**
**Colún 4: Feabhas a chur ar an Earnáil Chíosa**
**Colún 5: Tithíocht atá ann cheana féin a úsáid**




D'éirigh le hAonad Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe líon mór Tithe Sóisialta a chur ar fáil faoi chláir éagsúla in 2018:

466 - líon na líonta tí nua ar sásaíodh an riachtanas tithíochta a bhí acu faoi Atógáil Éireann in 2018.

Cuireadh 108 teach nua leis an stoc tithíochta sóisialta gníomhach faoi chláir tógála, fála, folmha agus léasa in 2018 (tógadh 66, réitíodh 10 gcinn fholmha, fuarthas 27 gcinn agus 5 léas fhadtéarmacha). Is ionann sin agus 119% den sprioc maidir le tithe nua-thógtha a bhaint amach agus 193% den sprioc faighte. Cuireadh teorainn 10 leis na tithe folmha athchóirithe a bhí le glacadh san áireamh mar ghné a baineadh amach faoi Atógáil Éireann, cé gur chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe 35 teach fholmha bhreise eile ar fáil agus gur sásaíodh riachtanas tithíocht 35 líon tí eile.

201 líon na n-aonad tithíochta sóisialta nua-thógtha atá ag céimeanna éagsúla ceadaithe a bheidh le cur fáil go díreach ag Comhairle Chontae na Gaillimh ar 11 láthair ar fud an Chontae faoi Atógáil Éireann.

Chuidigh an Chomhairle le 352 líon tí d'fhonn a gcuid riachtanas tithíochta a shásamh tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a chuireann ar chumas daoine aonair a bheith ag obair agus neamhspleáchas a bheith acu i ndáil le limistéar agus an cineál cóiríochta a roghnú, ag brath ar an rogha is fearr leo féin.

Chomh maith le tacaíochta tithíochta sóisialta nua a chur ar fáil, bhronn Comhairle Chontae na Gaillimhe 174 deontas oiriúnaithe tí n 2018 chun cúnamh a thabhairt do dhaoine aonair fanacht ina gcuid tithe féin. Is ionann sin agus ardú 15% ar an mbliain 2017.

Cuireadh cóiríocht ar fáil do 67 líon tí in 2018 faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil, agus cuireadh cóiríocht ar fáil do 262 líon tí ar fad sa tréimhse idir 2014-2018. Is ionann sin agus 150% den bhunsprioc faoin gclár.

In earnáil tithíochta agus cíosa atá thar a bheith dúshlánach, agus gan ann ach líon teoranta deiseanna chun tithe a fháil ar léas, cuireadh 6 theach ar fáil faoi scéimeanna um léasú díreach agus leasú fadtéarmach.

Ba thosaíocht a bhí ann do Chomhairle Chontae na Gaillimhe trealamh agus comharthaíocht sábháilteachta dóiteáin a chur isteach chomh maith le traenáil i ndáil le sábháilteacht dóiteáin a chur ar fáil ag láithreáin stad le linn na bliana 2018 i dTuaim, i gCreachmhaoil agus i gCeapaigh Oighre. Léirítear leis an tosaíocht sin freagrachtaí na Comhairle agus freagrachtaí na n-áitritheoirí i gcóiríocht don Lucht Siúil na caighdeáin sábháilteachta dóiteáin atá de dhíth a fheabhsú agus a choinneáil.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.

Féachann Aonad Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe le seirbhís a sholáthar do dhaoine aonair agus do phobail a bhfuil gá acu le cúnamh i réimsí amhail soláthar tithíochta sóisialta, tionóntacht tithíochta sóisialta agus bainistíocht eastáit, oiriúnú/athrú tithíochta, cabhrú le daoine gan dídean, rialáil a dhéanamh ar chaighdeáin san earnáil phríobháideach cóiríochta ar cíos agus rialú capall. Seolann an t-aonad tithíochta a chuid gníomhaíochtaí de réir chreata rialachais na hearnála údaráis áitiúil.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus bonneagar atá riachtanach a sholáthar.**

## Tógáil Tithe

**<u>Gníomhaíocht Tógála</u>**

- Tugadh 18 n-aonad athchóirithe ar Bhóthar Gilmartin, Tuaim chun críche in 2018.
- Cuireadh tús leis an obair ar 28 n-aonad a thógáil ag Gort an Chláir agus ar 12 aonad ag Cúil Ghréine, Tuaim.
- Rinneadh 10 n-aonad a fhorbairt ag Céide Gharbhaile i mBéal Átha na Sluaighe.
- Rinneadh 2 aonad le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt ag Esker Fields, Béal Átha na Sluaighe.
- Tugadh 4 áit chónaithe aonair faoin tuath chun críche in 2018, agus bhíothas i mbun obair forbartha ar 1 eile.
- Tá 12 áitreabh lándéanta á bhforbairt ag Ashthorn, Áth Cinn.




*An Cathaoirleach an Comhairleoir  Eileen Mannion ag iompú an fhóid ar fhorbairt Chúil Ghréine agus Ghort an Chláir, Tuaim.*

**Gníomhaíocht Dearaidh & Pleanála**

Áirítear i measc na dtionscadal tógála eile atá á gcur ar aghaidh tríd na gcéimeanna dearaidh agus pleanála

- 26 aonad sa Chlochán, ina n-áirítear obair chaomhnaithe ar dhá fhoirgneamh cosanta.
- 10 n-aonad ag Cúirt an Droichid, Áth Eascrach ina 6 aonad athchóirithe chomh maith le 11 aonad nua ann anois ina n-áit.
- 30 aonad atá ag Céim 1 ag Gort Uí Lochlainn, Maigh Cuilinn.
- 10 n-aonad ag Carton, Cinn Mhara, 10 n-aonad ag Caisleán Raithlín, Ard Raithin agus 5 aonad ag Sráid na Beairice, Baile Locha Riach atá á bhforbairt faoi chonradh amháin.
- 4 aonad ag Cuileán, An Cheathrú Rua
- 14 aonad ag Fairgreen, Cloch na Rón
- 13 aonad ag An Clár Mór, Uachtar Ard
- 30 aonad ag Bóthar na Cora, Tuaim



**18 Bóthar Gilmartin**

*Ceann de na tithe a ndearna Comhairle Chontae na Gaillimhe athchóiriú air*

## Ceannach Tithe

Faoin bPlean Gníomhaíochta dar teideal 'Atógáil Éireann', ceannaíodh 49 n-aonad sa bhliain 2018 agus táthar fós i mbun idirbheartaíochta maidir le 19 n-aonad eile.

## HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta)

Is é atá san Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ná tacaíocht tithíochta sóisialta atá i ngníomh i gComhairle Chontae na Gaillimhe ó bhí mí na Samhna 2015 ann. Tá HAP ar fáil d'aon duine ag a bhfuil riachtanas deimhnithe i leith tithíocht shóisialta. Is ionann tabhairt isteach na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus a rá gur féidir le húdaráis tithíochta cúnamh tithíochta a thabhairt

anois do líon i bhfad níos mó teaghlach a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu, lena n-áirítear cuid mhór daoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu ar bhonn fadtéarma.

Mar thoradh ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, is féidir freagracht i ndáil le daoine a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu agus a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chuig údaráis áitiúla agus tá cur chuige nua ann maidir le freastal ar theaghlaigh a bhfuil riachtanas sóisialta acu.

Ach, murab ionann agus daoine a fhaigheann an Forlíonadh Cíosa, ligtear do dhaoine a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) a bheith ag obair go lánaimseartha agus a dtacaíocht i bhfoirm na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta a choimeád – sa tslí sin, cuirtear deireadh leis an mbacainn ar fhostaíocht i gcás na ndaoine sin. Gheobhaidh daoine a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a gcóiríocht féin sa mhargadh cíosa príobháideach agus déanfaidh siad comhaontú tionóntachta le tiarna talún na maoine lena mbaineann.

Is iad seo a leanas na teaghlaigh atá cáilithe chun an Íocaíocht Cúnaimh Teaghlaigh a fháil:

- Aon teaghlach a cháilíonn i gcomhair tacaíocht tithíochta sóisialta
- Aon daoine a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu faoi láthair agus a cháilíonn i gcomhair tacaíocht tithíochta sóisialta.

D'fhonn tuilleadh cúnaimh a chur ar fáil do líonta tí atá gan dídean imeacht as cóiríocht éigeandála, tugadh isteach an tSeirbhís chun Áit a Aimsiú do Dhaoine gan Dídean i gComhairle Chontae na Gaillimhe in 2018. Is tacaíocht spriocdhírithe atá anseo do líonta tí atá gan dídean a bhfuil deacrachtaí acu tionóntachtaí HAP a fháil. Cuirtear tacaíochtaí breise airgeadais agus gaolmhara ar fáil do thionóntaí agus do thiarnaí talún.

Bhí 352 theaghlach san iomlán cláraithe don scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) i rith na bliana 2018 agus tá os cionn 1,144 faighteoir tar éis clárú leis an scéim go dtí seo.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

## Liosta Feithimh i gcomhair Tithe

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht ar riachtanais tithíochta i gcrích sa bhliain 2018. Rinneadh iarratais 1,866 líon tí, nach raibh aon athbhreithniú déanta orthu ón 20 Aibreán 2017, a athbhreithniú agus a mheas d'fhonn a chinntiú go raibh siad fós incháilithe do thacaíochtaí tithíochta sóisialta. Is faoi na ceannteidil seo a leanas a rinneadh an mheasúnacht ar riachtanais tithíochta:

1. Cóiríocht Tithíochta a sholáthar ina limistéar feidhme do dhaoine a bhfuil cóiríocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag teastáil uathu, ar daoine iad, i dtuairim na Comhairle Contae, a bhfuil gá acu le cóiríocht den sórt sin agus nach féidir leo í a sholáthar as a n-acmhainní féin.

2. Páirceanna carbhán cónaitheach a sholáthar do dhaoine den Lucht Siúil i limistéar feidhme na Comhairle Contae i gcás daoine ar dóigh láithreáin Chomhairle Contae a bheith ag teastáil uathu, a bhfuil gá acu le láithreáin den sórt sin agus nach féidir leo iad a sholáthar as a n-acmhainní féin.

Tá iarratais ó dhaoine atá cáilithe chun tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil, agus a bhfuil gá acu le tacaíocht tithíochta sóisialta, inghlactha i gcomhair na tacaíochta sin de réir na gceannteideal seo a leanas:

- Ioncam;
- Stádas Cónaithe;
- Cóiríocht a bheith ar fáil;
- Riaráistí Cíosa.

Amhail ar an 31 Nollaig 2018, ba é a bhí sa líon iomlán Iarratasóirí Tithíochta ar an Liosta Tithíochta ná 3,422.



*Áit Chónaithe Aonair faoin Tuath ag Ard Raithin*

## An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)/ Léasú Gearrthéarmach

Tá an Rialtas tar éis maoiniúchán a leithroinnt d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun maoin chónaithe phríobháideach a ligean ar léas nó ar cíos d'iarratasóirí atá ar an liosta tithíochta. Roimhe seo, bhí RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil freastal déanta ar riachtanas tithíochta aon iarratasóirí ag a bhfuil cóiríocht de chineál RAS.

Déantar (RAS)/Léasú a oibriú ar bhonn gach tionóntachta ar leithligh agus tá comhaontuithe den sórt sin á ndéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha ó bhí an bhliain 2007 ann.

Sa tábla thíos, tugtar léiriú ar na comhaontuithe reatha RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le Tiarnaí Talún príobháideacha.

| **Tuairisc** | **Na figiúirí is déanaí de chuid Chontae na Gaillimhe ag deireadh R4 2018:** |
|---|---|
| **An líon Iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh i gcóiríocht phríobháideach ar cíos trí chonarthaí a comhaontaíodh le tiarnaí talún príobháideacha** | 234<br>205 RAS agus 29 léas gearrthéarmacha |
| **An líon Iarratasóirí a bhfuil cóiríocht acu faoi láthair trí chonarthaí a comhaontaíodh le heagraíochtaí deonacha** | 121 |

*Tábla 1: Comhaontuithe RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha*

## An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe - Aonaid ar Cíos a chlárú

Tháinig an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 i ngníomh ar an 1 Meán Fómhair 2004. Déileálann Cuid 7 den Acht sin le tionóntachtaí a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Tá an clár foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ag www.rtb.ie

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe cigireacht ar 770 mhír maoine in 2018 chun a chinntiú go raibh na caighdeáin maidir le tithe ar cíos á gcomhlíonadh. Rinneadh 322 athchigireacht san iomlán. Chomhlíon 105 cinn díobh sin na caighdeáin tráth na hathchigireachta.

Theip ar 770 Mír Maoine san iomlán na caighdeáin reatha a chomhlíonadh tráth an chéad iniúchta agus eisíodh 2 bhFhógra Feabhsúcháin ar thiarnaí talún á cheangal orthu feabhsúcháin a dhéanamh.

## An Scéim maidir le Deisiú agus Léasú

Faoin Scéim maidir le Deisiú agus Léasú Tithíochta Foilmhe, is féidir oibreacha deisithe agus feabhsaithe ar mhaoin fholamh oiriúnach a mhaoiniú ar mhodh iasacht saor ó ús d'fhonn maoin a chur de réir na gcaighdeán le haghaidh cóiríocht ar cíos agus déantar costas na hoibre lena mbaineann a asbhaint ansin as íocaíochtaí léasa thar théarma comhaontaithe léasa. Caithfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú a dhéanamh ar an maoin d'fhonn a chinntiú go bhfuil sí inmharthana chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil d'iarratasóirí ar liosta tithíochta na Comhairle.

Is coinníoll den scéim é go gcaithfidh an mhaoin a bheith folamh ar feadh 12 mhí ar a laghad sula nglactar léi sa scéim. Is 5 bhliana an téarma léasa is lú agus is 20 bliain an téarma léasa is mó a bhronntar. Is €40,000 an aonad (CBL san áireamh) an costas is mó ó thaobh deisiúcháin a cheadaítear faoin scéim.

Tá suim ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i maoine atá gar do shráidbhailte agus do bhailte ina bhfuil fáil go réidh ar scoileanna agus ar sheirbhísí.

I measc na mbuntáistí atá ann d'úinéirí maoine a bheith páirteach sa scéim tá:

- Uasghrádú maoine ar mhodh iasacht saor ó ús
- Cíos ráthaithe
- Níl aon chailliúint cíosa ann le linn tréimhsí nuair a bhíonn an mhaoin folamh
- Tá an Chomhairle freagrach as an gcíos a íoc le húinéir na maoine, an cíos a bhailiú ón tionónta agus as tionónta nua a aimsiú

In 2018, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe breis is 100 léiriú spéise ar an scéim.



*Áit Chónaithe Aonair faoin Tuath i gCill Chiaráin, Conamara*

## Léasú Fadtéarmach

Faoin scéim um Léasú Fadtéarmach is féidir le húinéirí maoine maoin a ligean ar léas le Comhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh tréimhse idir 10 agus 25 bliana, chun críocha tithíocht chuí a chur ar fáil d'iarratasóirí ar liosta tithíochta sóisialta na Comhairle.

Faoin scéim seo, féachann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar mhaoine atá gar do shráidbhailte agus do bhailte ina bhfuil fáil go réidh ar scoileanna agus ar sheirbhísí a ligean ar léas. Ní mór don mhaoin na caighdeáin cíosa a shásamh sula nglactar léi ar an scéim seo.

In 2018, bhí suim mhór ag daoine a bhfuil roinnt aonad acu lena ligean ar léas sa scéim seo agus tá measúnú á dhéanamh i ndáil le 36 aonad.

## An Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste

Is scéim rialtais atá sa Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste a tugadh isteach in 2012 d'fhonn cuidiú le húinéirí tí atá i gcontúirt a gcuid tithe a chailleadh de bharr riaráistí morgáiste. Cuirtear ar chumas úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí acu a morgáistí a íoc athrú ó úinéireacht a bheith acu ar a gcuid tithe go dtí an teach a bheith ar cíos acu mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Níl fáil ar an scéim MTR mar rogha tithíochta sóisialta ach sa chás is go bhfuil duine de na húinéirí incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta agus nach bhfuil an morgáiste inbhuanaithe. Chun cáiliú i gcomhair na scéime, ní mór d'úinéir na maoine a bheith tar éis páirt a ghlacadh i bPróiseas

Réitithe Riaráistí Morgáiste a n-iasachtóra (MARP), ar próiseas é sin nach mór don iasachtóir agus don úinéir é a chur i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh a ndeacrachtaí airgeadais a réiteach.

Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh a dtí cónaithe a thabhairt suas go toildeonach dá n-iasachtóir morgáiste agus díolfaidh an t-iasachtóir sin láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar cíos é leis an teaghlach lena mbaineann. Déanfar na fáltais ó dhíol na maoine leis an gcumann tithíochta a úsáid i gcomhair an fhiachais morgáiste agus déanfaidh an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir i leith aon íocaíochtaí atá fágtha gan íoc, más ann dóibh. Tá deis ann chun an teach cónaithe a cheannach ar ais tar éis thréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlaigh lena mbaineann.

Fuarthas 35 iarratas in 2018 agus ceadaíodh 24 de na hiarratais sin.

## Iasachtaí

Morgáiste nua do cheannaitheoirí céaduaire a bhfuil tacaíocht an Rialtais aige atá in Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann. Cuireadh tús leis an 1 Feabhra 2018. Is féidir le ceannaitheoir céaduaire cur isteach ar Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann chun maoin nua nó maoin dara láimhe a cheannach nó chun teach a thógáil. Gnáthmhorgáiste Caipitil agus a ngearrtar ús air atá san iasacht agus íoctar é trí dhochar díreach gach mí.

- €320,000 an luach margaidh is mó a fhéadfaidh maoin atá le ceannach nó le tógáil a bheith.
- Is féidir le hiarratasóirí suas le 90% de luach margaidh na maoine a fháil ar iasacht.
- Cuireann sin srian ar an méid is féidir a fháil ar iasacht, sé sin nach féidir níos mó ná **€288,000** a fháil.

Fuarthas 124 iarratas le linn na bliana 2018 agus tarraingíodh anuas 15 díobh agus cuireadh 30 tairiscint amach ar an bposta. B'ionann an mheániasacht a ceadaíodh agus €148,000.



*Uimhreacha 62-72 Céide Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe*

## Tithíocht Dheonach

Is é atá in CALF (An tSaoráid Léasaithe Réamhchaipitil) ná saoráid a chuirtear ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun cabhrú leo teacht ar mhaoiniúchán príobháideach nó ar mhaoiniúchán ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe chun aonaid a cheannach nó a thógáil. Cuirtear na haonaid ar fáil go heisiach chun críocha tithíocht shóisialta faoi chomhaontú léasaithe a mhaireann tréimhse shocraithe ama, is é sin, 20 bliain de ghnáth. Rinneadh 120 aonad a mhaoiniú faoi chlár CALF go dtí seo agus tá 61 aonad eile ar na bacáin.

Tar éis roinnt cruinnithe leis na Comhlachtaí Deonacha i rith na bliana, sainaithníodh roinnt aonad ionchasach agus tá breithniú á dhéanamh ar chomhaontuithe lena n-áireamh faoin scéim.

## Ceannach ag Tionóntaí

I rith na bliana 2016, tháinig an Scéim Cheannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016 i bhfeidhm agus ghlac sí ionad Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 1995 ar tháinig deireadh leis ar an 30 Meitheamh 2014. Faoin scéim sin, is féidir le tionóntaí cáilithe údaráis áitiúil iarratas a dhéanamh chun a dteach cónaithe údaráis áitiúil a cheannach, ag ráta níos ísle bunaithe ar ioncam an iarratasóra. Má cheadaítear an ceannach, ní mór don ceannaitheoir leanúint de chónaí a dhéanamh sa teach fad atá an teach faoi úinéireacht acu. Forchuirtear muirear ceannaigh incriminteach ar an teach agus bíonn an muirear sin comhionann leis an lascaine a cuireadh i bhfeidhm ar phraghas ceannaigh an tí. Fanfaidh an muirear i bhfeidhm ar feadh 20

bliain, 25 bliana nó 30 bliain (ag brath ar an lascaine a thugtar). Beidh an ceannaitheoir in ann a dteach cónaithe a athdhíol aon tráth má chomhaontaíonn an t-údarás áitiúil. Ach má dhíolann an ceannaitheoir an teach roimh dheireadh an 20 bliain, na 25 bliana, an 30 bliain, beidh air nó uirthi luach an mhuirir ar an teach atá fágtha a aisíoc leis an údarás áitiúil.

I rith na bliana 2018, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 30 iarratas ó thionóntaí údaráis áitiúil maidir lena dteach a cheannach agus eisíodh 17 thairiscint cheannaigh tí agus tá 9 cheann curtha i gcrích.

## Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, an Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta agus an Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leanann an deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta de mhaoiniúchán a chur ar fáil do dhaoine atá níos óige ná 66 bliana d'aois in imthosca áirithe, ach sin ag brath ar a sláinte, ar a ndálaí tithíochta reatha agus ar a gcumas chun cabhrú leo féin. Tá gá le doiciméid tacaíochta i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir ag baint leas as riachtanais leighis. Soláthraíodh cúnamh freisin i gcásanna nár measadh go raibh an teach i ndrochriocht ach inar measadh gurb é a leanfadh as na hoibreacha, dá dtabharfaí aghaidh ar easnaimh, ná feabhas a chur cháilíocht shaol an duine scothaosta.

- Fuarthas 285 iarratas bhailí i rith na bliana 2018 ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta:

- Fuarthas 189 n-iarratas bhailí i rith na bliana 2018 ar Dheontas Cúnaimh Soghluaisteachta agus ar an Scéim Oiriúnaithe Tí do dhaoine faoi mhíchumas. Ní bhfuarthas fógra i ndáil leis na deontais sin go dtí Aibreán 2018, agus dá bharr sin, bhí líon níos mó iarratas ar an scéim an bhliain sin.



*Aonaid le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas - Esker Fields*

## Deontais d'Oiriúnú Tithe i gcás Tithe Údaráis Áitiúil

Déantar an Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i dTithe Údaráis Áitiúil a chur ar fáil chun cabhair a thabhairt i ndáil le hoibreacha a dhéanamh a bhfuil gá leo go réasúnach chun go mbeidh teach níos oiriúnaí i gcomhair cóiríochta do dhuine ar a bhfuil buanmhallachar fisiciúil, céadfach, meabhair-shláinte nó intleachta. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais faoin scéim seo agus tús áite a thabhairt dóibh sin is mó gá.

Rinneadh oibreacha oiriúnúcháin tithíochta a chur i gcrích ar 16 theach údaráis áitiúil san iomlán i rith na bliana 2018. Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniúchán €114,718.00 ar fáil i gcomhair 90% de chostas na n-oibreacha.

## Cothabháil Tithíochta

B'ionann stoc tithíochta na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2018 agus 2,497 maoin. Tá clár mór d'obair chothabhála ag dul ar aghaidh i ndáil leis na maoine sin. Fuarthas 1,061 iarratas bailí ar dheisiúchán in 2018 agus bhain caiteachas €1,968,000 leis sin. Chuathas i mbun obair mhór athchóiriúcháin i 74 maoin fholmha agus d'éascaigh sin tionóntachtaí nua.

In 2018, socraíodh clár infheistíochta pleanáilte chun cothabháil a chosc a chur i bhfeidhm i ndáil le stoc tithíochta na Comhairle. Déanadh sin chun bail agus luach an stoic tithíochta araon a chaomhnú, luach níos fearr ar airgead a fháil, na seirbhísí a chuirtear ar fáil a fheabhsú agus freagrachtaí an

údaráis áitiúil mar thiarna talún a bhaint amach. D'fhonn an clár oibre seo a chumasú, cheadaigh an Chomhairle Iomlánach agus an tAire Stáit sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil áis iasachta €10 milliún.

Socraíodh tús a chur le suirbhé iomlán ar stoc tithíochta na Comhairle d'fhonn an obair a bhí de dhíth agus a theastaigh go géar a fháil amach. Ina dhiaidh sin, comhaontaíodh tús a chur le suirbhéireacht a dhéanamh ar stoc Cheantar Bardasach Chonamara.

## An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Iarfheistiúcháin (EERP)

Thug an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cead in 2018 tús a chur le Céim 2 den Chlár Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Iarfheistithe (EERP) in 2019. In 2018, rinneadh suirbhéireacht ar mhaoine i gCeantar Bardasach Chonamara. Measadh go raibh na fuinneoga agus doirse in 96 mhaoin feiliúnach lena n-athsholáthair agus ullmhaíodh cáipéisíocht conartha don obair. Tabharfar an obair sin chun críche in 2019.

## Daoine Gan Dídean

I dtaca le Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cuid de Réigiún an Iarthair in éineacht le Cathair na Gaillimhe, Maigh Eo agus Ros Comáin. Is í Cathair na Gaillimhe an ghníomhaireacht cheannais agus déantar an maoiniúchán ar fad a chur ar fáil trí Chomhairle na Cathrach. Is iad Stiúrthóirí Seirbhísí Tithíochta na gceithre Údarás a fheidhmíonn mar Ghrúpa Bainistíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine Gan Dídean agus tá freagracht orthu i ndáil le maoiniúchán a shannadh.

B'ionann líon na n-iarratasóirí nua a bhí ag teacht chun cinn mar dhaoine gan dídean sa bhliain 2018 agus 5. Ar an meán sa bhliain 2018, bhí cóiríocht i gCóiríocht Shealadach Éigeandála á fáil ag 25 theaghlach sa tseachtain ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bhí 15 duine singile, ar an meán, i gcóiríocht do dhaoine gan dídean nó i mbrúnna turasóireachta ag aon tráth áirithe.

Faoi láthair, tá teach amháin idirthréimhse ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sa chontae agus é suite i dTuaim. Sa bhliain 2018, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe tionóntacht bhuan a thairiscint do 27 iarratasóir san iomlán a measadh ina leith go raibh siad gan dídean.




*Ag Síniú an Chonartha - Bóthar Gilmartin, Tuaim*

## An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 - 2018

De réir Alt 9 d'Acht na dTithe 1988, arna leasú, agus Alt 6 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe na riachtanais chóiríochta reatha, agus na riachtanais chóiríochta réamh-mheasta, atá ag teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil agus nach mór freastal orthu le linn thréimhse an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018, a mheasúnú agus a shainaithint. Aithníodh faoin gclár go raibh gá le 173 aonad cóiríochta chun an riachtanas reatha agus an riachtanas réamh-mheasta a shásamh. B'ionann sin agus riachtanas reatha 48 agus riachtanas réamh-mheasta 125 i ndáil le haonaid chóiríochta. Le linn 2016, de réir Alt 17 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, thug an tAire Tithíochta, Pleanála agus Pobail & Rialtais Áitiúil treoir go ndéanfaí athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta don Lucht Siúil tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2016.

Rinneadh an clár sin a athbhreithniú agus rinneadh na spriocanna a leasú agus tháinig méadú foriomlán 82 aonad ar spriocanna, agus 255 aonad iomlán le ceadú. Sháraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an sprioc sin, agus cuireadh 262 aonad ar fáil le linn shaolré an chláir.

## Spriocanna & Soláthar TAP 2014-2018

| An Cineál Cóiríochta | Sprioc 2014-2018 | Soláthar 2014 | Soláthar 2015 | Soláthar 2016 | Soláthar 2017 | Soláthar 2018 | Soláthar Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpscéim Tithíochta - Láithreach** | **15** | 1 | 4 | 1 | 1 | 0 | **7** |
| **Bloc Seirbhíse Láithreáin Bhuain Stad - Láithreach** | **18** | 3 | 5 | 1 | 3 | 1 | **13** |
| **Gnáth-Thithíocht Údaráis Áitiúil** | **54** | 11 | 12 | 11 | 22 | 21 | **77** |
| **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos/ Léasú Fadtéarma** | **8** | 6 | 0 | 0 | 0 | 0 | **6** |
| **Ceannach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe** | **7** | 2 | 3 | 0 | 2 | 0 | **7** |
| **Tithíocht Dheonach** | **9** | 2 | 4 | 1 | 7 | 13 | **27** |
| **Ceannach ag Daoine den Lucht Siúil** | **3** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | **1** |
| **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta/Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos agus/gan an Forlíonadh Cíosa san áireamh** | **141** | 14 | 0 | 34 | 44 | 32 | **124** |
| **Iomláin** | **255** | 40 | 28 | 48 | 79 | 67 | **262** |

Rinneadh Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 a fhorbairt sula ndearnadh iniúchadh ar shábháilteacht dóiteáin i gcóiríocht don Lucht Siúil arna cur ar fáil ag an údarás áitiúil i láithreáin stad. Foilsíodh an tuarascáil a bhain leis an iniúchadh sin i Meán Fómhair 2016 agus moladh roinnt beart chun an chóiríocht a thabhairt i gcomhréir leis na caighdeáin chuí sábháilteachta dóiteáin, chomh maith le macasamhail de chlár i ndáil le sábháilteacht dóiteáin pobail. Ba thosaíocht a bhí ann do Chomhairle Chontae na Gaillimhe trealamh agus comharthaíocht sábháilteachta dóiteáin a chur isteach chomh maith le traenáil i ndáil le sábháilteacht dóiteáin a chur ar fáil ag láithreáin stad le linn na bliana 2018. Léirítear leis an tosaíocht sin freagrachtaí na Comhairle agus freagrachtaí na n-áitritheoirí i gcóiríocht don Lucht Siúil na caighdeáin sábháilteachta dóiteáin atá de dhíth a fheabhsú agus a choinneáil.

Rinneadh dul chun cinn ag láithreacha éagsúla in 2018 i ndáil le sainchóiríocht don Lucht Siúil a fhorbairt agus a uasghrádú.

- Tugadh an obair ar an uasghrádú a bhíothas a dhéanamh ar an mbóthar isteach chuig Láithreán Stad Thuama a thabhairt chun críche.
- Tugadh an obair fheabhsúcháin ar áiseanna seirbhíse ag Láithreán Stad Thuama chun críche.

- Tugadh láithreán an Chreagáin ar aghaidh chuig an gcéim tairisceana le linn 2018 agus cuireadh ar aghaidh é chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil lena cheadú.
- Tugadh láithreán Chreachmhaoile ar aghaidh chuig an gcéim tairisceana le linn 2018.

Léirigh Comhaireamh Bliantúil Theaghlaigh an Lucht Siúil agus a Staid Chóiríochta sa bhliain 2018 go raibh 554 theaghlach ann sa Chontae. Tríd an taithí atá faighte ag an gComhairle, agus trí chomhairliúcháin a dhéanamh, tá gnáth-thithíocht sainaitheanta ag an gComhairle mar an cineál cóiríochta is fearr le tromlach mór na dteaghlach atá ann sa Lucht Siúil. Maidir le gnáth-thithíocht, lena n-áirítear HAP, RAS agus Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos, tá socrú ann ina leith ar dá réir a chuirtear daoine de chuid an Lucht Siúil san áireamh i gcláir thithíochta príomhshrutha agus is cabhair é sin i ndáil le daoine den Lucht Siúil a lánpháirtiú sa phobal. Cuireadh cóiríocht ar fáil i dtithíocht chaighdeánach Údaráis Áitiúil do 53 theaghlach den Lucht Siúil in 2018 faoi Chláir HAP. De bharr nach bhfuil aon bhealach ag an gComhairle chun bunús eitneach a aithint, táthar ag brath ar eolas áitiúil agus stairiúil na foirne i ndáil le daoine den lucht siúil a aithint.



*An Bóthar Isteach Uasghrádaithe chuig Láithreán Stad Thuama*

## An Straitéis maidir le Míchumas

Is é atá i bhfís "An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016", ar cuireadh síneadh léi go dtí 2020, ná rochtain, deis agus rogha chomhionann do dhaoine faoi mhíchumas a mhéid a bhaineann le tithíocht agus tacaíochtaí. Is é atá sa phríomhthosaíocht ná cóiríocht sa phobal a thairiscint do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i suíomhanna comhchruinnithe. Mar thoradh ar chomhoibriú idirghníomhaireachta, tá obair shuntasach déanta cheana féin sa réimse seo le 2 bhliain/3 bliana anuas sa Chontae. Clúdaíonn an straitéis gach duine faoi mhíchumas agus is iad seo a leanas na catagóirí míchumais dá dtagraítear sa Straitéis: (a) míchumas céadfach (b) míchumas meabhair-shláinte (c) míchumas fisiciúil agus (d) míchumas intleachta.

I gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, tá cóiríocht roinnte curtha ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe do dhaoine atá faoin straitéis do dhaoine faoi mhíchumas, agus tacaíochtaí

curtha ar fáil i mBaile Locha Riach agus i mBéal Átha na Sluaighe. Cuireadh cóiríocht roinnt ar fáil do 4 duine i saoráid tithíochta roinnt i mBaile Locha Riach in 2018. Leanann an Chomhairle de sholúbthacht níos mó a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas trí thithíocht roinnte a bhfuil seirbhísí tacaíochta ag dul leo a chur ar fáil, ar féidir iad a chur ar fáil trí sheirbhísí baile nó trí sheirbhísí ar líne.

## Tionóntacht agus Bainistíocht Eastát

Bunaíodh an tAonad Tionóntachta agus Bainistíochta Eastát in 2013 laistigh d'Aonad Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun pobail inbhuanaithe, sheasmhacha a fhorbairt, a choinneáil agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

Glacadh le Straitéis maidir le hInbhuanaitheacht Tionóntachtaí an Chontae in 2017 agus leagtar amach ann na hidirghabhálacha agus tacaíochtaí atá ar fáil chun cuidiú lenár gcuid tionóntaí a gcuid tionóntachtaí a choinneáil agus cur go dearfach leis an gcomharsanachtaí agus leis an bpobal. Is cur chuige idir-roinne agus idirghníomhaireachta atá glactha ag an Aonad Tithíochta agus ag a chomhpháirtithe agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar cháilíocht an tsaoil do chónaitheoirí inár gcuid eastát tithíochta. Bhí cruinnithe ag foireann an Aonaid Tithíochta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, agus leis na Gardaí le linn na bliana agus d'éirigh leo oibriú le chéile i roinnt réimsí a bhain le tionóntaí a raibh gá acu le tacaíocht.

Cuireadh Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta 2018-2020 Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dtoll a chéile i gcomhchomhairliúchán le páirtithe leasmhara cuí agus ghlac an Chomhairle léi. Aithnítear gur féidir le hiompar frithshóisialta drochthionchar a bheith aige ar chaighdeán saoil tionóntaí agus ar sheasmhacht agus ar inmharthanacht pobal. Tugadh isteach an straitéis chun eachtraí ina mbíonn iompar frithshóisialta i gceist a chosc agus a laghdú trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú ilghníomhaireachtaí. Leagtar amach sa Straitéis freagrachtaí agus ionchuir na Comhairle agus na dtionóntaí araon le go mbeifear ábalta pobail inbhuanaithe a fhorbairt. Leagtar amach inti chomh maith an próiseas atá i gceist chun gearáin a fhiosrú agus chun dul i ngleic le gearáin lena n-áirítear na bearta a fhéadfaidh an Chomhairle a ghlacadh ina leith sin a leagan amach. Is féidir le córais CCTV pobal-bhunaithe a úsáid a bheith i gceist leis sin, i gcomhréir le Polasaithe CCTV agus Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá CCTV á oibriú i 7 n-eastát i mBaile Átha an Rí, i mBaile Locha Riach, in Áth Eascrach, sa Ghort, ar Bhóthar Gilmartin, Tuaim, i Láithreán Stad Thuama agus i dTír Bhuí, Tuaim.



*18 Garraí an Chlochair – athchóirithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe*



*12 Na Clocha Rua, An Cheathrú Rua*

In Atógáil Éireann - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, a lainseáladh i mí Iúil 2016, leagtar amach treochlár d'Údaráis Áitiúla, agus don Earnáil Dheonach agus don Earnáil Phríobháideach chomh maith, maidir le Tithíocht Shóisialta a sholáthar trí roinnt gníomhartha nithiúla a chur i gcrích, trí chloí le hamlínte ar leith agus, rud atá tábhachtach, trí acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun aonaid nua tithíochta sóisialta a sholáthar.

Plean cuimsitheach atá ann agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar gach gné den chóras tithíochta faoi chúig cholún mar a leanas:

**Colún 1: Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine**

*Réiteach a chur ar fáil ag céim luath chun aghaidh a thabhairt ar líon neamh-inghlactha na dteaghlach atá ag maireachtáil i gcóiríocht éigeandála; tacaíochtaí idirghníomhaíochta a sholáthar do dhaoine atá gan dídean faoi láthair, agus béim ar leith á leagan ar íoslaghdú a dhéanamh ar an líon daoine atá ag codladh amuigh; agus feabhas a chur ar thacaíochtaí Stáit chun daoine a choimeád ina dtithe cónaithe féin.*

**Colún 2: Dlús a chur le soláthar Tithíochta Sóisialta**

*Méadú a dhéanamh ar leibhéal agus ar luas an tsoláthair maidir le tithíocht shóisialta agus maidir le tithíocht eile a bhfaightear tacaíocht Stáit ina leith.*

**Colún 3: Tuilleadh Tithe a Thógáil**

*Méadú a dhéanamh ar an aschur, ó thaobh tithíocht phríobháideach inacmhainne, chun freastal ar an éileamh.*

**Colún 4: Feabhas a chur ar an Earnáil Chíosa**

*Aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar sholáthar cóiríochta príobháidí ar cíos chun feabhas a chur ar an líon aonad a chuirtear ar fáil ar chíos inacmhainne.*

**Colún 5: Tithíocht atá ann cheana féin a úsáid**

*A chinntiú go ndéantar an stoc tithíochta atá ann cheana féin a úsáid go feadh an méid is mó is féidir – agus aird á tabhairt ar bhearta chun stoc folamh a úsáid d'fhonn athnuachan a dhéanamh ar cheantair uirbeacha agus ar cheantair thuaithe.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA, TIMPEALLACHTA, UISCE AGUS ÉIGEANDÁLA

# AN tAONAD PLEANÁLA

Sa bhliain 2018, lean an tAonad Pleanála den fhorbairt laistigh den chontae a chur chun cinn, agus de thacaíocht a thabhairt ina leith sin, sa chaoi gur féidir lenár gcustaiméirí maireachtáil i bpobail bheoga, is é sin, áiteanna ina gcuirtear luach ar dhifríochtaí cultúrtha agus ina dtugtar spreagadh i leith difríochtaí den sórt sin, inar féidir le gach duine a bheith páirteach sa saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha, agus ina bhfuil rochtain ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus bonneagair.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**

## COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH

Bhí 4 chruinniú ag an CBS Pleanála agus Pobail sa bhliain 2018.

I measc na bpríomh-shaincheisteanna beartais a pléadh i rith na bliana, áirítear na nithe seo a leanas:

- An Crios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ)
- An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- An Clár Gníomhachtaithe Uilechuimsitheachta Sóisialta Pobail
- An Scéim Mhaoinithe maidir le hAthghiniúint Uirbeach agus Tuaithe
- An Beartas maidir le Gléasraí Cóireála Dramhuisce
- Aighneacht maidir leis an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (réamhdhréacht) agus (dréacht)
- Aighneachtaí faoi Áineas Allamuigh 2018
- An scéim feabhsaithe pobail 2018
- Plean Ceantair Áitiúil an Chlocháin
- Plean Ceantair Áitiúil Thuama
- Foraithne na Pléimeannaise

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

**PLEANÁIL CHUN CINN**

- Glacadh Athrú Uimh. 2(a) agus 2(b) le gur féidir Plean Bhearna agus an Plean Gaeltachta a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae 2015-2021.
- Ullmhaíodh aighneacht i leith Réamhdhréacht agus i leith Dhréacht an Chreata Náisiúnta Pleanála - Ár bPlean 2040
- Ullmhaíodh aighneacht i leith an Athbhreithnithe Lárthéarma ar an bPlean Infheistíochta Caipitiúla 2016-2021
- Plean Ceantair Áitiúil Thuama a Ghlacadh
- Plean Ceantair Áitiúil an Chlocháin a Ghlacadh
- Tugadh cúnamh maidir le hoibriú na Rannóige Bainistíochta Forbartha ag tráthanna éagsúla i rith na bliana.
- Rinneadh freastal ar an gcruinniú leis an mBord Pleanála i ndáil leis an réamhphlean maidir le Forbairt Straitéiseach Tithíochta.
- Aighneacht a ullmhú maidir leis an Straitéis Réigiúnach Sóisialta agus Eacnamaíochta
- Ullmhaíodh aighneacht chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le Dréacht-Phlean na nArdán.
- Cuireadh tús le réamhobair ar an Measúnacht Saintréithe Tírdhreacha

**AN RANNÓG BAINISTITHE FORBARTHA**

- Rinneadh 1,898 Iarratas Pleanála a thíolacadh don Oifig Pleanála sa bhliain 2018.
- Rinneadh 1,425 chinneadh pleanála sa bhliain 2018.
- Fuarthas €678,817 sa bhliain 2018 ar mhodh Táillí Pleanála.
- Rinneadh 70 Iarratas ar Dhearbhú maidir le Forbairt Dhíolmhaithe a thíolacadh don Oifig Pleanála sa bhliain 2018.
- Forbairt Tithíochta Straitéisí - rinneadh 3 chruinniú réamhchomhairliúcháin leis an mBord Pleanála, 3 chomhairliúchán maidir le hiarratais agus 2 chinneadh ón mBord Pleanála a éascú sa bhliain 2018.

**BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN**

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe comhlíonadh Ceadanna Pleanála a áirithiú agus cosc a chur ar Fhorbairt Neamhúdaraithe de réir na gceanglas reachtúil atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

| | |
|---|---|
| An líon gearán a fuarthas sa bhliain 2018 | 308 |
| An líon Litreacha Rabhaidh a seirbheáladh | 194 |
| An líon Fógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh | 84 |
| An líon cásanna nua a tarchuireadh chuig an nGníomhaire Dlí agus chuig Aturnaetha Seachtracha i gcomhair Imeachtaí Achoimre | 43 |

**RIALÚ FOIRGNÍOCHTA**

Lean foireann an aonaid Rialaithe Foirgníochta de na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh i gcomhar le Comhlachtaí Reachtúla eile.

(a) Fógraí Tosaithe/Fógraí 7 Lá a bhailíochtú agus a chlárú tríd an gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta,
(b) Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus ar Dheimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas a phróiseáil tríd an tSeirbhís Dóiteáin,
(c) Comhairle a thabhairt do Dhearthóirí/Dheimhnitheoirí Sannta i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta 1997,
(d) An Deimhniú maidir le Comhlíontacht tráth Críochnaithe a bhailíochtú agus a chlárú,
(e) An Clár Reachtúil a chothabháil,
(f) Iniúchadh a dhéanamh ar oibreacha tógála atá ar siúl lena chinntiú go bhfuil na Rialacháin Foirgníochta 1997 á gcomhlíonadh agus forfheidhmiúchán á chur i gcrích más gá.

**Fógraí Tosaithe 2018**

| An Líon | Stádas ar BCMS |
|---|---|
| 6 | Neamhchríochnaithe |
| 624 | Críochnaithe |
| 20 | Faisnéis Athbhreithnithe |

## Oidhreacht: Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 2018

**Céim 2 den Iniúchadh Oidhreachta Geolaíochta:** Meastar go bhfuil 135 Láithreán Geolaíochta Contae (CGS) ann i gContae na Gaillimhe faoi láthair, ar láithreáin iad atá liostaithe go sealadach ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI). Tá iniúchadh a dhéanamh ar Chontae na Gaillimhe ar bhealach céimnithe (bhain Céim 1 - 2017 le láithreáin CGS in Iarthuaisceart an Chontae).

Déanfar na láithreáin sin atá liostaithe i Liosta Táscach Láithreán GSI a shainaithint mar Láithreáin Geolaíochta Contae (CGS) agus, i dteannta na gcuspóirí maidir lena gcosaint, bainfear leas an eolas ina leith sa Phlean iomchuí Forbartha Contae agus i gcórais Phleanála GIS.



*Polladh lochach in aolchloch charstach ar an gcladach ag Inis Mhic an Trír, Loch Coirib.*

I rith Shamhradh na bliana 2018, críochnaíodh an dara céim d'Iniúchadh Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Láithreáin Oidhreachta Geolaíochta i gContae na Gaillimhe. Tá iomrá mór ar an gcontae mar gheall ar a oidhreacht gheolaíochta ach, a mhéid a bhaineann leis an gcuid is mó daoine, tuigtear nó léirítear an oidhreacht sin i dtéarmaí an tírdhreacha nó na radharcanna atá ann. Ós rud é gurb é Contae na Gaillimhe an dara contae is mó de chuid na hÉireann, agus ó tharla go bhfuil buncharraig measartha nocht ann ina lán áiteanna, tá raon fairsing láithreán geolaíochta ann agus is láithreáin shuntasacha iad cuid mhór díobh sin. Críochnaíodh an tuarascáil sa bhliain 2018 agus leagtar amach ann an tuiscint atá ann faoi láthair, de réir Chlár Shuirbhéireacht

Gheolaíochta na hÉireann maidir le hOidhreacht Gheolaíochta na hÉireann (IGH), i dtaobh cad iad na láithreáin gheolaíochta is tábhachtaí atá ann sa chuid thoir thuaidh de Chontae na Gaillimhe, is é sin le rá, soir ó Loch Coirib agus ó thuaidh ón M6. San iomlán, rinneadh mionsuirbhéireacht agus mionléirscáilíocht ar thrí láithreán is caoga sa bhliain 2018 agus diúltaíodh do thrí cinn déag díobh sin; dá réir sin, go dtí seo, táthar tar éis naoi Láithreán Geolaíochta Contae a ainmniú i gContae na Gaillimhe (naoi gcinn is tríocha sa bhliain 2017 agus ceathracha ceann sa bhliain 2018). Ina theannta sin, ullmhaíodh físeáin ghearra le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta agus is féidir breathnú orthu sin ag an nasc seo a leanas:

https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/geology

- **Tionscadail Oidhreachta Gastranamaíochta Iarthar na hÉireann, Gaillimh, 2018** - Tá an tionscadal seo bunaithe ar an obair a tosaíodh sna bliana 2017 agus, sa bhliain 2018, leanadh den obair le pobail áitiúla, le grúpaí oidhreachta, le scoileanna agus le heagraíochtaí maidir le bailiú faisnéis a bhaineann le hoidhreacht ghastranamaíochta an chontae agus maidir le aschuir i scríbhinn, clos-aschuir agus fís-aschuir a ullmhú don láithreán gréasáin. Féach an nasc seo a leanas le do thoill: https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galways-gastronomic-heritage

  Tá Cnuasach Bhéaloideas Éireann tar éis glacadh le Tionscadal Oidhreachta Bia na Scoileanna agus déanfar é a chartlannú mar chuid dár scéal náisiúnta i bhfoirm béaloidis. Chun léargas a fháil ar an tionscadal seo féach an nasc seo a leanas, le do thoil: https://milltown.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/milltowns-gastronomical-heritage/recipes

  *Tá lúcháir ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, cartlannú a dhéanamh ar thorthaí Thionscadal iontach Oidhreachta Bia na Scoileanna. Grúpa Oidhreachta Bhaile an Mhuilinn agus Oifig Oidhreachta na Gaillimhe a d'eagraigh an tionscadal seo agus cuireadh i gcrích é i gcomhthráth le hainmniú na Gaillimhe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa don bhliain 2018.*

  *I gcomhthéacs na ngnéithe go léir dár saol ó lá go lá, is comhchodanna an-tábhachtach iad bia agus an cultúr a bhaineann le bia. Agus de réir mar is léir ó obair iontach dhaltaí Scoileanna Náisiúnta Olltóra agus Bhaile an Mhuilinn, tá oidhreacht shaibhir ilchineálach bia ag Gaillimh (agus ag Éirinn ina hiomláine, go deimhin). Ní féidir róbhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le taifeadadh a dhéanamh ar oidis thraidisiúnta bia agus ar mhodhanna traidisiúnta ullmhaithe agus cócaireachta bia. Tríd an tionscadal seo, caomhnófar taifead sainiúil ar chultúr an bhia in Éirinn ag tráth áirithe sa stair a chaomhnú*

*do na glúnta a bheidh ann amach anseo, ar cultúr é atá á shaibhriú le heispéiris agus le traidisiúin daoine as áiteanna eile sa domhan atá tagtha chun cónaí in Éirinn le déanaí.*

*Thar ceann Chnuasach Bhéaloideas Éireann is cúis áthais agus bróid dom glacadh le hobair gach duine a rannchuidigh leis an tionscadal luachmhar nuálach seo agus caomhnú a dhéanamh ar an obair sin.*

*Beir bua,*
*Críostóir Mac Cárthaigh*
*Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann*




*Dé hAoine, an 16 Márta 2018, rinneadh tionscadal na Gaillimhe i leith Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018 a lainseáil go hoifigiúil agus, mí ina dhiaidh sin, cuireadh Tionscadal Oidhreachta Gastranamaíochta na Gaillimhe ar taispeáint i Músaem Chathair na Gaillimhe agus bhí mír ina leith san áireamh sa chlár teilifíse Nationwide.*

## Caoirigh 2018 - Ón bhFeirm go dtí an Forc

Reáchtáladh an t-imeacht seo ag Teagasc, Campas Mellows, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, **Dé Sathairn, an 7 Iúil 2018, ó 10.00 go 17.00**.

Ba imeacht saor in aisce é agus bhí raon leathan faisnéise nua, taispeántais agus gníomhaíochtaí ar fáil lena linn do gach duine den teaghlach. Bhí sraith sráidbhailte idirghníomhacha, ceardlann agus seastán ann a bhain le gach gné de tháirgeadh caorach agus, i mbliana, i gcomhthéacs le **hainmniú na Gaillimhe, Iarthar na hÉireann, mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018**, bhí béim mhór ar na gnéithe uile a bhaineann le cúrsaí bia. Rinneadh an ghné bhia den imeacht a óstáil i Sráidbhaile Bia saincheaptha. Dála imeachtaí roimhe seo, bhí cúrsaí tráchtála go mór chun tosaigh le linn an Imeachta seo de chuid Thionscal na gCaorach agus bhí taispeántais maidir le pórú caorach

ann, mar aon le seónna réigiúnacha agus náisiúnta de chuid roinnt cumann, le linn 'Caoirigh 2018 - Ón bhFeirm go dtí an Forc'. Bhí i bhfad níos mó ná caoirigh i gceist le **Caoirigh 2018 - Ón bhFeirm go dtí an Forc**. Bhí rudaí le déanamh lena linn ag feirmeoirí agus ag daoine den phobal neamhfheirmeoireachta agus, go deimhin, ag gach duine de theaghlaigh, beag beann ar a n-aois.

**Sráidbhaile Oidhreachta agus Bia**




Chuir Oifig Oidhreachta Comhairle Chontae na Gaillimhe, Oidhreacht Phobail na Gaillimhe (ar ball de Líonra Chartlanna Pobail na hÉireann é), roinnt Grúpaí Oidhreachta de chuid Chontae na Gaillimhe agus Men's Sheds na Gaillimhe blaiseadh ar fáil d'oidhreacht shaibhir ghastranamaíochta an Chontae. Bhí taispeántas ann inar tugadh léiriú ar chistin thraidisiúnta agus ar shiopa den seandéanamh, agus, chomh maith leis sin, bhí maistriú agus déanamh aráin, tochailt le láí, míreanna de sheantrealamh feirme (a chuir Club Earraí Seanré Chill Tulach agus an Ceantair Máguaird ar fáil), báid iascaireachta, agus déantáin agus grianghraif a bhain le codanna éagsúla den chontae le feiceáil ann. Ina theannta sin chuireamar obair Thionscadal Oidhreachta Gastranamaíochta na Gaillimhe ar taispeáint. De bhreis air sin, bhí Club Ceardaíochta Bhaile Locha Riach ann agus iad i mbun a gceardlann *'mak eand do'* do leanaí maidir le cúrsaí bia. Bhí bothán FransPhoto ann chun grianghraif a ghlacadh. Thug an ceardaí Melanie Loren cainteanna, agus sheol sí ceardlanna, dar teideal *The Wonder of Wheat*. Sheol Cuan Beo taispeántas ina raibh na scileanna a bhaineann le deisiú líonta, spladhsáil téad agus déanamh snaidhmeanna éagsúla á léiriú.

Bhí baill foirne de chuid Theach na mBocht, Port Omna, ann chun scéal theach na mbocht a chomhroinnt agus chun eolas a chur fáil dúinn faoin Saol agus faoin Réimeas Bia i dTeach na mBocht. Bhí leabhrán faoi chúrsaí bia i dteach na mbocht ar fáil ar an lá.

Bhí Declan Coyne agus daoine de chuid na Fair Balladeers ann sa sráidbhaile oidhreachta freisin. Reáchtáil 'Le Chéile' seisiún ceoil, amhránaíochta agus damhsa, dar teideal 'Round the House and Mind the Dresser', ag na tráthanna seo a leanas: 10:30am – 11.45am; 12.30pm – 1.45pm - bhí Céilí Mór ann ó 4pm go 5pm chun bailchríoch a chur ar an ócáid.

## 'Blaiseadh de Stair na Gaillimhe'

Reáchtáladh an t-imeacht seo i gCaisleán Bhaile Chláir ar an 12 Nollaig 2018 chun ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir bhia Chontae na Gaillimhe. Chuimsigh sé léachtaí, scannáin ghearra, déanamh earraí ceardaíochta agus taispeántais cheardaíochta, taispeántais bhia, innealra seanda feirme agus ceol agus amhránaíocht.

Agus é ag caint le linn an imeachta, dúirt an Comhairle Seán Ó Tuairisg, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an méid seo a leanas: "Ba mhaith liom moladh a thabhairt do na grúpaí oidhreachta, do na scoileanna agus do na pobail as áiteanna ar fud Chontae na Gaillimhe a tháinig anseo inniu chun an t-imeacht seo a chur ar fáil dúinn saor in aisce le go mbeimis in ann na taispeántais go léir a fheiceáil agus taitneamh a bhaint astu".

Chuir grúpaí oidhreachta as an Mainistir, as Baile Chláir, as Droichead an Chláirín, as Port Omna, as Gleann na Madadh, as Tuaim, as Maigh Locha, as an Sceachánach, as Cill Fhir Iarainn, as Maigh Cuilinn, as Port Omna, as an nGráig, as Uachtar Ard, as Móta agus as INSIGHT-NUIG a gcuid tionscadal oidhreachta bia ar taispeáint. Chuir Club Earraí Seanré Chill Tulach agus an Ceantair Máguaird agus Club Earraí Seanré Shruthairtarracóirí iontacha agus innealra iontach feirme ar taispeáint agus, chomh maith leis sin, thug Cuan Beo léargas ar an oidhreacht shaibhir atá ann sa Chontae i dtaca le hoisrí de. Chuir Caisleán Bhaile Chláir taispeántas sármhaith ar fáil de shaothar cloiche agus bhí ceárta ghuail shoghluaiste ag *Men's Shed* Chaisleán an Bharraigh ar an láithreán. Ina theannta sin, chuir Oifig Uisce an Údaráis Áitiúil léiriú ar fáil ar thábhacht ár gcuid uiscí.

Ghlac Jonny Dillon, Cartlannaí as Cnuasach Bhéaloideas Éireann, le tionscadail oidhreachta bia na scoileanna ó leanaí as scoileanna i mBaile an Mhuilinn, i gCill Fhir Iarainn, sa Mhainistir, i mBaile Chláir, sa Sceachánach agus sa Bhallán. Dúirt Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an méid seo a leanas: "Is iontach an rud é go mbeidh saothar na leanaí ina chuid dár gCnuasach Béaloidis náisiúnta agus go mbeidh sé ar fáil do gach duine chun breathnú air. Go deimhin, ba mhaith liom moladh a thabhairt do na grúpaí oidhreachta agus do na scoileanna go léir a ghlac páirt sa tionscnamh an -fhiúntach agus an-tábhachtach seo".




Bhí deis ag an bpobal blaiseadh a fháil den am atá caite trí bhíthin anraith caoireola agus glasraí, arán donn agus im, agus cáca Nollaig a bhí déanta ag an triúr cócaire a fhriotháil an bia sin, is é sin le rá, Joe agus Noel Loughnane agus Anna O'Donnell.

Bhí deis ag daoine freisin bualadh le ceardaithe agus triail a bhaint as roinnt ceirdeanna traidisiúnta, Ina theannta sin, bhí roinnt léachtaí ann maidir le hoidhreacht ár gcuid bia, lena n-áirítear an méid seo a leanas: 'Our Daily Bread: Food & Folk Tradition' le Jonny Dillon, Cnuasach Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; 'Spicing Things Up' le Margaret Hickey, údar *Ireland's Green Larder* ; 'An archaeology of Food' leis an Dr Christy Cunniffe, Seandálaí Pobail; '*Galway Sheep - Those Woolly Jumpers'* leis an Dr Seamus J Hanrahan agus chuir Oidhreacht Phobail na Gaillimhe a saothar i leith Thionscadal Oidhreachta Gastranamaíochta na Gaillimhe ar taispeáint.

Bhí sraith scannán gearr ann freisin, ar scannáin iad a bhí coimisiúnaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta agus Ionad Scannán na Gaillimhe. Bhain siad sin le hoidhreacht talmhaíochta agus, ina measc, áiríodh scannáin ghearra de chuid na bliana 2017 mar aon le scannáin úrnua a rinneadh in Éirinn agus san Ostair i gcomhair Bliain Chultúr Oidhreachta na hEorpa 2018. Bhí roinnt scannán gearr faoi Dhroichead an Chláirín agus faoi stair an oisre ann freisin.

Ba iad a chuir an t-imeacht saor in aisce sin i láthair ná Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Oidhreacht Phobail na Gaillimhe, ICAN, Ionad Theach na mBocht, Caisleán Bhaile Chláir, Men's Sheds na Gaillimhe agus Chaisleán an Bharraigh, Cuan Beo, Kelly Oysters, Club Earraí Seanré Chill Tulach agus an Ceantair Máguaird, Club Earraí Seanré Shruthair, Oifig Uisce an Údaráis Áitiúil agus grúpaí oidhreachta eile de chuid Chontae na Gaillimhe.

Ba é ab aidhm dó ná oidhreacht shaibhir an chontae agus saothar grúpaí pobail agus scoileanna sa chontae a mbíonn an acmhainn shaibhir oidhreachta seo a mbailiú, a cruinniú agus a tiomsú acu

chun í a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin:
https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galways-gastronomic-heritage

Rinneadh an t-imeacht seo a pháirtmhaoiniú trí Éire Ildánach faoi *Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2018-2022* agus is tionscnamh é de chuid Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus 'Gaillimh, Iarthar na hÉireann - Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018'.



- **Foilseachán maidir le hOidhreacht Eaglasta**



- **Teideal an Leabhair: An Illustrated Guide to the Ecclesiastical Heritage of County Galway/Treoir Mhaisithe d'Oidhreacht Eaglasta Chontae na Gaillimhe**
  San fhoilseachán seo, baintear úsáid as tuarascálacha faoi iniúchtaí, as an láithreán gréasáin, as cartlann fótagrafaíochta agus as doiciméid a d'éirigh as 6 bliana de chomhairliúcháin phobail, de thaighde deisce agus de chuairteanna a tugadh ar láithreáin 140 eaglais i gContae na Gaillimhe. Seo a leanas achoimre ar an bhfaisnéis atá ann sa leabhar. Tabharfaidh an réamhrá achoimre ar an iniúchadh agus ar thorthaí an iniúchta thar na 6 bliana ar raibh sé ar siúl lena linn: athruithe ar Stíleanna Eaglaise, rianta d'Eaglaisí Caitliceacha Réamhfhuascailte, An Eaglais agus na Spásanna atá inti, Gloine Dhaite, Turas na Croise, Miotalóireacht agus Umair Bhaiste. Cuireann an chéim seo den tionscadal an téacs (i mBéarla amháin), grianghraif agus an coincheap foriomlán dearthóireachta don leabhar a chur i láthair. Is é a bheidh i gceist leis an gcéad chéim eile sa bhliain 2019 ná an téacs a aistriú go Gaeilge agus an foilseachán a phriontáil.

- **An seandálaí pobail**



*Rannpháirtithe Tús agus FÁS agus cosáin á nochtadh acu, faoi threoir seandálaíochta, i nGairdín Múrtha an Chreagáin*

Tá ról an tSeandálaí Pobail measartha leathan ós rud é go mbaineann sé le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Ina theannta sin, baineann sé le tionscadail agus imeachtaí éagsúla a eagrú d'fhonn feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar chúrsaí seandálaíochta a chur chun cinn. I mbliana, ghlac an Seandálaí Pobail páirt i roinnt comhdhálacha, seimineár agus léachtaí faoin oidhreacht áitiúil. D'eagraigh sé turais allamuigh chuig ceantair áitiúla ar díol spéise iad. Chomh maith leis sin, d'eagraigh sé sraith comhdhálacha/seimineár chun an tseandálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Baineann a ról le hagallaimh a dhéanamh ar an raidió agus ar an teilifís freisin. Beagnach gach uile lá, faigheann sé teachtaireachtaí ríomhphoist nó glaonna teileafóin (is minic a fhaightear roinnt fiosruithe i rithe an lae) ó dhaoine aonair agus ó ionadaithe grúpaí atá ag lorg comhairle nó cabhair i ndáil le seandálaíocht nó le nithe a bhaineann le seandálaíocht. D'oibrigh sé le scoileanna, le grúpaí pobail, le cumainn, le feirmeoirí agus le daoine aonair eile ar bhonn leanúnach. Tá caidreamh bunaithe aige le mic léinn seandálaíochta agus staidéar oidhreachta tríú leibhéal mar mhodh chun spreagadh a thabhairt dóibh taighde a dhéanamh faoi ghnéithe áirithe de sheandálaíocht na Gaillimhe. Ach rinneadh formhór a chuid oibre amuigh faoin aer in éineacht le feirmeoirí áitiúla agus le pobail áitiúla agus iad ag plé le gnéithe éagsúla den tseandálaíocht - is é sin le rá, nithe nua a thaifeadadh nó cuairt a thabhairt ar shéadchomharthaí taifeadta nó plé a dhéanamh fúthu. D'eagraigh sé taispeántais agus cainteanna seandálaíochta. Tá páipéir scríofa aige do leabhair agus d'irisí éagsúla maidir le gnéithe den tseandálaíocht.

Tugann sé freagraí ar chuid mhór fiosruithe trí bhíthin teachtaireachtaí ríomhphoist. Ní gnáthphost 'ó naoi go cúig' é ós rud é gur minic gur fearr an tráthnóna nó laethanta dheireadh na seachtaine ar mhaithe le bualadh le daoine aonair agus, i gcás grúpaí pobail, is iad na tráthanna sin na tráthanna is fearr beagnach i gcónaí.

- **Ballaí Bhaile Átha an Rí - An Geata Thuaidh - Oibreacha Caipitiúla 2018.**




Cuireadh tús leis an deichiú céim de na hoibreacha ar hallaí an bhaile ag tús mhí Lúnasa 2018, tráth ar cuireadh clár 6 seachtaine i gcrích agus ar lena linn ab éigean bóthar a dhúnadh le go mbeadh rochtain le fáil ar an áirse agus ar an seomra boghtach. Thugamar tús áite do na hoibreacha san ord seo a leanas: sláinte agus sábháilteacht, iomláine an tséadchomhartha, cosaint. Nuair a bhí an clár oibre á chur i gcrích b'ionann na haicmí sin agus fásra agus fréamhacha doimhne a chóireáil agus a thabhairt chun bealaigh, comhdhlúthú agus pointeáil a dhéanamh ar na haghaidheanna thiar agus theas nár atógadh le linn bhlianta na 1970-idí.

- **Lá an Bhaile Mhúrtha i mBaile Átha an Rí**



Reáchtáladh Lá an Bhaile Mhúrtha i mBaile Átha an Rí Dé Domhnaigh, an 19 Lúnasa 2018, ó 1pm go 5pm. Bhí os cionn 3000 duine i láthair ag an imeacht seo ar *Savour the Past* mar theideal air agus a raibh a théama ceaptha chun Bliain Ghastranamaíochta na Gaillimhe a cheiliúradh trí Fhéasta Bia, Ceoil & Scéalta a chur ar fáil. Bhí clár spraíúil imeachtaí saor in aisce ann, lena n-áirítear athléiriúcháin ar ghníomhaíochtaí meánaoiseacha, ceardlanna ceardaíochta do leanaí, seónna puipéad, triail a bhaint as boghdóireacht, ceol, seastáin bhia, ealaíona meánaoiseacha & ceardaíocht mheánaoiseach, agus léiriúcháin ar imeachtaí stairiúla. Clár imeachtaí uilechuimsitheacha a bhí ann agus seoladh na himeachtaí in Ionad Ceardaíochta Bhaile Átha an Rí, i bPáirc Bhaile Átha an Rí agus sa Halla Pobail.



- **Rian Oidhreachta Bhaile Átha an Rí - bróisiúr Z-chartá agus rian ar líne**
  Ba iad Comhairle Chontae na Gaillimhe, Ionad Ealaíon & Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, Coiste Lá an Bhaile Mhúrtha i mBaile Átha an Rí agus Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann (IWTN) a d'fhorbair an bróisiúr seo agus rian ar líne láithreáin stairiúla Bhaile Átha an Rí. Lainseáladh iad sin Dé Domhnaigh, an 19 Lúnasa, agus scaipeadh an t-ábhar ar fud Bhaile Átha an Rí. Tá an rian ar líne ar fáil ag www.heritage.galwaycommunityheritage.org

- **Rian Oidhreachta Bhaile Átha an Rí - Bróisiúr Z-chárta oidhreachta agus rian oidhreachta ar líne**

  Ba iad an Comhairleoir Eileen Mannion, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, Martina Moloney, Cathaoirleach Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann, agus Michael Starrett, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle Oidhreachta, a lainseáil rian oidhreachta agus bróisiúr oidhreachta Bhaile Locha Riach. San acmhainn nua oidhreachta seo do bhaile meánaoiseach Bhaile Locha Riach, luaitear 21 láithreán nó 21 ionad inspéise mar a thugtar orthu sa domhan digiteach. Is é is aidhm don bhróisiúr agus don rian oidhreachta ar líne ná faisnéis faoi oidhreacht shaibhir Bhaile Locha Riach a chur ar fáil i bhformáid ar a bhfuil rochtain éasca agus feasacht, eolas agus tuiscint faoi na hacmhainní saibhre oidhreachta seo a mhéadú i measc daoine áitiúla agus i measc cuairteoirí i mBaile Locha Riach. Táthar ag súil freisin gurb é a leanfaidh as an rian seo ná tuilleadh taighde agus tionscadal maidir le hoidhreacht Bhaile Locha Riach amach anseo.

- **Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach - 24 - 26 Lúnasa 2018**



Ba é a bhí i **bhFéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach** ná féile 3 lá a mheall lucht féachana ina raibh *circa* 15,000 duine. Bhí an fhéile ar siúl sa tréimhse ón 24 go dtí an 26 Lúnasa 2018. Seoladh féile na bliana seo le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta agus

ba é a bhí i dtéama na féile ná ***A Taste of the Past***. Ba dheireadh seachtaine an-ghnóthach é ar cuireadh imeachtaí agus taibhiúcháin oideachais ar fáil lena linn.

Bhí na himeachtaí ar fad saor in aisce. Bhí imeachtaí ann amhail cainteanna spreagúla, seónna puipéad, comhrac meánaoiseach, boghdóireacht, taispeántais bia mheánaoisigh, ceol, amhránaíocht agus damhsa, siúlóirí ar chosa croise, tionscadal Zibaldone Bhaile Locha Riach, *Talking Food – Local Food and Local People*, Ceardaíocht, cluichí agus grianghrafadóireacht, agus Aifreann meánaoiseach sa mhainistir Chairmilíteach. Chuir an Chomhairle Oidhreachta, Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann, Gaillimh 2020 agus Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniúchán ar fáil ina leith.



- Is é atá in **Stories from the Landscape** ná sraith scannán gearr ina ndéileáiltear le gnéithe éagsúla dár n-oidhreacht chultúir, dár n-oidhreacht nádúrtha agus dár n-oidhreacht fhoirgnithe. Cuireadh tús leis an tsraith sa bhliain 2017 i bhfoirm 9 scannán ghearra i nGaillimh, sa Chlár agus i dTiobraid Árainn. I gcomhair Bhliain na hEorpa maidir le Cultúr Oidhreachta 2018, tá 2 scannán ghearra ullmhaithe againn ar scannáin iad a rinneadh in Éirinn agus san Ostair. Baineann an scannán ar thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis le grúpa 'Déantóirí Ballaí Cloiche' as Éirinn, as an Ostair agus as an nGearmáin agus iad ag obair i gcomhar lena chéile chun bothán cloiche a thógáil in Langenlois san Ostair. Rinneadh an scannán le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus ba é *Galway Film* a léirigh é. Tarraingíonn an scannán aird ar na tairbhí a bhaineann le comhoibriú Eorpach idir ceardaithe. Tríd an scannán seo déanfar caidreamh iontach oibre atá ann cheana féin idir ceardaithe na hÉireann agus ceardaithe na hOstaire a neartú tuilleadh. Féach an nasc seo a leanas: https://vimeo.com/298739315
-
- **Campaí Samhraidh 'Go Wild'.** Forbraíodh campaí samhraidh bithéagsúlachta 2 lá do leanaí in éineacht le Bird Watch Ireland, le Grúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn agus le Grúpa Oidhreachta Mhóta. Cuireadh na cúrsaí rathúla sin i gcrích i Maigh Cuilinn agus i Móta i mí Lúnasa 2018.

- **Turas Ruaidhrí: Turas Bus Bia agus Oidhreachta (Turas Saor in Aisce chun Seachtain na hOidhreachta a Cheiliúradh)**
  Ghlac 52 dhuine páirt sa turas bus seo Dé Céadaoin, an 22 Lúnasa 2018. Ba iad Michael Gibbons, seandálaí iomráiteach, agus Pádraic Ó Raighne, Conamara Pub Tours, a bhí i gceannas ar an turas ar cuireadh tús leis, agus ar tháinig deireadh leis, i Maigh Cuilinn.

- **Ceardlanna maidir le Taifeadadh na hOidhreachta Béil**
  Eagraíodh cúrsa sé seachtaine ar Thaifeadfadh na hOidhreachta Béil sa Seomra Glas in Áras Uilinn, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe. Ba é Garry Kelly, as GK Media, a sheol an cúrsa agus maoiníodh é trí Éire Ildánach.

- **Cúrsa Buneolais ar Scannánaíocht**
  Maoiníodh an cúrsa seo trí Éire Ildánach agus Merchant Gate Films a sheol é. Cuireadh tús leis an gcúrsa ar an 18 Meán Fómhair 2018 agus tá sé dírithe ar ghrúpaí oidhreachta áitiúla i gContae na Gaillimhe ar mhaith leo úsáid a bhaint as físeáin chun scéalta oidhreachta a insint. Bhí deis ag gach ionadaí grúpa foghlaim faoi na céimeanna go léir a bhaineann le scannánaíocht. Is cúrsa praiticiúil é agus déanfaidh gach grúpa ar leith scannán 2 nóiméad mar chuid den chúrsa. Reáchtáladh an chéad chruinniú de chuid an chúrsa i seomra ranga - cruinnithe allamuigh a bhí i gceist leis na cruinnithe go léir eile. Rinneadh an oiliúint agus na scannáin go léir trí úsáid a bhaint as fóin chliste agus as táibléid. Nuair a bheidh an cúrsa críochnaithe is ceart go mbeadh na grúpaí in ann a gcuid scannán féin a dhéanamh gan chabhair amach anseo.

- **Tionscadal Bithéagsúlachta.** Comhairle agus treoir maidir le gnéithe éagsúla den bhithéagsúlacht, lena n-áirítear plandáil crann, déileáil le speicis ionracha agus pleananna i leith pailneoirí, a thabhairt do lucht na mBailte Slachtmhara, do Ghrúpaí Pobail agus do Scoileanna ar fud an chontae. Tionscadal 'Boscaí do Bheacha' a chur ar bun i scoileanna agus tugadh cuairt ar roinnt scoileanna chun bosca agus síolta a bhí le plandáil a chur ar fáil dóibh. Rinneadh iarratas ar mhaoiniúchán ó tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) chun Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú agus ullmhaíodh pleananna do Bhaile Átha an Rí, do Chill Choirín agus do Bhéal Átha Mó.

- **Grúpa Oibre maidir le Speicis Ionracha.** Oibríodh ar straitéis maidir le speicis ionracha in éineacht le rannóga eile de chuid na Comhairle, go háirithe Rannóg na mBóithre, na Maoir Phobail agus leis an lucht Teicneolaíochta Faisnéise. Rinneadh iarratas ar mhaoiniúchán ón NPWS chun scannán gearr a dhéanamh, uirlis idirghníomhach a cheapadh agus oiliúint ar speicis ionracha a fháil agus rinneadh Cóireáil Gunnera ar an mbóthar ón Mám go Droichead an Mháma.

- **Deich mbliana na gCuimhneachán** - Rinneadh láithreán gréasáin Dheich mBliana na gCuimhneachán a fhorbairt tuilleadh agus a uasdátú trí fhaisnéis bhreise agus podchraoltaí a chur leis. Seoladh Comhdháil Chuimhneacháin Bhaile Locha Riach dar teideal **'*1918 Ireland*: Political and Social Change'** ar an 15 Samhain 2018. D'fhreastail 50 duine ar an imeacht sin. Chuathas i mbun an imeachta i gcomhpháirtíocht le Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach.






- D'éirigh go han-mhaith leis an gComhdháil dar teideal **'*Pioneering Women in Irish History*'** a seoladh in Óstán Corralea Court, Tuaim, Dé Sathairn, an 3 Samhain agus cuireadh cuid mhór taighde agus eolais nua ar fáil lena linn maidir leis an méid atá déanta ag mná trí na haoiseanna i leith ár sochaí, ár ngeilleagair agus ár saoil polaitíochta.

  "**Women: their contribution to Irish History & Society**" - Maigh Locha



- Labhair Sabina Uí Uigínn, bean chéile Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, faoin méid atá déanta ag mná trí na haoiseanna i leith shochaí na hÉireann le linn comhdháil a raibh tinreamh mór ann lena haghaidh agus dar teideal **“Women: their contribution to Irish History & Society”**, ar comhdháil í a seoladh ar an 23 Deireadh Fómhair in Ionad Pobail Mhaigh Locha, Maigh Locha, Co. na Gaillimhe.

  Dúirt an Comhairleoir Peter Keaveney, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an méid seo a leanas: “Is deacair a chreidiúint nach bhfuil sé ach 100 bliain ó shin ar ceadaíodh do mhná le dlí vótáil a dhéanamh agus seasamh lena dtoghadh i dtoghcháin pharlaiminteacha. Ach, faoin *Representation of the People Act*, 1918, ní raibh ach mná os cionn 30 bliain d’aois, a raibh cearta maoine acu nó a raibh oideachas ollscoile acu i dteideal vótáil a dhéanamh. Ba í an Chuntaois Markievicz an chéad bhean a toghadh do Pharlaimint na Breataine sa bhliain 2018. Ba ionadaí í do thoghlach i mBaile Átha Cliath ach níor ghlac sí a suíochán in Westminster riamh. Ina ionad sin chuaigh sí isteach sa chéad Dáil réabhlóideach agus ba í an chéad TD baineann í. Bhí ar mhná os cionn 21 bhliain d’aois fanacht go dtí gur ritheadh an tAcht um Bun-reacht Shaorstáit Éireann, 1922, chun cearta vótála iomlána comhionanna a fháil”.
  Tá baint dhlúth ag an imirce go dlúth le saol na tíre le blianta fada agus thug Eileen Davis, a oibríonn mar Oifig Forbartha Turasóireachta Oidhreachta in Ionad Eisimirceach Charna, caint an-eolasach dar teideal “*Women of the Atlantic - Conamara to Portland, Maine from the 1880s to the 1960s*”.

  Ina dhiaidh sin, thug Mary Ryan caint faoi ról agus tábhacht Bhantracht na Tuaithe agus an *Irish Housewives Association* i saol mhná na hÉireann.

  Caint an-spéisiúil eile ab ea an ceann a thug Pat Johnston faoi Ada English.  Chaith Ada beagnach 40 bliain ag obair i Ospidéal N. Bríd i mBéal Átha na Sluaighe. Le linn di a bheith ag obair ansin chabhraigh sí leis na hiarrachtaí chun teiripe cheirde a thabhairt isteach, rud a d’áirigh spóirt, feirmeoireacht agus gairneoireacht, agus turais sheachtainiúla chuig an bpictiúrlann áitiúil. Bhí sí páirteach i bhfeachtas ar son dálaí níos fearr d’othair a raibh

meabhairghalar orthu i mBéal Átha na Sluaighe agus ghlac sí páirt i bhfeachtas ar an leibhéal náisiúnta ar son athchóiriú institiúidí móra síciatracha na hÉireann. Bhí Ada an-ghníomhach i saol polaitíochta na hÉireann freisin. Dúirt TJ Carty, Cathaoirleach Ghrúpa Oidhreachta Mhaigh Locha an méid seo a leanas: "Bhí an grúpa thar a bheith sásta le cáilíocht agus le caighdeán na léachtaí agus tá an taighde nua uilig atá á dhéanamh ag grúpaí oidhreachta áitiúla an-tábhachtach ó thaobh cabhrú linn tuiscint níos fearr a fháil ar na daoine go léir a chuaigh romhainn".

Is dochreidte an scéal é scéal Chailíní Dílleachtacha Theach na mBocht sa Chreagán a cuireadh go hIarthar na hAstráile sa bhliain 1852. Maidir leis an ngrúpa áitiúil a bhfuil am agus fuinneamh á gcaitheamh acu agus iad i mbun taighde faoi na 33 chailín óga a ionnarbadh chun na hAstráile ar bord an *Palestine* ó theach na mbocht sa Chreagán, tá siad le moladh as a saothar ar an ngné seo dár n-oidhreacht cheilte.  Bhí na taifid atá ag Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe i Leabharlann na Gaillimhe an-tábhachtach don taighde a rinneadh faoin ábhar seo.  Tá Patria McWater, Cartlannaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, le feiceáil anseo thíos le linn scannánú chlár Nationwide RTÉ inar léigh Patria sliocht as Miontuairiscí na gCruinnithe a bhí ag Bord Caomhnóirí Theach na mBocht sa Chreagán ar miontuairiscí iad ina bhfuil taifead ar na socruithe a bhí á ndéanamh chun na Cailíní Dílleachtacha a chur chun na hAstráile an tráth sin.





Thug Lorna Elms, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Saol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, caint dar teideal "*Our Irish Women Project*" agus faoin taispeántas a bhaineann leis agus atá ar oscailt don phobal anois sa mhúsaem i gCaisleán an Bharraigh. Tá baint ag roinnt grúpaí sa chontae, amhail Grúpa Oidhreachta Mhaigh Locha, Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí, Oidhreacht Chill Fhir Iarainn, Oidhreacht na Mainistreach, Oidhreacht Bhaile Chláir, Grúpaí Oidhreachta Mhaigh Cuilinn agus Uachtar Ard, leis an tionscadal oidhreachta pobail seo. Beidh an taispeántas á reáchtáil in áiteanna éagsúla i gContae na Gaillimhe sa bhliain 2019.

Cuireadh bailchríoch ar an gcomhdháil le seisiún álainn ceoil, amhránaíochta, damhsa agus filíochta in éineacht le Róisín Mannion, Cathal Sweeney, JoVahey, Emily Greaney agus Emmet Greaney. Jo Vahey, Leabharlannaí Sinsearach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, a chomhordaigh an chuid seo den imeacht.

- **Gradaim an Chathaoirligh** - I measc na nGradam seo áirítear Gradam don tionscadal oidhreachta is fearr agus don fhoilseachán oidhreachta is fearr. Reáchtáladh oíche na ngradam Déardaoin, an 31 Bealtaine sa Chlochán. Ghnóthaigh Grúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn an gradam i leith an tionscadail oidhreachta is fearr agus ghnóthaigh Paddy Beatty an gradam i leith an fhoilseacháin oidhreachta is fearr.

- **ICAN - Láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail.** Lean an Oifig Oidhreachta de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae chun an láithreán gréasáin seo a fhorbairt tuilleadh. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oiliúint oidhreachta araon ar fáil do na grúpaí i rith na bliana. Ina theannta sin, tá tús curtha ag baill ICAN le forbairt taispeántais dar teideal ***Our Irish Women***, agus déanfar an taispeántas sin a lainseáil go hoifigiúil Dé hAoine, an 9 Samhain, i Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh,




- **Féile na gCloch** – D'fhreastail os cionn 100 duine ar Fhéile na gCloch ar Inis Oírr a bhí ar siúl ón Déardaoin, an 13 Meán Fómhair go dtí an Domhnach, an 15 Meán Fómhair. Bhí na rannpháirtithe in ann gabháil do thógáil balla, do litreoireacht, do shnoíodóireacht, do phábháil nó do sceitseáil, taispeántas aoil the a fheiceáil agus éisteacht le cainteanna gaolmhara éagsúla.

- **Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna** - Ina theannta sin, rinneadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht a thabhairt do líon mór grúpaí Bailte Slachtmhara, Oidhreachta Pobail agus Scoile sa bhliain 2018, lena n-áirítear comhairle agus treoir faoi fhoilseacháin oidhreachta, forbairt rianta oidhreachta, taifeadadh oidhreachta béil, Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha agus seimineáir iomchuí a bhain le hoidhreacht áitiúil.
- Tionscadail maidir le hEisimirce agus maidir leis an Diaspóra: Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke – leanadh de bheith ag obair i gcomhar le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard i ndáil leis an tionscadal seo. Forbraíodh agus ullmhaíodh faisnéis ar líne maidir le heisimirce agus maidir leis an diaspóra.
- Mapáil Dhigiteach na Reiligí sa Chontae – Leanadh de bheith ag obair le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus déanfar inscríbhinní cuimhneacháin a thaifeadadh agus a uaslódáil chuig www.gaillimh.ie
- Tá an Tionscadal Scoile 'Beo' ar siúl i gcónaí in éineacht le INSIGHT, OÉG agus Ionad Oideachais na Gaillimhe.
- Bhíothas páirteach in obair Coistí/Meithleacha amhail an Coiste Logainmneacha, *Loughrea Heritage and Development Company*, Éire Ildánach agus Tionscadal 'Life' Oileáin Árann.
- Cuireadh an Scéim Deontas Oidhreachta i bhfeidhm mar chuid den Scéim Deontas Pobail.
- Taighde faoi Bhailte Fearainn - Rinneadh obair in éineacht le GRD, Fóram Chonamara, Ionad Imirce Charna agus Corr na Móna etc maidir le taighde faoi stair bailte fearainn a thaifeadadh agus a dhoiciméadú.
- Rinneadh Féilire an Mhíle Órga a ullmhú i mí na Nollag 2018.

- Seoladh cruinnithe agus cuireadh tionscnaimh oidhreachta ar aghaidh in éineacht le Fóram Oidhreachta & Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.

**CAOMHANTAS AILTIREACHTA**

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair chun reachtaíocht reachtúil atá leagtha amach i gCuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm, ar reachtaíocht í lena ndéantar foráil maidir le cosaint na hoidhreachta ailtireachta ar acmhainn uathúil í do Chontae na Gaillimhe. Áiríodh san obair sin comhairle a sholáthar do ghníomhaireachtaí reachtúla, do phobail áitiúla agus d'úinéirí agus d'áititheoirí foirgneamh agus áiteanna ag a bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta.

Sa bhliain 2018, lean an tAonad Caomhantais d'fheasacht a chur chun cinn i ndáil le foirgnimh stairiúla agus áiteanna stairiúla agus i ndáil leis na scileanna traidisiúnta agus na hábhair is gá chun a chinntiú go dtiocfaidh siad slán sa todhchaí. Rinneadh dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú agus i scileanna traidisiúnta trí na tionscadail chaomhantais éagsúla agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta agus le grúpaí pobail i ndáil lena chinntiú go gcaomhnaítear foirgnimh thraidisiúnta ar díol sainspéise iad.

Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa bhliain 2018:

- Rinneadh déanmhais, grúpaí déanmhas, limistéir agus gnéithe eile lena ngabhann suntas oidhreachta ailtireachta a shainaithint agus a mheasúnú, agus tugadh comhairle ina leith, agus tugadh comhairle d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúil maidir le dea-chleachtas agus maidir le cúnamh atá ar fáil, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, i gcomhair caomhantais den sórt sin.
- Bhí comhairliúcháin réamhphleanála ann agus tugadh comhairle maidir le caomhnú ailtireachta do dhaoine laistigh den údarás áitiúil agus do chomhlachtaí reachtúla agus do chomhlachtaí neamhreachtúla.

- Rinneadh measúnacht ar dhéanmhais sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint i dtaobh oibreacha nach mór cead pleanála a bheith ann maidir leo agus tugadh comhairle réamhphleanála d'úinéirí/d'áititheoirí. Rinneadh tuairisciú, agus tugadh comhairle, maidir le hiarratais phleanála i gcás inar tháinig saincheisteanna chun cinn maidir le hoidhreacht ailtireachta.
- Rinneadh faireachán ar riocht déanmhas ar an RPS agus, de réir mar ba ghá, rinneadh moltaí maidir leis an ngá don údarás pleanála gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh má bhí a leithéid ag teastáil.
- Rinneadh iniúchadh agus measúnú ar dhéanmhais i ndáil lena gcur san áireamh san RPS, lena n-áirítear athbhreithniú Alt 55 a dhéanamh ar bhreisithe agus scriosadh a bhí beartaithe. Rinne na Comhaltaí Tofa breithniú agus cinneadh i dtaobh na dtograí sin ag Cruinniú na Comhairle Contae i Márta 2018.
- Rinneadh measúnachtaí Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACA), lena n-áirítear measúnachtaí ar dhiméinte stairiúla.
- I gcomhpháirt leis an rannóg GIS, rinneadh mór-uasdátú ar Chóras an Fhardail Ailtireachta (AIS), is é sin bunachar sonraí na ndéanmhas cosanta.
- Rinneadh idirchaidreamh le grúpaí pobail agus le comhlachtaí reachtúla maidir le caomhnú reiligí.
- Rinneadh idirchaidreamh le pobail áitiúla agus le comhlachtaí forbartha turasóireachta maidir le Bailte Slachtmhara.
- Rinneadh idirchaidreamh le Gaillimh 2020 agus ICOMOS Ireland.

**Chiste na nDéanmhas i mBaol 2018**

Is é is aidhm don SRF ná laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dtiocfaidh meath ar oidhreacht ailtireachta na hÉireann agus, ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt maidir le fostaíocht do ghairmithe, do chonraitheoirí agus do speisialtóirí i réimse an chaomhantais. Is ionann an ciste agus tacaíocht d'úinéirí/d'áititheoirí i dtaca lena dtiomantas fadtéarma i leith todhchaí na hoidhreachta ailtireachta a áirithiú. Dá bhrí sin, is ionann an SRF agus modh chun tosaíochtaí a leagan amach do mhaoiniúchán lena chinntiú go gcaitear airgead ar an mbealach is éifeachtúla is féidir ar ghnéithe leochaileacha d'oidhreacht ailtireachta na hÉireann.

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an SRF cúnamh le haghaidh oibreacha chun déanmhais a choimirciú sa todhchaí, is é sin le rá, déanmhais ar déanmhais chosanta iad faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) más rud é, i dtuairim DCHG, go bhfuil géarghá le hoibreacha ar na déanmhais sin agus gur taispeánadh an gá sin.

Níl ach déanmhais, nó cuid de dhéanmhais, atá i mbaol suntasach meatha i láthair na huaire cáilithe lena mbreithniú i dtaobh maoiniúchán a fháil ó DCHG.

Níl an SRF ceaptha chun cúnamh a thabhairt i ndáil le gnáthchothabháil, gnáthathruithe nó gnáthfheabhsúcháin. Ní mór gur oibreacha caipitiúla iad na hoibreacha ar fad a dhéantar faoin SRF (Scéim na nDéanmhas i mBaol).

Fógraíodh an Scéim agus rinneadh moltaí tar éis breithniú a dhéanamh ar iarratais a fuarthas. Fuarthas maoiniúchán €7000 ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le haghaidh deisiúchán ar dhíon Theach Rathville, Cill Tulach.



*Teach Rathville, deisiúcháin ar an díon agus ar shimléir*



**An Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe 2018**

Tríd an Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe féachtar le spreagadh a thabhairt i leith caipiteal príobháideach a infheistiú i roinnt tionscadal beagscála diansaothair chun déanmhais stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacaíocht a thabhairt i leith gairmithe agus ceardaithe oilte, a bhfuil taithí acu, a fhostú. Tá an scéim ceaptha chun cabhrú le húinéirí/háititheoirí déanmhas cosanta.

Fuarthas €50,000 faoin Scéim seo le haghaidh 9 dtionscadal. Fuarthas €163,673.00 lena chaitheamh ar oibreacha a críochnaíodh ar chaomhnú gnéithe stairiúla agus bhí 410 lá fostaíochta i gceist leis an obair.



**Eaglais Mhuire Gan Smál, Uachtar Ard:**
deisiúcháin ar an díon agus ar an tsaoirseacht chloiche chun teacht isteach uisce a chosc



**Teachín Páirce, Dún an Uchta** - Deisiúchán ar bháfhuinneog agus ar an rindreáil aoil thart uirthi





**Eaglais Ard Raithin - Deisiúcháin ar fhuinneoga**



**Teach an Chartrúin, Eachroim - Deisiúcháin ar shimléar**



**Ceann Tuí á chur ar dhíon i Maigh Odhar, Dún an Uchta**

**Tábla an mhaoiniúcháin faoin Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe 2018**

| Uimh. Thag. | Déanmhas | Oibreacha | An méid a íocadh |
|---|---|---|---|
| BHIS 18/03 | Caisleán Eilean, Baile Átha an Rí | Deisiúcháin ar an díon | **€3743** |
| BHIS 18/04 | Gairdín Múrtha Dhiméin an Chreagáin | Deisiúcháin ar bhallaí saoirseachta cloiche | **€7906** |
| BHIS 18/05 | Eaglais Mhuire Gan Smál, Uachtar Ard | Deisiúcháin ar earraí báistí | **€3203** |
| BHIS 18/07 | Teach Ceann Tuí, Cnoc Aoil | Tuí úr á cur ar dhíon | **€4000** |
| BHIS 18/08 | Teachín Páirce, Dún an Uchta | Deisiúcháin ar fhuinneoga | **€4000** |
| BHIS 18/09 | Teach Ceann Tuí, Maigh Odhar, Dún an Uchta | Ceann tuí úr agus atógáil simléir | **€5209** |
| BHIS 18/11 | Eaglais Ard Raithin, Ard Raithin | Deisiúcháin ar fhuinneoga | **€4000** |
| BHIS 18/14 | Teach an Chartrúin, Eachroim | Deisiúcháin ar shimléar | **€5006** |
| BHIS 18/17 | Eaglais Chríost, an Clochán | Deisiúcháin ar an díon agus ar Earraí Báistí | **€8203** |

**Oiliúint faoi Scileanna Traidisiúnta**

Seoladh ceardlann lae maidir le húsáid scileanna traidisiúnta aoil the i nGairdín Múrtha an Chreagáin i gcomhar le *Building Limes Forum Ireland* agus *Mountbellew Heritage & Tourism Network C.L.G.*

Bhí an cheardlann dírithe ar SHAOIR CHLOICHE agus ar SHONRAITHEOIRÍ a oibríonn le moirtéar i gcomhair foirgnimh a tógadh go traidisiúnta a dheisiú. D'oir sí d'ailtirí/do shaoir chloiche atá tosú ar obair a dhéanamh ar dhéanmhais stairiúla agus fónann sí mar chúrsa athnuachana dóibh siúd atá ag obair i réimse an chaomhantais cheana féin ach nach bhfuil úsáid bainte acu, b'fhéidir, as meascáin theo ná as moirtéir chré. Ina theannta sin, feidhmíonn sí mar fhóram dóibh siúd ar mian leo a dtaithí a chomhroinnt.



## CEARDLANN MHOIRTÉIR AOIL – Dé hAoine an 7 Meán Fómhair, 2018

**Meascáin mhoirtéir dár nOidhreacht Fhoirgnithe - AOL TE agus Moirtéir Chré**
Ceardlann á hóstáil ag líonra Turasóireachta agus Oidhreachta an Chreagáin

**Sócmhainní Staire**

Oibríonn an grúpa Sócmhainní Stairiúla ar mhodh trasroinne laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar fhoirgnimh atá faoi úinéireacht ag an údarás áitiúil agus atá ar Thaifead na nDéanmhas Stairiúil nó ar fhoirgnimh shuntasacha i Limistéir Caomhantais Ailtireachta. Díríodh ar Scéim Faoisimh Tuile Dhún Coillín agus an Agaird sa bhliain 2018 agus, chomh maith leis sin, ar oibreacha ionchasacha ag Cora Chluana.

**Feasacht a mhéadú**

Trí úsáid a bhaint as maoiniúchán a fuarthas trí Thionscnamh Éire Ildánach, thug aonad Chaomhantas Ailtireachta na Gaillimhe tacaíocht do *Architecture on the Edge* ar ceiliúradh deireadh seachtaine é i

leith ailtireachta in Iarthar na hÉireann. Bhí sraith cainteanna, turas, ceardlann agus taispeántas ann le linn na féile agus bhí cuireadh ag daoine as gach aoisghrúpa scrúdú a dhéanamh ar thimpeallacht fhoirgnithe a gcathrach agus a gcontae. I rith na féile seachtaine seo, cuireadh cuid de na gnéithe ailtireachta is suntasaí de chuid Iarthar na hÉireann ar taispeáint agus tugadh deis chun eolas a fháil faoi chuid de sheoda folaithe ailtireachta na Gaillimhe. Bhí treoraithe saineolacha ar fáil chun bheith i gceannas ar thurais i dtithe, i bhfoirgnimh agus i spásanna nach mbíonn teacht orthu de ghnáth. Spreagann *Architecture at the Edge* díospóireacht spreagúil faoi chaighdeáin i réimsí na dearthóireachta uirbí, na pleanála agus na hinbhuanaitheachta trí chaidreamh a bhunú leis an bpobal ag imeachtaí éagsúla.



**Caisleán Ard Mhaolabháin, an Gort**

D'oscail Oifig na nOibreacha Poiblí an Caisleán don phobal le haghaidh *Architecture on the Edge* agus chuir siad treoir ar fáil freisin maidir leis na freascónna ar an taobh istigh den fhoirgneamh.

### An Gort

Thacaigh an tAonad Caomhantais le *Baile*, is é sin, Grúpa Oibre ICOMOS ar Bhailte Beaga agus ar Shráidbhailte, le Gaillimh 2020 - Príomhchathair chultúir, agus le Grúpa Forbartha Ísealtalamh Bhoirne i leith féile chomhtháite a phleanáil d'fhonn an baile agus a thimpeallacht stairiúil a chur ar taispeáint.






**Béal Átha Ghártha**

***News from Home*** - Rinneadh scannán ina scrúdaítear liricí chumadóir agus bhannamháistir Bhéal Átha Ghártha, PS Gilmore, agus ar an mbaile a chur ar taispeáint i dTeach Cúirte Bhéal Átha Ghártha.

Ealaíontóir de chuid na Gaillimhe, Louise Manifold a rinne an scannán agus féachann sé le scrúdú a dhéanamh ar Bhéal Átha Ghártha, ar a ailtireacht agus ar an gceantar máguaird. Sa scannán seo, tugtar spléachadh ar bhaoiseanna ailtireachta, ar an gcloigtheach cloiche soladaí, ar an teach margaidh a scartáladh agus a bhíodh ann sa chearnóg, agus ar obair thógála le haghaidh phailliún an bhaile. Mar thionscnamh a bhí ag tacú leis an ailtireacht, fuarthas maoiniúchán ó Éire Ildánach chun an scannán a ullmhú.

# Seirbhísí Timpeallachta

Is é atá i ról na Rannóige Timpeallachta ná an Timpeallacht i gContae na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe le cáilíocht na beatha, forbairt eacnamaíochta agus comhlíonadh rialachán. Tá an méid sin le baint amach trí líon mór pleananna, beart agus clár atá le cur i bhfeidhm ag an Aonad ina iomláine.

## Tosaíocht Straitéiseach

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

- Lean an mheitheal feasachta de bheith rannpháirteach leis na hearnálacha tís agus tráchtála i ndáil le feasacht ar an gcomhshaol a chur chun cinn.
- Rinneadh imeachtaí feasachta timpeallachta a reáchtáil ar lena linn a díríodh ar bhainistiú dramhaíola, ar chosc dramhaíola, ar dhramhbhia, ar mhúiríniú baile, ar dhramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, ar chaomhnú fuinnimh agus ar chaomhnú uisce.
- Rinneadh faisnéis faoi ghníomhaíochtaí feasachta agus timpeallachta a chur ar fáil trí na meáin áitiúla, trí na meáin shóisialta, trí leabharlanna, trí scoileanna, trí ghrúpaí deonacha etc.;
- Bhí teagmháil leanúnach ann le grúpaí Bailte Slachtmhara;
- leanadh de chlár na Scoileanna Glasa a bhfuil os cionn 90% de scoileanna an chontae páirteach ann;
- Maoiníodh roinnt tionscnamh frithbhruscair;
- Gaillimh Níos Glaine agus Níos Glaise a chur chun cinn i gcomhar leis an nGarda Síochána.
- Tionscnaimh maidir le Bailiúcháin Shoghluaiste Dramhaíola Guaisí WEEE agus maidir leis an nGlantachán Náisiúnta Earraigh a chur i gcrích.
- Lean Líonra an Údaráis Áitiúil ar Bhearta Coiscthe dá chuid oibre i ndáil le gníomhaíochtaí a shainaithint sna hearnálacha pobail, gnó agus poiblí le haghaidh réimsí amhail cosc dramhaíola, caomhnú fuinnimh, caomhnú uisce, oiliúint agus feasacht.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

- Tar éis próiseas fála, rinneadh an conradh maidir le hoibriú na Láithreán Conláiste Cathartha sa Chlochán, i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe a athnuachan go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Leanfaidh Barna Waste den láithreán a oibriú. Rinneadh an conradh maidir leis na seirbhísí dramhaíola ar Inis Bó Finne a athnuachan go dtí an 31 Márta 2019. Tá Athchúrsáil Teo ag leanúint de na seirbhísí dramhaíola ar na 3 oileán eile a bhainistiú ar bhonn socrú comhpháirtíochta leis an gComhairle. Tá 93 ionad 'Bainc Fág Anseo' ann ar fud an Chontae chun gloine agus cannaí deochanna atá le hathchúrsáil agus éadaí a bhailiú iontu.

- I gcomhar le EPA agus leis an Roinn, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint de chúnamh a thabhairt maidir le bainistiú láithreán Líonadh Talún Chill Chonaill agus den líonadh talún a oibriú chun glacadh le dramhaíl ar feadh tréimhse shainithe ama sa 2 chill atá fágtha.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.**

- Rinneadh 28 gcigireacht ar láithreáin ag a bhfuil cead/deimhniú dramhaíola.
- Rinneadh 129 gcigireacht ag láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite agus eisíodh litreacha rabhaidh agus imeachtaí ionchúisimh de réir mar ba ghá. Tugadh laghdú suntasach faoi deara maidir leis an riosca a bhaineann le láithreáin neamhúdaraithe agus le láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite ach nach mbainistítear go maith agus bhí coinníollacha na gceadúnas á gcomhlíonadh go hiomlán i gcás tuairim is 58% de na láithreáin cheadúnaithe.
- Tháinig méadú suntasach ar fheasacht an phobail i gcoitinne i ndáil le suíomh agus cothabháil a gcórais cóireála dramhuisce ar an láthair. Rinneadh 120 cigireacht de réir cheanglais an NIP, lena n-áirítear cigireachtaí fíorúcháin. Rinneadh 40 cigireacht ar fheirmeacha.
- Bhí conarthaí ann i ndáil le faireachán seiceála & iniúchta agus i ndáil le faireachán amh-uisce. Tógadh 347 sampla ó ghrúpscéimeanna uisce príobháideacha agus ó sholáthairtí uisce príobháideacha agus, i gcás 98% de na grúpscéimeanna uisce príobháideacha agus 93% de na soláthairtí uisce príobháideacha, bhí na caighdeáin atá leagtha síos sna rialacháin maidir le huisce óil á gcomhlíonadh acu.
- Rinneadh imscrúduithe mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas ón líne Náisiúnta Dumpála Neamhdhleathaí, ó dhaoine den phobal agus ó fhoireann na comhairle agus mar fhreagra ar ábhar a fuarthas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireadh feabhas ar an

gcóras bainistithe gearán agus bhí laghdú suntasach ar an líon gearán beo a bhí ann. Dúnadh 1300 gearán.

- Faoi chlár píolótach pacáistíochta CU WERLA, rinneadh comhiniúchtaí i gcomhar le REPAK ar ghnóthaí neamh-chomhlíontacha.
- Le maoiniúchán a chuir DCCAE ar fáil faoi Thionscnamh Frith-Dhumpála 2018, rinneadh glantachán in 7 n-áit a raibh fadhb mhór iontu maidir le bruscair, cuireadh bacainní agus comharthaí in airde agus suiteáladh CCTV.
- Réitíodh 28 gcás maidir le miondíoltóirí bonn neamhchláraithe.





***Bóthar Portaigh Bhaile an Doire - Roimh na hoibreacha agus ina ndiaidh***

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

- Bronnadh stádas 'Bratach Ghorm' ar na tránna seo a leanas sa bhliain 2018:
    - An Pointe Fada, Baile Locha Riach
    - Trácht, Cinn Mhara
    - Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua
    - Trá Mór, Coill Rua, Indreabhán
    - Trá Chill Mhuirbhigh, Inis Mór
    - Limistéar Snámha Phort Omna



Trá an Dóilín

- Fuarthas Gradaim Chósta Ghlais do shé thrá sa bhliain 2018
  - Trá Pholl Na gCaorach, Inis Oírr
  - An Ceann Thoir, Inis Bó Finne
  - Dumhach, Inis Bó Finne
  - Inis Oírr, Oileáin Árann
  - An Aill Bhreac, Baile Conaola
  - Trá Rinn Mhaoile, an Tulaigh



*An Ceann Thoir, Inis Bó Finne*

- Tá 233 reilig liostaithe i gclár reiligí na Comhairle. Rinneadh roinnt méaduithe a chur i gcrích, nó rinneadh dul chun cinn ina leith, i rith na bliana agus, i gcomhar le cuid mhór coistí áitiúla reilige, rinneadh oibreacha feabhsúcháin agus cothabhála ar fud an chontae. Soláthraíodh deontas bliantúil idir €300-€600 do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantair féin agus bronnadh deontas ar 149 gcoiste.
- Reáchtáladh comórtas le haghaidh 'An Reilig Is Slachtmhaire' sa bhliain 2018 agus bhí 27 n-iontrálaí páirteach ann.
- Déanann an Chomhairle Seirbhís Iniúchta Sláinte Poiblí Tréidliachta a sholáthar faoi théarmaí a conartha seirbhíse 5 bliana le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

  Tá 11 seamlas áitiúla ann sa chontae agus 3 cinn díobh ceadaithe i leith Éanlaithe ag an gComhairle faoi reachtaíocht na hÉireann agus faoi reachtaíocht an AE. Déantar eallach, caoirigh, muca agus éanlaith a mharú sna háitribh sin faoi mhaoirseacht na Comhairle. Chomh

maith leis sin, déanann an Chomhairle maoirseacht ar 9 n-áitreabh cheadaithe próiseála feola sa chathair agus sa chontae araon. Tá dhá áitreabh eile cláraithe.

- Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, le heallach agus le caoirigh a imscrúdú i gcomhar leis na Gardaí, leis an Roinn Talmhaíochta agus le grúpaí leasa. Leantar d'fhaireachán a dhéanamh ar Rialú Madraí.
- Tá saoráid gaibhnithe ag an gComhairle i mBéal Átha na Sluaighe (capaill atá ann go formhór). Rinne seirbhís tréidliachta na Comhairle idirchaidreamh leis an Aonad Tithíochta le linn an tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

- Rinneadh cruinnithe agus ceardlanna faisnéise maidir le cosc dramhaíola, cosc dramhbhia, múiríniú baile, caomhnú fuinnimh agus caomhnú uisce a sheoladh ar fud Chontae na Gaillimhe i gcomhar le grúpaí pobail, le grúpaí deonacha agus le coistí bailte slachtmhara. Cuireadh Clár na Gaillimhe maidir le Diomailt Bia a Chosc i bhfeidhm i bpobail agus cabhraíonn an clár sin le sealbhóirí tí laghdú a dhéanamh ar an méid bia a chuirtear amú.
- Tá clár na Scoileanna Glasa á chur i bhfeidhm i gcónaí agus bhí an-rath air go dtí seo agus táthar tar éis Bratach Ghlas a bhronnadh ar 193 scoil sa Chontae.
- Rinneadh Tionscnaimh Frithbhruscair, amhail an Glantachán Earraigh Náisiúnta, Feachtas na Gaillimhe i gcoinne Salú ag Madraí agus an Feachtas i gcoinne Bruscar Guma Coganta a chur i bhfeidhm ar fud an chontae.



**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Soláthraíonn Aonad Timpeallachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe roinnt seirbhísí don phobal, lena n-áirítear Bainistiú Dramhaíola, Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiúchán Timpeallachta, Feasacht ar an Timpeallacht, Reiligí agus Seirbhísí Tréidliachta agus Rialú Madraí.

## Seirbhísí Uisce

Agus í ag obair faoin gComhaontú Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann, faoin gClár Bonneagair agus faoin gClár Oibreacha Caipitiúla, rinneadh dul chun cinn ar fud na bliana 2018 maidir le Seirbhísí Uisce. Táthar ag leanúint de phleanáil, de dhearadh agus de thógáil bonneagair nua agus bonneagair uasghrádaithe ar fud an chontae d'fhonn spriocanna Phlean Infheistíochta Uisce Éireann 2017-2021 a bhaint amach agus d'fhonn comhlíonadh rialachán a chinntiú, ar nithe iad sin a sholáthraíonn cosaint fheabhsaithe don timpeallacht, seirbhísí feabhsaithe do thomhaltóirí agus uisce glan inólta do na húsáideoirí go léir.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa chontae i rith na bliana faoi Chlár Bonneagair Uisce Éireann. D'oscail an tAire Stáit Acmhainní Nádúrtha, Gnóthaí Pobail & Forbartha Digití, Seán Kyne T.D., uasghrádú ar ghléasra cóireála dramhuisce Uachtar Ard go hoifigiúil ar an 13 Márta 2018. Tá acmhainn chóireála ag an ngléasra uasghrádaithe anois le haghaidh daonra coibhéiseach 2,400 duine agus glacann sé sin ionad an tseanghléasra a raibh acmhainn chóireála aige le haghaidh daonra coibhéiseach 500 duine. Tá an gléasra nua ina mhír bhonneagair an-tábhachtach agus tá sé riachtanach chun tacú leis an bhfás leanúnach daonra agus eacnamaíochta in Uachtar Ard agus tá feabhas curtha

aige ar cháilíocht an uisce in Abhainn Ruibhe agus i Loch Coirib chomh maith le feabhas a chur ar acmhainn turasóireachta an bhaile.



*Oscailt oifigiúil Ghléasra Cóireála Uisce Uachtar Ard ar an 13 Márta 2018.*

Rinneadh oscailt oifigiúil mhéadú RWSS Loch Measca i gContae Mhaigh Eo chun soláthar uisce a chur ar fáil do Bhaile Liam a sheoladh ar an 23 Samhain 2018. Is é a bhí i gceist leis an tionscadal sin ná infheistíocht €10m i mbonneagar uisce chun soláthar malartach uisce chóireáilte a chur ar fáil do Bhaile Liam i gCo. na Gaillimhe agus, chomh maith leis sin, do Bhaile an Locha, do Chluain Fhada agus don Gharrán Leathan i gCo. Ros Comáin. Ba é Ciaran Cannon T.D., Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a rinne an oscailt oifigiúil. Mar thoradh ar chur i gcrích an tionscadail seo, éascaíodh WSS Bhaile Liam a bhaint de Liosta Gníomhaíochtaí Feabhais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.



*Oscailt oifigiúil Mhéadú Loch Measca ar scéim Bhaile Liam.*

Leanadh ar aghaidh le hoibreacha uasghrádúcháin ag gléasra Cóireála Dramhuisce Bhaile Átha an Rí rud a mhéadaigh acmhainn an ghléasra ó choibhéis daonra 6,000 go coibhéis daonra 9,500 agus táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe, nach mór, sa dara ráithe den bhliain 2019. Tá dul chun cinn suntasach déanta freisin i leith roghnú an bhealaigh agus i leith na dearthóireachta a bhaineann le gréasán séaraigh i mBaile Átha an Rí.
Síníodh conradh le SIAC Construction Ltd. chun an dara céim d'oibreacha suntasacha uasghrádúcháin a dhéanamh ar an ngréasán dáilte agus draenála uisce i mBéal Átha na Sluaighe sula ndéanfar oibreacha feabhsaithe sráide. Cuireadh tús leis na hoibreacha i mí an Mheithimh agus táthar ag súil go gcríochnófar gné na seirbhísí uisce den chonradh i mí Aibreáin 2019.
Cuireadh dearadh coincheapa i gcrích le haghaidh gléasraí nua cóireála dramhuisce sa Spidéal, sa Cheathrú Rua, in Áth Eascrach agus i gCloch na Rón. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le pleanáil agus dearadh i leith gléasraí nua cóireála dramhuisce sa Chreagán agus i nGleann na Madadh agus tá conradh déanta chun an gléasra nua a thógáil i nGleann na Madadh agus táthar ag súil go dtosófar an obair thógála go luath sa bhliain 2019.

Tá conradh déanta chun 21km de phríomhphíopaí uisce, taiscumar 1,000$m^3$ agus stáisiúin treisithe a thógáil d'fhonn Scéim Réigiúnach Soláthair Uisce Thuama a leathnú chuig Creachmhaoil, chuig Baile Locha Riach agus chuig an gceantar máguaird agus táthar ag súil go dtosófar an tógáil go luath sa bhliain 2019.

## Tosaíocht Straitéiseach

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh**

I measc na n-oibreacha atá ann sa chlár Oibreacha Caipitiúla tá clár athshlánúcháin séarach ann le haghaidh bhailte Phort Omna, Bhéal Átha na Sluaighe, an Chlocháin, an Chreagáin, Dhún Mór agus an Líonáin, mar aon le críochnú suirbhéireachtaí CCTV i leith na gcodanna iomchuí de na gréasáin atá ann cheana féin.
Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádúcháin ag Gléasra Cóireála Dramhuisce Thuama chun acmhainn an ghléasra a optamú agus chun saoráidí glactha sloda a chur ar fáil. Cuireadh tús le hoibreacha optamaithe próisis ag Gléasraí Cóireála Uisce an Ghoirt agus an Spidéil.

Rinneadh dul chun cinn maidir le cúrsaí dearthóireachta agus tíolacadh iarratais phleanála i leith ceithre thaiscumar atá beartaithe le haghaidh an Ghoirt, Thír an Fhia, Leitir Fraic agus RWSS Chill Choirín/Mhaigh Locha sa Sliabh Rua.

## Tosaíocht Straitéiseach

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir**

**le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil**

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hoibreacha athshlánúcháin príomhphíopaí ar fud an Chontae trí bhíthin an Chláir Laghdaithe Sceitheadh. Ó thús na bliana 2018, tá ceithre chuid de na hoibreacha athsholáthair príomhphíopaí, ina bhfuil 21km de phíopaí san iomlán, curtha ar aghaidh trí na céimeanna dearthóireachta agus céimeanna éagsúla bainte amach acu ó thaobh chríochnú na n-oibreacha. Tá an chuid is mó de na hoibreacha sin le cur i gcrích sa bhliain 2019 i suíomhanna éagsúla lena n-áirítear Ros Muc, an Spidéal, an Clochán, Tuaim, Cinn Mhara, Port Omna, Áth Eascrach, Bearna agus Uachtar Ard agus tá tuilleadh oibreacha le sainaithint i dtaca le cur ar aghaidh de.

Áirítear an méid seo a leanas i measc sruthanna tábhachtacha eile oibre atá ar siúl i gcomhthráth lena chéile agus a meastar ina leith go soláthróidh siad tuilleadh tairbhí don Chontae:

- ‘Aimsigh & Deisigh’ Caipitiúil trína n-úsáidtear acmhainní chriúnna agus chonraitheoirí Oibríochtúla agus ‘Aimsigh/Deisigh’ Chomhairle Chontae na Gaillimhe i roinnt Limistéar Méadraithe Ceantair (DMA-anna) ar fud an Chontae.
- Bainistíocht Bhrú trína mbaintear úsáid as criúnna agus conraitheoirí Oibríochtúla agus ‘Aimsigh/Deisigh’ Chomhairle Chontae na Gaillimhe sna Rannáin Seirbhísí Uisce go léir, Thuaidh, Theas & Thiar.
- Tá Athshlánúchán Príomhphíopaí (lena n-áirítear píopaí nua a chur in ionad píopaí luaidhe) ag leanúint ar aghaidh trí obair na gCriúnna Conarthacha Athshlánúcháin Príomhphíopaí sa Rannán Thuaidh (Baile Thuama)
- Tá gníomhaíochtaí ‘Céad-Deisiú’ ar siúl ar fud an chontae trí obair na gCriúnna Conarthacha Athshlánúcháin Príomhphíopaí
- Méadrú (Neamh-Thís) trí obair na gCriúnna Conarthacha Athshlánúcháin Príomhphíopaí i suíomhanna ar fud an Chontae

Mar thoradh ar éifeachtaí iomlána na sruthanna oibre sin atá á gcur i gcrích mar chuid den Clár Laghdaithe Sceitheadh, bainfear amach sábháil shuntasach uisce sna blianta atá díreach romhainn agus beidh tairbhí inbhraite ann do chustaiméirí agus don gheilleagar i gcoitinne.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

Soláthraíonn an Chomhairle tacaíocht don earnáil ghrúpscéimeanna uisce agus, mar thoradh air sin, beidh pobail in ann iad féin a chothú agus a ngnóthaí féin a bhainistiú amach anseo trí riaradh a dhéanamh ar an gClár Uisce Tuaithe thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Tá athrú déanta ag an gclár ó chóras atá bunaithe ar bhlocdheontas trínar tugadh ardrogha don Údarás Áitiúil i dtaca leis an gcaiteachas faoin gclár chuig scéim shonrach ilbhliantúil ar dá réir a bhreithníonn coiste saineolaithe náisiúnta aighneachtaí i leith maoiniúcháin agus a thugtar leithroinntí maoiniúcháin a bhaineann le scéimeanna sonracha.

Soláthraíonn na Grúpscéimeanna Uisce formhaoirseacht bheartais don Chlár trí ionadaíocht ar an gCoiste Áitiúil Faireacháin Uisce Tuaithe a thagann le chéile suas go 4 huaire sa bhliain. Ina theannta sin, soláthraíonn an Clár tacaíocht do ghrúpscéimeanna trí dheontais le haghaidh feabhsúcháin chaipitiúla ar mhaithe le feabhsú scéimeanna agus trí fhóirdheontais i gcomhair oibriú agus cothabháil leanúnach.

Tá na cláir éagsúla go léir a bhaineann le hUisce Tuaithe á maoiniú go hiomlán ag an Roinn Comhshaoil agus bíonn an leibhéal tacaíochta a sholáthraítear sa raon ó 75% go 100%.

Sa bhliain 2018, íocadh Deontais Chaipitiúla arbh fhiú thart ar €0.6m iad agus, chomh maith leis sin, íocadh Fóirdheontais arbh fhiú thart ar €3.4m iad.

Soláthraíonn an Roinn cúnamh deontais freisin i gcomhair oibreacha sonracha cosanta foinse a dhéanann na Grúpscéimeanna Uisce. Is é is aidhm don deontas ná cabhrú le scéimeanna Plean Cosanta Foinse a sholáthar. Oibríonn an Chomhairle go han-dlúth le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce i ndáil le cur i bhfeidhm an chláir agus leantar den chlár a dhíriú go príomha ar fheabhsú na soláthairtí uisce do Ghrúpscéimeanna Uisce.

**Seirbhísí Éigeandála**

***Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe agus Cosaint Shibhialta na Gaillimhe***

**Réamhrá**


Is iad seo a leanas na freagrachtaí atá ar sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe (GFRS):

- Gníomhaíonn sí chun déileáil le dóiteáin agus, chomh maith leis sin, chun déileáil le timpistí tráchta bóthair,

  le teagmhais a bhaineann le hábhair ghuaiseacha, le tarrtháil uisce, le tuiliú agus le mórghuaiseacha de bharr timpistí;
- Féachann sí le héigeandálaí a chosc trí raon oibríochtaí coiscthe dóiteáin agus oibríochtaí teicniúla sábháilteachta dóiteáin a chur i gcrích sa Chontae agus sa Chathair agus trí thionscnaimh phobail éagsúla maidir le sábháilteacht dóiteáin.

- Is í Príomhsheirbhís Éigeandála (PES) an Údaráis Áitiúil í i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe agus, ina gcáil mar Údaráis Áitiúla, is iad na comhairlí sin a fheidhmíonn mar Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRA) i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta maidir le Mór-Éigeandálaí a Bhainistiú 2006.

Faoi láthair, tá 11 stáisiún ann a fhónann do Chontae na Gaillimhe ina bhfuil daonra 179,048 nduine agus do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil daonra 79,504 dhuine (de réir staitisticí CSO 2016) de réir mar a thaispeántar i bhFíor 1.




*Fíor 1: Suíomhanna Stáisiúin Dóiteáin GFRS*

Tá Stáisiúin Dóiteáin suite sna háiteanna seo a leanas:

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Cathair na Gaillimhe (Ceanncheathrú)
- An Gort
- Inis Mór
- Baile Locha Riach
- An Creagán
- Port Omna
- Tuaim
- An Cheathrú Rua

Thosaigh stáisiún dóiteáin na Ceathrún Rua ag oibriú mar an 11ú Stáisiún Dóiteáin de chuid an chontae i bhFeabhra na bliana 2016. Tá 167 nduine ar fostú ag an gComhairle anois mar phearsanra comhraicthe dóiteáin i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe, lena n-airítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus áirithinte sa Chathair agus sa Chontae, oifigigh shinsearacha dóiteáin, meicneoir briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta. De bhreis air sin, tá 4 dhuine ann in FRS na Gaillimhe a fheidhmíonn mar fhoireann shibhialtach tacaíochta riaracháin agus mar fhoireann Cheanncheathrún atá lonnaithe i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, thosaigh an stáisiún dóiteáin nua agus an t-ionad oiliúna i dTuaim ag oibriú (féach Fíor 2). Tógadh é ar chostas €2.4 milliún, lena n-áirítear costais láithreáin agus meithle dearthóireachta, agus cuirfidh an stáisiún feabhas suntasach ar shábháilteacht don chriú, ar chúrsaí oiliúna agus ar na seirbhísí a sholáthraítear i gConamara Thuaidh.




*Fíor 2: Stáisiún Dóiteáin Nua i dTuaim á oibriú ó bhí Deireadh Fómhair 2018 ann*

*Tosaíocht Straitéiseach*

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

**Pobail a Choinneáil Sábháilte – Creat don tSábháil Teacht ó Dhóiteán in Éirinn**

D'fhoilsigh An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM) "Pobail a Choinneáil Sábháilte", arb é toradh athbhreithnithe ar Sheirbhísí Dóiteáin agus ar Shábháilteacht Dóiteáin in Éirinn é, i mí Feabhra 2013. Is ionann "Pobail a Choinneáil Sábháilte" (KCS) agus treoirphlean comhtháite i ndáil le forbairt na ról riachtanach sábháilteachta pobail a chomhlíonann na Seirbhísí Dóiteáin, ar plean é atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2013-2015 agus trína ndéanfar rioscaí a bhainistiú trí aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le feabhsú sábháilteachta poiblí, le laghdú teagmhas, le caighdeáin freagartha agus le struchtúir soláthair seirbhíse sna deich mbliana atá romhainn.

Tá dréacht-aicmiú na rioscaí i limistéar talún (ARC) gach Stáisiúin Dóiteáin ar leith i nGaillimh curtha I gcrích agus cuireadh faoi bhráid NDFEM é I samhradh na bliana 2015 mar chuid den 1ú tuarascáil ón nGrúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh Náisiúnta (EVG), de réir mar a iarradh i gCiorclán NDEM 05/2015. D'eisigh NDFEM dréacht-tuarascáil náisiúnta EVG 1 sa bhliain 2016 I gcomhair díospóireachta ach tá moill curtha le foilsiú thuarascáil deiridh EVG 1. Tá uasdátú déanta ar phlean oibríochtúil Alt 26 Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá sé le cur os comhair an Choiste Beartais Straitéisigh (CBS) agus na Comhairle lena ghlacadh go luath sa bhliain 2019.

**Camp West (Rialú Dóiteáin an Réigiúin Thiar)**

Lean FRS na Gaillimhe den triail slógtha CAMP Next Generation a reáchtáil agus a phíolótú i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe mar chuid de sholáthar trealaimh nua seachstáisiúin i Stáisiúin Dóiteáin réigiún an Iarthair mar chuid de thionscadal Camp CTri. Rinneadh obair theicniúil ullmhúcháin sa bhliain 2018 i ngach stáisiún dóiteáin chun an t-aistriú chuig an gcóras digiteach náisiúnta raidió (TETRA) i bhfeithiclí agus i Stáisiún Dóiteáin na Ceanncheathrún uile a chumasú faoi dheireadh mhí an Mhárta 2018. Glacfaidh an córas sin ionad an ghréasáin VHF atá ann faoi láthair agus, ina dhiaidh sin, beidh córas comhchoiteann uasghrádaithe ceannais agus rialaithe ann sna hionaid chumarsáide dóiteáin go léir.

**Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta**

Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta FRS na Gaillimhe le fáil i Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúla Chomhairle Chontae na Gaillimhe. I lámhleabhar sábháilteachta na Comhairle atá oiriúnaithe do Ghaillimh, tugtar aghaidh ar na cúinsí oibre a ndéileálann an tSeirbhís Dóiteáin leo agus ar gné den bhainistíocht seirbhíse ina leith é, le fada an lá, plé le riachtanas, le rioscaí agus le hacmhainní i raon leathan dálaí. I Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe, leagtar amach an cur chuige atá glactha ag an Údarás Dóiteáin seo i ndáil le sábháilteacht a bhainistiú agus, go háirithe, i ndáil lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

**ISO 45001: Sláinte Cheirde & Córas Bainistíochta Sábháilteachta**

Tar éis creidiúnú a fháil i leith chóras bainistíochta sábháilteachta OHSAS 18001 i mBealtaine 2017, ba nithe tábhachtacha iad do ghníomhaíochtaí Sláinte & Sábháilteachta na seirbhíse dóiteáin iad coimeád an chreidiúnúcháin sin agus an clár bainistíochta Sláinte & Sábháilteachta. Tá achoimre ar na hábhair sin le fáil anseo thíos:-

- **ISO 45001**: I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'éirigh le FRS na Gaillimhe creidiúnú an Údaráis nua um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) i leith Chóras Bainistíochta Sábháilteachta ISO 45001 a bhaint amach. Tá ról tábhachtach ag na hiniúchtaí faireachais a dhéanann an comhlacht creidiúnúcháin (NSAI sa chás seo) i gcóras ISO 45001 chun a chinntiú go ndéantar córais bhainistíochta sábháilteachta a chothabháil de shíor agus go bhfeabhsaítear iad ar bhonn comhsheasmhach de réir cheanglais an chóid cleachtais. I dtaca leis sin de, d'éirigh le FRS na Gaillimhe pas a fháil san iniúchadh a rinneadh sa bhliain 2018 agus tá na chéad iniúchtaí eile le bheith ann i mBealtaine 2018 i stáisiúin dóiteáin Phort Omna agus Bhaile Átha an Rí.




*Fíor 3: Cur i láthair maidir le OHSAS 18001 sa bhliain 2018*

- **Seiceálacha Sábháilteachta i Stáisiúin Dóiteáin**: Cuireadh tús le tionscnamh nua sa bhliain 2017, is é sin, seiceálacha sábháilteachta a dhéanamh go tráthrialta i stáisiúin sábháilteachta. Is é is cuspóir do na seiceálacha sin, a dhéantar ar bhonn sé-mhíosúil i gcás stáisiúin dóiteáin áirithinte agus ar bhonn ráithiúil i gcás stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe, ná forlíonadh a dhéanamh ar shraith measúnachtaí rioscaí statacha i leith ár gcuid stáisiún dóiteáin (a ndéantar athbhreithniú ina leith ar bhonn tríbhliantúil). Ina theannta sin, cuireann siad deis ar fáil chun guaiseacha ionchasach sna stáisiúin dóiteáin a shainaithint ag céim luath agus, ar an dóigh sin, is féidir bearta cuí rialaithe agus gníomhartha ceartaitheacha a chur i bhfeidhm.

- **Cruinnithe / Comhairliúcháin**: Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe de bheith ag teacht le chéile gach mí sa bhliain 2018. Leanadh de chruinnithe an Ghrúpa Oibríochta Sláinte agus Sábháilteachta do phearsanra na Cathrach agus do phearsanra áirithinte na Cathrach agus de na cruinnithe ar leithligh do phearsanra áirithinte an Chontae a sheoladh uair amháin gach dhá mhí sa bhliain 2018.

• **Iniúchtaí:** • Mar atá luaite thuas, rinne NSAI an t-iniúchadh faireachais i leith chreidiúnúchán OHSAS 18001 a chur i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2018. Roghnaíodh stáisiúin dóiteáin na Ceathrún Rua agus Chathair na Gaillimhe mar shuíomhanna le haghaidh na n-iniúchtaí. Rinne pearsanra na seirbhíse dóiteáin sa dá shuíomh sin iarrachtaí suntasacha chun a chinntiú go raibh a stáisiún dóiteáin á chur i láthair go maith. Chinn NSAI nach raibh aon ábhar imní ann ba chúis le tarraingt siar an deimhniúcháin agus d'éirigh leis an tseirbhís an deimhniúchán nua, ISO 45001, a bhaint amach. Tá na chéad iniúchtaí eile le bheith ann i mBealtaine 2019 i stáisiúin Dóiteáin Phort Omna agus Bhaile Átha an Rí.

• **Rialú Legionella**: Tar éis na measúnachtaí riosca legionella a rinneadh ar na stáisiúin dóiteáin sa bhliain 2016, forbraíodh Clár Legionella agus cuireadh tús leis sa bhliain 2017. Is é atá i gceist leis an gclár ná faireachán míosúil ar an mbonneagar seirbhísí uisce i ngach stáisiún dóiteáin, ar faireachán é a dhéanann conraitheoir speisialtóireachta. I gcomhthráth leis an gclár áirithe sin, cuireadh tús le clár ar leithligh i leith oibreacha feabhais a dhéanamh ar bhonneagar seirbhísí uisce i ngach stáisiún dóiteáin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh sna measúnachtaí riosca legionella. Críochnaíodh formhór na n-oibreacha sin i mí na Nollag 2017. Leanadh den fhaireachán maidir le legionella sa bhliain 2018 chun leanúint de laghdú a dhéanamh ar rátáil an riosca maidir le legionella i stáisiúin dóiteáin.

• **Doiciméid Sláinte & Sábháilteachta**: Rinneadh roinnt doiciméad a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta a athbhreithniú agus a uasdátú sa bhliain 2018 agus eisíodh cóipeanna den ábhar sin chuig stáisiúin dóiteáin Leanamar de dhoiciméid a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta a uaslódáil chuig feidhm na Leabharlainne maidir le córas bogearraí agus táibléid fearais dóiteáin an tSeomra Rialaithe Teagmhas. Tá sé beartaithe na doiciméid Sláinte & Sábháilteachta go léir den sórt sin a choimeád ar an modh seo á chinntiú go mbeidh na doiciméid is cothroime le dáta ar fáil gach tráth do na criúnna dóiteáin go léir. Déantar gach treoir oibríochtúil a scaipeadh ar an dóigh chéanna.

• **Tuairisciú Tionóiscí**: Rinneadh tuilleadh oiliúna faoi na nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú tionóiscí agus teagmhas contúirteach a sholáthar do phearsanra na seirbhíse dóiteáin. Tuairiscíodh 13 thionóisc sa bhliain 2018 agus seo a leanas miondealú ina leith:

- 5 thionóisc gan díobháil
- 6 thionóisc ar tharla miondíobháil dá mbarr (bhí am caillte i gceist le 2 cheann díobh)
- 2 neastionóisc

Maidir leis na tionóiscí a tharla, bhain 3 cinn díobh le feithiclí. Leanadh de chothabháil foirgníochta a dhéanamh i stáisiúin dóiteáin i rith na bliana 2018, lena n-áirítear an clár rialaithe legionella a chur i bhfeidhm, oibreacha feabhais a dhéanamh agus córais bhraite agus aláraim dóiteáin a shuiteáil sna stáisiúin dóiteáin nár déileáladh leo roimhe sin.

**Oibríochtaí Dóiteáin (Freagairt)**

Ba é a bhí sa líon iomlán freagairtí éigeandála ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (GFRS) sa bhliain 2017, i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe faoi seach, ná 1755 (1605 theagmhas) agus bhí 796 cinn ann i Limistéar Dóiteáin Chathair na Gaillimhe


| Bliain | Líon iomlán na nglaonna | Líon iomlán na n-eachtraí |
|---|---|---|
| 2010 | 2363 | 2152 |
| 2011 | 1784 | 1623 |
| 2012 | 1462 | 1388 |
| 2013 | 1689 | 1564 |
| 2014 | 1507 | 1336 |
| 2015 | 1540 | 1391 |
| 2016 | 1538 | 1400 |
| 2017 | 1580 | 1418 |
| 2018 | 1755 | 1605 |





*Fíor 4: Treochtaí maidir le Teagmhais i gCathair agus i gContae na Gaillimhe 2010 – 2018*

agus bhí 1059 bhfreagairt éigeandála ann sa chuid eile de Chontae na Gaillimhe. Is ionann an ráta foriomlán glaonna agus méadú 11% i gcomparáid leis an mbliain 2017. Tá treochtaí maidir le teagmhais/freagairtí don Chathair agus don Chontae sa tréimhse 2010-2018 ar taispeáint i bhFíor 4. Tá líon na dteagmhas/bhfreagairtí ar freastalaíodh orthu mórán mar an gcéanna ó bhí an bhliain 2015 ann ach tá comharthaí ar threocht mhéadaitheach ann ó bhí an bhliain 2017 ann. Tá treochtaí maidir le teagmhais/freagairtí i limistéir dhóiteáin na Cathrach agus an Chontae faoi seach don tréimhse 2009-2018 le feiceáil i bhFíor 5.

| Bliain | Cathair | Contae |
|---|---|---|
| 2009 | 910 | 1055 |
| 2010 | 1040 | 1323 |
| 2011 | 801 | 983 |
| 2012 | 687 | 775 |
| 2013 | 779 | 910 |
| 2014 | 701 | 806 |
| 2015 | 661 | 879 |
| 2016 | 613 | 925 |
| 2017 | 644 | 936 |
| 2018 | 696 | 1059 |




*Fíor 5: Treochtaí maidir le Teagmhais i Limistéir Dhóiteáin na Cathrach & an Chontae 2010-2018*




| Glaonna éigeandála lena n-áirítear Glaonna Cúntóireachta | Glaonna éigeandála gan Glaonna Cúntóireachta san áireamh |
|---|---|
| 696 | 692 |
| 205 | 69 |
| 118 | 112 |
| 106 | 95 |
| 97 | 81 |
| 119 | 74 |
| 77 | 44 |
| 60 | 61 |
| 125 | 122 |
| 28 | 28 |
| 124 | 112 |
| 1755 | |



*Fíor 6: Miondealú ar na Glaonna Éigeandála lena n-áirítear glaonna ar tugadh cúnamh ina leith sa bhliain 2018*

Tá miondealú le fáil i bhFíoracha 6 & 7 maidir le freagairtí agus teagmhais éigeandála de réir Stáisiún Dóiteáin, lena n-áirítear glaonna cúnaimh agus gan glaonna cúnaimh a áireamh faoi seach. I gcomparáid leis an mbliain 2017, tá méadú 11% tagtha ar na leibhéil foriomlána gníomhaíochta agus tá an ghníomhaíocht chéatadánach in aghaidh an stáisiúin measartha cobhsaí.



| Stáisiún | Glaonna éigeandála gan Glaonna Cúntóireachta san áireamh |
|---|---|
| Gaillimh | 692 |
| Baile Átha an Rí | 69 |
| Béal Átha na Sluaig | 112 |
| An Clochán | 95 |
| An Gort | 81 |
| Baile Locha Riach | 74 |
| An Creagán | 44 |
| Port Omna | 61 |
| Tuaim | 122 |
| Inis Mór | 28 |
| An Cheathrú Rua | 112 |
| | 1490 |



*Fíor 7: Miondealú, de réir Stáisiúin, gan Glaonna ar tugadh cúnamh in leith a áireamh sa bhliain 2018*

Táscairí Feidhmíochta Oibríochtúla 2018

Sa bhliain 2018, ba é a bhí sa mheánchostas in aghaidh gach duine ar leith den daonra i leith an tSeirbhís Dóiteáin a sholáthar i gCathair agus i gContae na Gaillimhe ná €47.68. Tá táscairí feidhmíochta leagtha síos ar bhonn náisiúnta maidir le Seirbhísí Dóiteáin údaráis áitiúil:

Ba iad na meán-amanna freagartha maidir le gach teagmhas, i gcás na bhfeithiclí ba thúisce a d'fhreastail ar an láthair sa tseirbhís lánaimseartha Cathrach agus sa tseirbhís áirithinte Contae, 2.33 nóim agus 5.38 nóim faoi seach.

Is é atá sa dara táscaire feidhmíochta ná an fad ama a thóg sé, tar éis an ghlao a fháil, chun láthair an teagmhais a shroicheadh, i gcás dóiteán amháin, mar chéatadán i leith tréimhsí éagsúla ama, agus is mar a leanas na figiúirí do Bhriogáidí na Cathrach agus an Chontae:
- Níos lú ná 10 nóiméad – 32.5% de na glaonna;
- Níos mó ná 10 nóiméad agus níos lú ná 20 nóiméad – 40.4% de na glaonna
- Níos mó ná 20 nóiméad – 27.1% de na glaonna

Ba é a bhí sna táscairí feidhmíochta maidir le gach teagmhas eile, gan dóiteáin a áireamh agus i gcomhair na bparaiméadar céanna, ná 45.9%, 39.9% agus 14.2% faoi seach.

Níor tharla aon bhásanna de bharr dóiteáin thimpisteacha sa bhliain 2018 i gcathair ná i gcontae na Gaillimhe.

Trealamh Nua
Ceannaíodh trí cinn nua d'umair uisce shoghluaiste sa bhliain 2018 chun dóiteáin fiathalún agus dóiteáin sna hoileáin a chomhrac mar a thaispeántar i bhFíor 8. Táthar ag súil go gcuirfear an clár seo i gcrích sa bhliain 2019. Ina theannta sin, fuarthas tancaer athláimhe agus tá athfheistiú an tancaeir sin le críochnú go luath sa bhliain 2019. Beidh an fheithicil sin lonnaithe sa Cheathrú Rua. Sa bhliain 2018 freisin, ceannaíodh trealamh nua tarrthála le haghaidh spásanna cúnga.



*Fíor 8: Umar Uisce Soghluaiste Fiathalún*

***Tosaíocht Straitéiseach***

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

**Sábháilteacht agus Cosc Dóiteáin Pobail**

Ar fud na bliana 2018, leanadh den obair a dhéantar sa Rannóg Coiscthe Dóiteáin & Sábháilteachta Dóiteáin.


Cigireachtaí

Rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 241 chigireacht ar áitribh sa bhliain 2018 mar chuid dá Feidhm Choiscthe Dóiteáin faoin Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981, faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2014, faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, faoi na hAchtanna Pleanála agus faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha.

Iarratais ar Cheadúnais Phoiblí


Sa bhliain 2018, fuair an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 294 iarratas agus phróiseáil sí 159 n-iarratas ar cheadúnais phoiblí. Bhí líon foriomlán na n-iarratas ar Cheadúnais Phoiblí comhionann leis an líon a bhí ann sa bhliain 2017. Tá an ghníomhaíocht i leith ceadúnais phoiblí sna bhlianta ó 2008 go 2018 ar taispeáint i bhFíor 9.

Iarratais are Cheadúnais d’Áitribh 2008 - 2018





*Fíor 9: Iarratais ar Cheadúnais Phoiblí 2008 - 2018*

| Bliain | Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán a fuarthas | Measadh a bheith neamhbhailí | Eolas breise | Ceadaithe | Diúltaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 2008 | 434 | 61 | 264 | 370 | 3 |
| 2009 | 252 | 43 | 162 | 208 | 1 |
| 2010 | 259 | 55 | 173 | 204 | 0 |
| 2011 | 256 | 40 | 162 | 216 | 0 |
| 2012 | 208 | 32 | 109 | 174 | 2 |
| 2013 | 213 | 38 | 105 | 174 | 1 |
| 2014 | 231 | 34 | 128 | 189 | 3 |
| 2015 | 256 | 37 | 148 | 198 | 0 |
| 2016 | 251 | 39 | 145 | 210 | 0 |
| 2017 | 262 | 38 | 151 | 218 | 0 |
| 2018 | 286 | 36 | 161 | 238 | 0 |




*Físor 10: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) 2008-2018*

| Bliain | Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas | Measadh a bheith neamhbhailí | Ceadaithe | Diúltaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2010 | 47 | 1 | 46 | 0 |
| 2011 | 61 | 1 | 60 | 0 |
| 2012 | 57 | 9 | 48 | 0 |
| 2013 | 72 | 6 | 66 | 0 |
| 2014 | 76 | 9 | 68 | 0 |
| 2015 | 92 | 7 | 86 | 0 |
| 2016 | 81 | 0 | 81 | 0 |
| 2017 | 79 | 0 | 79 | 0 |
| 2018 | 103 | 0 | 103 | 0 |




*Fíor 11: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas 2010-2018*

Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin


Dhéileáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin le 286 Iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin de gach cineál faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, agus bhain 164 iarratas díobh sin le limistéar na Comhairle Contae agus bhain 122 iarratas díobh le limistéar na Comhairle Cathrach. Is ionann an líon foriomlán iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus méadú 9% i gcomparáid leis an mbliain 2017. Tá an ghníomhaíocht i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin sna bhlianta ó 2008 go 2018 ar taispeáint i bhFíor 10.

Léiríonn na figiúirí seo téarnamh comhréidh i dtaca le gníomhaíochtaí tógála tráchtála beartaithe i limistéar na Gaillimhe sa bhliain 2018 ach tá siad fós íseal i gcomparáid leis na blianta mórbhorrtha. Ach léiríonn líon méadaitheach na n-iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2018 go bhfuil siad ag dul i dtreo leibhéil na mblianta mórbhorrtha, rud a léiríonn méid agus castacht mhéadaitheach na tógála tráchtála atá beartaithe lena forbairt.

Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ba é a bhí sa líon iomlán Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2018 ná 103 agus b'ionann sin agus méadú 30% i gcomparáid leis an mbliain 2017. Tá an ghníomhaíocht i leith Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas sna bhlianta ó 2010 go 2018 ar taispeáint i bhFíor 11.

| | |
|---|---|
| 2008 | 316 |
| 2009 | 187 |
| 2010 | 156 |
| 2011 | 120 |
| 2012 | 97 |
| 2013 | 154 |
| 2014 | 126 |
| 2015 | 120 |
| 2016 | 115 |
| 2017 | 106 |
| 2018 | 137 |





*Fíor 12: Tarchuir Phleanála 2008-2018*

Tarchuir Phleanála

Ba é a bhí sa líon iomlán tarchur pleanála sa bhliain 2018 sa Chathair agus sa Chontae ná 137 agus tá an ghníomhaíocht i leith tarchuir phleanála sa tréimhse ó 2008 fo 2018 ar taispeáint i bhFíor 12.

Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal

Fuair FRS na Gaillimhe aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fadsaoil do 250 teaghlach agus eisíodh iad chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Cuireadh an tionscadal sin i gcrích le cúnamh ó na hAonaid Chomhshaoil agus Fiontraíochta i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe.




*Fíor 13: Póstaer an Fheachtais maidir le Cosc Dóiteán Fiathalún*




*Fíor 14: Teachtaireacht Sábháilteachta Dóiteáin Pobail ar Fhearais Dóiteáin*

Sa bhliain 2018, lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe de chainteanna faoi shábháilteacht dóiteáin a thabhairt do phobail de réir mar a iarradh orthu déanamh amhlaidh, leanadh de chuairteanna fearais dóiteáin a thabhairt ar scoileanna agus leanadh de pháirt a ghlacadh i Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin tráth ar osclaíodh stáisiúin dóiteáin do dhaoine den phobal agus a ndeachthas i mbun feachtas fógraíochta nuachtáin. Sa bhliain 2018, leanadh de Chlár na mBunscoileanna do leanaí 3ú rang sa chontae.

Ina theannta sin, reáchtáil FRS na Gaillimhe feachtas fógraíochta (féach Fíor 13) i nuachtáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta chun iarracht a dhéanamh an líon dóiteán fiathalún a laghdú go háirithe i gConamara agus i nDeisceart an Chontae. Cuireadh na póstaeir ar taispeáint i ngnóthaí móra freisin. Chomh maith leis sin, chuir FRS na Gaillimhe tús le teachtaireacht sábháilteachta a chur ar taispeáint ar fhearais dóiteáin ar bhonn trialach, chun suntas a thabhairt don fheachtas náisiúnta 'Cuir STOP le DÓITEÁIN'. Táthar ag súil go leathnófar an tionscnamh sin, sa bhliain 2019, chuig na fearais go léir is túisce a fhreastalaíonn ar theagmhais.

**<u>Bainistíocht Mór-Éigeandálaí (MEM)</u>**

Lean an Coiste Forbartha Mór-Éigeandálaí (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua do Bhainistíocht Mór-Éigeandálaí (MEM) dá chuid oibre. Bhí obair ar siúl i gcónaí ar athbhreithniú Phlean Mór-Éigeandála Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá an t-athbhreithniú sin le críochnú go luath sa bhliain 2019. Mar chuid den athbhreithniú sin, bhí athbhreithniú ar Fhophleananna Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Drochaimsir agus Freagairt i leith Tuile á n-athbhreithniú freisin.
Ar bhonn áitiúil, lean coiste MEM dá gcuid oibre ar athbhreithniú Pleananna Éigeandála Seachtraí (EEP) do Láithreán Shraith Uachtarach Seveso (faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2015). Faoi na Rialacháin sin, ní mór do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRA-anna), ar a dtugtar Údaráis Áitiúla Inniúla (LCA-anna), athbhreithniú a dhéanamh ar EEP-anna uair amháin gach trí bliana, lena n-áirítear cleachtaí a reáchtáil. I measc na ngníomhaireachtaí (LCA-anna) áirítear Comhairle Chontae na Gaillimhe (lena n-áirítear Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe mar PES), Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána, HSE Thiar (lena n-áirítear an tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta (NAS)) agus an t-oibreoir láithreáin eile agus gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an tÚdarás Calafoirt.

Rinneadh na pleananna seo a leanas a athbhreithniú agus a thástáil sa bhliain 2018:

- Plean Éigeandála Seachtraí Cold Chon (Láithreán Shraith Uachtarach COMAH)
- Plean Idirghníomhaireachta Freagartha na nOileán.

I gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe, seoladh réamhchruinnithe i ndáil leis an athbhreithniú ar Phlean Éigeandála Seachtraí Circle K (Láithreán Shraith Uachtarach COMAH) agus ní mór an t-athbhreithniú sin a chríochnú sa bhliain 2019. Bhí obair ar siúl i gcónaí freisin maidir le bailchríoch a chur ar Phlean Éigeandála Seachtraí le haghaidh Stáisiún Cumhachta Thíne (láithreán sraithe íochtaraí).

Seoladh na cleachtaí mór-éigeandála seo a leanas sa bhliain 2018:

- Cold Chon in Órán Mór ar an 3 Aibreán 2018

- Freagairt Oileáin (Aer Árann) ag Aerfort Chonamara agus ar Inis Meáin ar an 16 Deireadh Fómhair 2018

Mar chuid de na cleachtaí sin, lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe den Aonad Soghluaiste Comhordúcháin ar an Láthair (atá lonnaithe i stáisiún dóiteáin an Ghoirt), de réir mar a thaispeántar i bhFíor 15, agus den Lárionad Comhordúcháin Áitiúil athfheistithe, de réir mar a thaispeántar i bhFíor 16, a leabú   Úsáideann ab tAonad sin agus an Lárionad sin araon an córas nua leictreonach i leith bainistíocht faisnéise (eIMS).
Ina theannta sin, lean pearsanra de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe dá rannpháirtíocht i nGrúpa Stiúrtha MEM Réigiún an Iarthair agus i nGrúpaí Oibre MEM an Iarthair araon, ar grúpaí iad sin ina gcuimsítear baill de chuid na bPríomhsheirbhísí Éigeandála (PES) i Réigiún an Iarthair (Seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúil, Rannáin Áitiúla de chuid an Gharda Síochána agus Seirbhís Otharcharr HSE Thiar).

Leantar de Cheannoifig Chomhairle Chontae na Gaillimhe a úsáid mar phríomhshuíomh do Lárionad Áitiúil Comhordúcháin (LCC) na dtrí Phríomhghníomhaireacht Freagartha sin (PRA-anna), Comhairle Chontae na Gaillimhe, HSE Thiar agus Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána i gcás Mór-Éigeandálaí i limistéar Chathair agus Chontae na Gaillimhe. I lár na bliana 2018, tíolacadh cás do NDFEM le haghaidh maoiniúcháin chun gineadóir cúltaca a chur ar fáil don LCC mar chuid de phlean leanúnachais gnó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.


Ina theannta sin, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe bainistíocht, sa bhliain 2018, ar an éileamh bliantúil réigiúnach thar ceann 8 PRA-anna i réigiún an iarthair.




*Fíor 15: Aonad Lárionad Comhordúcháin ar an Láthair (OSCC) MEM Réigiún na Gaillimhe*

Maidir leis an dá chleachtadh MEM a seoladh sa bhliain 2018, bhain FRS na Gaillimhe úsáid as an gcoimeádán ilchorpáin agus as an tsaoráid choinneála ilchorpáin *fleximort* de réir mar a thaispeántar

i bhFíoracha 17, 18 agus 19 thíos, Is é Cosaint Shibhialta na Gaillimhe a oibríonn na haonaid sin agus cúnamh á fháil acu ó FRS na Gaillimhe agus ó NAS de réir mar is cuí agus is gá.




*Fíor 16: An tIonad Comhordúcháin Áitiúil agus an Córas Leictreonach Bainistíochta Faisnéise*



*Fíor 17: Aonad Cuisnithe Stórála Corpán Fleximort*


**<u>Bainistíocht Struis i gcás Teagmhais Chriticiúla</u>**

Ina cáil mar údarás conarthach do Sheirbhísí Dóiteáin i réigiún an Iarthair le haghaidh CAMP, leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de bhainistíocht a dhéanamh i ndáil le chonradh le Inspire

Ltd i leith seirbhísí CISM a sholáthar do Sheirbhísí Dóiteáin i réigiún an Iarthair ó Dheireadh Fómhair 2017 go Meán Fómhair 2020.




*Fíor 18: Coimeádán Cuisnithe Stórála Corpán*




*Fíor 19: Leagan Amach Inmheánach an Choimeádáin Chuisnithe Stórála Corpán*

***Tosaíocht Straitéiseach***

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

**Caipiteal**

Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe iarratas sa bhliain 2018 ar aisíoc maoiniúcháin chaipitiúil tuairim is €1.8 milliún ón Stiúrthóireacht Náisiúnta maidir le Bainistiú Dóiteán agus Éigeandálaí sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Bhain an t-iarratas sin leis an méid seo a leanas:

- Íocaíochtaí conartha agus táillí gairmiúla i ndáil le Stáisiún Dóiteáin nua Thuama
- Dhá Fhearas Dóiteáin Aicme B athláimhe a fháil
- 4WD nua don chontae agus salún nua a fháil
- Veain athláimhe a fháil do mheicneoir na Briogáide
- Aláraim dheataigh a fháil
- Éileamh bliantúil i leith MEM Réigiúnach

Tugaimid admháil i leith na tacaíochta fíorthábhachtaí sin a tugadh don Chomhairle chun tacú le soláthar seirbhísí dóiteáin agus éigeandála ag an gComhairle i limistéar na cathrach agus an chontae.

**Oiliúint**

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, chuir FRS na Gaillimhe méid suntasach oiliúna ar fáil sa bhliain 2018. Soláthraítear an oiliúint sin ar na modhanna seo a leanas:

- Oiliúint oíche druileála i stáisiúin áirithinte sa Chathair agus sa Chontae
- Oiliúint faire laethúla i stáisiún lánaimseartha Chathair na Gaillimhe
- Cúrsaí oiliúna láraithe idir chúrsaí tosaigh agus chúrsaí athnuachana

An Clár Oiliúna Oíche Druileála

De réir an chláir oiliúna oíche druileála, leanadh den oiliúint instáisiúin a thabhairt go háitiúil sna Stáisiúin Áirithinte go léir sa bhliain 2018. Tá an oiliúint seo dírithe ar chroíscileanna agus cuireann oifigigh na stáisiún go léir ar fáil í. Cuireadh cúrsa athnuachana maidir le láimhsiú ar fáil freisin.

An Clár Oiliúna maidir le Faire Laethúil

De réir an chláir oiliúna maidir le faire laethúil, leanadh den oiliúint instáisiúin a thabhairt go háitiúil sa bhliain 2018 i Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe don phearsanra lánaimseartha. Tá an oiliúint seo dírithe ar chroíscileanna agus cuireann oifigigh na stáisiún go léir ar fáil í. Cuireadh cúrsa coimeádta scileanna ar fáil do róil speisialtóireachta agus é bunaithe ar fhearais speisialtóireachta atá lonnaithe sa stáisiún, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- An t-aonad ábhar guaiseach
- An t-aonad cuair
- Inneall éigeandála
- Ardán dréimire aerga (ALP)

Clár Oiliúna Láraithe

De réir an chláir bhliantúil oiliúna don bhliain 2018, eagraíodh cúrsaí oiliúna tosaigh agus athnuachana go lárnach mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Áiríodh na cúrsaí seo a leanas i measc na gcúrsaí a seoladh:

- Cúrsa athnuachana maidir le faireas análaithe
- Cúrsa tosaigh agus cúrsa athnuachana maidir le hiompar dóiteáin in urranna
- Aerú i leith brú dearfach
- An Céadfhreagróir i leith Éigeandáil Liachta
- Oibriú crangaide
- Tarrtháil Ilchineálach
- Obair ag leibhéal ard/an nós imeachta maidir le simléir
- Tarrtháil téada
- Tarrtháil Uisce
- Oibreoir Caidéil agus Córais Cúir Aerbhrúite
- Tarrtháil i spás cúng do cheannasaithe teagmhais/mhaoirseoirí tarrthála téada

Chuir NDFEM cúrsa oiliúna speisialtóireachta ar fáil, is é sin, tarrtháil i spásanna cúnga do cheannasaithe teagmhais/mhaoirseoirí tarrthála téada. Cuireadh an cúrsa sin ar fáil roimh sholáthar na hoiliúna i leith tarrtháil i spásanna cúnga do gach oifigeach agus do chomhraiceoirí dóiteáin sa bhliain 2019/2020. Ina theannta sin, d'fhreastail comhraiceoirí dóiteáin as áiteanna ar fud an chontae ar chúrsaí oiliúna tosaigh agus athnuachana do Chéadfhreagróirí Éigeandála Liachta chun tacú lena gcuid scileanna tacaíochta beatha ar láthair theagmhais.

Rinneadh Cúrsa Tosaigh 3 seachtaine d'Earcaithe i leith churaclam NDFEM, trína soláthraítear oiliúint bhunleibhéil dár gcomhraiceoirí áirithinte, a sheoladh i Stáisiún Dóiteáin an Chlocháin. Ina dhiaidh sin, lean na comhraiceoirí dóiteáin sin ar aghaidh lena n-oiliúint agus d'fhreastail siad ar dhianchúrsa dhá sheachtain d'Iompróirí Fearais Análaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhré, Co. Chill Mhantáin.
Rinne comhraiceoir dóiteáin lánaimseartha nua-earcaithe de chuid Chathair na Gaillimhe cúrsa 10 seachtaine d'earcaithe a chríochnú go rathúil i gColáiste na Seirbhíse Dóiteáin sa Ríocht Aontaithe agus chuaigh an comhraiceoir sin i mbun oibríochtaí ag deireadh an bliana 2018.

<u>Oiliúint Náisiúnta Láraithe</u>
Lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe de mhic léinn a chur chuig cúrsaí oiliúna láraithe a sheolann an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistithe Dóiteáin agus Éigeandála (NDEFM) in ionaid oiliúna éagsúla ar fud na tíre. Ina measc siúd, áirítear an méid seo a leanas:

- Cúrsa teagascóra maidir le himbhualadh tráchta bóthair
- Cúrsa maidir le hábhair ghuaiseacha
- Oiliúint maidir le ceannasaíocht i leith hiodraitheagmhas
- Cúrsa maidir le ceannasaíocht oibríochtúil d'oifigigh shinsearacha
- Seimineáir maidir le hinnealtóireacht dóiteáin agus ceannasaíocht oibríochtúil d'oifigigh shinsearacha



*Fíor 20: Oiliúint á seoladh sa Chlochán maidir le Saintréithe Dóiteán in Urranna*



*Fíor 21: Oiliúint maidir le Tarrtháil i Spásanna Cúnga i dTuaim*




*Fíor 22: Stáisiún Dóiteáin nua Thuama a thosaigh ag oibriú i mí Dheireadh Fómhair 2018*

**Athfhorbairt Stáisiún Dóiteáin**

Thosaigh stáisiún dóiteáin áirithinte nua, ag a bhfuil 4 bhá, ag oibriú i dTuaim ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2018 tar éis conradh 10 mí a chur i gcrích. Cuireadh meastóireachtaí caipitiúla breise faoi bhráid na Stiúrthóireachta Náisiúnta Bainistithe Dóiteáin agus Éigeandála i leith stáisiúin dóiteáin Bhaile Átha an Rí agus Bhéal Átha na Sluaighe agus cuireadh an obair ar aghaidh freisin i ndáil le Cathair na Gaillimhe.

**Fearas dóiteáin nua Aicme B**

Cuireadh an próiseas tairisceana maidir le Fearas Dóiteáin nua Aicme B a chur ar fáil a chríochnú ar bhonn réigiúnach mar chuid den Phróiseas Fála Náisiúnta sa tréimhse ó 2018 go 2020 agus tá an fearas nua le seachadadh i gCathair na Gaillimhe i lár na bliana 2018.

**Pearsanra**

Is saincheist bhuan í líon foirne na gcriúnna a choimeád ag leibhéal tairiseach sa tseirbhís áirithinte agus, mar thoradh ar shaincheisteanna ar leith i dTuaim, bhí gá le socruithe ainmnithe cúltaca ag deireadh na bliana 2018.. Leanadh de bhaill foirne criúnna a earcú sa bhliain 2018 agus tabharfar aghaidh ar an staid i dTuaim, ina hiomláine, faoi lár na bliana 2019.
Tarraingítear aird freisin ar scor triúr Oifigeach Stáisiúin áirithinte sa bhliain 2018, ar oifigigh iad a raibh taithí mhór acu. Scoir OS Jody Kilkelly as Baile Átha an Rí, OS Ger King as an gClochán agus OS Enda Gil as Inis Mór agus cronófar a dtaithí shuntasach laistigh de Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe. Ag éirí as sin, seoladh agallaimh ardaithe céime sna stáisiúin lena mbaineann chun a chinntiú go mbeadh líon foirne iomlán ann.

**Cosaint Shibhialta**

Bhí bliain ghnóthach ag Cosaint Shibhialta na Gaillimhe trína 5 ionad oiliúna i gCathair na Gaillimhe, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCluain Bheirn agus, ar bhonn áitiúil agus ar bhonn lárnach, tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Bhí clár oiliúna ar siúl i

rith na bliana 2018 maidir le Céadfhreagairt Chairdiach, Céadfhreagróirí Garchabhrach agus Céadfhreagairt Éigeandála.

Chomh maith le clár oiliúna na bliana, bhí oiliúint ar fáil ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2018 tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Cuireadh oiliúint ar fáil sa choláiste freisin maidir le athdheimhniú teagascóra i ndáil le disciplíní éagsúla.

D'fhreastail gach aonad ar iarrataí ar chúnamh óna bpobail le linn imeachtaí pobail áitiúla agus chuir siad clúdach garchabhrach, agus cúnamh eile a iarradh, ar fáil. Cuirtear fáilte roimh bhaill nua ó phobail áitiúla i gcónaí agus tugann an cór teagaisc oiliúint den chaighdeán is airde agus is féidir do gach ball.

Sa bhliain 2018, lean an Chosaint Shibhialta den úsáid a bhaineann siad as an gcóras ríomh-ghrinnfhiosrúcháin i leith baill nua agus baill reatha. Leanann an córas nua sin de bheith níos éifeachtúla ná mar a bhí roimhe seo agus faightear cinneadh faoi stádas grinnfhiosrúcháin laistigh d'amscála i bhfad níos giorra ná riamh.

Sa bhliain 2018, chláraigh 32 bhall nua, as áiteanna éagsúla ar fud an Chontae, le Cosaint Shibhialta na Gaillimhe, rud a d'fhág go bhfuil 305 bhall ann ar an gclár anois.

Thug aonad Chathair na Gaillimhe, agus cúnamh á fháil aige ó aonaid chontae, clúdach le haghaidh Sea Fest i gCuan na Gaillimhe i dtús mhí Iúil. Bhí clúdach Otharchairr/Liachta agus criúnna sábháilteachta ann do na 3 lá den imeacht agus bhí sluaite móra ann ar an Aoine, ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Le cúnamh ó aonad an Chontae, chuir Cosaint Shibhialta Bhéal Átha na Sluaighe clúdach liachta ar fáil arís le linn Aonach bliantúil Bhéal Átha na Sluaighe thar thréimhse 10 lá.

Ina theannta sin, choinnigh oibreoirí Cosanta Sibhialta SUA an Oiliúint Eitilte ar bun agus d'fhreastail líon mór acu ar chuid mhór seisiún teagaisc agus feabhsaithe scileanna deireadh seachtaine in Ionad Phoenix na Cosanta Sibhialta i mBaile Átha Cliath agus i gcontaetha éagsúla óstacha ar fud na tíre. Fuair beirt dár gcuid oibreoirí athdheimhniúcháin mar oibreoirí sa bhliain 2018 agus fuair duine amháin díobh sin stádas teagascóra le haghaidh Scoil Eitilte na Cosanta Sibhialta. Chomh maith leis sin, cháiligh Gaillimh tríú hoibreoir sa bhliain 2018 agus, mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar an acmhainn maidir le freagairt oibríochtúil.

Bhí an mheitheal SUA bainteach go mór leis na cuardaigh daoine ar iarraidh i nGaillimh ar fud na bliana 2018 i gcomhar lenár meithleacha cuardaigh cladaigh agus le linn tacú leis an nGarda Síochána. D'iarr contaetha eile cúnamh ar ár meitheal SUA i rith na bliana chun cabhrú leo maidir le cuardach daoine ar iarraidh.

Chabhraigh Cosaint Shibhialta na Gaillimhe leis na PRA-anna le linn Stoirm Emma ag deireadh mhí Feabhra 2018. Cuireadh acmhainní suntasacha iompair ar fáil chun tacú le Baill Foirne Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear Altraí Sláinte Poiblí, Foireann Chúraim Baile agus Foireann Altranais Chriticiúil.

Leanann baill na Cosanta Sibhialta de chabhair a thabhairt ina bpobail, agus dá gcaidreamh leis na pobail sin agus dá bpróifíl iontu a fheabhsú, trína láithreacht ag imeachtaí agus le linn dóibh a bheith ar dualgas ag imeachtaí agus d'fhreastail siad ar níos mó ná 270 imeacht i rith na bliana 2019 sa chathair agus sa chontae. Tá sé beartaithe ag an gCosaint Shibhialta a bheith ullamh chun cabhair a thabhairt arís sa bhliain 2019.



*Fíor 23: Slógadh na Cosanta Sibhialta le linn Stoirm Emma i bhFeabhra/Márta 2018*

***Tosaíocht Straitéiseach***

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

**<u>Seirbhís Chustaiméara</u>**

Phróiseáil Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe gearáin maidir le cosc dóiteáin, agus thug siad aghaidh ar ghearáin den sórt sin, ar bhonn tosaíochta. Tá rannóg nua Seirbhísí do Chustaiméirí curtha ar bun i bPlean athbhreithnithe Alt 26.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# BÓITHRE & IOMPAIR, SEIRBHÍSÍ MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

## AN tAONAD BÓITHRE AGUS IOMPAIR, MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

Líonra iompair sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar chun daoine agus earraí a iompar i gcomhréir le beartais iompair inbhuanaithe agus lánpháirtithe.

Tá an tAonad Bóithre & Iompair freagrach as an Líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an Chontae a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú agus tá sé freagrach as Sábháilteacht ar Bhóithre, as cúrsaí Muirí agus as Siltean Artaireach freisin.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Bhain an tAonad Bóithre & Iompair roinnt nithe suntasacha amach le linn na bliana 2018, lena n-áirítear:

- Rinne an tAonad Bóithre & Iompair iarratas chuig an mBord Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 maidir le ceadú thionscadal an 'N6 - Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe'. Rinneadh an Tuarascáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta, an Ráiteas Tionchair Natura, an Scéim Mótarbhealaigh agus an Scéim Bóthair Chosanta maidir le tionscadal an 'N6 - Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe' a fhoilsiú agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála iad. Tháinig an tréimhse ina raibh aighneachtaí le cur chuig an mBord Pleanála chun deiridh ar an 21 Nollaig 2018. Tá Éisteacht Ó Bhéal le bheith ann i nGaillimh i rith na bliana 2019.
- Eisíodh Deimhniú maidir le Críochnú Substaintiúil i mí na Nollag 2018 i leith Scéim an 'N63 - Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh'.
- Rinneadh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don N67, Baile an Doirín go Cinn Mhara, a dhaingniú i Márta 2016. Leanadh de thalamh a fháil sa bhliain 2018.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.

Rinneadh an Clár Bóithre 2018 a ullmhú tar éis leithroinntí iomlána **€48,294,432** do thógáil, do dheisiú agus do chothabháil Bóithre Náisiúnta, agus Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad, a fháil ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tar éis leithroinnt a fháil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

**Bóithre Náisiúnta - €25,030,182**
**Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad - €23,264,250**

Ullmhaíodh an Clár Bóithre i gcomhairle leis na comhaltaí tofa agus d’athbhreithnigh, agus ghlac, gach Ceantar Bardasach é.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d’fhiontar.

Is é a bhí sa deontas a leithroinn Bonneagar Iompair Éireann do Mhótarbhealaí & do Bhóithre Náisiúnta don bhliain 2018 ná **€25,030,182**.

Seo a leanas miondealú ar leithroinnt na bliana 2018:

| | |
|---|---|
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | **€23,512,935** |
| **Oibreacha Cothabhála** | **€ 1,062,247** |
| **Costais a bhaineann le PPP** | **€ 455,000** |

Leanadh de mhaoiniúchán a sholáthar sa bhliain 2018 chun dul chun cinn agus críochnú na Mórbhealaí Idiruirbeacha a éascú. Rinne Oifig Thionscadail Bhóithre na Gaillimhe bainistiú ar na mórthionscadail/miontionscadail seo a leanas agus fuarthas na costais ar fad a bhain leis an gclár sin ar ais ó Bhonneagar Iompair Éireann:

| | | |
|---|---|---|
| **M6** | Seachród Chathair na Gaillimhe | € 2,189,379 |

| | | |
|---|---|---|
| **M6** | Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe (seachróid Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach & Órán Mór) | €17,485 |
| **M17** | An Gort - Tuaim | €219,012 |
| | **Suim Iomlán do Mhórscéim Príomhbhóithre Náisiúnta** | **€ 2,425,879** |

Rinneadh iarratas chuig an mBord Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 maidir le ceadú thionscadal an 'N6 - Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe'. Rinneadh an Tuarascáil maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta, an Ráiteas Tionchair Natura, an Scéim Mótarbhealaigh agus an Scéim Bóthair Chosanta maidir le tionscadal an 'N6 - Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe' a fhoilsiú agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála iad. Tháinig an tréimhse ina raibh aighneachtaí le cur chuig an mBord Pleanála chun deiridh ar an 21 Nollaig 2018 agus meastar go mbeidh an Éisteacht Ó Bhéal ann i rith na bliana 2019.

**Fáil Talún:**

- Bhí talamh á fáil i gcónaí le haghaidh 'N59 - Seachród Mhaigh Cuilinn' agus ceapadh conraitheoirí sa bhliain 2018 agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an bpróiseas tairisceana don scéim i rith na bliana 2019.
- Táthar ag leanúint de thalamh a cheannach chun tionscadail bhóthair an N63, Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh, a éascú.
- Táthar ag leanúint de thalamh a cheannach chun Céim 2 tionscadal athailínithe bóthair an N67, Baile an Doirín go Cinn Mhara, a éascú.
- Bhí talamh á fáil i gcónaí le haghaidh scéim an 'N59 - AN Teach Dóite go hUachtar Ard' idir an Teach Dóite agus Bun an Choill.

Seo a leanas roinnt de na garspriocanna eile a baineadh amach i rith na bliana 2018 maidir leis an Líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha:

- Forbairt agus cur i gcrích mórchláir tionscadal forleagain agus athailínithe ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha.
- Sa bhliain 2008, cuireadh tús le réamhoibreacha fóntais ar Chéim 2 de scéim athailínithe an N67, Baile an Doirín go Cinn Mhara, d'fhonn an t-athailíniú bóthar a bhí beartaithe a éascú.

Rinneadh dul chun cinn maidir le clár forleathan oibreacha Pábhála & Mionoibreacha Feabhsúcháin, lena n-áirítear Oibreacha Sábháilteachta, ar an líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha mar a leanas:

**Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Phríomhbhóithre Náisiúnta:**

| | | |
|---|---|---|
| N17 - Maolú Tráchta, Baile Chláir | N17 - Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide | N17 - Leacht Seoirse |
| N17 - Baile Thuama | N66 - Cill Chríost, Cuid 1 | |

**Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha:**

| | | |
|---|---|---|
| N65 - Oibreacha athdhromclaithe Phort Omna | N84 - Luimneach | N63 - Maigh Locha – forleagan pábhála HD |
| N59 - Athbhunú Mhaigh Cuilinn | N63 - An Lios go dtí an Mhainistir, athailíniú | N59 - Siar ó Leitir Fraic, leathnú |
| N65 - Neartú Pábhála Chill Mhian | N59 - Sraith Salach | N84 - suíomhanna éagsúla |

**Cothabháil Bóithre Náisiúnta:**
Leithroinneadh maoiniúchán chun cothabháil a dhéanamh ar an Líonra Bóithre Náisiúnta sa bhliain 2018 mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Cothabháil Gheimhridh NP | € 225,789 |
| Gnáthchothabháil NP | € 159,728 |
| Athnuachan Pábhála NP | € 72,333 |
| Soilsiúcháin Bealaigh NP | € 65,641 |
| Soilsiúchán MMarC Mótarbhealaigh NP 2018 | €8,297 |
| Cothabháil Gheimhridh NS | € 357,424 |
| Gnáthchothabháil NS | € 567,389 |
| Athnuachan Pábhála NS | € 427,194 |
| Soilsiúcháin Bealaigh NS | € 138,093 |

| | |
|---|---|
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil) | € 75,036 |
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil Gheimhridh) | € 10,000 |
| **Méid iomlán i leith oibreacha cothabhála Mótarbhealaigh & Bóithre Náisiúnta** | **€2,106,924** |

I rith na bliana 2018, leithroinn Bonneagar Iompair Éireann maoiniúchán breise le haghaidh náisiúnta is é sin, suim €1,675,335 do 14 Scéim Pábhála Chaipitiúla i 14 shuíomh agus suim €50,671 le haghaidh oibreacha deisithe droichid i 3 shuíomh.

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA:**

Ba é a bhí sa chaiteachas a thabhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla sa bhliain 2018 ná €23,264,250 agus seo a leanas miondealú ar an gcaiteachas sin:

| | |
|---|---|
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | **€19,958,250** |
| **Oibreacha Cothabhála** | **€ 3,306,000** |

Is féidir an caiteachas sin a aicmiú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

| Catagóir Deontais | **2018** |
|---|---|
| Deontas Feabhsúcháin | €11,995,352 |
| Deontas Cothabhála Athchóirithe | € 4,392,775 |
| Deontas Lánroghnach | € 6,012,726 |
| Deontais le haghaidh Deisiúcháin Shonracha | € 230,080 |
| Deontais Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal | € 231,243 |
| Clár Athshlánúcháin Droichead | € 415,000 |
| Bóithre Straitéiseacha, idir Réigiúnach agus Áitiúil | € 34,409 |
| Oibreacha Siltin | € 690,573 |
| Oiliúint | € 95,000 |
| **Foriomlán** | **€24,097,158** |

**Cothabháil Bóithre Áitiúla:**

Ba é a bhí sa tsuim a soláthraíodh as acmhainní dílse na Comhairle sa bhliain 2018 ná **€5,668,836**. Ba é a bhí sa leithroinnt do Chothabháil Ghinearálta na mBóithre Áitiúla ná **€2,315,086**, lena n-áirítear soláthar **€1,101,600** do chostais leanúnacha oibríochtúla. Rinneadh suim €1,213,486 a leithroinnt mar a leanas i measc na gCeantar Bardasach le haghaidh Cothabháil Bóithre Áitiúla:

| | | |
|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €111,453 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €237,544 |
| **Conamara** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €244,688 |
| **Baile Locha Riach** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €304,586 |
| **Tuaim** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €315,215 |
| | **IOMLÁN** | **€1,213,486** |

Leis an tsuim sin, déantar foráil maidir le gach cineál cothabhála lena n-áirítear Bearradh Ciumhaise, Draenáil, Comharthaíocht a Athnuachan agus a Sholáthar, Cothabháil Droichead, agus Cothabháil Ghinearálta.

Rinneadh leithroinnt €265,000 i gcomhair Cothabháil Gheimhridh a sholáthar sa bhliain 2018 as an Deontas Cothabhála Lánroghnach a leithroinn an Roinn Iompair. Leis an leithroinnt airgid sin, cuirtear maoiniú ar fáil chun grean a leagan ar bhealaí tosaíochta sa chontae de réir Phlean Seirbhíse Geimhridh 2018-2019.

Bhí aimsir ann sa bhliain 2018 de chineál nach raibh ann roimhe seo agus mar thoradh air sin bhí dúshlán breise ann dár gcuid criúnna bóthair - Stoirm Emma i bhFeabhra/Márta, Stoirm Ali i Meán Fómhair agus Stoirm Callum i mí Dheireadh Fómhair. Bhí ar chriúnna cothabhála bóthair na Comhairle dul ó shneachta a ghlanadh de bhóithre le linn Stoirm Emma i bhFeabhra/Márta go grean a leagan ar bhóithre an chontae i rith mhíonna an tsamhraidh de bharr an tarra a bheith ag leá mar gheall ar an aimsir the.





## CLÁR ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS AR BHÓITHRE ÁITIÚLA 2018

Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniúchán €415,000 i gcomhair athshlánúchán 6 dhroichead ar leith i gContae na Gaillimhe agus is mar a leanas a caitheadh an leithroinnt sin:

| **Droichead** | **Caiteachas 2018 €** |
|---|---|
| BR R333 Droichead Coisithe Chathair na hAoine, Áth Cinn | 123,966 |
| BR L1321 An Corrbhaile, Bearna | 70,331 |
| BR L74462 Cluain Beach, an Cnoc Breac | 47,218 |
| BR L12056 Úraid, Sraith Salach | 107,713 |
| BR L4514 An Lorgain, an Gort | 64,430 |
| BRL4512 Droichead an Bhaile Bhacaigh | 1,342 |
| **An tIomlán i leith Athshlánúchán Droichead** | **415,000** |

Tá na hoibreacha ag *Philbins* agus ag Úraid le críochnú sa bhliain 2019 agus fuarthas maoiniúchán éigeandála le haghaidh oibreacha ag Droichead an Bhaile Bhacaigh, an Corrbhaile, agus, mar thoradh air sin, beidh leithroinnt laghdaithe ann sa bhliain 2019.

Rinneadh maoiniúchán **€8,297** a leithroinnt as an Deontas Lánroghnach chun Droichid ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a dheisiú:

| CEANTAR BARDASACH | DROICHEAD | LEITHROINNT |
|---|---|---|
| **Béal Átha na Sluaighe** | Cúil Ola, Eachroim | €9,818 |
| **Conamara** | Doire Chrith, Bearna | €48,262 |
| | *Cloonagh*, Leitir Geis | €6,583 |
| | Droimnín, Uachtar Ard | €4,204 |
| | Idir Dhá Loch i gCarna | €23,835 |
| | *Philbins*, Corr na Móna | €105,074 |
| | Doire na bhFlann, an Clochán | €6,640 |
| **Baile Locha Riach** | Sonnach, Cill Chríost | €3,444 |
| | Baile Uí Laoigh, an Gort | €6,697 |
| **Tuaim** | Cluain Caoin 3, Mainistir Chnoc Muaidhe | €74,207 |
| | Maighin, Áth Cinn | €9,350 |
| | An Leathchoill, Cluain Bheirn | €1,000 |
| | Cluain Dá Thiompar | €1,000 |
| | An Gort Driseach, Baile Liam | 7,500 |
| | Bearna Dhearg | 7,500 |
| | Dearadh & Fáil Talún | €47,704 |
| **LEITHROINNT IOMLÁN €362,818** | | |

| Droichead | Caiteachas 2018 € |
|---|---|
| BR R333 Droichead Coisithe Chathair na hAoine, Áth Cinn | 100,000 |
| BR 345 *Philbins*, Corr na Móna | 80,000 |
| BR L1321 An Corrbhaile, Bearna | 55,000 |
| BR L74462 Cluain Beach, an Cnoc Breac | 50,000 |
| BR L12056 Úraid, Sraith Salach | 60,000 |
| BR L4514 An Lorgain, an Gort | 74,930 |

| | |
|---|---|
| **An tIomlán i leith Athshlánúchán Droichead** | **415,000** |

Tá na hoibreacha ag *Philbins* agus ag Úraid le críochnú sa bhliain 2019 agus fuarthas maoiniúchán éigeandála le haghaidh oibreacha ag Droichead an Bhaile Bhacaigh, an Corrbhaile, agus, mar thoradh air sin, beidh leithroinnt laghdaithe ann sa bhliain 2019.

Rinneadh maoiniúchán**€360,500** a leithroinnt as an Deontas Lánroghnach chun Droichid ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a dheisiú:

| CEANTAR BARDASACH | DROICHEAD | LEITHROINNT |
|---|---|---|
| **Béal Átha na Sluaighe** | Cúil Ola, Eachroim | €10,000 |
| **Conamara** | Doire Chrith, Bearna | €30,000 |
| | *Cloonagh*, Leitir Geis | €10,000 |
| | Droimnín, Uachtar Ard | €5,000 |
| | Idir Dhá Loch i gCarna | €15,000 |
| | Doire na bhFlann, an Clochán | €28,000 |
| **Baile Locha Riach** | Sonnach, Cill Chríost | €70,000 |
| | Baile Uí Laoigh, an Gort | €10,000 |
| **Tuaim** | Cluain Caoin 3, Mainistir Chnoc Muaidhe | €50,000 |
| | Maighin, Áth Cinn | €7,500 |
| | An Leathchoill, Cluain Bheirn | €50,000 |
| | Cluain Dá Thiompar | €50,000 |
| | Dearadh & Fáil Talún | €25,000 |
| **LEITHROINNT IOMLÁN €360,500** | | |

Críochnaíodh na hoibreacha ar sheacht gcinn de na droichid agus ar chúig cinn a bhí san áireamh i gclár na bliana 2017 agus déanfar oibreacha i gCluain Dá Thiompar agus sa Leathchoill a chríochnú sa bhliain 2019.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe chothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

## COTHABHÁIL MHUIRÍ

Tá an clár cothabhála muirí á chur i bhfeidhm i ndáil le 62 áit teacht i dtír i gContae na Gaillimhe, ar áiteanna iad atá sainaitheanta mar ionaid atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuimsíonn an clár deisiúcháin agus athsholáthar i ndáil le dréimirí agus ráillí, fás algaí ar fhánáin a thabhairt chun bealaí go rialta, agus feabhsúcháin sábháilteachta ar chéanna. Ina theannta sin, cuimsíonn sé cothabháil áiteanna feistithe do chuairteoirí agus cothabháil soilse loingseoireachta atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Sa bhliain 2018, suiteáladh feabhsúcháin sábháilteacht6a ag dhá ché (Ard Mór agus Béal Carra) agus cuireadh soilse nua loingseoireachta ar fáil i 4 suíomh. Rinneadh an balla farraige sa Chlochán, a ndearnadh damáiste dó le linn stoirme, a dheisiú a chur ina riocht bunaidh agus rinneadh deisiúcháin ar fhánán Oileán Mór i Ros Muc freisin.

Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán ar chothabháil agus ar dheisiúcháin ná €127,000.

## CUANTA STRAITÉISEACHA

### Caladh Inis Oírr

Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe *Punch Consulting* chun chéim an deartha agus na tógála i leith fhorbairt an chuain a chur ar aghaidh. Cuireadh suirbhéireachtaí i gcrích chun tacú leis na doiciméid chonartha atá ullmhaithe don phróiseas tairisceana. Ullmhaíodh doiciméid maidir le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh chun freastal ar riachtanais na scéime. Beifear ag leanúint ar aghaidh leis an obair seo sa bhliain 2019.

### Caladh Mór Inis Meáin

Bhí athbhreithniú ar staidéar féidearthachta 2009 ann mar thacaíocht don iarratas i leith an Phlean Gnó a cuireadh faoi bhráid Roinn na Gaeltachta lena bhreithniú.

## COSAINT CHÓSTA

Mar thoradh ar an mborradh stoirme a bhí ann ar an 2 Eanáir 2018 (Stoirm Eleanor) rinneadh damáiste mór don chósta sa Líonán Rinneadh oibreacha éigeandála chun an N59 a chobhsú ach tá gá le scéim cosanta cósta níos fadtéarmaí sa suíomh seo. Coimisiúnaíodh tuarascálacha agus measúnachtaí reachtúla agus leanfar den obair sin sa bhliain 2019.

**Tosaíocht Straitéiseach**
**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.**

I Ráithe 1 den bhliain 2018, críochnaíodh Oibreacha Feabhsaithe Baile ag Roth an Mhuilinn Bhig i dTuaim ar chostas €100,000. Mar thoradh ar na hoibreacha, feabhsaíodh an pháirc atá tadhlach le músaem an tseanmhuilinn agus chuimsigh na hoibreacha athfheistiú roth an mhuilinn D'áirigh na hoibreacha limistéar nua '*plaza*', cosáin agus colbhaí nua, troscán nua sráide agus ráillí, agus é mar aidhm ag an méid sin ar fad ná cuid dhílis d'oidhreacht bhaile Thuama a chur ar taispeáint, is é sin le rá, roth agus músaem an tseanmhuilinn. Tá roinnt grianghraf ina dtaispeántar an láithreán roimh na hoibreacha agus ina ndiaidh le feiceáil thíos.









**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

**OBAIR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA:**

**Glasbhealach Chonamara**
Sa bhliain 2016, thug Fáilte Éireann maoiniúchán do Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun Glasbhealach Chonamara a fhorbairt. I mBealtaine 2018, rinne an Comhairleoir Eileen Mannion, Cathaoirleach, cuid de Ghlasbhealach Chonamara, ó Chluain Beag go hAtraí, le taobh Chaisleán Bhaile na hInse, a oscailt go hoifigiúil.




*Lainseáil Ghlasbhealach Chonamara i mBealtaine 2018*

Tá an fhorbairt sin ina cuid de phlean níos forleithne i ndáil leis an nGlasbhealach ón gClochán go hUachtar Ard a bheidh nasctha leis an nGlasbhealach atá beartaithe ó Chathair na Gaillimhe go hUachtar Ard, rud a fhágfaidh, sa deireadh, go mbeidh glasbhealach 78km ann idir Gaillimh agus an Clochán.



*An Glasbhealach i mBaile na hInse*

Tá obair shuntasach forbartha déanta le dhá bhliain anuas agus leanfaidh an tAonad Bóithre, Iompair, Muirí agus Seirbhísí Ginearálta de bheith ag obair le Fáilte Éireann agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt d'fhonn an tionscadal seo a chur ar aghaidh agus d'fhonn tionscadail den tsamhail chéanna a fhorbairt sa Chontae.

**Conamara – Fiáin go smior/Wild at Heart**

Lean an Chomhairle de Thionscadal Léirmhíniúcháin agus Bonneagair Chonamara a chur ar aghaidh agus tabharfar 'Conamara – Fiáin go smior / Wild at Heart' ar an tionscadal sin. Is é atá in 'Conamara - Fiáin go Smior' ná tionscnamh ar tríd a cuireadh fís shoiléir ar fáil chun feabhas a chur ar eispéireas cuairteoirí i gConamara chomh maith le mórtas áite de chineál níos tréine a chothú i measc pobail áitiúla. Tá an tionscnamh dírithe ar neartú agus leathnú a dhéanamh ar chlú Chonamara i dtaca le sainiúlacht, tírdhreach, oidhreacht agus cultúr an réigiúin de.






*Comharthaí de chuid 'Conamara – Fiáin go smior/Wild at Heart' i gConga agus sa Charraig Thoir, Conamara*

Mar thoradh ar 'Conamara - Fiáin go Smior' tá bonneagar fisiciúil turasóireachta curtha ar fáil feadh bhealaí sainiúla tiomána - i measc Sléibhte, cois na Farraige agus taobh le Lochanna - agus tá Geataí fáiltithe ann, mar aon le faisnéis spéisiúil do chuairteoirí agus míreanna dealbhóireachta dodhearmadta, feadh an bhealaigh. Feidhmeoidh am tionscnamh turasóireachta seo mar eiseamláir le haghaidh infheistíocht phoiblí, phríobháideach agus áitiúil sa réigiún amach anseo tríd an nasc fíorthábhachtach a chur ar fáil idir ionaid phlódaithe mhóréilimh turasóireachta, amhail Mainistir na Coille Móire, agus pobail áitiúla atá ag streachailt. Cruthaíonn sé togra turasóireachta de chineál níos inbhuanaithe trína dtugtar spreagadh do chuairteoirí fanacht níos faide agus eispéireas a fháil ar líon níos mó gnéithe den réigiún.



Tá sé beartaithe go mbeidh 'Conamara - Fiáin go Smior' ina thionscnamh 'beo' a fhásfaidh agus a fhorbrófar le tacaíocht ó phobail agus ó ghnóthaí áitiúla agus mar thoradh ar ghníomhaíochtaí poiblíochta i bpobail agus i ngnóthaí áitiúla. Níl sa chéim thosaigh bonneagair seo ach tús an turais. Leagann sé síos slat tomhais le haghaidh forbairtí amach anseo le go mbeidh siad ina n-eispéiris thumthacha inbhuanaithe do chuairteoirí i gcomhréir le 'Conamara -Fiáin go Smior' agus le clú idirnáisiúnta an cheantair.

## SCÉIMEANNA FAOISIMH TUILE & OIBREACHA MAOLAITHE TUILE

Oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhpháirtíocht lena chéile chun Scéimeanna Faoisimh Tuile (scéimeanna substaintiúla) agus Oibreacha Maolaithe Tuile (maolú áitiúil) a chur i gcrích. Is é Oifig na nOibreacha Poiblí a mhaoiníonn gach mórscéim faoisimh tuile - cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí scéimeanna i gcrích go díreach faoi na hAchtanna Siltin Artairigh nó is féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe iad a chur i gcrích faoi na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt. Ina theannta sin, soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí 90% den mhaoiniúchán le haghaidh oibreacha áitiúla maolaithe tuile. Tagann grúpa stiúrtha le chéile go tráthrialta lena chinntiú go ndéantar tograí a laghdóidh an riosca tuile amach anseo a chur i gcrích go tráthúil.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí comhairle agus cúnamh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair a tharlaíonn teagmhais tuile.

### Scéim Faoisimh Tuile Abhainn an Chláir (Baile Chláir):

Cuireadh an scéim seo de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí i gcrích go substaintiúil sa bhliain 2018.

### Scéim Faoisimh Tuile Abhainn Dhún Coillín & Shruthán an Agaird:

I gCreachmhaoil, rinneadh an seach-chainéal agus na hoibreacha ar an bpríomhchainéal a chríochnú go substaintiúil sa bhliain 2018. Maidir leis an scéim sin freisin, críochnaíodh oibreacha ar chúig dhroichead agus ar chiliméadar amháin de chainéal dhá chéim. Déanfar an dá dhroichead atá fágtha agus oibreacha ar Shruthán an Agaird a chríochnú sa bhliain 2019.



*Scéim Faoisimh Tuile Abhainn Dhún Coillín & Shruthán an Agaird - Tuile-shúile nua-shuiteáilte ar Dhroichead na Rinne agus iad ag feidhmiú*

**Scéim Faoisimh Tuile Dheisceart na Gaillimhe, Thalamh Íseal an Ghoirt:**

Seoladh lá comhairliúcháin phoiblí sa Ghort i mBealtaine 2018. Cuireadh réamh-Mheasúnachtaí Timpeallachta i leith na scéime ionchasaí i gcrích. Reáchtáladh cruinnithe le daoine den phobal a raibh baint acu leis an ábhar agus rinneadh suirbhéireachtaí tairsí. Rinneadh obair ar an múnla hiodrálach casta a chríochnú go substaintiúil. Tá staidéar féidearthachta le críochnú sa bhliain 2019 agus tá taispeántas poiblí le bheith ann go luath sa bhliain 2020.



*Scéim Faoisimh Tuile Dheisceart na Gaillimhe, Thalamh Íseal an Ghoirt - mar réamhobair le haghaidh na scéime, rinneadh oibreacha glanta cainéil ar shúmairí Chreig an Róistigh*

## OIBREACHA MAOLAITHE TUILTE:

Rinne an Chomhairle oibreacha i 21 suíomh faoi Scéim Mionoibreacha Maolaithe Tuile & Cosanta Cósta Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2018, ar oibreacha iad lenar ghabh caiteachas iomlán €554,583 ar mhaoinigh Oifig na nOibreacha Poiblí 90% de agus ar mhaoinigh an Chomhairle 10% de.

Cheadaigh Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniúchán breise €605,507 le haghaidh tuilleadh oibreacha faoisimh tuile o 12 shuíomh agus cuirfear na hoibreacha i gcrích sa bhliain 2019.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht tosaigh ar 17 suíomh eile ar tugadh tuairisc faoi thuiliú ina leith agus cuireadh an mheasúnacht sin faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí lena breithniú. Is suíomhanna cósta trí cinn de na suíomhanna sin.

Ina theannta sin, soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí Scéim Oibreacha Feabhais le haghaidh tithe ar tharla tuile iontu ach nach gcomhlíonann na critéir 'costas tairbhe' i leith maoiniúcháin faoin Scéim Mionoibreacha Maolaithe Tuile. Tíolacadh seacht n-iarratas sa bhliain 2018 agus, go dtí seo, tá 2 cheann díobh sin ceadaithe.

## CEANTAIR SILTIN

Comhlíonann an Chomhairle a freagracht reachtúil maidir le hoibreacha siltin áirithe a chothabháil sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus trí Oifigí Ceantair Bhardasaigh na Comhairle. Tagann dhá cheann déag de Cheantair Siltin faoi chúram na Comhairle agus leanann sí de chistí a leithroinnt do dhá Chomhcheantar Siltin a díscaoileadh sa bhliain 2014. Chaith an Chomhairle €173,000 ar oibreacha Ceantair Siltin sa bhliain 2018.

Sa bhliain 2018, rinneadh oibreacha cothabhála sna Ceantair Siltin seo a leanas: Áth Eascrach, An tEanach, An Bhuaile, Dún Coillín (Baile Locha Riach), Tuaim Catraí, Cill Chríost, An Leathbhaile, an Creagán, Cnoc Óráin agus *Suck*.

**AN CLÓS INNEALRA:**

Is é an Clós Innealra a dhéanann bainistíocht ar sholáthar agus ar chothabháil Gléasra agus Innealra atá le húsáid ag an gComhairle. Tá an Chomhairle tiomanta i leith fhorbairt leanúnach na seirbhíse seo chun acmhainn éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar ionas go ndéanfar cur i gcrích Chláir Oibre na Comhairle a éascú.

| **Tosaíocht Straitéiseach**<br><br>**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.** |
|---|

**OILEÁIN GHAELTACHTA:**

I gcomhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha agus Gaeltachta, rinne an Chomhairle oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre ar na hOileáin Ghaeltachta.

**CLÁR:**

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithroinnt €361,115 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le haghaidh 10 dtionscadal faoi thionscadail Bheart 1 de chuid CLÁR - tacaíocht do scoileanna agus bearta sábháilteachta pobail i gceantair thuaithe. I measc na saoráidí a chuir an Chomhairle ar fáil a d'uasghrádaigh an Chomhairle, áiríodh cosáin, ionaid shábháilte dhaingne fágála leanaí ag scoileanna, marcáil línte, trasrianta síogacha agus saoráidí páirceála i limistéir ainmnithe CLÁR.

**AN SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE:**

Mar thoradh ar an tacaíocht airgeadais a fuarthas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe in ann leanúint de thacaíocht a thabhairt i leith athbheochan bailte agus sráidbhailte d'fhonn méadú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht ar mhaithe leis na pobail atá iontu, is é sin le rá, an timpeallacht mhaireachtála atá iontu agus forbairt fheabhsaithe eacnamaíochta. Sa bhliain 2018, d'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniúchán a fháil le haghaidh ceithre thionscadal eile faoin Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte.

- Feabhas a chur ar amharc-thionchar, ar shábháilteacht agus ar sorochtaineacht acomhal Bhóthar na Gaillimhe ag an gcearnóg i mbaile Áth Cinn, ar chostas iomlán €125,000
- Bailchríoch a chur ar an sráid-dreach Mhóta - €125,000
- Atógáil agus feabhsú an chosáin ar an R348 i mBéal Átha na Sluaighe, ar chostas €100,000
- Feabhas a chur ar shráid-dreach an tsráidbhaile, nasc sábháilte leanúnach do choisithe a chur ar fáil i bhfoirm cosáin idir an Tulaigh agus Crois na Tulaí, dromchla nua a chur ar bhóithre

chun an dromchla agus an draenáil a fheabhsú, agus, chomh maith leis sin, lárphointe athnuaite a chur ar fáil trí dhá bhord picnice, binsí agus rian rothair a shuiteáil idir an dá shráidbhaile - €125,000

Tá tuilleadh tacaíochta tugtha ag an gComhairle do phobail maidir le maoiniúchán a fháil faoin scéim seo trí chomhairle agus cúnamh a thabhairt i ndáil le scéimeanna oiriúnacha a fhorbairt do shuíomhanna éagsúla. Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ceadú i leith leithroinnt deontas 80% le haghaidh an méid sin thuas a fhógairt ag deireadh na bliana 2018 agus tá na hoibreacha le críochnú i lár na bliana 2019.

## TAISTEAL NÍOS CLISTE & SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE:

Lean an Chomhairle ar aghaidh lena ról réamhghníomhach maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí chlár imeachtaí a sholáthar chun comóradh a dhéanamh ar Sheachtain na Rothar ón 9 go dtí an 17 Meitheamh 2018. I measc na n-imeachtaí a bhí ann, áiríodh rothaíocht spraíúil do theaghlaigh agus ceardlanna maidir le deisiú rothar. Rinneadh imeacht amháin, a raibh *Conamara Greenway Alliance* agus leanaí scoile as na bunscoileanna áitiúla páirteach ann, a eagrú ar an 8km de Ghlasbhealach Chonamara a osclaíodh go díreach roimhe sin ó Chaisleán Bhaile na hInse go hAtraí. Imeacht nua mór-éilimh a seoladh sa bhliain 2018 ab ea Geábhanna Rothair Sléibhe MTB na Gaillimhe arbh é a bhí i gceist leis ná geábhanna rothair sléibhe do dhíograiseoirí agus do thosaitheoirí ar rianta foraoise in *Merline*, i gCill Chornáin, i Muine Mheá, sa Choill Bhreac agus i Rinn Mhíl. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, chomhoibrigh an dá Údarás Áitiúla i nGaillimh, agus iad ag obair i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, maidir le gach imeacht de chuid Sheachtain na Rothar a chur chun cinn agus a fhógairt.

Faoin tionscnamh dar teideal Taisteal Níos Cliste, suiteáladh stad bus inrochtana sa Chlochán.

### Coiste 'Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile'

Bhí trí chruinniú den Choiste Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile ann sa bhliain 2018 – chun leanúint dá ról gníomhach maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i gCo. na Gaillimhe.

I measc na dtionscnamh sonrach sábháilteachta ar bhóithre a d'eagraigh an Chomhairle i rith na bliana 2018, áirítear an méid seo a leanas:

- Cur chun cinn an Chláir dar teideal 'Drive for Life' do Scoileanna Iar-Bhunoideachais.
- Tacú le hoibriú Scéim na Maor Scoile Sóisearach
- Ar an 4 Nollaig, tháinig an Chomhairle, Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe, an Chosaint Shibhialta agus an Garda Síochána le chéile le haghaidh Imeacht Fiúntach Feasachta Sábháilteachta Bóthair i nGairmscoil na bPiarsach i Ros Muc. Bhí daltaí as Scoil Phobail Mhic Dara i láthair freisin. Fuair mic léinn meánscoile a bheidh ina dtiománaithe óga le gairid deis chun a fháil amach cad a tharlaíonn ag láthair imbhuailte tráchta bóthair - bhí taispeántas díchóimeála gluaisteáin ann agus bhí ionadaithe de chuid na seirbhísí éigeandála ar fad i láthair chun comhairle a thabhairt do na mic léinn.




*Seirbhís Dóiteáin na Ceathrún Rua i mbun Taispeántas Díchóimeála Gluaisteáin*

- I gcomhar le GMIT agus le hAontas na Mac Léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, d'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe feachtas feasachta sábháilteachta bóthair chun infheictheacht coisithe agus rothaithe ar ár gcuid bóithre a áirithiú agus, mar chuid den fheachtas sin, dáileadh na céadta veisteanna ard-infheictheachta, clúdach mála droma agus soilse rothair a bhí curtha ar fáil ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar na mic léinn de chuid na gcoláiste a bhí i láthair.




*Aontas na Mac Léinn, OÉG*




*Aontas na Mac Léinn, GMIT*

- Bhí Seachtain Sábháilteachta Bóthair na hÉireann ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus mhéadaigh an Chomhairle feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i measc an phobail i gcoitinne trí bhileoga a scaipeadh faoi ábhair amhail tiomáint faoi luas, tiomáint faoi thionchar an óil, faoi úsáid fón póca, faoi úsáid cheart timpeallán etc. agus rinneadh ábhair

fhrithchaiteacha a chur ar fáil saor in aisce. I gcomhar le *Specsavers*, tairgeadh Tástáil Súl saor in aisce do dhaoine den phobal chun a chinntiú go mbeadh amharc ceart ag tiománaithe.

- I gcomhar le Scoil Náisiúnta Chaitríona, Eachroim, agus leis an nGarda Síochána, reáchtáil an Chomhairle lá feasachta sábháilteachta bóthair agus scaipeadh veisteanna ard-infheictheachta ar na daltaí a bhí i láthair agus bhí siúlóid oideachais ann.




*Scoil Náisiúnta Chaitríona, Eachroim - Imeacht Ard-Infheictheachta*

**<u>Scéimeanna Fostaíochta Pobail:</u>**



I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bpobal áitiúil, lean an Chomhairle d'fhorbairt na Fostaíochta Pobail a chur chun cinn agus a spreagadh. Sa bhliain 2018, lean an Chomhairle d'urraíocht a thabhairt i leith cúig scéim ina bhfuil 70 rannpháirtí sna suíomhanna seo a leanas:
Maigh Cuilinn/Uachtar Ard, An Baile Mór/An Mhainistir, An Gort & an Ceantar Máguaird, Tuaim & an Ceantar Máguaird, agus Cloch na Rón/An Clochán.

## Rannpháirtíocht an Phobail i Scéim Oibreacha Bóthair

Lean an Chomhairle de Rannpháirtíocht an Phobail a chur chun cinn go gníomhach i Scéim Oibreacha Bóthair mar shlí chun tacaíocht ón bpobal a úsáid i gcomhair oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt suim €630,000 i gcomhair 39 scéim cheadaithe agus tá na scéimeanna le críochnú thar thréimhse dhá bhliain. San iomlán, caitheadh €390,673 sa bhliain 2018, cuireadh 17 scéim i gcrích go hiomlán agus bhí 10 scéim eile críochnaithe go páirteach ag deireadh na bliana.

## Cothabháil & Feabhsú Bailte & Sráidbhailte

Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an phobail maidir le timpeallacht fhisiciúil bailte agus sráidbhailte a chothabháil agus a fheabhsú agus soláthraíodh maoiniúchán €930,000 sa bhliain 2018 i gcomhair oibreacha cothabhála agus mionoibreacha feabhsúcháin. Ba é ab aidhm do chuid den mhaoiniúchán ná a éascú don Chomhairle tuilleadh tacaíochta a thabhairt i ndáil le hionchur agus feidhmíocht na bpobal sin a bhíonn rannpháirteach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Rinneadh tuilleadh maoiniúcháin, arbh fhiú €500,000 é, a chur ar leataobh chun bóithre agus cosáin i mBaile Átha an Rí agus i gCill Íomair a uasghrádú agus a fheabhsú. Chómhaoinigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an obair sin.

Le tacaíocht airgeadais ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chuir Ceantar Bardasach Thuama Oibreacha Feabhsaithe Baile i gcrích in Áth Cinn. Bhí na hoibreacha dírithe ar Chearnóg N. Seoirse agus d'áirigh siad seirbhísí a chur faoi thalamh, mar aon le sráid-dreach mór-fheabhsaithe. Mar thoradh ar na hoibreacha seo tá feabhas curtha ar an timpeallacht fhoirgnithe do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon. Déanfar na hoibreacha a leathnú isteach sa bhliain 2019 trí bhíthin deontas breise €100,000 ón Roinn Forbartha Thuaithe agus Pobail a dhíreofar ar shuíomh eile i lár an bhaile.





**Tosaíocht Straitéiseach**

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

**SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ:**

- Lean an tAonad de Shaoráid Íocaíochta Ar Líne a oibriú le gur féidir Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc.
- Lean an tAonad d'úsáid a bhaint as www.gaillimh.ie le linn na bliana 2018 chun Seirbhís Faisnéise faoin Trácht a sholáthar agus, sa tslí sin, cuireadh faisnéis ar fáil faoi chur isteach ar thrácht mar thoradh ar oibreacha bóthair, ar dhúnadh sealadach bóthair, ar luasteorainneacha de bharr oibreacha bóthair etc.
- Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí leas a bhaint as meáin éagsúla amhail raidió áitiúil, an láithreán gréasáin, twitter, nuachtáin áitiúla, ríomhphost agus téacs-theachtaireachtaí agus trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí agus as an gcóras nua náisiúnta ar líne dar teideal deisighdoshraid.ie.
- D'éirigh leis an Aonad Bóithre agus Iompair clár forleathan oibreacha a chur i gcrích go héifeachtúil sa bhliain 2018, ar clár é inar áiríodh oibreacha de bhreis orthu siúd a bhí ann i gCláir na mBóithre a bhí á maoiniú ag Ranna eile Rialtais amhail an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

# AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA

## AN tAONAD ACMHAINNÍ DAONNA

Téann an Roinn Acmhainní Daonna i dteagmháil go gníomhach le bainisteoirí líne agus leis an bhfoireann maidir le forbairt phearsanta agus forbairt ghairme daoine den fhoireann a chur chun cinn agus, ar an dóigh sin, cumasaítear dóibh barr a n-acmhainne a bhaint amach agus ról a bheith acu i ndáil le cuspóirí straitéiseacha agus cuspóirí gnó na Comhairle a bhaint amach. Tacaíonn an Roinn Acmhainní Daonna, trí pholasaithe agus nósanna imeachta na Comhairle a chur i bhfeidhm, le dea-rialachas agus cuireann trédhearcthacht agus soiléireacht ar fáil don fhoireann ar fad maidir leis na prionsabail, rialacha agus treoirlínte a bhaineann lena gcuid oibre agus a gcuid coinníollacha oibre. Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna timpeallacht oibre dhearfach chun cinn don fhórsa saothair díograiseach, agus a bhfuil ardscileanna acu, atá againn; agus oibríonn sí chun an fórsa saothair atá ag teastáil uainn, chun go ndéanfaimid maith dár gcuid gealltanas, a mhealladh agus a choinneáil; coinníonn caidrimh thionsclaíoch sheasmhacha; cuireann deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil don fhoireann laistigh de shrianta airgeadais; déanann soláthar i ndáil le socruithe oibre atá solúbtha; cuireann éagsúlachtaí saoire reachtúla agus neamh-reachtúla chomh maith le polasaithe leasa foirne ar fáil a chuidíonn leis an bhfoireann cothromaíocht oibre/saoil a chruthú.


**Bainistíocht fórsa saothair/Earcaíocht**

Tá bainistíocht fórsa saothair ina feidhm an-tábhachtach de chuid na Roinne Acmhainní Daonna ós rud é go n-éascaíonn sí sannadh ball foirne ar fud na heagraíochta d'fhonn cóimheá a bhaint amach idir réimsí seirbhíse de réir tosaíochtaí eagrúcháin agus comhaontuithe náisiúnta a rinneadh le déanaí. Is dúshlán suntasach don Chomhairle é an chóimheá sin a bhaint amach agus, ag am céanna, soláthar seirbhísí a choimeád ar bun agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le tuilleadh athchóiriú ar an rialtas áitiúil. Rinneadh plean mionsonraithe fórsa saothair a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí an Mhárta 2014. Is é is cuspóir don Phlean Fórsa Saothair ná soláthar éifeachtach éifeachtúil seirbhísí, i gcomhréir leis an leibhéal foirne agus leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil, a chumasú.

***Is mar seo a leanas a bhí Líon Iomlán Fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 4, 2018:***

| *Réimse* | *Líon Foirne* |
|---|---|
| *Príomhfhoireann* | *803* |
| *Comhraiceoirí Dóiteáin Áirithinte* | *103* |
| *Nach Foireann de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iad* | *79* |

Thionóil an Roinn Acmhainní Daonna 47 gcomórtas earcaíochta suas go dtí deireadh Ráithe 4, 2018 agus earcaíodh 132 bhall foirne nua agus fuair 80 ball foirne ardú céime de bharr na gcomórtas sin. Díríodh earcú foirne agus athlonnú foirne ar réimsí tosaíochta lena n-áirítear Tithíocht, Forbairt Eacnamaíochta, Tuaithe & Pobail agus Oifig na dTionscadal Bóithre Náisiúnta.





Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de shocrúcháin faoin scéim fostaíochta pobail agus socrúcháin taithí oibre, i gcás daoine ó institiúidí tríú leibhéal, a éascú.

## *Oiliúint agus Forbairt na Foirne*

Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna agus forbartha foirne i gcrích don fhoireann sa bhliain 2018, agus béim á leagan go háirithe ar Oiliúint maidir le cúrsaí Reachtúla agus ar Oiliúint maidir le cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta.  Thacaigh Deontais Oiliúna Náisiúnta, i réimsí na Seirbhísí Uisce, an Chomhshaoil agus na mBóithre nach Bóithre Náisiúnta iad, leis an gComhairle maidir le soláthar na hoiliúna sin. Cinneadh na riachtanais maidir le hoiliúint eile mar chuid den Chóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha.  Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt do bhreisoideachas, do Chláir Rialtais Áitiúil de chuid an IPA, agus do fhreastal ball foirne ar Sheimineáir agus ar Chomhdhálacha sa bhliain 2018.

Ba é a bhí sa líon iomlán Laethanta Oiliúna sa bhliain 2018 ná 2780 mar atá leagtha amach thíos:




## *Leas na Foirne*

Ós rud é go n-aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil san obair ach gné amháin de shaol ár bhfostaithe, ceapann agus oibríonn an Roinn Acmhainní Daonna raon scéimeanna cothromaíochta oibre/saoil chun cabhrú leis an bhfoireann an chothromaíocht idir an obair agus an gnáthshaol a bhaint amach. Sa bhliain 2018, bhain deichniúr ball foirne is ocht gcéad leas as scéimeanna teaghlach-bháúla a bhí á mbainistiú ag an Roinn Acmhainní Daonna, agus áiríonn siad sin an Scéim um Bliain Oibre níos Giorra, an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí, an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí Nua, an Scéim um Chomhroinnt Oibre, Sosanna Gairme, an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus na Scéim Pas Taistil agus, chomh maith leis sin, Saoire *Force Majeure*, Saoire Méala agus Saoire Scrúduithe.

Leanann an Roinn Acmhainní Daonna de na forálacha caighdeánaithe de na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014 a chur i bhfeidhm agus éascaíonn siad soláthar Cláir neamhspleách Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP). Is é atá i gClár EAP ná seirbhís chomhairleoireachta rúnda neamhspleách atá saor in aisce agus a sholáthraíonn tacaíocht i ndáil le rudaí éagsúla e.g. saincheisteanna teaghlaigh, saincheisteanna oibre, andúil, méala agus nithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais.

## *Pinsin*


Sa bhliaint 2018, chuaigh seisear fostaí lánaimseartha is fiche ar scor ó sheirbhís Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus, ina theannta sin, chuaigh naonúr fostaithe de chuid na seirbhíse dóiteáin áirithinte ar scor óna bpoist le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Ba mhaith le Lucht Bainistíochta agus le foireann na Comhairle an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuaigh ar scor as na blianta de sheirbhís dhílis a thug siad agus as an tiomantas a léirigh siad i leith Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

# CÓRAIS TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE:



*Líonra IT Chomhairle Chontae na Gaillimhe*

De réir an bhuiséid theoranta, chuaigh Aonad IT Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mbun cuid mhór uasghráduithe bonneagair agus thug sé tacaíocht do roinnt tionscadal tábhachtach sa bhliain 2018, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Tugadh ceangal Stáisiún Dóiteáin Inis Mór, Oifig an Mháistir Cuain, an Ghléasra Cóireála Uisce agus na Leabharlainne Poiblí le Líonra na Comhairle i ndáil le teacht a bheith ar sheirbhísí chun críche
- Rinneadh trealamh Néalbhainistíochta in áit an trealaimh rochtana Líonra ag 8 n-áit chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil agus chun comhlíontacht an iniúchta a éascú.
- Tá tairiscint Líonra maidir le hÁit Stórais i sreabhadh oibre na hOifige um Sholáthar Rialtais
- Uasghrádú ar Oifigí Réigiúnacha Thuama, Bhaile Locha Riach agus Bhéal Átha na Sluaighe tugtha chun críche go dtí Néal-Líonra an Rialtais (GCN) trína gcuirtear rochtain 1 Ghigighiotán le Ceanncheathrú na Comhairle ar fáil
- MFA (Fíordheimhniú Ilfhachtóra) curtha i bhfeidhm don fhoireann ar fad chun rochtain Néal-Acmhainní a chosaint
- Tugadh chun críche in am, seoladh láithreán gréasáin Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ina bhfuil cumas Nealríomhaireachta níos mó ann le dul i ngleic le harduithe maidir le tús-lódáil tráchta.
- Feabhsúcháin i ndáil le próiseáil uathoibríoch sreafa oibre chun tairiscintí seirbhíse níos mó agus ar féidir brath níos mó orthu a chur ar fáil maidir le Mapáil Pleanála agus fógraí don fhoireann agus don phobal.
- Tacaíocht i ndáil le hiarratas ar líne a dhéanamh ar Thithíocht atá le Ligean ar Bhonn Rogha (CBL). via iarratas a bheidh forbartha go hinmheánach.
- Tacaíocht a chur ar fáil don tseirbhís Leabharlainne i ndáil le sonraíocht maidir le trealamh agus seirbhísí IT a mbeidh teacht ag an bpobal air agus tacaíocht a chur ar fáil d'fhonn an trealamh agus na seirbhísí sin a fháil faoi Scéim Deontais Caipitil 2018.
- Tugadh an chreatlach náisiúnta chun críche Líne Sheasta Teileafónaíochta a sholáthar le laghdú costais seirbhíse trí chostais rochtana agus seirbhísí neamh-úsáide a chuíchóiriú.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

**TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA**

Le halt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, rinneadh foráil maidir le bunú an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirseacht agus Iniúchadh (NOAC). Feidhm de chuid an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirseacht agus Iniúchadh (NOAC) is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcomparáid le táscairí iomchuí a measann an Coimisiún ina leith gur cuí leas a bhaint astu agus áiríonn siad táscairí iomchuí a bhaineann le seirbhís chustaiméara.

Iarrtar ar Údaráis Áitiúla faisnéis agus sonraí faoi 34 Tháscaire Feidhmíochta a bhailíochtú agus a thíolacadh. Tiomsaíonn an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) na sonraí agus cuirtear ar fáil iad do NOAC chun tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu agus chun iad a fhoilsiú mar chuid de thuarascáil náisiúnta faoi Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil. De bhreis ar fhaisnéis a sholáthraíonn an Chomhairle, soláthraíonn comhlachtaí seachtracha (Aonad Cláraithe Feithiclí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Oifig Bainistíochta Bóithre) faisnéis atá bunaithe ar chórais tuairiscithe náisiúnta eile nach mór don Chomhairle sonraí a thíolacadh dóibh. Sábháiltear an fhaisnéis sin agus déanann an Chomhairle í a bhailíochtú mar chuid de na tuairisceáin náisiúnta, agus córas ar líne ríomhthuairisceáin á úsáid aici.

Trí na táscairí sin, bítear ag féachaint le cur chuige comhchoiteann a chur ar fáil maidir le tomhas agus tagarmharcáil agus tá sé beartaithe, tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil, tacú le gach údarás áitiúil feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad do phobail áitiúla. Creideann NOAC go bhfuil scóip ann, trí fhoghlaim ó thaithí a chéile, chun dea-chleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú i dtaca cur i bhfeidhm a bhfeidhmeanna ag comhlachtaí poiblí.
Obair leanúnach atá i gceist leis an obair a bhaineann leis na táscairí a bheachtú agus aithníonn NOAC go bhfuil gá le modhnuithe ar roinnt táscairí nó gur gá iad a ionadú trí thacar sonraí níos ábhartha a chur ina n-ionad.

Tá 37 dtáscaire feidhmíochta údaráis áitiúil i gceist maidir leis an mbliain 2018, agus leagtar amach thíos iad.

Tá tagairt ag dul le gach Táscaire mar seo a leanas:

- Tithíocht (H1 go H6)
- Bóithre (R1 go R3)
- Uisce (W1)
- Dramhaíl/Timpeallacht (E1 go E4)
- Pleanáil (P1 go P5)
- An tSeirbhís Dóiteáin (F1 go F3)
- Leabharlann/Áineas (L1 agus L2)
- Óige/Pobal (Y1 agus Y2)
- Cúrsaí Corparáideacha (C1 go C5)
- Airgeadas (M1 agus M2)
- Forbairt Eacnamaíochta (J1-J4)

## Táscairí Feidhmíochta

### 01/01/2018 - 31/12/2018 (Bliantúil)

### Comhairle Chontae na Gaillimhe

### Stádas: Críochnaithe

| Ábhar | Táscaire | Luach | Tráchtaireacht |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: H1, H2 & H4** **Ceadaithe** | A. Líon teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil amhail ar an 01/01/2018 | 2370 | Tuairiscíodh amhail an 31/12/2017 go raibh 2405 mhaoin i stoc na Comhairle - rinneadh 35 mhaoin a athrangú ó Folamh - Athchóiriú Mór go dtí Tréigthe agus níl san áireamh sa stoc a thuilleamh amhail an 01/01/2018 Ná cuir aon AHB: CAS/CLSS - 592 CALF - 121 san áireamh (comhaontú i bhfeidhm go bhfuil léas 25/30 bliain ag na tionóntaí) |
| | B. An líon teaghaisí a cuireadh leis an stoc ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil (cibé acu teaghaisí a tógadh nó a fuarthas) | 52 | Fuarthas 49 dteaghais, 3 theaghais á dTógáil |
| | C. An líon teaghaisí ar úinéireacht an Údaráis Áitiúil a díoladh sa bhliain 2018 | 9 | |
| | D. An líon teaghaisí ar úinéireacht an Údaráis Áitiúil a scartáladh sa bhliain 2018 | 30 | Bóthar Gilmartin, Tuaim |
| | E. Líon teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil amhail ar an 31/12/2018 | **2383** | |
| | F. An Líon teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil a bheartaítear a scartáil faoi scéim cheadaithe DHPLG | 8 | |
| | A. An céatadán den líon iomlán teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil a bhí folamh ar an 31/12/2018 | **4.42 %** | |
| | An líon iomlán teaghaisí sa stoc foriomlán nach raibh tionóntaí iontu ar an 31/12/2018 | 105 | |
| | A. An caiteachas a caitheadh le linn na bliana 2018 chun obair chothabhála a dhéanamh ar thithíocht Údaráis Áitiúil idir 1 Eanáir 2018 agus 31 Nollaig 2018, arna roinnt ar líon na dteaghaisí i stoc an Údaráis Áitiúil amhail an 31/12/2018, ie figiúr tháscaire H1E lúide figiúr tháscaire H1F | **€933.82** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Caiteachas a caitheadh ar stoc Údaráis Áitiúil a chothabháil idir an 1 Eanáir 2018 agus an 31 Nollaig 2018, lena n-áirítear cothabháil agus caiteachas pleanáilte a bhí incháilithe do dheontais, deontais SEAI maidir le hobair iarfheistiúcháin éifeachtúlachta fuinnimh nó deontais faoin gClár um Uasghrádú Creatlach gan caiteachas ar mhaoine folmha ná caiteachas a ceadaíodh faoi na scéimeanna mór-athfheistithe san áireamh (i.e. Athnuachan a ceadaíodh nó a ceadaíodh faoi na Scéimeanna na nOibreacha Feabhais). | €2217823.78 | |
| | Caiteachas a caitheadh ar stoc Údaráis Áitiúil a chothabháil idir an 1 Eanáir 2017 agus an 31 Nollaig 2017, lena n-áirítear cothabháil agus caiteachas pleanáilte a bhí incháilithe do dheontais, deontais SEAI maidir le hobair iarfheistiúcháin éifeachtúlachta fuinnimh nó deontais faoin gClár um Uasghrádú Creatlach gan caiteachas ar mhaoine folmha ná caiteachas a ceadaíodh faoi na scéimeanna mór-athfheistithe san áireamh (i.e. Athnuachan a ceadaíodh nó a ceadaíodh faoi na Scéimeanna na nOibreacha Feabhais). | €2650020.86 | |
| | | | |
| **Tithíocht: H3 & H5** **Ceadaithe** | A. Maidir le gach teaghais a athligeadh i rith na bliana 2018, an t-am a tógadh ón dáta ar fágadh teaghais folamh go dtí an dáta sa bhliain 2018 ar cuireadh tús le tionóntacht eile i leith na teaghaise | **52.14 seachtain** | |
| | B. Maidir le gach teaghais a athligeadh i rith na bliana 2018, an meánchostas ar ullmhú na dteaghaisí lena n-athligean le tionóntaí nua sa bhliain 2018 | **€18165.83** | |
| | An líon teaghaisí ar cuireadh tionóntaí nua iontu ar aon dáta i rith na bliana 2018 (gan iad sin a bhí folamh mar thoradh ar scéim athfheistithe uile-eastáit a áireamh) | 49 | |
| | An líon seachtainí atá i gceist ón dáta ar fágadh teaghais folamh go dtí an dáta a ndéantar teaghais a athligean arís | 25.55 seachtain | |
| | An caiteachas iomlán ar obair dheisiúcháin a bhí riachtanach chun athligean na dteaghaisí a chumasú | €890125.53 | |
| | Maidir le gach teaghais a athligeadh i rith na bliana 2017, an t-am a tógadh ón dáta ar fágadh teaghais folamh go dtí an dáta sa bhliain 2017 ar cuireadh tús le tionóntacht eile i leith na teaghaise | **39.91 seachtain** | |
| | Maidir le gach teaghais a athligeadh i rith na bliana 2017, an meánchostas ar ullmhú na dteaghaisí lena n-athligean le tionóntaí nua sa bhliain 2017 | **€13213.49** | |
| | An líon teaghaisí ar cuireadh tionóntaí nua iontu i rith na bliana 2017 (gan iad sin a bhí folamh mar thoradh ar scéim athfheistithe uile-eastáit a áireamh) | 43 | |
| | An líon seachtainí atá i gceist in 2017 ón dáta ar fágadh teaghais folamh go dtí an dáta a ndéantar teaghais a athligean arís | 17.16 seachtain | |
| | An caiteachas iomlán ar obair dheisiúcháin a bhí riachtanach in 2017 chun athligean na dteaghaisí a chumasú | €568179.91 | |
| | A. An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh na bliana 2018 | 6594 | |
| | B. An líon teaghaisí ar cíos a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2018 | 770 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | C. An céatadán de na teaghaisí a iniúchadh sa bhliain 2018 agus ar cinneadh ina leith nár chomhlíon siad na Rialacháin maidir le Caighdeáin | **100 %** | |
| | D. An líon teaghaisí nach raibh comhlíontach agus a tháinig chun bheith comhlíontach i rith na bliana 2018 | 105 | |
| | An líon teaghaisí a iniúchadh sa bhliain 2018 agus ar cinneadh ina leith nár chomhlíon siad Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) | 770 | |
| | | | |
| **Tithíocht: H6**<br>**Ceadaithe** | A. An líon aosach i gcóiríocht éigeandála ar daoine gan dídean fadtéarma iad mar % den líon iomlán aosach gan dídean fadtéarma i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2018 | **58.00 %** | |
| | An líon aosach a aicmítear mar dhaoine gan dídean, agus iad i gcóiríocht éigeandála, ar oíche an Dé Luain 31 Nollaig 2018 mar atá taifeadta i gcóras PASS | 50 | |
| | An líon de na daoine sin a bhí, ar an 31/12/2018, tar éis 6 mhí as a chéile, nó tar éis tréimhse charnach 6 mhí laistigh de 12 mhí roimhe sin, a chaitheamh i gcóiríocht éigeandála | 29 | |
| | | | |
| **Bóithre: R1 & R2**<br>**Ceadaithe** | % de chiliméadair bhóthair réigiúnaigh a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mhí roimh an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % de chiliméadair bhóthair phríomha áitiúil a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mhí roimh an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % de chiliméadair bhóthair thánaistigh áitiúla a fuair rátáil PSCI sa tréimhse 24 mhí roimh an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % de chiliméadair bhóthair threasaigh áitiúil fuair rátáil PSCI sa tréimhse 60 mí roimh an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 1-4 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 5-6 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 7-8 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair réigiúnaigh ag a raibh rátáil PSCI 9-10 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 1-4 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 5-6 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 7-8 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair phríomha áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 9-10 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 1-4 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 5-6 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 7-8 ar an 31/12/2018 | 1 % | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair thánaistigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 9-10 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 1-4 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 5-6 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 7-8 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | % den líon iomlán ciliméadar bóthair threasaigh áitiúil ag a raibh rátáil PSCI 9-10 ar an 31/12/2018 | 1 % | |
| | A1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh i rith na bliana 2018 | 1.0 km | |
| | A2. An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha i rith na bliana 2018 | €1.00 | |
| | B1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh i rith na bliana 2018 | 1.0 km | |
| | B2. An méid a caitheadh ar obair athshéalaithe bóithre réigiúnacha i rith na bliana 2018 | €1.00 | |
| | C1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a neartaíodh i rith na bliana 2018 | 1.0 km | |
| | C2. An méid a caitheadh ar obair neartaithe bóithre áitiúla i rith na bliana 2018 | €1.00 | |
| | D1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh i rith na bliana 2018 | 1.0 km | |
| | D2. An méid a caitheadh ar obair athshéalaithe bóithre áitiúla i rith na bliana 2018 | €1.00 | |
| **Mótarcháin: R3** Ceadaithe | % de na hidirbhearta mótarchánach ar déileáladh leo ar líne (i.e. próiseáiltear an t-idirbheart agus eisítear an diosca cánach) sa bhliain 2018 | 72.28 % | |
| **Uisce: W1** Ceadaithe | % de Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil a chomhlíon na ceanglais reachtúla i leith an fhaireacháin a dhéantar ar cháilíocht na soláthairtí príobháideacha uisce óil i rith na bliana 2018 | 1.00 % | |
| **Dramhaíl: E1** Ceadaithe | A. Ar bhonn Dhaonáireamh 2016, an líon teaghlach i limistéar ina raibh seirbhís 3 araid bhruscair á soláthar ag oibreoir ceadúnaithe ar an 31/12/2018 | 13504 | |
| | B. An líon sin teaghlach in A mar % de na teaghlaigh i limistéar an údaráis áitiúil (de réir Dhaonáireamh 2016 freisin) | 21.53 % | |
| **Truailliú Comhshaoil: E2** Ceadaithe | A1. An líon iomlán cásanna ina ndearnadh gearáin faoi thruailliú sa bhliain 2018 | 1442 | |
| | A2. An líon cásanna truaillithe a dúnadh sa tréimhse ón 1/1/2017 go dtí an 31/12/2018 | 1300 | |
| | A3. An líon iomlán cásanna idir lámha ar an 31/12/2018 | 667 | |
| | Líon na gcásanna tosaigh a tugadh ar aghaidh ó dheireadh na bliana 2017 | 525 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Truailliú ó Bhruscar: E3**<br>**Ceadaithe** | A1. An % den limistéar laistigh den Údarás Áitiúil nach raibh truailliú ann nó a bhí saor ó bhruscar nuair a rinneadh suirbhéireacht sa bhliain 2018 | 1 % | |
| | A2. An % den limistéar laistigh den Údarás Áitiúil ina raibh méid beag truaillithe nuair a rinneadh suirbhéireacht sa bhliain 2018 | 1 % | |
| | A3. An % den limistéar laistigh den Údarás Áitiúil ina raibh méid measartha mór truaillithe nuair a rinneadh suirbhéireacht sa bhliain 2018 | 1 % | |
| | A4. An % den limistéar laistigh den Údarás Áitiúil ina raibh méid suntasach truaillithe nuair a rinneadh suirbhéireacht sa bhliain 2018 | 1 % | |
| | A5. An % den limistéar laistigh den Údarás Áitiúil ina raibh méid an-mhór truaillithe nuair a rinneadh suirbhéireacht sa bhliain 2018 | 1 % | |
| | | | |
| **Stádas 'Bratach Ghlas' E4**<br>**Ceadaithe** | A. % de scoileanna a bhfuil stádas 'bratach ghlas' bronnta orthu | 38.27 % | |
| **Pleanáil: P1**<br>**Ceadaithe** | A. Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu | **15.05 %** | |
| | An líon iomlán foirgneamh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu i.e. foirgnimh ar ina leith a sheirbheáil tógálaí nó forbróir Fógra Tosaithe ar an údarás áitiúil sa tréimhse ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018 | 784 | |
| | An líon foirgneamh nua ar tugadh fógra don údarás áitiúil fúthu sa bhliain 2018 agus a bhí ina n-ábhar d'iniúchadh amháin ar an láthair ar a laghad i rith na bliana 2018 | 118 | |
| | | | |
| **Pleanáil: P2 & P3**<br>**Ceadaithe** | A. An líon cinntí pleanála de chuid an Údaráis Áitiúil a ndearnadh achomharc chuig an mBord Pleanála ina leith agus a ndearnadh an Bord cinneadh ina leith ar aon dáta sa bhliain 2018 | 61 | |
| | B. % de na breitheanna in A lenar daingníodh (fara athrú nó gan athrú) an cinneadh a bhí déanta ag an Údarás Áitiúil | **65.57 %** | |
| | An líon breitheanna lenar daingníodh cinneadh an Údaráis Áitiúil (fara athrú nó gan athrú) | 40 | |
| | A. An líon iomlána cásanna pleanála a tarchuireadh chuig an údarás áitiúil, nó a thionscain an t-údarás áitiúil, sa tréimhse ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018, ar cásanna iad a imscrúdaíodh | 308 | |
| | B. An líon iomlán cásanna imscrúdaithe a dúnadh i rith na bliana 2018 | 207 | |
| | C. % de chásanna in B a díbheadh mar chásanna fánacha, mar mhionchásanna nó mar chásanna gan bhunús nó a dúnadh ós rud é go raibh siad faoi urchosc reachta nó gur forbairt dhíolmhaithe a bhí ann | **81.64 %** | |
| | D. % de na cásanna ag B a réitíodh chun sástacht an Údaráis Áitiúil trí chaibidlíochtaí | **15.94 %** | |
| | E. % de na cásanna ag B a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin | **2.42 %** | |
| | F. An líon iomlán cásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú amhail ar an 31/12/2018 | 1399 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An líon cásanna ag B a díbheadh faoi alt 152(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 | 169 | |
| | An líon cásanna ag B a réitíodh chun sástacht an Údaráis Áitiúil trí chaibidlíochtaí | 33 | |
| | An líon cásanna ag B a dúnadh de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin | 5 | |
| | | | |
| **Pleanáil: P4 & P5** **Ceadaithe** | A. Sonraí Chlár D as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) 2018 arna roinnt ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016 | **€19.63** | |
| | Sonraí Chlár D as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) ina gcuimsítear D01 - Pleanáil Chun Cinn, D02 - Bainistíocht Forbartha, D03 - Forfheidhmiúchán (agus cion iomchuí Chlár D den mhuirear bainistíochta lárnaí sa áireamh) don bhliain 2018 | €3522146.24 | |
| | A. An céatadán d'iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2018 agus a cinneadh (i.e. a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de dhá mhí ón dáta a bhfuarthas iad | **64.52 %** | |
| | A. An céatadán d'iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2018 agus a cinneadh (i.e. a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de thréimhse fhadaithe a comhaontaíodh leis an iarratasóir | **35.48 %** | |
| | An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2018 agus nár tharraing an t-iarratasóir siar iad | 124 | |
| | An líon iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2018 agus a cinneadh (i.e. a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de dhá mhí ón dáta a bhfuarthas an t-iarratas | 80 | |
| | An líon iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2018 agus a cinneadh (i.e. a deonaíodh nó ar diúltaíodh dóibh) laistigh de thréimhse ama fhadaithe chomhaontaithe | 44 | |
| | | | |
| **An tSeirbhís Dóiteáin: F1** **Ceadaithe** | A. Sonraí faoi chaiteachas Chlár E as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) don bhliain 2018 arna roinnt ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2016 i leith an daonra dá bhfónann an t-údarás dóiteáin de réir na dtuarascálacha a bhaineann le Céim a hAon den Chur Chuige Rioscabhunaithe | **€47.60** | |
| | Sonraí faoi chaiteachas Chlár E as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) ina gcuimsítear E11 - Oibriú na Seirbhíse Dóiteáin agus E12 - Cosc Dóiteáin don bhliain 2018 | €12328508 | |
| | | | |
| **An tSeirbhís Dóiteáin: F2 & F3** **Ceadaithe** | A. Meánfhad ama, i nóiméid, a thóg sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh dóiteáin | 2.33 nóim | |
| | B. Meánfhad ama, i nóiméid, a thóg sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin áirithinte) i dtaobh dóiteáin | 5.1 nóim | |
| | C. Meánfhad ama, i nóiméid, a thóg sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaobh na dteagmhas éigeandála uile eile (teagmhais neamhdhóiteáin) | 2.29 nóim | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | D. Meánfhad ama, i nóiméid, a thóg sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin áirithinte) i dtaobh na dteagmhas éigeandála uile eile (teagmhais neamhdhóiteáin) | 5.8 nóim | |
| | A. % de na cásanna i leith dóiteáin ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | **32.47 %** | |
| | B. % de na cásanna i leith dóiteáin ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | **40.35 %** | |
| | C. % de na cásanna i leith dóiteáin ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | **27.18 %** | |
| | D. % de na cásanna i leith na dteagmhas éigeandála uile eile ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | **45.85 %** | |
| | E. % de na cásanna i leith na dteagmhas éigeandála uile eile ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | **39.93 %** | |
| | F. % de na cásanna i leith na dteagmhas éigeandála uile eile ar freastalaíodh ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | **14.21 %** | |
| | An líon iomlán glaonna i leith dóiteán ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018 | 927 | |
| | An líon cásanna dóiteáin díobh sin inar tháinig an t-inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 301 | |
| | An líon cásanna i leith dóiteáin díobh sin inar tháinig an t-inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 374 | |
| | An líon cásanna dóiteáin díobh sin inar tháinig an t-inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 252 | |
| | An líon iomlán glaonna i leith na dteagmhas éigeandála uile eile (i.e. gan dóiteáin a áireamh) ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018 | 591 | |
| | An líon cásanna neamhdhóiteáin díobh sin inar tháinig an t-inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair laistigh de 10 nóiméad | 271 | |
| | An líon cásanna neamhdhóiteáin díobh sin inar tháinig an t-inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad | 236 | |
| | An líon cásanna neamhdhóiteáin díobh sin inar tháinig an t-inneall dóiteáin ar an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad | 84 | |
| | | | |
| **An tSeirbhís Leabharlainne: L1** Ceadaithe | A. An líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh gach duine den daonra i limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016 | **2.41** | |
| | B. An líon ítimí a eisíodh chuig iasachtaithe i rith na bliana | 619577 | |
| | An líon cuairteanna ar leabharlanna sa tréimhse ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018 | 621524 | |
| | | | |
| **An tSeirbhís Leabharlainne: L2** Ceadaithe | A. Sonraí Chlár F as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) don bhliain 2018 arna roinnt ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016 | **€20.18** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Sonraí Chlár F as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) ina gcuimsítear F02 - Oibriú na Leabharlainne agus na Seirbhíse Cartlainne (agus cion iomchuí Chlár F den mhuirear bainistíochta lárnaí sa áireamh) don bhliain 2018 | €5208247 | |
| | | | |
| **Óige agus Pobail: Y1 & Y2** **Ceadaithe** | A. An céatadán de scoileanna áitiúla a bhí páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg/Youth Council | **77.14 %** | |
| | An líon iomlán scoileanna dara leibhéal i limistéar an Údaráis Áitiúil ar an 31/12/2018 | 35 | |
| | An líon iomlán scoileanna dara leibhéal i limistéar an Údaráis Áitiúil a raibh ionadaithe dá gcuid i láthair ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil áitiúil Chomhairle na nÓg sa bhliain 2018 | 27 | |
| | A. An líon eagraíochtaí a bhí ann i gClár an Chontae agus an cion díobh a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste Uilechuimsitheachta Sóisialta laistigh den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí | **15.07** | |
| | An líon iomlán eagraíochtaí a bhí ann i gClár an Chontae do limistéar an údaráis áitiúil amhail ar an 31/12/2018 | 710 | |
| | An líon iomlán de na heagraíochtaí sin a chláraigh den chéad uair sa bhliain 2018 | 98 | |
| | An líon iomlán eagraíochtaí a roghnaigh páirt a ghlacadh sa Choláiste Uilechuimsitheachta Sóisialta ar an dála a chláraigh siad leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí | 107 | |
| | | | |
| **Seirbhísí Corparáideacha: C1, C2, C4 & C5** **Ceadaithe** | A. An líon coibhéiseach daoine lánaimseartha foirne amhail ar an Dé Luain 31 Nollaig 2018 | 757.61 | |
| | A. An céatadán de laethanta oibre le pá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí deimhnithe ag dochtúir sa bhliain 2018 | **4.21 %** | |
| | B. An céatadán de laethanta oibre le pá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí féin-deimhnithe sa bhliain 2018 | **0.27 %** | |
| | An líon iomlán laethanta oibre a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí deimhnithe ag dochtúir sa bhliain 2018 | 7548 lá | |
| | An líon iomlán laethanta oibre a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta trí shaoire a bhí féin-deimhnithe sa bhliain 2018 | 477 lá | |
| | An líon laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta agus atá san áireamh sa líon iomlán laethanta saoire breoiteachta féin-deimhnithe sa bhliain 2018 | 6 lá | |
| | An líon laethanta oibre gan phá a cailleadh de bharr asláithreachta breoiteachta agus atá san áireamh sa líon iomlán laethanta saoire breoiteachta a bhí deimhnithe ag dochtúir sa bhliain 2018 | 312 lá | |
| | I gcás ina bhfuil aon bhaill foirne as láthair ar shaoire bhreoiteachta fadtéarma (i.e. tréimhse leanúnach níos faide ná 4 seachtaine), cuir isteach téacs-nóta faoin líon ball foirne ar saoire bhreoiteachta fadtéarma | 69 ball foirne a bhí ar shaoire bhreoiteachta fadtéarma (saoire bhreoiteachta | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | níos faide ná 20+ lá) in 2018 | |
| | A. An Caiteachas ICT go léir sa tréimhse ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018 arna roinnt ar an uimhir i leith WTE | **€2560.15** | |
| | Caiteachas iomlán ICT in 2018 | €1939593 | |
| | An Caiteachas ICT go léir sa tréimhse ón 01/01/2017 go dtí an 31/12/2017 arna roinnt ar an uimhir i leith WTE in 2017 | **€2782.21** | |
| | Caiteachas iomlán ICT in 2017 | €2038472 | |
| | A. Gach caiteachas ICT arna ríomh in C4 mar chuid den chaiteachas Ioncaim | **1.61** | |
| | Caiteachas Iomlán Ioncaim idir 1/1/2018 agus 31/12/2018 roimh aistrithe ó chúlchistí nó roimh aistrithe chuig cúlchistí | 120287035 | |
| | | | |
| **Seirbhísí Corparáideacha: C3** **Ceadaithe** | A. An líon iomlán leathanach ar féachadh orthu ar láithreán gréasáin an údaráis áitiúil sa bhliain 2018 | 1555479 | |
| | B. An líon iomlán leantóirí ag deireadh na bliana 2018 ar chuntais mheán sóisialta an Údaráis Áitiúil | 60093 | |
| | An líon cuntas meán sóisialta a oibríonn an t-údarás áitiúil | 33 | |
| | | | |
| **Airgeadas: M1 & M2** **Ceadaithe** | A. Barrachas/easnamh carnach amhail an 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim as Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €-1891838 | |
| | B. Barrachas/easnamh carnach amhail an 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim as Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €-1886030 | |
| | C. Barrachas/easnamh carnach amhail an 31/12/2016 sa Chuntas Ioncaim as Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €-1959192 | |
| | D. Barrachas/easnamh carnach amhail an 31/12/2017 sa Chuntas Ioncaim as Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | €-582156 | AFS Iniúchta don bhliain 2017 |
| | E. Barrachas/easnamh carnach amhail an 31/12/2018 sa Chuntas Ioncaim as Ráiteas Chuntas Ioncaim & Caiteachais an AFS | -€11,921 | Easnamh AFS 2018 gan iniúchadh |
| | F. Barrachas nó easnamh carnach amhail an 31/12/2018 mar chéatadán den Ioncam Iomlán in 2018 as Ráiteas Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an AFS | -0.01% | |
| | G. Caiteachas Ioncaim per capita sa bhliain 2018 | **€670.53** | |
| | An figiúr d'Ioncam Iomlán 2018 as Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais san AFS | €122773879 | AFS 2018 gan iniúchadh |
| | An figiúr do Chaiteachas Iomlán 2018 as Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais san AFS | €120287035 | AFS 2018 gan iniúchadh |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2014 | 67.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2015 | 81.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2016 | 84.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2017 | 84.0 % | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An leibhéal bailithe Rátaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2018 | 86 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2014 | 88.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2015 | 90.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2016 | 91.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2017 | 90.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2018 | 91 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2014 | 75.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2015 | 76.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2016 | 76.0 % | |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2017 | 76.0 % | AFS Iniúchta don bhliain 2017 |
| | An leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta as an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2018 | 76 % | AFS 2018 gan iniúchadh |
| **Forbairt Eacnamaíochta: J1 go J4** Ceadaithe | A. An líon post a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontar Áitiúil i rith na tréimhse ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018 | 111.0 | |
| | A. An líon iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Fiontar Áitiúil sa bhliain 2018 | 53 | |
| | B. An líon de na dearbháin trádála ar líne sin a tarraingíodh anuas sa bhliain 2018 | 22 | |
| | A. An líon rannpháirtithe a fuair meantóireacht i rith na tréimhse ón 01/01/2018 go dtí an 31/12/2018 | 530 | |
| | A. An bhfuil straitéis turasóireachta reatha ag an údarás áitiúil? | Tá | |
| | B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil? | Níl | Táthar i mbun Oifigeach a earcú i láthair na huaire. |

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# PLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSÍ - FAISNÉIS UASDÁTAITHE

**PLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSÍ**

## TITHÍOCHT

| | | |
|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **Pobail chothromaithe mheasctha daoine sna haoisghrúpaí éagsúla agus ina bhfuil comhdhéanamh éagsúil teaghlaigh, cúlra éagsúil eitneach agus stádas éagsúil socheacnamaíochta a chruthú agus féachaint le soláthar tithíochta sóisialta de chineál dea-bhainistithe, dea-chothabháilte a sholáthar laistigh de thimpeallacht atá tarraingteach, sábháilte agus daingean i bpobal ar mian le daoine cónaí a dhéanamh ann.** | |
| **Cuspóirí** | • **Tacaíochtaí Tithíochta Sóisialta a Sholáthar** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean a sholáthar agus a bhainistiú de réir an Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaigh agus an Chreatphlean do Chontae na Gaillimhe.<br><br>Clinicí For-Rochtana a chur ar bun ar bhonn píolótach i mBaile Locha Riach agus i dTuaim i gcomhar le Simon na Gaillimhe. | Le linn an Scéim Leithroinnte Tithíochta a oibriú, a chinntiú go dtugtar tús áite do theaghlaigh gan dídean atá cáilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta.<br><br>An líon daoine fásta i gCóiríocht Éigeandála ar Daoine Gan Dídean Fadtéarma iad mar % den Líon Iomlán Daoine Fásta Gan Dídean Fadtéarma i gCóiríocht Éigeandála ag Deireadh na Bliana 2019 (KPI H6A).<br><br>Líon na dTeaghlach i gCóiríocht Éigeandála Phríobháideach (PEA) mar % de Líon Iomlán na dTeaghlach gan Dídean ag Deireadh na Bliana 2019.<br><br>Líon na Líonta Tí ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh faoi Sheirbhís chun Áit a Aimsiú faoi HAP ag Deireadh na bliana 2019. | An líon leithroinntí do theaghlaigh gan dídean a cháiligh le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta sa bhliain 2019.<br><br>Níos lú ná 25%<br><br>Níos lú ná 50%<br><br>25% |
| An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm | Spriocanna 2019 mar a sonraítear sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 a bhaint amach. | An líon iomlán teaghlach Lucht Siúil i gcóiríocht mar % de na spriocanna |

| | | |
|---|---|---|
| | Tionscadail chaipitil ag láithreáin Stad Thuama agus Cheapaigh Oighre a thabhairt chun críche.<br><br>Dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le hobair chaipitil ag Creachmhaoil agus sa Chreagán.<br><br>Feasacht agus oiliúint leanúnach i ndáil le sábháilteacht dóiteáin a chur ar fáil sna Láithreáin Stad. | foriomlána atá leagtha síos sa Chlár<br><br>Oibreacha caipitil ag Tuaim agus ag Ceapaigh Oighre a thabhairt chun críche agus tús a chur leis na hoibreacha ag Creachmhaoil agus an Creagán.<br><br>R2 agus R4 2019. |
| Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe. | Spriocanna mar atá leagtha amach sa Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas.<br><br>Sonraí i ndáil le leithdháileadh, nósanna imeachta & ainmniúcháin chuig comhlachtaí Deonacha chomh maith le roinnt eolais i ndáil le pleananna cúraim agus measúnachtaí riosca le comhaontú ag an Grúpa Stiúrtha do Dhaoine faoi Mhíchumas. | Na Spriocanna ar fad i ngach catagóir sa soláthar tithíochta a bhaint amach. |
| Úsáid a bhaint as Ligean ar Bhonn Rogha (CBL) sa phróiseas leithdháiltí. | Aonaid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a leithdháileadh faoin scéim um Ligean ar Bhonn Rogha (CBL). | 50% ar a laghad de athligintí Chomhairle Chontae na Gaillimhe le déanamh via CBL. |
| Tacaíochtaí i ndáil le Tithíocht Shóisialta. | Iarratais bhailí ar thithíocht shóisialta a athbhreithniú agus caidreamh a bhunú le hiarratasóirí ar mhodh tráthúil, agus an méid is mó faisnéise agus is féidir a thabhairt d'iarratasóirí faoina roghanna maidir le tithíocht. | Iarratais bhailí ar thithíocht shóisialta a athbhreithniú agus caidreamh a bhunú le hiarratasóirí laistigh de 12 sheachtain ón dáta a bhfaightear an t-iarratas. |

| **Cuspóirí** | • **An Soláthar Tithíochta Sóisialta a Mhéadú** | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| An Soláthar Tithíochta. | Dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an gClár Caipitil Tithíochta i gcomhréir leis na spriocanna agus leis an maoiniú de réir mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann um Thithíocht agus Easpa Dídine.<br><br>Oibriú i ndlúth-chomhpháirtíocht le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun cabhrú lena dtionscadail Chaipitiúla & SHCEP a chur ar aghaidh. | 156 aonad tithíochta ar a laghad a sholáthar faoin gclár caipitil faoin 31.12.2019.<br><br>Líon na n-aonad a soláthraítear via Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe in 2019 a mhéadú i gcomórtas leis an mbliain 2018. |
| An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) & an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) a riaradh<br><br>Scéimeanna leasaithe ‘Deisiú agus Léasú’ agus/nó ‘Ceannach & Athnuachan’ a chur ar fáil. | An líon aonad a soláthraíodh faoi RAS sa bhliain 2019 (KPI 1C).<br><br>An líon aonad a soláthraíodh faoi HAP sa bhliain 2019 (má oibríodh).<br><br>An líon Aonad a Soláthraíodh faoi ‘Deisiú & Léasú’ sa bhliain 2019.<br><br>An líon Aonad a Soláthraíodh faoi ‘Ceannach & Athnuachan’ sa bhliain 2019. | Spriocanna mar a chinn an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil. |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | |
| Clár Cothabhála Coisctheach don Stoc Tithíochta | An tsuirbhéireacht ar an stoc a thabhairt chun críche agus clár oibre chun cothabháil coisctheach ar thithe a bhunú.<br>Dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le clár tosaíochta oibre a sholáthar chun sábháilteacht dóiteáin agus leictreachais i ngach teaghais de chuid na Comhairle a chur ar fáil, nuair a bheidh an tsuirbhéireacht stoic tugtha chun críche agus anailís déanta uirthi.<br>Dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le conarthaí maidir le hobair tosaíochta eile atá le déanamh faoi mar a aithníodh sa tsuirbhéireacht stoic. | R4 2019<br><br>R4 2019<br><br>R4 2019 |
| Obair Dheisiúcháin ar Thithíocht | Líon na ndeisiúchán a cuireadh i gcrích mar % d’iarrataí bailí ar dheisiúcháin a fuarthas faoin 31.12.2019 i ndáil le | 95% |

| | | |
|---|---|---|
| | hiarrataí Tosaíochta, Práinneacha agus Gnáthiarrataí. | |
| Bainistíocht Éifeachtach ar Thithe Folmha | Laghdú a dhéanamh ar an líon tithe folmha sa stoc tithíochta agus ar an bhfad ama a mbíonn siad folamh lena linn:<br>% de thithe folmha @ 31.12.2019 (KPI H2A)<br><br>An Meánam a Tógadh ón Dáta ar Fágadh Teaghais Folamh go dtí an Dáta sa bhliain 2019 ar Cuireadh Tús le Tionóntacht Nua (Seachtainí) (KPI H3A) | Laghdú a bhaint amach maidir leis an % de thithe folmha @ 31.12.2019, i gcomórtas leis an mbliain 31.12.18.<br>Laghdú a bhaint amach maidir leis meánam a thógann sé chun athligean a dhéanamh sa bhliain 2019, i gcomparáid leis an mbliain 2018. |
| **Cuspóirí** | • **Bainistíocht Éifeachtach Tionóntachta & Eastát chun tacú le Pobail Inbhuanaithe** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Cothú Éifeachtúil Tionóntachtaí & Bainistiú Eastát. | Straitéis um Chothú Éifeachtúil Tionóntachtaí & Bainistithe Eastát a chur i bhfeidhm. An chéad chuairt/an chéad chigireacht ar gach maoin a thabhairt chun críche.<br>Cáipéis freagraíochtaí tionóntaí agus na Comhairle a athbhreithniú agus a leasú.<br>An comhaontú tionóntachta a athbhreithniú agus a leasú | Líon na gcuairteanna/na gcigireachtaí baile a cuireadh i gcrích faoin 31.12.2019.<br>An cháipéis leasaithe a bheith i bhfeidhm faoin 30.09.2019.<br>An cháipéis leasaithe a bheith i bhfeidhm faoin 31.12.2019. |
| **Cuspóirí** | • **Tacaíocht a thabhairt i leith rialáil éifeachtach na hEarnála Cóiríochta ar Cíos** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Cigireachtaí Maoine (RTB, HAP & RAS) | An líon cigireachtaí a rinneadh (KPI H5B) | Cigireacht le déanamh ar 15% de thionóntachtaí cláraithe ar a laghad faoin 31.12.2019. |

<table>
<tr><th colspan="3">SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA</th></tr>
<tr><td>Réimse seirbhíse</td><td colspan="2">Seirbhísí riaracháin seasmhacha agus gairmiúla a chur ar fáil a thacaíonn leis na caighdeáin rialachais is airde i bpróisis ionadaíochta daonlathaí agus déanamh cinntí na Comhairle agus na Foirne Feidhmiúcháin.</td></tr>
<tr><td>Cuspóir</td><td colspan="2"><ul><li>Tacú le hionadaíocht dhaonlathach agus cinnteoireacht éifeachtach, oscailte agus trédhearcach</li></ul></td></tr>
<tr><td>Gníomhaíochtaí</td><td>Tomhas Feidhmíochta</td><td>Sprioc don bhliain 2019</td></tr>
<tr><td>Clár na dToghthóirí a chothabháil agus a fhoilsiú (2018/2019)</td><td>Clár na dToghthóirí (RoE) 2018/2019 a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal laistigh de Spriocamanna Reachtúla.<br><br>Chun Toghcháin Áitiúla 2019 a éascú.</td><td>Faoin 15 Feabhra, 2019<br>Dréacht faoin 1 Samhain, 2019.</td></tr>
<tr><td>Comhordú a dhéanamh ar cheart an phobail rochtain a fháil ar Thaifid na Comhairle.</td><td>An céatadán d’iarrataí maidir le Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol chuig Seirbhísí Corparáideacha a próiseáladh de réir na gceanglas reachtúil.<br><br>Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise do Sheirbhísí Corparáideacha a thabhairt cothrom le dáta<br><br>An líon gearán a dtacaíonn Oifig an Ombudsman leo</td><td>Comhlíontacht 100% i leith na sprioc-amanna reachtúla<br><br>Ráithe 4 2019<br><br>Níos lú ná 5</td></tr>
<tr><td>Tacaíocht d’Ionadaíocht Dhaonlathach</td><td>Bainistíocht i leith Cruinnithe Comhairle - Foilsiú míosúil maidir le Comhfhreagras na Comhairle agus Faisnéis faoi Chruinnithe a choimeád ar bun ar an Eislíon<br>Foilsiú míosúil Mhiontuairiscí na Comhairle ar Láithreán Gréasáin na Comhairle<br>Coistí um Beartais Straitéiseacha a bhunú<br>Baill a cheapadh chuig roinnt Coistí.</td><td>Úsáid an Eislín ag 90% de na Comhaltaí a chothú i rith na bliana 2019</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| Comhordú a dhéanamh i leith Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) an Chontae | An líon gníomhartha a chuirtear i gcrích ar bhonn bliantúil a bheith de réir mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach CCP | Rinneadh 3 Ghníomh Straitéiseacha a Aontú agus a Chur i gCrích sa bhliain 2019 |
| Plean Oiliúna na gComhaltaí a chur i bhfeidhm | Rialacháin maidir le hOiliúint & Ceadú Comhdhálacha a chomhlíonadh | Comhlíontacht 100% |
| Riaradh a dhéanamh i leith Chaighdeáin Chreataí Eitice an Rialtais Áitiúil | Cláir Phoiblí agus Cláir Foirne (Eitic/Síntiúis) a fhoilsiú faoi na Sprioc-Amanna Reachtúla<br>Na ceanglais a bhaineann leis an Acht Brústocaireachta agus le Nochtadh Cosanta a chur i bhfeidhm. | Spriocanna Reachtúla a bhaint amach<br><br>An Reachtaíocht a Chomhlíonadh |
| **Cuspóir 2** | • **Tacú le Rochtain Uilechuimsitheach ar Thaitneamhachtaí Áineasa agus Fóillíochta a chuireann le Folláine Pobail** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Ionaid Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe & Thuama a bhainistiú (Linnte Snámha & Giomnáisiamaí). | An líon iomlán cuairteanna sa bhliain in aghaidh an Ionaid Fóillíochta | Béal Átha na Sluaighe 112,000<br>Tuaim 165,500 |
| Seirbhísí Garda Tarrthála a sholáthar sa Chathair agus sa Chontae (Seirbhís Chomhroinnte) | An líon Limistéar Snámha, agus Seirbhís Garda Tarrthála Trá san áireamh, a soláthraíodh sa Chathair agus sa Chontae<br>An líon Uaire an Chloig de Sheirbhís Garda Tarrthála a soláthraíodh i 10 Limistéar sa Chontae le linn Shéasúr 2018 | 16 sa Chathair (10 sa Chontae)<br><br>6,700 uair an chloig sa Chontae |
| Rochtain ar Áiteanna Súgartha | An líon a chuir an tÚdarás Áitiúil ar fáil go díreach, in aghaidh gach 100 leanbh faoi 12 bhliain d'aois sa daonra<br>An líon Áiteanna Súgartha a éascaíodh, in aghaidh gach 100 leanbh faoi 12 bhliain déag sa daonra (baineann 'éascaíodh' le saoráidí atá á mbainistiú ag pobail agus á n-árachú ag an Údarás Áitiúil) | 9.21<br><br>31.32 |
| Páirceanna, Faichí Imeartha agus Spásanna Oscailte (Faiche Imeartha Uile-Aimsire Thuama, | An líon uaire an chloig atá ar fáil saor in aisce do Phobail in aghaidh na seachtaine ag Faiche Imeartha Uile-Aimsire Thuama<br>An líon uaire an chloig atá ar fáil don Phobal in aghaidh na seachtaine i bPáirc Áineasa Dhún Leo | 40 uair an chloig<br>48 uair an chloig |

| | | |
|---|---|---|
| Páirc Áineasa Dhún Leo) | | |
| Ionaid do Chuairteoirí/Ionaid Chultúir | An líon Cuairteoirí Séasúracha (Éireannaigh agus Cuairteoirí Idirnáisiúnta) ag Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma (Ionad atá á bhainistiú go díreach ag Seirbhísí Corparáideacha)<br><br>An líon Cuairteoirí Bliantúla (Éireannaigh agus Cuairteoirí Idirnáisiúnta) ag Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí (Ionad a fhaigheann tacaíocht airgeadais ón Údarás Áitiúil) | 1,200<br><br>3,400 |
| **Cuspóir 3** | • **Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar sheirbhísí do chustaiméirí.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta**<br>**Seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil do chustaiméirí sa Cheanncheathrú agus ar fud gach Ceantar Bardasach** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Seirbhísí do Chustaiméirí | An Plean maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí a athbhreithniú<br>An líon leantóirí ar Twitter@GalwayCoCo<br>An líon 'Is Maith Liom' ar Facebook (Contae na Gaillimhe)<br><br>Líon iomlán uaireanta a féachadh ar láithreán gréasáin na Comhairle ag deireadh na bliana 2019<br><br>Ráta comhsheasmhach freagartha glaonna ar 091-509000 (an phríomhuimhir) a choimeád ar bun ar fud an lae oibre. | R4<br>13,000<br>10,000<br>1.1m<br>Cloí le ráta 90% de ghlaonna a fhreagairt laistigh de thréimhse is lú ná 25 shoicind |
| Corrthrádáil | An céatadán de na hiarratais ar Cheadúnas Corrthrádála agus de na Ceadúnais Scannánaíochta a phróiseáiltear laistigh de 15 lá oibre. | 100% |
| Limistéir seirbhíse atá sábháilte agus a bhfuil teacht ag an bpobal orthu a bhainistiú | Spriocanna a chomhaontú agus a bheith ag cloí le Rátaí agus Caighdeáin Cigireachtaí OHSAS maidir le hÁiseanna Corparáideacha | Creidmheas OHSAS a choinneáil in 2019 |
| **Cuspóir 4** | • **Tacú le húsáid laethúil na Gaeilge chun seirbhísí a chur ar fáil agus aitheantas a thabhairt don ról uathúil atá ag an nGaeilge i dtaca le héagsúlacht chultúir na Gaillimhe** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| An Ghaeilge & an Cultúr a ghabhann léi a chur chun cinn. | An líon gearán ar thacaigh an Coimisinéir Teanga leo maidir le Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe<br>An líon Scoláireachtai Gaeltachta a dámhadh | Níos lú ná 3<br><br>10 |

| | | |
|---|---|---|
| | An líon Scoláireachtaí Gaeltachta a dámhadh<br><br>Ábhar a fhoilsiú an tráth chéanna i nGaeilge agus i mBéarla ar www.gaillimh.ie / www.galway.ie | 10<br>Comhlíontacht dhátheangach |
| **Cuspóir 5.** | • **Rochtain uilechoiteann ar spásanna agus ar thaitneamhachtaí poiblí a fheabhsú agus rochtain chomhionann ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a chothú** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Inrochtaineacht | An líon gearán ar tacaíodh leo faoin Acht um Míchumas 2005 | 0 |

| **Seirbhísí Leabharlainne** | | |
|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **Soláthar seirbhíse éifeachtaí leabharlainne poiblí a chinntiú i gContae na Gaillimhe agus an leabharlann a neartú agus a leathnú sa phobal áitiúil** | |
| **Cuspóirí** | • **Leanúint den idirchaidreamh agus den rannpháirtíocht le hionadaithe poiblí, gníomhaireachtaí rialtais, LGMA, LCDC agus grúpa pobail de réir mar is gá agus mar is cuí, agus iad a chur ar an eolas - Ba chóir go mbeadh leabharlanna fáilteach agus go mbeadh teacht ag cách orthu** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Feasacht ar an Leabharlann | A chinntiú go bhfuil gach pobal áitiúil ar an eolas faoina seirbhís leabharlainne áitiúil agus ar cad atá á thairiscint ag gach leabharlann ar leith. | Imeachtaí poiblí a eagrú i ngach leabharlann & feachtas feasachta agus poiblíochta a chur i gcrích don tSeirbhís Leabharlainne |
| An riocht ina bhfuil na leabharlanna | Na foirgnimh agus na seirbhísí atá againn a chothabháil laistigh den staid buiséid | Go dtéitear i ngleic le baol aitheanta ar mhodh tráthúil - tuairisciú ceart/tráthúil ar thimpistí/eachtraí - Clár cothabhála pleanáilte curtha i bhfeidhm. |
| **Cuspóirí** | • Bailiúchán na Leabharlann a Bhainistiú agus a Fhorbairt - bailiúchán fisiciúil agus ar líne cuí a fhorbairt. Margaíocht agus na Meáin Shóisialta | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Seirbhís agus Eolas Leabharlainne agus Staire Áitiúla | Cultúr agus Cuimhní an Chontae á gCnuasú | Straitéis i bhfeidhm chun stair áitiúil a bhailiú - Líon ceisteanna freagartha.<br>A bheith rannpháirteach i dtionscadail i ndáil le Deich mBliana na gCuimhneachán. |
| Bailiúchán na Leabharlann | Stoc agus faisnéis chuí a sholáthar | Polasaí bainistithe stoc forbartha agus curtha i bhfeidhm - tairiscint i ndáil le stoc nua curtha i bhfeidhm - Líon na ndaoine atá ag úsáid acmhainní ar líne - staitisticí meán sóisialta |
| | Leabhair/ítimí a sholáthar trí úsáid a bhaint as an tseirbhís náisiúnta iompair leabharlainne | Tacaíocht a thabhairt i leith an chórais iasachta idirleabharlainne agus comhoibriú leis an gcóras sin |

| **Cuspóirí** | • **Leabharlanna a chur chun cinn mar ionaid chultúir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus fóillíochta agus rannpháirtíocht chách a spreagadh Tacú leis an gclár caighdeán na beatha trí litearthacht, eolas, oideachas agus caitheamh aimsire agus forbairt an léitheora Gníomhaíochtaí cruthaitheacha a bheith á dtairiscint ag leabharlanna agus comhoibriú a bheith á dhéanamh acu le heagraíochtaí eile sa phobal** | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| | | |
| Leabharlanna agus Leanaí | Úsáid leabharlann a chur chun cinn i measc leanaí | Imeacht poiblí amháin ar a laghad sa ráithe, in aghaidh na leabharlainne, a spreagadh agus iad dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga. A bheith páirteach i dTionscnaimh Náisiúnta lena n-áirítear Spring into Storytime agus Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh agus Féile Leabhar na Leanaí.<br><br>Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an ról atá ag Seirbhís Leabharlainne na Scoileanna sa réimse oideachais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) comhoibriú le múinteoirí d'fhonn grá don léitheoireacht a spreagadh i measc na ndaltaí, agus (b) cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí maidir leis na leabhair a roghnaíonn siad le haghaidh cúrsaí litearthachta agus uimhirtheachta. (c) cuairteanna pleanáilte a chur ar fáil do scoileanna náisiúnta an chontae le linn na scoilbhliana chun malartú stoc leabharlainne na scoile a éascú. Measúnú a dhéanamh ar an soláthar seirbhíse agus dírigh ar scoileanna ar leith d'fhonn an sprioc a bhaint amach.<br>Leanúint den léitheoireacht mar ábhar pléisiúir a chur chun cinn i measc na bpríomh-spriocghrúpaí . |
| Leabharlanna agus Seanóirí | Úsáid leabharlainne a spreagadh i measc daoine scothaosta den phobal. | Imeacht amháin in aghaidh an leabharlainne a reáchtáil in éineacht le *Age Action/Age Friendly Ireland*. Obair a dhéanamh i ndáil le seirbhísí leabharlainne atá Báúil don Aois a chur i bhfeidhm i gcomhchomhairliúchán le ranna eile.<br><br>Leabharlann atá báúil don aois a ainmniú, gníomhú agus na seirbhísí reatha a chur chun cinn. Leanúint d'oiliúint i scileanna digiteacha a chur ar fáil do dhaoine níos sine trí réimse gníomhaireachtaí |

| | | |
|---|---|---|
| | | Úsáid bord cluichí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu a chur isteach agus a chothú sa mBaile Bán agus ar an gCeathrú Rua. |
| Leabharlanna agus seirbhísí don phobal | An t-ionad Europe Direct i mBéal Átha na Sluaighe agus ar an gCeathrú Rua a choinneáil agus a fhorbairt.<br><br>Cláir i gcomhar le comhpháirtithe cultúir eile a chuireann saoránacht ghníomhach chun cinn lena n-áirítear ECOC, Éire Ildánach, Éire Shláintiúil @ an leabharlann, ceart chun léitheoireachta, Seachtain na Gaeilge etc a chur ar fáil. | Clár curtha ar fáil. Líon na n-imeachtaí a tionóladh. Athbhreithniú na gclár<br>Ar son This Time I'm Voting - príomhchuid an fheachtais maidir leis na Toghcháin Eorpacha 2019<br><br>Leanúint de chláir a chur ar fáil i gcomhréir le hÉire Ildánach, Éire Shláintiúil @ do leabharlann, Ceart chun Léitheoireachta, Seachtain na Gaeilge<br>Obair i gcomhar a fhorbairt idir muid féin agus Gaillimh 2020. |
| **Cuspóirí** | • **Tacaíocht ón leabharlann don phobal áitiúil** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Leabharlanna agus Teicneolaíocht Faisnéise (TF) | Rochtain ar an idirlíon trí ríomhairí rochtana poiblí agus/ nó trí Wi-Fi a sholáthar do phobail | WiFi daingean a chur ar fáil inár gcuid leabharlann ar fad (fad a bheifear ag fanacht le leathanbhanda a bheith ar fáil). Leanúint den chlár Work Matters a leathnú amach i leabharlanna brainse ainmnithe. |
| | Seirbhísí Ar Líne a uasdátú | Leanúint d'Fhaireachán a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí ar líne. Leanúint d'úsáid seirbhísí ar líne a chur chun cinn. |
| | Seirbhísí do dhaoine lagamhairc | Seirbhísí do dhaoine lagamhairc a choimeád ar bun agus a fheabhsú |
| | Rogha féinseirbhíse a éascú trí RFID<br><br>Uasghrádú ICT a chur i bhfeidhm i leabharlanna braise agus spásanna foghlama i gcomhar a chruthú. | RFID a thabhairt chun críche i leabharlann ainmnithe i R1 2019.<br><br>PCanna nua le cur in áit gach PC a bhfuil teacht ag an bpobal orthu, spás déantóra a chruthú sa leabharlann.<br><br>STEM a chur chun cinn ar fud leabharlanna na Cathrach agus an Chontae. |

| Cuspóirí | • Pleanáil agus cur i bhfeidhm a bheith á dhéanamh ag leabharlanna i ngach Ceantar Bardasach i ndáil le Clár Forbartha na Leabharlann 2016-2021. | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Plean Forbartha na Leabharlann agus na gCeantar Bardasach | An leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun seirbhís chomhtháite a chur ar fáil ag áiteanna socraithe seirbhísí agus via na seirbhíse leabharlainne soghluaiste agus ar líne. | Athbhreithniú ar amanna oscailte Leabharlann ar fud na gCeantar Bardasach a thabhairt chun críche. *'My Open Library*' a chur i bhfeidhm ar bhonn phíolótach céimnithe i mBéal Átha na Sluaighe & in Órán Mór. |
| Seirbhísí agus Forbairtí Leabharlainne atá Beartaithe | Forbairtí Leabharlann agus seirbhís don phobal Ceanglais GDPR a chur i bhfeidhm | Na moltaí sna pleananna a phleanáil, a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm más gá. |
| **Cuspóirí** | • **Cartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe a fháil, a chaomhnú agus a bhainistiú, agus nuair atá na hacmhainní ann, na cartlanna a fháil, trína gceannach go príobháideach nó mar bhronntanas, a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr an chontae.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2018** |
| Seirbhísí Cartlainne | Caomhnú an ábhair a chinntiú<br><br>Na Cartlanna a bhainistiú i gcomhréir leis an dea-chleachtas agus teacht a bheith ag an bpobal orthu. | Na coinníollacha reatha timpeallacht a choinneáil d'fhonn a chinntiú nach dtarlaíonn aon damáiste do na Cartlanna.<br><br>Na bailiúcháin a phróiseáil, d'fhonn a gcosaint fhisiciúil agus mhorálta a chinntiú de réir na gcaighdeán cartlainne (ISAD). Iad a liostú sa mbunachar bainistithe cartlann (Adlib), agus teacht cuí a bheith ag an bpobal orthu. |

| BÓITHRE, IOMPAR, MUIR AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA | | |
|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **Gréasán sábháilte, éifeachtúil bóithre a sholáthar ar mhaithe le gluaiseacht daoine agus earraí agus tacú le forbairt chothrom eacnamaíochta agus le forbairt pobal inbhuanaithe.** | |
| **Cuspóir** | • **Mórscéimeanna bóthair a chur ar aghaidh.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe | Scéim curtha faoi bhráid an Bhoird Pleanála<br>Réiteach don Éisteacht ó Bhéal | <br>R2 2019 |
| M17/M18 Mótarbhealach ón nGort go Tuaim | Comhaontuithe talún a thabhairt chun críche<br>An obair a thabhairt chun críche | R2 2019<br>R2 2019 |
| N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn | An Tairiscint le Bronnadh<br>Tús le cur leis an obair thógála<br>Fáil Talún a thabhairt chun críche | R2 2019<br>R3 2019<br>R4 2019 |
| **Cuspóir** | • **Scéimeanna mionoibreacha straitéiseacha a chur ar aghaidh** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| N17 - Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide | An tuarascáil maidir le roghanna a roghnú tugtha chun críche<br>An Réamhdhearadh le tabhairt chun críche | R1 2019<br>R3 2019 |
| N17 - Maolú Tráchta, Baile Chláir | Leanúint ar aghaidh chuig Cuid 8 den chead pleanála | R2 2019 |
| N17 Baile Thuama | Cosán tugtha chun críche | R1 2019 |
| N59 An Teach Dóite go Bun an Choill | Dearadh tugtha chun críche<br>Tairiscintí le bronnadh | R1 2019<br>R2 2019 |
| An N59 ón Teach Dóite go hUachtar Ard | Fáil Talún | R4 2019 |
| Leathnú an N59 - Siar ó Leitir Fraic | Fáil talún tugtha chun críche<br>Iarraidh ar Thairiscint<br>Tús le cur leis an Obair thógála | R4 2019<br>R1 2019<br>R3 2019 |
| N63 Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh | An obair thógála críochnaithe<br>Fáil talún fós ar bun | R1 2019<br>R4 2019 |

| | | |
|---|---|---|
| Athailíniú an N63 - An Lios go dtí an Mhainistir | Comhchomhairleoirí a cheapadh | R2 2019 |
| N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara | Fáil talún a chur ar aghaidh<br>Iarraidh ar Thairiscint<br>Tús le cur leis an Obair thógála | R4 2019<br>R2 2019<br>R3 2019 |
| Scéim Athailínithe an N84 Luimneach | Fáil talún a thabhairt chun críche | R2 2019 |
| N17 Ceathrú an Urláir go Baile an Daighin | Fáil talún a chur i gcrích | R1 2019 |
| Láidriú Cosáin ar an N59 ón mbealach isteach go hUachtar Ard ar an taobh thoir den bhaile | An obair thógála críochnaithe | R3 2019 |
| N59 Sraith Salach | An obair thógála críochnaithe | R4 2019 |
| Forleagan Cosáin ar an N60 Béal Átha Mó (ó Thuaidh) | An obair thógála críochnaithe | R2 2019 |
| Láidriú Cosáin ar an N65 Cill Mhian | An obair thógála críochnaithe | R3 2019 |
| Láidriú Cosáin ar an N67 Cinn Mhara | An obair thógála críochnaithe | R3 2019 |
| Forleagan Cosáin an N84 Bun an Choinín | An obair thógáil fós ar bun | R1 2019 |
| N63 An Ruán Mór | Cáipéisí tairisceana idir lámha<br>An obair thógála críochnaithe | R1 2019<br>R3 2019 |
| N83 An Poll Caoin | Tairiscintí bronnta<br>An obair thógála críochnaithe | R1 2019<br>R2 2019 |

| Cuspóir | • Cothabháil agus feabhsú na 6,700km de ghréasán bóithre ar fud an Chontae | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon Bóithre Áitiúla Treasacha a deisíodh | 47 |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon ciliméadar de Bhóithre Réigiúnacha a feabhsaíodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe - Feabhsúchán<br>An líon ciliméadar de Bhóithre Áitiúla a feabhsaíodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe - Feabhsúchán | 26km<br><br>97km |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon droichead a feabhsaíodh | 19 |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon ciliméadar de dhromchla Bóithre Réigiúnacha a cóiríodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe - Cothabháil<br>An líon ciliméadar de dhromchla Bóithre Áitiúla a cóiríodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe - Cothabháil | 40km<br><br>115km |
| Cothabháil an Ghréasáin Bóithre | Deisiúcháin ar Phoill sa Bhóthar – an t-am a tógadh – an líon laethanta oibre, ag brath ar na hacmhainní a bhí ar fáil:<br>Bóithre Náisiúnta<br>Bóithre Réigiúnacha<br>Bóithre Áitiúla, idir phríomha agus thánaisteach<br>Bóithre Áitiúla Treasacha | <br><br>2<br>5<br>10<br>20 |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An clár deisithe damáiste na stoirme cósta a chur i gcrích, tar éis stoirm chósta na bliana 2014. | An clár oibreacha críochnaithe faoi mhí na Nollag 2019 |
| Cothabháil an Ghréasáin Bóithre | Leanúint de chlár uasghrádaithe fhlít na Comhairle | Uasghrádú leanúnach na flíte a chríochnú faoi mhí na Nollag 2019 |
| Cothabháil an Ghréasáin Bóithre | An Clár Seirbhíse Geimhridh - faireachán a dhéanamh ar dhálaí aimsire, agus an clárligin grin a chur i bhfeidhm ar bhealaí tosaíochta sainaitheanta de réir mar is gá | Seirbhís Gheimhridh Leanúnach |
| **Cuspóir** | • **Leanúint den chlár feabhsúchán do Chéanna agus do Chuanta.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Feabhsú an Ghréasáin Céanna | An líon céanna a uasghrádaíodh/feabhsaíodh, agus cómhaoiniúchán ina leith faighte ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe: | 4 |

| | | |
|---|---|---|
| | • Cé an Chrompáin<br>• Cé an Droma<br>• Cé na hAirde Thoir<br>• Cloch na Rón | |
| Cé Straitéiseach a thógáil | Dul chun cinn mór a dhéanamh i ndáil le conraitheoir a fháil don ché nua in Inis Oírr, lena n-áirítear na suirbhéanna ar fad agus na hoibreacha cigireachtaí talún ar fad a thabhairt chun críche. | Conraitheoir a cheapadh faoi mhí na Nollag 2019. |
| **Cuspóir** | • **Obair a dhéanamh le hOifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le bainistiú an riosca maidir le tuiliú** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Cothabháil Siltin | An líon ciliméadar de chothabháil siltin a chríochnaítear faoi dheireadh na bliana | 3km faoi mhí na Nollag 2019 |
| Scéim Mionoibreacha | Leanúint de thionscadail a shainaithint agus a thíolacadh i gcomhair maoiniúcháin le haghaidh oibreacha faoisimh tuile<br>Mionoibreacha faoisimh tuile a chur i gcrích | 20 tairiscint faoi mhí na Nollag 2019<br><br>20 scéim curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2019 |
| Scéim Mionoibreacha - Le Cósta | Tionscadail i gcomhair maoiniúcháin a aithint agus a chur ar aghaidh chuig an OPW. | 3 scéim le cur isteach faoi mhí na Nollag 2019 |
| Scéimeanna Faoisimh Tuile | Scéim Faoisimh Tuile Dhún Coillín/an Agaird a chur ar aghaidh | An obair ar Dhroichead Dhún Coillín & ar Dhroichead coisithe Chreachmhaoil a thabhairt chun críche faoi Mheán Fómhair 2019<br>An obair chothabhála ar Shruthán Agaird a chríochnú faoi mhí na Nollag 2019 |
| Scéimeanna Faoisimh Tuile | Dul chun cinn mór a dhéanamh maidir le Scéim Faoisimh Tuile Thalamh Íseal an Ghoirt | An staidéar féidearthachta tugtha chun críche agus na dréachphleananna i ndáil leis an mbaol tuile a bhainistiú a thabhairt chun críche faoi mhí na Nollag 2019 |
| Scéimeanna Faoisimh Tuile | Dul chun cinn mór a dhéanamh maidir le Scéim Faoisimh Tuile an Chlocháin | An chuid is mó den obair a bheith críochnaithe faoi mhí na Nollag 2019 |
| Scéimeanna Faoisimh Tuile | Dul chun cinn mór a dhéanamh maidir le Scéim Faoisimh Tuile Bhéal Átha na Sluaighe | Comhchomhairleoirí a cheapadh agus an réamhthuarascáil le bheith tugtha chun críche faoi mhí na Nollag 2019 |

| **Cuspóir** | • **Bainistíocht Tráchta a Chur Ar Aghaidh** | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2018** |
| Bainistíocht Tráchta | An líon ceadanna páirceála a eisítear in aghaidh na bliana<br>An líon ticéad páirceála a eisítear in aghaidh na bliana | 210<br>1,600 |
| Bainistíocht Tráchta | Páirceáil a chaitear íoc as a thabhairt isteach i gcarrchlós stáisiún traenach an Gharráin (Órán Mór) | Páirceáil a chaitear íoc as le bheith i bhfeidhm i R4 2019 |
| Bainistíocht Tráchta | Athbhreithniú ar pháirceáil a gcaitear íoc as i gContae na Gaillimhe | Mí na Nollag 2019 |
| **Cuspóir** | • **Leanúint de thionscnaimh sábháilteachta bóthair a fhorbairt** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Sábháilteacht ar Bhóithre | An líon scoileanna dá dtabharfar tacaíocht i ndáil leis an gClár Oiliúna Rothaíochta<br>An líon scoileanna dá dtabharfar tacaíocht i ndáil leis an gClár 'Drive for Life'<br>Oibriú rathúil scéim na Maor Sóisearach i gContae na Gaillimhe<br>3 maor scoile i ngníomh i mBaile Locha Riach agus i mBéal Átha na Sluaighe | 25<br><br>10<br><br>Scéim na Maor Sóisearach i ngníomh i 4 scoil<br><br>3 maor scoile in situ |
| **Cuspóir** | • **Feabhsú an Ghréasáin Bóithre ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre Feabhsú ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de | An líon Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta Ísealchostais i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. - suíomhanna le cur in iúl ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. | 13 |
| Mall-Limistéir a thabhairt isteach in Eastáit Tithíochta 2015-2018 | Céim 4 - Fodhlíthe maidir le Mall-Limistéir curtha i bhfeidhm agus glactha - leithroinnt 2018 | 20 faoi dheireadh mhí na Nollag 2019 |
| Athbhreithniú ar na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha) a bhaineann le Contae na Gaillimhe | Athbhreithniú ar fhodhlíthe teorainneacha luais 2019 le cur i bhfeidhm | Faoin 1 Márta 2019 |
| Speicis Ionracha a Rialú | Clár a fhorbairt chun speicis ionracha a aithint, a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu<br>Cóireáil speiceas ionrach ag príomháiteanna | Ar siúl<br><br>Ar siúl |

| **Cuspóir** | • **Rannpháirtíocht an phobail a éascú agus tacaíocht a thabhairt ina leith** | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Feabhsú na Timpeallachta Fisicí | Urraíocht a thabhairt do 5 Scéim Fostaíochta Pobail | 80 fhostaí |
| Sábháilteacht ar Bhóithre | Iarratais ar oibreacha feabhsaithe bóthair faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail a éascú agus na hoibreacha iomchuí a chríochnú le tacaíocht ón bPobal. | Oibreacha faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail a chríochnú i 28 suíomh faoi mhí na Nollag 2019. |
| **Cuspóir** | • **Tacú le forbairt tionscnamh turasóireachta & sóisialta** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Bailchríoch a chur ar aistriú talún thart ar Theach an Phiarsaigh. | Aistriú talún a chur i gcrích faoi mhí na Nollag 2019 |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Glasbhealach Chonamara - Gaillimh go hUachtar Ard<br>Cead Pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála | Mí na Nollag 2019 |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Glasbhealach Chonamara - Uachtar Ard go dtí an Clochán<br>Cuid Bhaile na hInse lena n-áirítear Droichead Chluain Beag a thabhairt chun críche<br>Nuair a bheidh an maoiniú ceadaithe, an obair thógáil a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile | Mí na Nollag 2019<br>Ag fanacht ar mhaoiniú a cheadú |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Togra a cuireadh ar aghaidh faoin gCiste Athnuachana Tuaithe maidir le ceangal idir pointe radharcra Marconi, pointe radharcra Alcock & Brown agus baile an Chlochán a fhorbairt i gcomhar le Fáilte Éireann | Ag fanacht ar an DRCD maoiniú a cheadú ina leith chun go mbeifear ábalta leanúint leis an togra |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Athrú Aeráide - tacú le forbairt plean oiriúnúcháin do Chontae na Gaillimhe i gcomhréir le riachtanais maidir le hathrú aeráide | Tacaíocht a chur ar fáil ar bhonn leanúnach de réir mar is gá |
| **Cuspóir** | • **Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar de réir ár bPlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Déileáil le gearáin ó chustaiméirí | Déileáil le gearáin 'Deisigh Do Shráid', ach sin faoi réir faisnéis iomchuí a bheith ar fáil | 2 lá |
| Forbairt Eacnamaíochta | An líon freagraí a eisítear in aghaidh na bliana maidir le ceisteanna faoi Bhóithre agus Seirbhísí | 520<br>450 |

| | | |
|---|---|---|
| | An líon freagraí a eisítear laistigh de 15 lá maidir le ceisteanna faoi Bhóithre agus Seirbhísí | |
| | An líon Ceadanna Ualaigh Neamhghnách a eisítear in aghaidh na bliana<br>An líon Ceadanna Ualaigh Neamhghnách a eisítear laistigh de 5 lá | 150<br>150 |
| | An líon Ceadúnas Oscailte Bóthair a eisítear in aghaidh na bliana | 260 |
| | An líon Ceadúnas Scafaill a eisítear in aghaidh na bliana<br>An líon Ceadúnas Scafaill a eisítear laistigh de 5 lá | 30<br>30 |
| Freagairtí Éigeandála | Déileáil le teagmhais thromchúiseacha tuilithe mar is gá | De réir mar is gá |

| | | |
|---|---|---|
| **PLEANÁIL** | | |
| **Réimse seirbhíse** | • **Forbairt inbhuanaithe, chothromaithe an chontae ar mhodh neamhchlaon, aonfhoirmeach a chinntiú trí chomhlíonadh ár gcuid croífhreagrachtaí reachtúla agus trí bhíthin tionscnamh a chuirtear i ngníomh chun foráil a dhéanamh maidir forbairt an chontae san fhadtéarma.** | |
| **Cuspóirí** | • **Seirbhís Pleanála atá críonna, neamhchlaon agus freagrúil a sholáthar don Earnáil Forbartha agus don phobal i gcoitinne.** | |
| **Gníomhaíochta í** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Bainistíocht Forbartha de réir na gcreataí reachtúla agus rialála agus ar mhodh cóir neamhchlaon. | An líon Iarratas a ndéileáiltear leo laistigh de 8 seachtaine<br><br>An líon Achomharc chuig an mBord Pleanála<br><br>% d'Achomhairc ar tacaíodh leo/ar diúltaíodh dóibh<br><br>An líon Gearán chuig an Ombudsman<br><br>An meánam chun Iarratais Alt 5 a phróiseáil<br><br>Ceisteanna faoi Shrianta Úsáide a dtugtar freagra orthu laistigh d'amscála 2 sheachtain<br><br>Seirbhísí Ríomh-Pleanála a thabhairt isteach | 60%<br>Níos lú ná 10% de na cinntí go léir.<br>Seasadh le 50% nó níos mó de chinntí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.<br>5 cinn nó níos lú<br>4 seachtaine don fhreagra tosaigh<br>Freagra le heisiúint laistigh de 2 sheachtain ón tráth a bhfaightear an comhfhreagras<br>QT 3 - Cinneadh Náisiúnta |
| Cruinnithe réamhphleanála a éascaítear | An líon Ceisteanna Pleanála Féinseirbhíse a ghintear<br><br>An líon Cruinnithe Réamhphleanála sceidealta a éascaíodh. | Na huimhreacha a bhí ann a choinneáil<br>40 ar an meán thar thréimhse 1 mhí - |
| Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae | Tús a chur leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae a fhorbairt agus leis an obair chúlra - príomhstraitéisí, straitéisí Tírdhreacha, straitéisí i ndáil le fuinneamh inathnuaite (lena | 100% (ag brath ar an RSES a bheith glactha)<br><br>100% |

| | | |
|---|---|---|
| | n-áirítear straitéisí i ndáil le fuinneamh gaoithe) a athbhreithniú.<br>Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha<br>Aighneachtaí agus dréacht RSES/MASP a réiteach<br>Plean (Dréacht) Lonnaíochta a réiteach<br>Scéimeanna i ndáil le Ríocht Phoiblí a réiteach (i gcomhar leis an Aonad Oidhreachta & Caomhnaithe)<br>Máistirphlean/Creatlacha forbartha i ndáil le suíomhanna straitéiseacha Contae a réiteach | 100%<br>70%<br>50%<br><br>50% |
| **Cuspóirí** | • **Cosaint Caighdeán agus Forfheidhmiú Éifeachtach** | |
| **Gníomhaíochta í** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Forfheidhmiú | Admháil a bheith a bheith tugtha ar gach gearán laistigh de 1 seachtain agus imscrúdú a bheith déanta laistigh den tréimhse reachtúil. | 90% den sprioc a bheith bainte amach |
| Iniúchtaí Rialaithe Foirgníochta | An sprioc íosta maidir le cigireachtaí a bhaint amach – laistigh d'amscálaí reachtúla | Ráta cigireachta 15%. |
| **Cuspóirí** | • **Pleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúil atá soiléir agus ábhartha** | |
| **Gníomhaíochta í** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| **Cuspóirí** | • **Feasacht, eolas agus mórtas a chruthú agus an oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha agus chultúir a chosaint** | |
| **Gníomhaíochta í** | **Tomhas Feidhmíochta** | |
| An Oidhreacht Fhoirgnithe (Caomhantas Ailtireachta) | An líon Fógraí Reachtúla a eisítear faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Caomhantas Ailtireachta)<br><br>Deontais Roinne/deiseanna maoiniúcháin ar baineadh leas astu<br><br>An líon seisiún comhairleach taifeadta le daoine aonair | Na hiarrataí go léir ar déileáladh leo laistigh de 4 seachtaine<br>Na deiseanna maoiniúcháin go léir ar baineadh leas astu.<br><br>Éascú déanta maidir<br><br>le 100% de na<br><br>hiarrataí go léir |
| An Oidhreacht Fhoirgnithe, Nádúrtha & Chultúir | Deontais Roinne/deiseanna maoiniúcháin ar baineadh leas astu<br><br>An líon seisiún comhairleach taifeadta le daoine aonair<br><br>12 Ghníomh Shonracha faoin bPlean Oidhreachta a chur i gcrích | Baineadh leas as na deiseanna maoiniúcháin go léir<br>Éascú déanta maidir le 100% de na hiarrataí go léir<br>12 thionscadal ainmnithe curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana. |

<table>
<tr><th colspan="3">FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL</th></tr>
<tr><td>Réimse seirbhíse</td><td colspan="2">Cabhrú le pobail forbairt a dhéanamh ar mhodh inbhuanaithe, folláin agus uilechuimsitheach.<br>Forbairt chomhtháite an gheilleagair áitiúil a éascú agus a chur chun cinn, agus páirt a ghlacadh sna nithe sin, agus an t-údarás áitiúil a chur sa riocht gurb ionann é agus spreagthóir forbartha eacnamaíochta agus sóisialta sa Chontae.</td></tr>
<tr><td>Cuspóirí</td><td colspan="2">Béim straitéiseach a bheith ann inár gcuid gníomhaíochtaí i ndáil le cur chun cinn na forbartha eacnamaíochta sa chontae agus i ndáil le tacaíocht a thabhairt ina leith sin.</td></tr>
<tr><td>Gníomhaíochtaí</td><td colspan="2">Tomhas Feidhmíochta<br>Sprioc 2019</td></tr>
<tr><td>Tacú le Tionscnaimh Eacnamaíochta i gContae na Gaillimhe</td><td>An líon tionscnamh eacnamaíochta dá dtugtar tacaíocht tríd an Scéim Tacaíochta Pobail<br>An líon tionscnamh eacnamaíochta dá dtugtar tacaíocht (seachas ón Scéim Tacaíochta Pobail)</td><td>45<br><br>5</td></tr>
<tr><td>An tionscnamh Déanta i nGaillimh a fhorbairt tuilleadh chun tacú leis na hEarnálacha Bia agus Ceardaíochta</td><td>An líon cuairteanna ar láithreán gréasáin, agus ar láithreán Facebook, Déanta i nGaillimh a mhéadú<br><br>Páirt a ghlacadh in imeachtaí Taispeántais</td><td>+ 10% i ndáil le cuairteanna ar an láithreán gréasáin<br>+ 10% i ndáil le ‘Is Maith Liom’ ar Facebook<br>2 imeacht taispeántais<br>Tacaíocht a bheith tugtha do 25 gnó chun freastal a dhéanamh ar imeachtaí</td></tr>
<tr><td>Áiseanna Turasóireachta a fhorbairt</td><td>Tograí tionscadail a ndearnadh iarratas ina leith faoi Scéim Áineasa Allamuigh 2018 a chomhordú agus a chur chun cinn</td><td>Pleananna Gnó tugtha chun críche maidir le 5 thionscadal tosaíochta</td></tr>
<tr><td>Ainmniúchán tar éis ERG 2018</td><td>Clár oibre idir na comhpháirtithe a aontú don todhchaí</td><td>Clár aontaithe</td></tr>
</table>

| **Cuspóirí** | **An Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha (LCDC) a chur ar bun mar choiste láidir a fheidhmíonn go maith.** | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil | Líon na gCruinnithe<br>Cruinnithe na bhfochoistí a éascú<br><br>Scéimeanna maoiniúcháin arna sannadh don LCDC a chur i bhfeidhm:<br>Maoirseacht ar Chlár SICAP 2018 - 2022<br>Scéim Feabhsaithe Pobail 2019<br>CLÁR | 6 Chruinniú<br>Cruinnithe na 3 bhfochoiste:<br>Sláinte agus Folláine<br>Oideachas<br>SICAP<br><br>Líon na n-athbhreithnithe agus na n-íocaíochtaí a ceadaíodh<br>Scéimeanna a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Treoirlínte agus spriocanna ama na Roinne |

| **Cuspóirí** | **An Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil a fhorbairt agus a ghlacadh mar chloch choirnéil do ról feabhsaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar spreagthóir forbartha eacnamaíochta.** | |
|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta**<br>**Sprioc 2019** | |
| Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil | Plean Gníomhaíochta do 2018 a bheith leagtha amach agus glactha ag LCDC<br>Córas monatóireachta don LECP le cur i bhfeidhm agus le bheith i mbun feidhmíochta<br>Dul i mbun athbhreithnithe an LECP i gcomhréir leis an athbhreithniú náisiúnta ar LCDCanna | I gcomhréir le treoirlínte athbhreithniú an LECP<br>Bailiú & anailís sonraí<br>Le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Treoirlínte Roinne |
| **Cuspóirí** | **Meon a fhorbairt trína dtugtar tacaíocht don fhorbairt eacnamaíochta i ngach réimse gnó agus seirbhíse de chuid an údaráis áitiúil.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Tacú le Ról Straitéiseach Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe | An líon cruinnithe den SPC um Fhorbairt Eacnamaíochta & Fiontraíochta agus<br>An Scéim Dreasachta Gnó<br><br>Cur i bhfeidhm na Scéime maoiniúcháin don Réigiún Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe a thabhairt chun críche<br>Tacú le lár bailte agus sráidbhailte a fhorbairt agus a athnuachan<br><br>Dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le forbairt an Champais Nuálaithe Bia i mBaile Átha an Rí | 4 Chruinniú<br><br>R1<br><br>Acmhainní a fháil ó scéimeanna Roinne (RRDF, Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte)<br>CLG a bhunú agus bainisteoir cuideachta a cheapadh |

| | | |
|---|---|---|
| **Cuspóirí** | **Ról an Oifigigh Fiontraíochta Áitiúla (LEO) a chomhtháthú go hiomlán isteach i ngníomhaíochtaí Forbartha Eacnamaíochta an údaráis áitiúil chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a chur sa riocht gur mórspreagthóir agus mórthacadóir é i ndáil le forbairt eacnamaíochta sa Chontae.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Ról an Oifigigh Fiontraíochta Áitiúla (LEO) a chomhtháthú isteach i ngníomhaíochtaí forbartha eacnamaíochta agus fiontraíochta | An líon comhthionscnamh i gcomhar leis an LEO | 5 |
| **Cuspóir** | **Tacaíocht Phobail chun tacaíocht a thabhairt do phobail maidir lena gcuid gníomhaíochtaí.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Tacaíocht i bhfoirm maoiniúcháin a sholáthar tríd an *Scéim Tacaíochta Pobail* | Cuireadh a bheith faighte ag pobail chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniúchán<br>Éascaíocht déanta ar cheardlanna/tráthnóna eolais<br>Iarratais a bheith measta agus moladh déanta don Chomhairle<br>Litreacha fógra agus coinníollacha a bheith eisithe<br>An líon deontas a cheadaítear | Eanáir<br>Feabhra<br>Cruinniú mhí Márta na Comhairle Iomlánaí<br>Aibreán<br>260 |
| Bailte Slachtmhara | An líon pobal a fhaigheann tacaíocht do thionscnaimh Chomórtas na mBailte Slachtmhara faoin Scéim Tacaíochta Pobail | 30 |
| Mórtas Áite | An líon pobal a ainmnítear don chomórtas Mórtas Áite<br>Éascú a dhéanamh maidir le cuairteanna ó mholtóirí náisiúnta ar láithreáin<br>Freastal ar Shearmanas na nGradam Náisiúnta | 2<br>Meitheamh/Iúil/Lúnasa<br>Samhain |
| Seirbhísí/Tacaíochtaí Ealaíon agus Cultúir a sholáthar sa Chontae | An líon deontas a ceadaíodh<br>An líon clár ealaíon ar tugadh tacaíocht dóibh<br>➢ An Clár Ealaíon & Míchumais<br>➢ An Clár Ealaíon & Oideachais<br>➢ An Clár Ealaíon & Sláinte<br>➢ An Clár Ealaíon & Leabharlann<br>➢ An Clár um Thacaíocht d'Ealaíontóirí<br>➢ Clár Oideachais Ceoil na Gaillimh (MEP)<br><br>An líon ealaíontóirí a fhaigheann tacaíocht faoi 'Sparánachtaí d'Ealaíontóirí'. | 65<br>Ní dhearnadh bailchríoch ar leithroinntí buiséid de bharr stádas GMEP.<br><br>15<br><br>15<br>2<br>10<br>Ar siúl |

| | | |
|---|---|---|
| | An líon ealaíontóirí a fhaigheann tacaíocht faoi scéim Tyrone Guthrie.<br>An líon scoileanna/ealaíontóirí a fhaigheann tacaíocht faoin gClár 'Ealaíontóirí i Scoileanna'.<br>Straitéis Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe a fhorbairt<br>Scéim Maoiniúcháin Éire Ildánach a chur i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe | Ag brath ar an líon iarratas |
| Scéim Éire Shláintiúil | Maoiniú a fháil faoi Scéim Éire Shláintiúil 2018<br>Tionscadail a bhfuil maoiniú faighte acu faoi Scéim Éire Shláintiúil 2017 a chur i bhfeidhm | Q2<br>Ar siúl |
| Éascú Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) agus tacaíocht spóirt a sholáthar | An líon cruinnithe de GSP<br>An líon cruinnithe de Cheardlanna an Ghrúpa Stiúrtha<br>An líon clár rannpháirtíochta spóirt (e.g. Men on the Move, Seachtain Rothaíochta, Seachtain Siúlóide na Gaillimhe, Park Run, Girls Active Programme, Couch to 5k, etc.) a sholáthraítear | 4<br>4<br>40 |
| **Cuspóirí** | **An t-athrú ón bhFóram Pobail & Deonach chuig struchtúir nua an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) a éascú agus tacú lena ngníomhaíochtaí agus lena n-ionchur i leith cúrsaí rialtais áitiúil** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Tacú le forbairt an *Líonra Rannpháirtíochta Poiblí* agus le rannpháirtíocht phobail | An líon eagraíochtaí atá cláraithe le PPN<br>An líon cruinnithe de PPN Iomlánach an Chontae<br>An líon cruinnithe de Rúnaíocht PPN an Chontae<br>An líon cruinnithe de chuid Ceantar Bardasach Iomlánach | 750<br>2<br>4<br>10 (2 i ngach limistéar CB) |
| **Cuspóirí** | **Uilechuimsitheacht Shóisialta a bheith ina cuid dhílis den eagraíocht ó thaobh cúrsaí meoin agus forfheidhmiúcháin de.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Feasacht/Forbairt maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta | An líon imeachtaí oiliúna a sholáthraítear don fhoireann agus do Chomhaltaí Tofa | 1 |
| *Bealtaine* – Ceiliúradh na Cruthaitheachta agus Sinn ag dul in aois | *Bealtaine* a bheith eagraithe, éascaithe agus curtha i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Bealtaine<br>35 |

| | | |
|---|---|---|
| *Seachtain Mhórtas an Lucht Siúil* | *Seachtain Mhórtas an Lucht Siúil* a eagrú, a éascú agus a chur i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Meitheamh<br>10 |
| *Oíche Chultúir* | *Oíche Chultúir* a bheith eagraithe, éascaithe agus curtha i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Meán Fómhair<br>75 |
| *Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta* | *Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta* a eagrú, a éascú agus a chur i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Deireadh Fómhair<br>35 |
| Gradaim Phobail an Chathaoirligh | Tionóladh *Gradaim Phobail an Chathaoirligh* | Bealtaine |
| An Clár Aoischairdiúil | An líon cruinnithe den Chomhghuaillíocht Aoischairdiúlachta & de Ghrúpa Forfheidhmiúcháin Aoischairdiúlachta an Chontae (atá cónasctha anois)<br>An líon cruinnithe de Chomhairle na nDaoine Scothaosta | 3<br><br>12 |
| Óige & Leanaí – Éascú *Chomhairle na nÓg* | An líon daoine óga agus leanaí a ghlacann páirt i gComhairle na nÓg<br>An céatadán de scoileanna agus clubanna óige atá rannpháirteach (KPI) | 350<br>65% |
| Clár Athlonnaithe mhuintir na Siria a chur i bhfeidhm | Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do theaghlaigh atá á n-athlonnú i gContae na Gaillimhe i gcomhréir le treoirlínte agus tacaíochtaí maoiniúcháin na Roinne | Ar siúl |
| | **Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt i leith na Tairisceana maidir le Príomhchathair Chultúir na hEorpa chun a chinntiú go mbainfear amach an fáltas is mó is féidir don Chontae ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal eacnamaíochta.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt i leith na Tairisceana maidir le Príomhchathair Chultúir na hEorpa agus uasmhéadú a dhéanamh maidir le hainmniú/líonra mar Chathair Chruthaitheachta UNESCO | ECOC a fhorbairt i gcomhar leis an gComhairle Cathrach agus béim ar leith ar fhairsinge an gcontae<br>Oifig Chathair Chruthaitheachta Scannánaíochta UNESCO a bheith bunaithe i gcomhar le comhpháirtithe | Ar siúl |

| **SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA** | | |
|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **An Comhshaol i gContae na Gaillimhe a Chosaint agus a Fheabhsú ar mhaithe le cáilíocht bheatha na saoránach agus forbairt eacnamaíochta sa chontae agus chun comhlíontacht maidir le rialacháin uisce a bhaint amach.** | |
| **Cuspóirí** | • **Cáilíocht Uisce a Chosaint agus a Fheabhsú agus Bainistíocht a dhéanamh ar an Dobharcheantar.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Cáilíocht an Uisce a Chosaint | An clár cigireachta náisiúnta i ndáil le dabhcha séarachais a thabhairt chun críche (101 dabhach)<br>An clár cigireachta i ndáil le feirmeacha a thabhairt chun críche (35 fheirm) | 100%<br>100% |
| Monatóireacht | Dul i mbun monatóireachta ar aibhneacha, lochanna, ceadúnais scardaidh, uiscí snámha agus soláthairtí príobháideacha uisce le hól i gcomhréir leis an gclár. | 100% |
| Ceadúnais Scardaidh | Líon na Láithreacha a bhfuil Baol Mór ag baint leo | 24 (Bonnlíne 2018 - 27) |
| Cáilíocht Uisce Snámha a Chosaint | An líon tránna a bhfuil stádas Brataí Goirme nó Cósta Ghlais bainte amach acu<br>Líon na dtránna a ndearnadh monatóireacht orthu | 12<br>26 (Bonnlíne 2018 - 24) |
| SLA Uisce Éireann a chur i bhfeidhm | An clár monatóireachta agus freagra teagmhais a thabhairt chun críche | 100% |
| **Cuspóir** | • **Bearta Monatóireachta agus Forfheidhmiúcháin Cuí agus Plean Bainistithe Drámhaíola Réigiúnach Chonnacht Uladh a Chur i bhFeidhm** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Forfheidhmiúchán Timpeallacha i gcomhréir le Tosaíochtaí Náisiúnta | % de Ghearáin a bhain leis an Timpeallacht Réitithe (Táscaire Náisiúnta)<br>Cigireacht a dhéanamh ar cheadanna agus teastais áiseanna dramhaíola, ar áitribh thráchtála agus áitribh tí, bailitheoirí dramhaíola a bhfuil ceadúnas acu agus bailitheoirí dramhaíola nach bailitheoirí údaraithe iad, dumpáil mhídhleathach agus | 75% (Bonnlíne 2018 - 69%)<br>100% de na láithreacha / bailitheoirí aitheanta a bhfuil baol mór ag baint leo a fhiosrú |

| | | |
|---|---|---|
| | láithreacha C&D a bhfuil baol mór ag baint leo. | |
| Saoráidí Athchúrsála a Sholáthar | An líon saoráidí atá ar fáil i ndáil le hathchúrsáil a dhéanamh | 91 |
| Láithreáin Thréigthe | Imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh faoi gach gearán a fhaightear agus, más cuí, taifead a dhéanamh ar Chlár na Láithreán Tréigthe | 100% |
| **Cuspóir** | • **Rannpháirtíocht mhéadaithe ag an bpobal i ndáil le Feabhsú Comhshaoil agus Feasacht ar an gComhshaol.** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Feasacht ar an gComhshaol, agus rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí timpeallachta, a chur chun cinn | % de bhunscoileanna a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhshaoil<br>An líon scoileanna rannphháirteacha | 95%<br>192 |
| | % de mheánscoileanna a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhshaoil<br>An líon scoileanna rannphháirteacha<br>An líon foras oideachais eile atá páirteach | 95%<br>34<br>16 |
| | An líon grúpaí a bhí páirteach i bhfeachtais/in imeachtaí | 94 |
| **Cuspóir** | • **Reiligí a sholáthar i gcomhar leis an bpobal** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Reiligí | An líon láithreán inar éascaíodh méaduithe | 4 |
| **Cuspóir** | • **Rialú Madraí de réir cheanglais na reachtaíochta** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Rialú Ainmhithe | An Líon Ceadúnas Madra a Eisíodh | 10,000 |
| **Cuspóir** | • **Cur chuige freagrach a chur chun cinn maidir le húsáid fuinnimh** | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2019** |
| Fuinneamh | Tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn i measc gnóthaí agus sa phobal | 20 |

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# TUARASCÁLACHA ÓN gCOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH
# &
# TUARASCÁLACHA Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA

# TUARASCÁLACHA Ó NA COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ÓN gCOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTRAÍOCHTA 2018

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Forbairt Eacnamaíochta & Fiontraíochta |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Peter Feeney** | 1 | 1 |
| **An Comhairleoir Joe Byrne** | 1 | 3 |
| **An Comhairleoir Tom Healy** | | 2 |
| **An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg** | | 3 |
| **An Comhairleoir Jimmy McClearn** | 1 | 1 |
| **An Comhairleoir Mary Hoade** | 1 | 4 |
| **An Comhairleoir Karey McHugh** | | 1 |
| **Pobal/Deonach** | | |
| **An tUasal Dan Dowling (Ballinasloe Area Community Development Ltd)** | | 3 |
| **Ceardchumann** | | |
| **An tUasal Paul Duffy** | | 1 |
| **Earnáil na Tógála agus na Forbartha** | | |
| **An tUasal Paul Mannion (RIAI), Ailtirí Scott, Tallon, Walker, 22 An Fhaiche Mhór, Gaillimh** | | 3 |
| **An Earnáil Ghnó/Tráchtála** | | |
| **Michelle Murphy Uasal (Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe), Collins McNicholas, Aonad 27, Páirc Gnó Chnoc Mhaoil Drise, Gaillimh** | | |

Tionóladh 4 chruinniú den SPC Forbartha Eacnamaíochta & Fiontraíochta in 2018.

D'éascaigh an tAonad 4 chruinniú de chuid an SPC Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontraíochta i rith na bliana agus seo a leanas roinnt ítimí a pléadh:

- Príomhchuir i láthair ar obair an Réigiúin Gastranamaíochta na hEorpa (ERG), Conair Eacnamaíochta an Atlantaigh (AEC), Leathanbhanda, an Oifig Fiontar Áitiúil (LEO), an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) agus Páirc Nuálaíochta Mara den chéad scoth a fhorbairt ag Páirc na Mara agus Biúró Coinbhinsiúin na Gaillimhe
- An t-eolas is déanaí agus is tábhachtaí maidir leis an Mol Nuálaíochta Bia i mBaile Átha an Rí, Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017 & 2018, an Ciste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP), an comórtas do Phobail Níos Glaine, tionscnamh na nGradam Fiontraíochta, ainmniúcháin turasóireachta Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus na gCroíthailte Ceilte agus leathadh amach Chlár na gCriosanna Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ).

Rinneadh moltaí na gcomhaltaí a thaifeadadh agus a bhreacadh síos i gcomhthéacs na gcur i láthair agus na nuachta is déanaí a fuarthas. Cuirfidh go leor den obair ar tugadh fúithi in 2018 le forbairt leanúnach eacnamaíochta agus fiontraíochta na Gaillimhe agus leanfaidh siad de bheith ina ngníomhartha tosaíochta sna blianta amach romhainn de réir an LECP a comhaontaíodh.

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ÓN gCOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM THITHÍOCHT, CULTÚIR & ÁINEAS 2018**

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Tithíocht, Cultúir & Áineas |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Malachy Noone | | 1 |
| An Comhairleoir Seamus Walsh | 1 | 1 |
| An Comhairleoir Eileen Mannion | | 1 |
| An Comhairleoir Michael Fahy | | 1 |
| An Comhairleoir Pat Hynes | | 1 |
| An Comhairleoir Donagh Killilea | | 1 |
| An Comhairleoir Tom McHugh | | 1 |
| An Earnáil Pobail/Dheonach | | |
| An tUasal Declan McKeon | | 1 |
| Earnáil na Tógála agus na Forbartha | | |
| Helena McElmeel Uasal (RIAI) | | 1 |
| Earnáil na hUilechuimsitheachta Sóisialta | | |
| An tUasal Padraic Maher (Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Tuaim) | | 1 |

Tionóladh 4 chruinniú den SPC Tithíochta, Cultúir & Áineasa in 2018.

Seo a leanas na príomhábhair agus na saincheisteanna beartais a phléigh agus a bhreithnigh an SPC Tithíochta, Cultúir & Áineasa sa bhliain 2018:

1. An Clár Caipitil
2. Atógáil Éireann
3. An Plean Straitéiseach Áitiúil - Daoine faoi Mhíchumas
4. An Plean Straitéis do Dhaoine gan Dídean
5. An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024
6. An Straitéis i ndáil le hIompar Frithshóisialta
7. Achoimre ar Mheasúnachtaí i ndáil le Tithíocht Shóisialta 2018
8. An Straitéis um Thithe Folmha

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ÓN gCOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH MAIDIR LE BÓITHRE, IOMPAR AGUS MUIRÍ 2018

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Bóithre, Iompar & Muir |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Des Joyce | | 1 |
| An Comhairleoir Jim Cuddy | | 1 |
| An Comhairleoir Martina Kinane | | 1 |
| An Comhairleoir Michael Connolly | | 1 |
| An Comhairleoir Michael Finnerty | 1 | 1 |
| An Comhairleoir Michael Maher | | 1 |
| An Comhairleoir Peter Roche | | 1 |
| An Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin | | 1 |
| Talmhaíocht/Feirmeoireacht | | |
| An tUasal Michael Healy | | 1 |
| An Earnáil Ghnó/Tráchtála | | |
| An tUasal Bryan Egan (GABC), Bryan Egan & Associates, Innealtóirí Comhairleacha, 12 Sráid San Proinsias, Gaillimh. | | 1 |
| Pobal/Deonach | | |
| An tUasal Tom Madden, Ballinasloe Training for Employment Ltd., Ionad Fiontraíochta Bhéal Átha na Sluaighe, Bóthar na Críche, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe. | | 1 |
| Earnáil na Tógála agus na Forbartha | | |
| An tUasal Mark Coffey (CIF), Coffey Construction, Castlewood, An Mhóin Bháin, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. | | 1 |

Tháinig Coiste Beartais Straitéisigh na mBóithre le chéile trí huaire le linn na bliana 2018. Is iad seo a leanas na hábhair a pléadh agus a cuireadh ar aghaidh sna cruinnithe sin:

1. An t-acomhal ag Crosbhóthar Chill Mhian agus Feabhsú Comharthaíochta
2. Forbairt na Cé in Inis Oírr
3. Obair chun Tuilte a Chosc
4. Comharthaí Bóthair

I ndiaidh plé mionsonraithe ag roinnt cruinntithe SPC maidir leis an acomhal ag Crosbhóthar Chill Mhian agus maidir le feabhas a chur ar chomharthaíocht ar fud an Chontae i gcoitinne, socraíodh go dtiocfadh toscaireacht Comhairleoirí, beirt ionadaithe as gach Ceantar Bardasach, agus foireann an TII le chéile an 27 Feabhra 2018. Cuireadh na fadhbanna a thug comhaltaí an SPC chun airde ar aghaidh chuig TII ar dtús lena mbreithniú roimh ré.

Maidir leis na dréacht-Fhodhlíthe i ndáil le forbairt cé Inis Oírr, comhaontaíodh go dtabharfaí roimh an SPC iad lena mbreithniú agus lena gcuid tuairimí a fháil ina leith, is feidhm de chuid na Comhairle Iomlánaí é na fodhlíthe deiridh a ghlacadh.

D'aontaigh an SPC Bóithre & Iompair na CFRAM a bhrú chun cinn agus moladh go nglacfaí na Pleananna i ndáil leis an mBaol Tuile a Bhainistiú agus é i gceist é a chur faoi bhráid na Comhairle Iomlánaí ag a cruinniú i mí Iúil 2018.

Rinneadh roinnt plé i ndáil le comharthaíocht bhreise a chur ar an M17 An Gort go Tuaim. Shocraigh an Coiste comhfhreagrach a chur ar aghaidh chuig an TII chun comharthaíocht bhreise a chur in airde maidir leis na bailte seo a leanas - Mainistir Chnoc Muaidhe, An Creagán agus Béal Átha Ghártha. Chuir an SPC Bóithre & Iompair comhfhreagras ar aghaidh chuig an Aire Seán Kyne i ndáil le comharthaíocht dhátheangach a chur in airde i mBaile Chláir.

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL ÓN gCOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH MAIDIR LE PLEANÁIL & POBAIL 2018**

Comhaltas

| Ainm | Cathaoirleach | Pleanáil & Pobal |
|---|---|---|
| An Comhairleoir James Charity | 1 | 1 |
| An Comhairleoir Frank Kearney | | 1 |
| An Comhairleoir Dermot Connolly | | 1 |
| An Comhairleoir Aidan Donohue | | 1 |
| An Comhairleoir Donal Burke | | 1 |
| An Comhairleoir Thomas Welby | | 1 |
| An Comhairleoir Billy Connelly | | 1 |
| An Comhairleoir Shaun Cunniffe | | 1 |
| Pobal/Deonach | | |
| Patricia Tierney Uasal (Ballinalsoe Training for Employment Ltd) | | 1 |
| An tUasal Gus McCarthy (CIF), McCarthy, Keville, O'Sullivan, Comhairleoirí Timpeallachta, Bloc 1 GVSC, Bóthar Mhóinín na gCiseach | | 1 |
| Uilechuimsitheacht Shóisialta | | |
| Frances O'Reilly Uasal (Comhairle Aoischairdiúlacht Daoine Scothaosta na Gaillimhe) | | 1 |
| Comhshaol/Caomhantas | | |
| An tUasal Diarmaid Kelly | | 1 |

Tionóladh 4 chruinniú den SPC Pleanála agus Pobail in 2018.

I measc na bpríomh-shaincheisteanna beartais a pléadh áiríodh an méid seo a leanas:-

- An Réigiún Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ)
- An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail
- An Scéim Maoiniúcháin Athnuachana Uirbí agus Tuaithe
- An Beartas maidir le Gléasraí Cóireála Dramhuisce
- Straitéis Réigiúnach Spáis Eacnamaíochta (réamhdhréacht) agus (dréacht)
- Aighneachtaí i ndáil le hÁineas Allamuigh 2018
- Scéim Feabhsaithe Pobail 2018
- Plean Ceantair Áitiúil an Chlocháin
- Plean Ceantair Áitiúil Thuama
- Forógra Pléimeannach

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM THIMPEALLACHT, UISCE AGUS ÉIGEANDÁIL 2018**

Comhaltas

| Ainm | Cathaoirleach | Comhshaol, Seirbhísí Uisce, Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Gabriel Cronnelly** | | **1** |
| **An Comhairleoir Tim Broderick** | | **1** |
| **An Comhairleoir Niamh Byrne** | | **1** |
| **An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin** | | **1** |
| **An Comhairleoir Noel Thomas** | | **1** |
| **An Comhairleoir Shane Donnellan** | **1** | **1** |
| **An Comhairleoir Ivan Canning** | | **1** |
| **An Comhairleoir Peter Keaveney** | | **1** |
| **Pobal/Deonach** | | |
| **Aodhán Mac Donnacha** | | **1** |
| **An Earnáil Ghnó/Tráchtála** | | |
| **An tUasal David Courtney (GABC), David Courtney & Associates, Comhairleoirí Pleanála agus Tógála.** | | **1** |
| **Comhshaol/Caomhantas** | | |
| **An tUasal Mark Green (Líonra Timpeallachta na Gaillimhe) An tUasal Diarmaid Kelly (Cuan Beo)** | | **1** |
| **Talmhaíocht/Feirmeoireacht** | | |
| **An tUasal Henry Walsh** | | **1** |

An Coiste Beartais Straitéisigh Timpeallachta, Uisce agus Seirbhísí Éigeandála

Bhí 4 chruinniú den CBS Timpeallachta, Uisce agus Seirbhísí Éigeandála ann sa bhliain 2018

Is iad seo a leanas na hábhair a pléadh agus a cuireadh ar aghaidh sna cruinnithe sin:

- An bunchritéir molta i ndáil le cigireachtaí timpeallachta
- Tionscnaimh Frithdhumpála 2018
- Measúnú agus bainistiú i ndáil le dobharcheantair atá i mbaol tuile

- Plean bainistíochta abhantraí d'Éirinn 2018-2021
- Dumpáil mhídhleathach & na Cúirteanna
- Fodhlíthe i ndáil le Dramhaíl a thabhairt i láthair
- Foireann tacaíochta & comhairliúcháin uisce an údaráis áitiúil
- Plean gníomhaithe ar son na haeráide
- Reiligí

# TUARASCÁLACHA Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018
## CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE - 2018

Sa bhliain 2018, tháinig comhaltaí Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe ar bhonn míosúil, seachas mí Lúnasa.

Ag an gcruinniú ar an 21 Feabhra 2018, cheadaigh na comhaltaí Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh 2018 (lenar áiríodh Clár na mBóithre agus sceideal deisiúchán agus cothabhála le haghaidh na réimsí Timpeallachta, Tithíochta, Áineasa agus Taitneamhachta) do Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe.

Tionóladh Cruinniú Speisialta do Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe i mBealtaine 2018 chun Ciste Idirghabhála Líonadh Talún Oirthear na Gaillimhe a phlé.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 22 Meitheamh 2018 nuair a toghadh an Comhairleoir Donal Burke ina Chathaoirleach agus an Comhairleoir Michael Finnerty ina Leas-Chathaoirleach don tréimhse 2018/2019.

Ag Cruinniú an Cheantair Bhardasaigh a tionóladh an 5 Iúil 2018, cheadaigh na comhaltaí le ceapachán an Chomhairleora Michael Connolly ina Stiúrthóir ar Bhord Ballinasloe Area Community Development (BACD) Company.

Ag cruinniú mhí Mheán Fómhair de chuid Cheantair Bhardasaigh Bhéal Átha na Sluaighe chuir an tUasal Michael Clifford, Príomhoifigeach Sinsearach Cúnta Dóiteáin, Stáisiún Dóiteáin na Gaillimhe, an t-eolas is déanaí maidir leis na heachtraí Loiscthe Sléibhe a tharla i Meitheamh/Iúil 2018 i láthair.

Ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, le linn an Chruinnithe ar Dhréacht-Phlean Buiséadach 2018, cheadaigh na comhaltaí do Dhréacht-Leithroinnt Bardasach Ginearálta €4,722,672 do Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe.

I gcomhréir le hAcht na mBóithre, 1993, dhearbhaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe gur bóithre poiblí a bheadh in dhá bhóthar sa Cheantar in 2018.

I rith na bliana 2018, bhí na seisiúin eolais seo a leanas ann:

- Cur i láthair ar an eolas is déanaí i ndáil le CFRAS agus Tuilte.
- Cur i láthair i ndáil le bainistiú Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le speicis ionracha.
- An t-eolas is déanaí ó Uiscebhealaí Éireann.

- Cur i láthair ó Mháire Ní Chionna, Innealtóir Sinsearach, maidir leis na Dréacht-Fhodhlíthe Um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018.
- An t-eolas is déanaí ó Jim Cullen, Stiúrthóir Seirbhísí, agus ó Mike Melody, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, maidir le Líonadh Talún Oirthear na Gaillimhe.
- Toscaireacht ó Chumann Áitritheoirí Phlásóg na bhFeá maidir le saincheisteanna a bhí ina ábhar imní dóibh lena n-áirítear fadhbanna tráchta, easpa cosán, rampaí luais, comharthaíocht i ndáil le luasteorainneacha, agus drochshoilsiú poiblí.

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018
# CEANTAR BARDASACH THUAMA - 2018

I rith na bliana 2018, bhí ocht gcruinniú ag comhaltaí Cheantar Bardasach Thuama, lena n-áirítear cruinniú buiséid agus an Cruinniú Ginearálta Bliantúil, agus tionóladh na cruinnithe sin in oifigí Cheantar Bardasach Thuama ar an tSráid Ard i dTuaim, Contae na Gaillimhe, chun plé a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí don cheantar, ar shaincheisteanna a bhain le cúrsaí pobail agus ar nithe a bhain le ról ionadaíoch na gcomhaltaí.

Cheadaigh na Comhaltaí an Sceideal Oibreacha don Cheantar Bardasach, arbh fhiú €557,518 é, de réir Alt 103A den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) ar an 19 Feabhra 2018. Chomh maith leis sin, bhreithnigh siad, agus cheadaigh siad, an Clár Bliantúil Oibreacha Bóthair do Cheantar Bardasach Thuama don bhliain 2018, ar clár é inar cuimsíodh leithroinnt shonrach do bhóithre nach bóithre náisiúnta iad i gCeantar Bardasach Thuama agus a raibh suim iomlán €5,272,514 i gceist leis.

Bhí cúig thoscaireacht ann i rith na bliana 2018, bhain trí cinn díobh le bearta sábháilteachta, bhain ceann le cosáin agus bhain ceann eile le hiompar frithshóisialta.

Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh ar an 21 Bealtaine 2018, toghadh an Comhairleoir Peter Keaveney ina Chathaoirleach agus an Comhairleoir Mary Hoade ina Leas-Cathaoirleach ar Cheantar Bardasach Thuama ar feadh tréimhse 12 mhí.

Tugadh cur i láthair do na comhaltaí maidir leis na nithe seo a leanas:

- Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Thuama le Ms. Fox
- Iarratas Tithíochta Straitéisí chuig an mBord Pleanála chun 128 n-aonad a thógáil i dTuaim le V. Loughnane Uasal.
- Beart Bainistithe Tráchta do Thuaim le R. Lowe Uasal
- Speicis Ionracha le R. Joyce Uasal
- Measúnú agus Bainistiú i ndáil le Baol Tuile Dobharcheantair leis an Uasal J. Cullen
- Athbhreithniú ar Luasteorainneacha leis an Uasal D. Flood agus G. Mulkerrins Uasal
- Clár trí bliana na mBóithre 2019-2021 le R. Lowe Uasal.

De réir Alt 11 d’Acht na mBóithre 1993, dearbhaíodh gur bóithre poiblí iad roinnt bóithre sa Cheantar Bardasach.

Ar an 24 Deireadh Fómhair 2018, rinne na comhaltaí an Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta, ina raibh suim €6,922,133, a cheadú roimh chruinniú Bhuiséad Bliantúil 2018 de réir Alt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018
## CEANTAR BARDASACH CHONAMARA - 2018

Sheol comhaltaí Cheantar Bardasach Chonamara 7 gcruinniú i rith na bliana 2018 chun plé a dhéanamh faoi sholáthar seirbhísí dá gCeantar, faoi nithe a bhain le beartas, faoi shaincheisteanna agus ábhar imní pobail agus faoi nithe a bhain lena ról ionadaíoch Rinne an Ceantar Bardasach an Sceideal Oibreacha don Cheantar Bardasach a bhreithniú agus a cheadú ar an 23-2-2018 de réir Alt 103A den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Athchóiriú) 2014 agus bhí an Clár Bóithre 2018 san áireamh sa sceideal sin. Breithníodh an dul chun cinn maidir le huasghrádú an N59 - Bóthar Náisiúnta Tánaisteach idir Uachtar Ard agus an Teach Dóite - a fuair cead pleanála ón mBord Pleanála i mí na Nollag 2013 faoi réir comhaontú a bheith déanta ag an gComhairle leis an NPWS ar na ráitis faoi mhodhanna. Tugadh ar aird go raibh comhaontú déanta leis an NPWS maidir leis na ráitis ar mhodhanna i ndáil leis an bpíosa bóthair idir an Teach Dóite agus Bun an Choill agus táthar ag meas go dtabharfar an próiseas tairisceana chun críche in 2019. Táthar ag fanacht ar chinneadh ón TII maidir le cinneadh an Bhoird Pleanála gan cead pleanála a thabhairt i ndáil le píosa bóthair an N59 idir an Teach Dóite agus an Clochán in 2013 nuair a bheidh athmheasúnú déanta aige ar an scéim. Pléadh obair fheabhsúcháin bóthair eile chomh maith maidir leis an N59 mar an forleagan ag Sraith Salach agus an damáiste a rinne stoirmeacha ar chodanna eile den bhóthar a dheisiú. Iarradh ar an Stiúrthóir Seirbhísí athmheasúnú a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála maidir le bóthar eile a chur in áit an R336 Bóthar Chósta Chonamara nó an bóthar sin a uasghrádú, agus comhairle a thabhairt i ndáil leis an méid atá i ndán don bhóthar seo amach anseo. Ceadaíodh Clár 3 Bliana na mBóithre 2019-2021 ina bhfuil an bealach a roghnaítear tionscadail a bhfuil obair fheabhsúcháin athchóirithe le déanamh orthu bunaithe ar na riachtanais agus tosaíochtaí ar an iomlán agus glactar úsáid, catagóirí na bhfeithiclí a úsáideann an bóthar agus chomh dona is atá an bóthar san áireamh. Breithníodh chomh maith na Dréacht-Fhodhlíthe Um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) 2018 faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.

Bhreithnigh na comhaltaí an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bhforbairt atá beartaithe i ndáil le droichead/droichid nua (do thrácht & do choisithe) ar an N59 ag Uachtar Ard- a bhfuil measúnú éiceolaíochta céim 2 déanta ina leith agus tá an Chomhairle i mbun comhchomhairliúcháin leis an T.I.I agus an NPWS ina leith. Breithníodh chomh maith an dul chun cinn atá déanta i ndáil le Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 atá sceidealaithe le dul ar aghaidh go dtí na céimeanna Cáipéisí Conartha agus Tairisceana in 2019 agus iarradh go ndéanfaí na bóithre isteach a leagan amach arís de réir na moltaí sráid-dréachtaithe/tírdhréachtaithe atá i Lámhleabhar an DMURS. Fógraíodh gur bóithre poiblí anois iad roinnt bóithre faoi Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993 agus breithníodh an dul chun cinn maidir le háiseanna stad bus a chur i bhfeidhm sa Chlochán, sa Spidéal, i Maigh Cuilinn & in Uachtar Ard i gcomhar leis an NTA - rinneadh comhaontú maidir leis an obair sa Chlochán a thabhairt chun críche. Breithníodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas maidir leis an bPlean don Ghaeltacht a cuimsíodh i bPlean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 agus i nDréacht-Phlean Ceantair Áitiúil an Chlocháin 2018-2024 a bhí ar taispeáint go poiblí

idir mí Iúil agus Lúnasa 2018. Rinneadh cur i láthair ar na Pleananna Tithíochta Straitéisí don soláthar Tithíochta i Maigh Cuilinn agus in Uachtar Ard i gcomhréir le Plean Gníomhaíocha an Rialtais - Atógáil Éireann - tá sé i gceist ag an gComhairle máistirphleananna a chur i dtoll a chéile i ndáil leis an dá fhorbairt sin. Phléigh na comhaltaí chomh maith an polasaí maidir le Tithíocht Shóisialta a chur ar fáil sa nGaeltacht agus chuir ábhar imní go bhfuil laghdú ag teacht ar an daonra agus go bhfuil an ceantar á bhánú de bharr a laghad tithíocht shóisialta sa cheantar. Pléadh an dul chun cinn maidir leis an bhforbairt atá déanta i ndáil le Glasbhealach Chonamara i ndiaidh don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt straitéis nua chun na Glasbhealaí Réigiúnacha agus Náisiúnta a fhorbairt ar an 20-7-2018. Tá díol 7km de Ghlasbhealach déanta ag an gComhairle idir Atraí agus Cluain Beag in aice le Caisleán Bhaile na hInse agus d'oscail an Cathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion, go hoifigiúil é an 28-5-2018 agus tá iarratas déanta leis an Roinn ar mhaoiniú don bhealach 32.5km idir an Clochán agus Uachtar Ard a bhfuil cead pleanála faighte aige ón mBord Pleanála. Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú a leithdháileadh agus bainfear úsáid as an maoiniú sin chun síneadh 3.5km a chur le cuid Bhaile na hInse. Fostóidh an Chomhairle luachálaí talún d'fhonn cuidiú le linn na hidirbheartaíochta chun talamh a fháil chomh maith le hagranamaí a fhostú chun casadh le húinéirí talún ar chuid na Gaillimhe - Uachtar Ard agus chun an AIA a ullmhú (Measúnú Tionchair Talmhaíochta). Cuireadh in iúl do na comhaltaí go bhfuil sé i gceist ag an gComhairle iarratas a dhéanamh chun cead pleanála a fháil ar chuid na Gaillimhe - Uachtar den Ghlasbhealach amach ag deireadh na bliana 2019.

Rinne foireann Choiste Forbartha na Gaillimhe (GRD) - SICAP (An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail) cur i láthair do na comhaltaí ina cuireadh eolas ar fáil maidir le Cúrsaí Fiontair Áitiúil, Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus ar Chláir AE agus Náisiúnta mar LEADER, RSS, (Scéimeanna Sóisialta Tuaithe), TUS, Tionscnaimh Fiontair chun Filleadh ar an Obair agus Foghlaim ar feadh an tSaoil. Rinne Janice Fuller, Éiceolaí Comhairleach cur i láthair chomh maith dóibh maidir le speicis ionracha mar an ghlúineach, an feabhrán, an gunnaire, an ghiúis bhalsaim, leithphéist na Nua-Shéalainne agus an diúilicín riabhach a bhainistiú. Tháinig toscaireachtaí ó Choiste Fiontraíochta Geotreallús Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair chomh fada leis an gComhairle chun an dul chun atá déanta maidir leis an Geopháirc atá beartaithe do Thuaisceart na Gaillimhe agus Iardheisceart Mhaigh Eo a phlé agus tháinig toscaireacht eile ó Choiste Pobail an Spidéil chomh fada leis an gComhairle chomh maith chun críochnú an Chosáin Siúil le Cladach sa Spidéal a phlé. Socraíodh go mbunófaí Coiste na nOileán arís a bhfuil ionadaithe air as na hoileáin seo a leanas - Inis Mór, Inis Meáin, Inis Oírr agus Inis Bó Finne - agus tionóladh an chéad chruinniú ar an 13-9-2018. Pléadh cúrsaí a bhain le sceitheadh uisce a bhainistiú agus tionscnaimh deisiúcháin Uisce Éireann i gcomhar leis an gComhairle chomh maith leis an nós imeachta atá ann maidir le crainn, fálta agus ciumhaiseanna ar bhóithre poiblí a ghearradh. Ar an 26-10-2018, rinne na comhaltaí breithniú ar an Leithroinnt Bhardasach Ghinearálta roimh chruinniú Bhuiséad Bliantúil 2019 de réir Alt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Seoladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 7-6-2018 nuair a toghadh an Comhairleoir Tháinig an Comhairleoir Noel Thomas in áit Niamh Byrne ina Chathaoirleach.

Tháinig na toscaireachtaí seo i láthair agus rinneadh na cuir i láthair seo a leanas le linn na bliana 2018.

- Coiste Fiontraíochta Geotreallús Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair.
- Coiste Pobail an Spidéil.
- Foireann Choiste Forbartha na Gaillimhe (GRD) - Foireann SICAP.
- Janice Fuller, Éiceolaí Comhairleach, Janice Fuller & Associates.

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018
# CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ - ÓRÁN MÓR

Comhaltaí Chomhairle an Cheantair Bhardasaigh:

An Comhairleoir Frank Kearney, (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Martina Kinane (Leas-Chathaoirleach)
An Comhairleoir Malachy Noone,
An Comhairleoir Jim Cuddy
An Comhairleoir James Charity
An Comhairleoir Gabriel Cronnelly
An Comhairleoir Peter Feeney

Tháinig Comhaltaí Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí /Órán Mór le chéile deich n-uaire sa bhliain 2018 chun plé a dhéanamh faoi sholáthar seirbhísí don Cheantar Bardasach, faoi nithe a bhain le polasaithe, faoi shaincheisteanna agus ábhar imní pobail agus faoi nithe a bhain lena ról ionadaíoch Reáchtáladh na cruinnithe sin ar fad in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Síneann an Ceantar ó Theorainn Chathair na Gaillimhe ar an taobh ó thuaidh, ar an taobh thoir agus ar an taobh ó dheas, agus cuimsíonn sé na príomhbhailte agus na sráidbhailte seo a leanas: Baile Átha an Rí, Órán Mór, Baile Chláir, Droichead an Chláirín agus Cor an Dola, chomh maith le ceantair thuaithe scaipthe ina bhfuil fás buan daonra. Pléadh saincheisteanna mar cothabháil agus athlíniú, bóithre, salann agus grean a chur ar bhóithre, gearradh fálta, luasteorainneacha, sábháilteacht ar bhóithre, bearta ceansaithe tráchta, comharthaíocht etc. ag Cruinnithe agus thug Innealtóirí an cheantair an t-eolas is déanaí do na Comhaltaí.

I rith na bliana 2018, cheadaigh na Comhaltaí Dearbhú a dhéanamh á rá gur Bóithre Poiblí iad roinnt bóithre in Eastát na Mainistreach i mBaile Chláir.

Ag cruinniú mí Feabhra, cuireadh Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh 2018, lena n-áirítear Clár na mBóithre 2018, faoi bhráid na gComhaltaí agus, i ndiaidh iad a bhreithniú agus a phlé, cheadaigh na Comhaltaí an Sceideal Oibreacha agus Clár na mBóithre. Phléigh na Comhaltaí chomh maith Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAighneachtaí a fuarthas ar an Athrú atá Beartaithe a dhéanamh do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021.

Cuireadh in iúl do na Comhaltaí go bhfuil leithdháileadh €275,000 faighte ag an gComhairle ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Pobail agus ón Rialtas Áitiúil chun tithe a athchóiriú sa mbliain 2018 agus

gur bheartaigh an Chomhairle iasacht €10 milliún a fháil chun infheistíocht caipitil an stoic tithíochta a shásamh.

Tugadh an t-eolas is déanaí do na Comhaltaí i ndáil le Páirceanna Spraoi sa Chontae ag Cruinniú mhí Aibreáin. Ag Cruinniú mhí na Bealtaine, cheadaigh na Comhaltaí Córas Aon Treo ag an Líne Nua, Baile Átha an Rí agus rinneadh cur i láthair dóibh maidir le Speicis Ionracha - Monatóireacht, Taifeadadh agus Bainistiú.

Tugadh an t-eolas is déanaí do Chomhaltaí i ndáil leis an Scéim Bainistithe agus Baoil Tuilte Dobharcheantar agus Tuilte ag Cruinniú mhí an Mheithimh agus pléadh chomh maith Scéimeanna Grúpaí Pobail agus Deonacha.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 25 Meitheamh 2018 agus toghadh an Comhairleoir Frank Kearney ina Chathaoirleach don tréimhse 2018 - 2019. Toghadh an Comhairleoir Martina Kinane ina Leas-Cathaoirleach.

Tugadh an t-eolas is déanaí maidir le Glacadh Eastát Tithíochta faoi Chúram sa gCeantar Bardasach do na Comhaltaí ag cruinniú mhí Mheán Fómhair. Cuireadh Dréacht-Chlár 3 Bliana na mBóithre 2019-2021 faoi bhráid na gComhaltaí ag Cruinniú Dheireadh Fómhair mar eolas dóibh.

Tionóladh Cruinniú Buiséid an Cheantair Bhardasaigh ar an 23 Deireadh Fómhair 2018 chun Dréacht-Phlean Buiséadach a bhreithniú (fara leasú nó gan leasú) don Cheantar Bardasach. Tar éis an Dréacht-Phlean a phlé agus a bhreithniú, vótáil na comhaltaí diúltú don Dréacht-Phlean Buiséadach do Bhaile Átha an Rí/Órán Mór.

Phléigh na Comhaltaí Dréacht-Fhodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta) Chontae na Gaillimhe 2018 ag Cruinniú mhí na Samhna. D'aontaigh na Comhaltaí roinnt leasuithe a dhéanamh do na Luasteorainneacha lena gcur faoi bhráid na Comhairle Iomlánaí lena mbreithniú agus lena nglacadh.

Pléadh an fhadhb a bhí capaill a bhí ar strae ar an N84 a chruthú sa gceantar ag Cruinniú mhí na Samhna. Cuireadh in iúl do na Comhaltaí, de bharr na gcúinsí eisceachtúla a bhí i gceist, gur ghlac an Chomhairle, le tacaíocht ón nGarda Síochána, gníomh ag tús na bliana 2018 dul i ngleic le hábhar mór imní a tháinig chun cinn de bharr tuairiscí leanúnacha a bheith ag teacht faoi chapaill ag imeacht ar strae ar an N84 agus go ndéanfaí aon eachtra a thuairisciú mar is cuí i gcomhar le Páirtithe Leasmhara eile.

Rith na Comhaltaí roinnt Rún le linn na bliana 2018 maidir le hábhar mar páirceanna spraoi a mhaoiniú; úinéireacht agus reachtaíocht capall; an córas maoiniúcháin do Cheantair Bhardasacha; comharthaí treo do Logainmneacha atá suite lasmuigh den Ghaeltacht.

Rith na Comhaltaí Rún ag Cruinniú mhí na Bealtaine scríobh chuig Iarnród Éireann ag lorg athbhreithnithe ar an sceideal traenach ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh sa gcaoi is go stopfaidh an traein deiridh a fhágfaidh Baile Átha Cliath ag Stáisiún Traenach Órán Mór. Fuarthas freagra ó Iarnród Éireann inar tugadh le fios go gcuirfí dhá stad bhreise lena sceideal chun freastal ar Stáisiún Traenach Órán Mór - ceann ag 11.16 ar maidin agus ceann eile ag 21.52 san oíche. Bhí na Comhaltaí thar a bheith sásta leis an dá stad bhreise sin.

Cuireadh in iúl do Chomhaltaí ag Cruinniú mhí na Samhna go raibh maoiniú breise €1.1m faighte ón Roinn Iompair le dul i ngleic leis an damáiste a rinne an teaspach mór le linn an tsamhraidh agus leis na himeachtaí drochaimsire a tharla ag tús na bliana 2018. Cuireadh in iúl dóibh go ndéanfaí 10% den mhaoiniú sin a leithroinnt ar áiteanna atá laistigh de 25km de Chathair na Gaillimhe, faoi mar a aontaíodh cheana. Chuir na Comhaltaí fáilte roimh an maoiniú.

Ba é an Riarthóir Cruinnithe a d'éascaigh Cruinnithe na gCeantar Bardasach agus d’fhreastail an Stiúrthóir Seirbhísí don Cheantar Bardasach orthu. Ina theannta sin, d’fhreastail baill foirne innealtóireachta agus riaracháin as Rannóg na mBóithre agus ó Oifig an Cheantair Bhardasaigh agus ó Ranna eile de chuid na Comhairle ar na cruinnithe chun déileáil le fiosruithe agus le saincheisteanna a d’ardaigh na comhaltaí.

# DAOINE ATÁ AINMNITHE AG AN gCOMHAIRLE CHUIG COISTÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE

# COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU

# SEISIÚIN OILIÚNA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU

# COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA

# COMHAIRLEOIRÍ ATÁ AINMNITHE DO CHOISTÍ & DO CHOMHLACHTAÍ EILE

**Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann**

An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn
An Comhairleoir Gerry Finnerty
An Comhairleoir Donagh Killilea
An Comhairleoir Thomas Welby

Ainmníodh 3 Comhaltaí do Bhuanchomhairle Beartais an AILG mar a leanas:
An Comhairleoir Gerry Finnerty
An Comhairleoir Peter Feeney
An Comhairleoir Thomas Welby

**Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib**
An Comhairleoir Seamus Walsh
An Comhairleoir Niamh Byrne

**Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt & an Iarthair**
An Comhairleoir Jimmy McClearn
An Comhairleoir Tháinig Mary Hoade in ionad an Chomhairleora Martina Kinane
An Comhairleoir Dermot Connolly a tháinig in ionad an Chomhairleora Tomás Ó Curraoin

**Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe**
An Comhairleoir Martina Kinane
An Comhairleoir Peter Roche

**Athenry Heritage and Tourism Co. Ltd.**
An Comhairleoir Peter Feeney
An Comhairleoir Martina Kinane

**Comhar Árachais Comhairlí Éireann Teo.**
An Comhairleoir Donagh Killilea

**Coiste Faireacháin Uisce Tuaithe (Áitiúil) an Chontae (Coiste Inmheánach GCC)**
An Comhairleoir Peter Roche
An Comhairleoir Noel Thomas
An Comhairleoir Joe Byrne

**Coiste Oidhreachta Bhaile Locha Riach**
An Comhairleoir Shane Donnellan
An Comhairleoir Michael 'Moegie' Maher

**Cumann Comhaltaí an Údaráis Áitiúil (LAMA)**
An Comhairleoir Tom McHugh

**Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair**
An Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin
An Comhairleoir Michael Connolly
Tháinig an Comhairleoir Gerry Finnerty, in áit an Chomhairleora Martina Kinane
Tháinig an Comhairleoir Frank Kearney in áit an Chomhairleora Peter Roche, an Comhairleoir Billy Connelly

**Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin (VEC roimhe seo)**
An Comhairleoir Tom Healy
An Comhairleoir Karey McHugh
An Comhairleoir Noel Thomas
An Comhairleoir Michael 'Moegie' Maher
An Comhairleoir Eileen Mannion
Tháinig an Comhairleoir Michael Connolly, in áit an Chomhairleora Donal Burke
An Comhairleoir Tháinig Seán Ó Tuairisg in áit an Chomhairleora Noel Thomas

**Ionadaíocht Fhóram Sláinte Réigiúnach an Iarthair**
An Comhairleoir Donagh Killilea
An Comhairleoir Mary Hoade
Tháinig an Comhairleoir D, Connolly, in áit an Chomhairleora Tim Broderick
An Comhairleoir Michael Finnerty
An Comhairleoir Aidan Donohue

**Fóram Chonamara Teo.**
Tháinig an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg in áit an Chomhairleora Niamh Byrne
An Comhairleoir Eileen Mannion (28.3.11) athcheaptha 29.5.17
An Comhairleoir Seamus Walsh
An Comhairleoir Thomas Welby

Ainmní an Bhainisteora - An tUasal Jim Cullen (Stiúrthóir Seirbhísí)

**Comhar na nOileán Teoranta**
Tháinig an Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin in áit an Chomhairleora Seán Ó Tuairisg

**Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chontae na Gaillimhe**
An Comhairleoir Donagh Killilea

**An Comhchoiste Póilíneachta**
An Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin
An Comhairleoir Shaun Cunniffe
An Comhairleoir James Charity
An Comhairleoir Tom Healy
An Comhairleoir Noel Thomas
An Comhairleoir Frank Kearney
Tháinig an Comhairleoir Michael (Moegie) Maher in áit an Chomhairleora Martina Kinane
An Comhairleoir Malachy Noone

An Comhairleoir Mary Hoade
An Comhairleoir Michael Connolly
An Comhairleoir Joe Byrne
An Comhairleoir Aidan Donohue
An Comhairleoir Eileen Mannion
An Comhairleoir Donagh Mark Killilea
An Comhairleoir Peter Roche

**An Coiste Iniúchóireachta (Coiste Inmheánach)**
An Comhairleoir Mary Hoade

**Údarás Ceannais Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.**
An Comhairleoir Eileen Mannion

## COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1** | Beartas Chomhtháthaithe an AE 2014-2020 | Celtic Conferences | Cairlinn, Co. Lú<br>An 2 go dtí an 4 Feabhra | 4 |
| **2** | Coimisiún na dTeorainneacha Toghlimistéar Áitiúil | Institute of Professional Training | Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall<br>An 6 go dtí an 8 Iúil | 2 |
| **3** | Scoil Samhraidh an Phiarsaigh 2018 | | Ros Muc, an 26 & 27 Iúil | 2 |
| **4** | Approaches in Contemporary River Management | Celtic Conferences | Cloich na Coillte, Co. Chorcaí<br>An 7 go dtí an 9 Nollaig | 1 |
| **5** | Beartas Chomhtháthaithe an AE 2014-2020 | Celtic Conferences | Cairlinn, Co. Lú<br>An 14 go dtí an 16 Nollaig | 1 |
| **6** | Comhdháil Bhliantúil Pleanála | Irish Planning Institute | Trá Lí, Co. Chiarraí<br>An 18 go dtí an 20 Aibreán | 1 |
| **7** | Citizens Assembly or an Assembly of Citizens | Institute of Professional Training | Loch Garman, an 9 go dtí an 11 Márta | 4 |

# SEISIÚIN OILIÚNA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU

| | Seisiún Oiliúna | Eagraithe ag | Ionad & Dáta | An Líon Daoine a d'Fhreastail |
|---|---|---|---|---|
| **1** | How best to convey your message as a member of your Council through media | AILG | Achadh an Iúir<br>An 13 Feabhra<br><br>An Muileann gCearr, An 22 Feabhra<br><br>Ceatharlach, an 17 Feabhra | 11<br><br>1<br><br>2 |
| **2** | The New National Planning Framework | LAMA | Dún na nGall<br>An 6 & an 7 Aibreán | 17 |
| **3** | Comhdháil Bhliantúil | AILG | Dún Garbhán, Co. Phort Láirge<br>An 12 & an 13 Aibreán | 11 |
| **4** | An Comhchoiste Póilíneachta | AILG | Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo<br>An 19 Bealtaine | 8 |
| **5** | Irish Water & a Single Public Water Utility | AILG | Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall | 11 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | An 28 Meitheamh | |
| | **Seisiún Oiliúna** | **Eagraithe ag** | **Ionad & Dáta** | **An Líon Daoine a d'Fhreastail** |
| **6** | Seimineár Oiliúna an Fhómhair 2018 | LAMA | Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí<br>An 28 & an 29 Meán Fómhair | 10 |
| **7** | Seimineár Oiliúna an Fhómhair | AILG | Muineachán<br>An 25 & an 26 Deireadh Fómhair | 8 |
| **8** | The new ePlanning & The National Building Management Project | AILG | Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, an 11 Meán Fómhair<br><br>Corcaigh, 15 Meán Fómhair | 8<br><br>2 |
| **9** | LA Finance & Budgeting, Budget Preparation and key decisions for the Elected Members in the Budget Processs | AILG | Sligeach, an 13 Deireadh Fómhair<br><br>An Longfort, an 11 Deireadh Fómhair | 7<br><br>1 |
| | | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **10** | GDPR | AILG | An Cabhán<br>An 22 Samhain | 10 |

## COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA

| | Tuarastal | Speansais Taistil & Liúntais | Liúntas an Chathaoir-ligh | Liúntas an Leas-Chathaoir-ligh, | Liúntas Cathaoirligh Coiste Beartais Straitéisigh | Liúntas Cathaoirligh an Cheantair Bardasaigh | Speansais i ndáil le: Freastal ar Oiliúint | Speansais i ndáil le: Freastal ar Chomhdh-álacha | Liúntas Fóin Póca | Speansais i ndáil le Taisteal Thar Lear a éilíodh | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Broderick Tim | €16,874.79 | €9,865.15 | | | | | | | | | €26,739.94 |
| Burke Donal | €16,874.79 | €11,024.76 | | | | €3,000.00 | | | | | €30,899.55 |
| Byrne Niamh | €16,874.79 | €7,172.43 | | | | €3,000.00 | 2,636.88 | | | | €29,684.10 |
| Byrne Joe | €16,874.79 | €8,289.67 | | | | €3,000.00 | | | 255.80 | | €28,420.26 |
| Canning Ivan | €16,874.79 | €10,296.93 | | | | €3,000.00 | | | | | €30,171.72 |
| Cronnelly Gabriel | €16,874.79 | €8,151.05 | | | | | | | | | €25,025.84 |
| Cuddy Jim | €16,874.79 | €6,261.42 | | | | | 318.26 | | | | €23,454.47 |
| Connelly Billy | €16,874.79 | €7,820.72 | | | | | | | | | €24,695.51 |
| Connolly Dermot | €16,874.79 | €10,441.75 | | | | | | | | | €27,316.54 |
| Connolly Michael | €16,874.79 | €9,865.15 | | | | | 692.99 | | 263.51 | | €27,696.44 |
| Charity James | €16,874.79 | €5,972.88 | | | €6,000.02 | | | | 331.85 | | €29,179.54 |
| Cualáin Seosamh Ó | €16,874.79 | €9,883.03 | | | | | 1,737.36 | | | | €28,495.18 |
| Curraoin Tomás Ó | €16,874.79 | €6,340.82 | | | | | 2,148.35 | €383.66 | | | €25,747.62 |
| Cunniffe Shaun | €16,874.79 | €8,340.08 | | | | | 2,286.83 | 512.01 | | | €28,013.71 |
| Donnellan Shane | €16,874.79 | €8,981.56 | | | €6,000.02 | | 129.00 | | | | €31,985.37 |
| Donohue Aidan | €16,874.79 | €9,119.71 | | | | €3,000.00 | 1,402.97 | 92.27 | | | €30,489.74 |
| Fahy Michael | €16,874.79 | €7,839.93 | | | | | 2,824.48 | 547.84 | 197.56 | | €28,284.60 |
| Feeney Peter | €16,874.79 | €6,709.37 | | | €6,000.02 | | | | | | €29,584.18 |
| Finnerty Gerry | €16,874.79 | €7,646.34 | | | | | | | | | €24,521.13 |
| Finnerty Michael | €16,874.79 | €10,499.05 | | | €6,000.02 | | | | | | €33,373.86 |
| Healy Tom | €16,874.79 | €11,172.36 | | | | | | | | | €28,047.15 |

| | Tuarastal | Speansais Taistil & Liúntais | Liúntas an Chathaoir-ligh | Liúntas an Leas-Chathaoir-ligh, | Liúntas Cathaoirligh Coiste Beartais Straitéisigh | Liúntas Cathaoirligh an Cheantair Bardasaigh | Speansais i ndáil le: Freastal ar Oiliúint | Speansais i ndáil le: Freastal ar Chomhdh-álacha | Liúntas Fóin Póca | Speansais i ndáil le Taisteal Thar Lear a éilíodh | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |
| Hoade Mary | €16,874.79 | €8,169.59 | | | | | 1,735.09 | | | | €26,779.47 |
| Hynes Pat | €16,874.79 | €8,612.39 | | | | | 2,538.16 | 555.00 | | | €28,580.34 |
| Joyce Des | €16,874.79 | €9,777.85 | | | | | | | | | €26,652.64 |
| Kearney Frank | €16,874.79 | €6,905.68 | | | | €3,000.00 | 2,110.00 | | | | €28,890.47 |
| Keaveney Peter | €16,874.79 | €10,615.00 | | 3,001.00 | | €3,000.00 | | | | | €33,490.79 |
| Kinane Martina | €16,874.79 | €7,044.06 | | | | | 1,936.69 | | | | €25,855.54 |
| Killilea Donagh Mark | €16,874.79 | €6,893.00 | | | | €3,000.00 | 285.12 | | | | €27,052.91 |
| Mannion Eileen | €16,874.79 | €10,846.48 | €11,076.96 | | | | | | | | €38,798.23 |
| Maher"Moegie" | €16,874.79 | €8,198.21 | | | | | 2,318.14 | €321.85 | | | €27,712.99 |
| McHugh Karey | €16,874.79 | €6,978.82 | | | | | | | | | €23,853.61 |
| McHugh Tom | €16,874.79 | €8,907.68 | | | | | 1,632.08 | | | | €27,414.55 |
| McClearn Jimmy | €16,874.79 | €9,710.21 | | | | | 2,164.15 | €434.97 | | | €29,184.12 |
| Noone Malachy | €16,874.79 | €5,727.85 | | | | €3,000.00 | | | | | €25,602.64 |
| Roche Peter | €16,874.79 | €8,760.16 | | | | | 2,322.16 | €494.99 | | | €28,452.10 |
| Thomas Noel | €16,874.79 | €6,997.83 | | | | €3,000.00 | | | | | €26,872.62 |
| Tuairisg Seán Ó | €16,874.79 | €7,726.80 | 11,500.06 | | | | 1,796.26 | | | | €37,897.91 |
| Walsh Séamus | €16,874.79 | €7,525.15 | | €2,769.24 | €6,000.02 | | 1,856.20 | €255.00 | | | €35,280.40 |
| Welby, Thomas | €16,874.79 | €7,726.80 | | | | | 1,919.53 | | | | €26,521.12 |
| | **€658,116.8** | **€328,817.7** | **22577.02** | **5770.24** | **30000.1** | **30000** | **36,790.00** | **3,597.59** | **1048.72** | | **€1,116,718.9** |

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# PRÍOMHOIFIGIGH NA COMHAIRLE

## PRÍOMHOIFIGIGH NA COMHAIRLE

**AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH:** Kevin Kelly (Gníomhach)

## TITHÍOCHT

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir Seirbhísí: | Michael Owens (Gníomhach) |
| Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach: | Jean Brann |
| Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha: | Gerard Scully |
| Oifigeach Riaracháin: | Celine Delaney (Suas go dtí 14/10/2018)<br>Nuala Heffernan (Ón 15/10/2018) |
| Oibrí Sóisialta Sinsearach: | Mary Forde |
| Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach: | Fiona Holland<br>Kevin Finn (Gníomhach) |

## FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE & POBAIL AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir Seirbhísí: | Alan Farrell (Gníomhach) |
| Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha: | Eimear Dolan (Gníomhach Suas go dti 14/10/18)<br>Celine Delaney (Gníomhach ón 15/10/2018) |
| Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Pobal & Fiontar: | Brian Barrett (Gníomhach) |
| Oifigeach Riaracháin, Pobal & Fiontraíocht: | Mary McGann<br>Eimear Dolan (Ón 15/10/2018) |
| Oifigeach Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha: | Geraldine Healy (Gníomhach) |
| Leabharlannaí Contae: | Catherine Gallagher |
| Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach: | Bernie Kelly |
| Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha: (Gníomhach) | Steven Lally |
| Gníomhaire Dlí: | Robert Fergus Meehan |
| Aturnaetha Feidhmiúcháin Sinsearacha: | Angela Casey<br>Anne McCormack |
| Aturnaetha Feidhmiúcháin: | Michael O' Doherty |
| Iniúchóir Inmheánach: | Bernie Welby |

**BONNEAGAR AGUS OIBRÍOCHTAÍ**

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir Seirbhísí: | Jim Cullen |
| Oifigeach Riaracháin: | Nuala Heffernan (Suas go dtí 14/10/2018) |
| | Eibhlin Curran (Ó 12/11/2018) |
| | Edel Hourigan (Gníomhach) |
| Innealtóirí Sinsearacha: | Máire Ní Chionna |
| | Damien Mitchell |
| | Derek Pender |
| Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha: | Aengus Breathnach |
| | Sean Breathnach |
| | Fintan O'Meara |
| | Anthony Collins |
| | Alan Raleigh |
| | Paraic Breathnach |
| | Paula Higgins |
| | Rachel Lowe |
| | Enda Mulryan (Gníomhach) |
| | Fran McEvoy (Gníomhach) |
| | Adrian Grandison (Gníomhach) |
| | Enda Gallagher (Gníomhach) |
| Príomhtheicneoir: | John Maloney |

| | |
|---|---|
| Oifigeach Riaracháin, Seirbhísí Uisce: | Enda Moloney |
| Oifigeach Riaracháin, Comhshaol: | Páraic Carroll |
| Innealtóir Sinsearach, Seirbhísí Uisce: | Michael Timmins |
| Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearacha, Seirbhísí Uisce: | Martina Connaughton |
| | Diarmuid Croghan |
| | Anthony Kelly |
| | John McMyler (Gníomhach) |
| | Cyril Mitchell (Gníomhach) |
| | Mike Melody (Gníomhach) |
| Comhairleoir Sábháilteachta/Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta: | Julianne Gavin |

**INNEALTÓIRÍ CEANTAIR**

| | |
|---|---|
| Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe | Philip McLynn (Gníomhach) |
| Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach/Phort Omna: | Brendan Sheehy |
| Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach (An Gort): | Feidhlim McGillycuddy |
| Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór: | Peter Gavin (Gníomhach) |
| Ceantar Bardasach Thuama | John Coyle (Gníomhach) |
| Ceantar Bardasach Chonamara (Theas): | Naoise Ó Conaola |

| | |
|---|---|
| Ceantar Bardasach Chonamara (Thuaidh): | T.J. Redmond |

**SEIRBHÍSÍ PLEANÁLA, TIMPEALLACHTA AGUS ÉIGEANDÁLA**

| | |
|---|---|
| Stiúrthóir Seirbhísí: | Eileen Ruane |
| Pleanálaí Sinsearach: | Valerie Loughnane Moran |
| Oifigeach Riaracháin, Pleanáil: | Eileen Keaveney |
| Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearacha: | Saoirse Kennedy |
| | James Russell (Gníomhach) |
| Oifigeach Oidhreachta: | Marie Mannion |
| Oifigeach Caomhantais: | Máirín Doddy |
| Príomhtheicneoir: | Enda Thompson |
| Comhordaitheoirí RAPID: | Ann Mallaghan |
| | Kieran Coyne |
| Oifigeach Ealaíon: | Sharon O'Grady |
| Comhordaitheoir Spórt | Michael Curley |
| | |
| Cigire Tréidliachta Contae: | Rita Gately |
| Príomhoifigeach Dóiteáin: | Michael Raftery |
| Príomhoifigigh Dhóiteáin Chúnta Shinsearacha: | Joseph Kelly |
| | Michael Clifford |
| | Paul G. Duffy |
| | Anthony Travers |
| Oifigeach Cosanta Sibhialta: | Brendan Qualter |

**ACMHAINNÍ DAONNA**

| | |
|---|---|
| Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Acmhainní Daonna: | Bríd Dooley |
| Oifigeach Riaracháin, Acmhainní Daonna: | Anne Gardiner |

**AN tAONAD AIRGEADAIS**

| | |
|---|---|
| Ceann Airgeadais: | Gerard Mullarkey |
| Cuntasóir Airgeadais: | Áine Fenton |
| Cuntasóir Bainistíochta: | Michael McGovern |
| Oifigigh Riaracháin: | Sean Groarke |
| | Margaret Jordan |
| Ceann na gCóras Faisnéise: | Michael Martyn (Gníomhach) |

## OIFIGÍ COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Comhairle Chontae na Gaillimhe

www.gaillimh.ie * www.twitter.com/galwaycoco * www.facebook.com/galwaycounty
Ríomhphost: gaeilge@cocogaillimh.ie SMS (087) 77 99 888

---------------------------------------------------------------------------------------------------------

**UAIREANTA OSCAILTE :** Dé Luain go hAoine 9.00 rn - 4.00 in
**SUÍOMH NA hOIFIGE:** Ceanncheathrú: 091 – 509000
Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

**Tá na hoifigí seo a leanas lonnaithe sa Áras an Chontae:**
Iarratais Tithíochta (091) 509300
Iasachtaí agus Deontais Tithíochta (091) 509301
Acmhainní Daonna (091) 509303
Mótarcháin (091) 509099
Pleanáil (091) 509308
Bóithre, Iompar agus Mara (091) 509309
Rátaí (091) 509171
Clár na dToghthóirí (091) 509310
Saoráil Faisnéise & Rochtain ar Fhaisnéis faoin Timpeallacht (091) 509319
Ceadúnais Chorrthrádála (091) 509327
Oifig Fiontraíochta Áitiúla (091) 509090

**Tá na hoifigí seo a leanas lonnaithe sa Centrepoint, Lios Bán, Bóthar Thuama, Gaillimh:**
Timpeallacht (091) 509510
Seirbhísí Uisce (091) 509505
Pobal & Fiontraíocht (091) 509521
Aonad Freagartha Gnó (091) 509521
Oifig Ealaíon (091) 509521
Uilechuimsitheacht Shóisialta (091) 509521
Comhpháirtíocht Spóirt (091) 509521

**Tá na hoifigí seo a leanas lonnaithe sa Teach Corparáideach, Baile Bhríde, Gaillimh:**
***Oifig na dTionscadal Bóithre Náisiúnta (091) 735052***

**OIFIGÍ CEANTAIR:** **UIMH. THEILEAFÓIN**

| | | |
|---|---|---|
| Baile Átha an Rí / Orán Mór | (091) | 844042/ 509088 |
| Béal Átha na Sluaighe | (09096) | 42274 |
| Conamara Theas | (091) | 509060 |
| Conamara Thuaidh | (095) | 21186 |
| Tuaim | (093) | 24123 |
| An Gort | (091) | 631040 |
| Port Omna | (09097) | 41019 |
| Baile Locha Riach | (091) | 841536 |

**BRIOGÁIDÍ DÓITEÁIN**
Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Cathair na Gaillimhe,
An Gort, Inis Mór, Baile Locha Riach, An Creagán, Port Omna, agus Tuaim 999 ó 112
***Oifigeach Cosaint Shibhialta (091) 570900***

**LEABHARLANNA**
Ceanncheathrú na Gaillimhe (091) 562471
Brainse Chathair na Gaillimhe (091) 561666
An Baile Bán (091) 380590
An Taoibh Thiar (091) 520616
An Cheathrú Rua (091) 595733
Baile Átha an Rí (091) 845592
Béal Átha na Sluaighe (090) 9643464
Béal Átha Ghártha (090) 6624919
An Clóchan (095) 21092
An Dún Mór (093) 38923
Dún an Uchta (090) 9675056
Gleann na Madadh (094) 9659734
An Gort (091) 631224
Áth Cinn (093)36406
Inis Meáin (099) 73126
Inis Oírr (099) 75154
Inis Bó Finne (095) 45891
Cill Íomair (090) 9676062
Cill Rónáin (099) 20937
An Líonán (095) 42920
Leitir Fraic (091) 742666
Baile Locha Riach (091) 847220
Maigh Locha (090) 9679072
Orán Mór (091) 792117
Uachtar Ard (091) 557002
Port Omna (090) 9741261
Cloch na Rón (095) 35518
An Spidéal (091) 504028
Tuaim (093) 24287
An Ghráig (090) 9749887

---

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagas agus gnó i nGaeilge :** gailge@cocogaillimh.ie

---

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# FAISNÉIS CHOTHROM LE DÁTA FAOIN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA
# RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL 2018

**AN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA**

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe le Scéim Ranníocaíochta Forbartha faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i Márta 2016.

Chun cuspóirí croílárnacha na Comhairle a chomhlíonadh, mar a thuairiscítear sa Phlean Corparáideach, tá ceanglas ann i leith infheistíocht shuntasach chun an bonneagar riachtanach a chruthú d'fhonn freastal ar riachtanais daonra atá ag dul i méid. Tá an Scéim don Ranníocaíocht Forbartha ceaptha chun cabhrú leis an mbearna mhaoiniúcháin idir na costais iarbhír a bhaineann leis an mbonneagar sin a chruthú agus an maoiniúchán Státchiste agus maoiniúchán eile a bheidh ar fáil a líonadh. Cé go bhfuil maoiniúchán suntasach á chur ar fáil ón tráth a bunaíodh an scéim, tá na héilimh atá á ndéanamh ar an gComhairle i bhfad níos mó ná an maoiniúchán atá ar fáil.

Le linn na bliana 2018, ba tosaíocht i gcónaí é don Chomhairle Leithdháiltí Forbartha a bhailiú. Déanfar an t-airgead a bhailítear a úsáid chun cuidiú le bonneagar poiblí agus áiseanna pobail atá de dhíth a chur ar fáil don Chontae. Bailíodh suim €2.545 Milliún faoi Alt 48 de scéim Rannaíochta Forbartha na Comhairle sa bhliain 2018.

**RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL**

| **CAITEACHAS 2018** | **€M** |
|---|---|
| | |
| Tithíocht | 13.582 |
| Bóithre | 42.444 |
| Seirbhísí Sláintíochta | 13.382 |
| Pleanáil & Forbairt | 9.740 |
| Cosaint an Chomhshaoil | 17.536 |
| Áineas & Taitneamhacht | 8.616 |
| Talmhaíocht & Oideachas | 2.729 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 12.258 |
| | |
| Caiteachas Iomlán | 120.287 |
| | |
| | |
| | |
| **IONCAM** | |
| | |
| Deontais ón Stát | 80.348 |
| | |
| Foinsí Eile | 42.425 |
| | |
| Ioncam Iomlán | 122.774 |
| | |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh aistrithe | 2.487 |
| | |
| Aistrithe ó/(chuig) na Cúlchistí | (1.917) |
| | |
| Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don bhliain | 570 |
| | |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim ar an 1 Eanáir | (582) |
| | |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim ar an 31 Nollaig | (.012) |
| | |
| | |

| **CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31 Nollaig 2018** | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| Sócmhainní Dochta | | 3,605,063 |
| | | |
| Obair atá ar siúl agus Réamhchostais | | 189,570 |
| | | |
| Féichiúnaithe Fadtéarma | | 35,399 |
| | | |
| Sócmhainní Reatha | 75,769 | |
| | | |
| Dliteanais (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | (52,506) | |
| | | |
| Glansócmhainní/(Glandliteanais) Reatha | | 23,262 |
| | | |
| Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite tar éis aon bhliain amháin) | | (43,160) |
| | | |
| Iomlán | | 3,810,135 |
| | | |
| Comhdhéanta mar a leanas: | | |
| | | |
| Cuntas Caipitlithe | | 3,605,063 |
| | | |
| Fáltais – Obair atá ar siúl | | 187,393 |
| | | |
| Cúlchistí Eile | | 228 |
| | | |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | | (12) |
| Iarmhéideanna Eile | | 17,463 |
| | | |
| Iomlán | | 3,810,135 |
| | | |
| | | |

Tá tuilleadh mionsonraí faoin Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar fáil ach iad a iarraidh:

**AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997**

DÉANANN COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE CEANGLAS AN ACHTA UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997 A CHOMHLÍONADH.